

LÉIGH GO CÚRAMACH NA TÉARMAÍ AGUS NA COINNÍOLLACHA SEO A LEANAS MAIDIR LE COMHAONTÚ CEADÚNAITHE MAIDIR LE CLÁR FORBRÓRA APPLE SULA n-ÍOSLÓDÁILFIDH TÚ NÓ SULA n-ÚSÁIDFIDH TÚ BOGEARRAÍ APPLE NÓ SEIRBHÍSÍ APPLE. BUNAITEAR LEIS NA TÉARMAÍ AGUS NA COINNÍOLLACHA SEO COMHAONTÚ DLÍTHIÚIL IDIR TUSA AGUS APPLE.

Comhaontú Ceadúnaithe Maidir Le Clár Forbróra Apple

Cuspóir

Ba mhaith Leat Bogearraí Apple a úsáid (mar a shainmhínítear thíos) chun aon Fheidhmchlár amháin nó níos mó (mar a shainmhínítear thíos) a fhorbairt le haghaidh táirgí ar de bhranda Apple iad. Tá Apple toilteanach ceadúnas teoranta a thabhairt Duit chun Bogearraí agus Seirbhísí Apple a sholáthraítear Duit faoin gClár seo a úsáid chun Do chuid Feidhmchlár a fhorbairt agus a thástáil de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Chomhaontú seo.

Is féidir Feidhmchláir a fhorbraítear faoin gComhaontú seo le haghaidh iOS, iPadOS, macOS, tvOS, visionOS nó watchOS a dháileadh: (1) trí App Store, má roghnaíonn Apple amhlaidh, (2) ar bhonn teoranta lena n-úsáid ar Ghléasanna Cláraithe (mar a shainmhínítear thíos) agus (3) le haghaidh béite-thástáil trí TestFlight. Ina theannta sin, is féidir Feidhmchláir a fhorbraítear le haghaidh iOS, iPadOS, macOS, agus tvOS a dháileadh trí Dháileachán Feidhmchláir Shaincheaptha, má roghnaíonn Apple amhlaidh. Is féidir Feidhmchláir a fhorbraítear do macOS a dháileadh ar leithligh freisin mar a thuairiscítear sa Chomhaontú seo.

Féadfar Feidhmchláir a chomhlíonann Doiciméadacht Apple agus Ceanglais Apple maidir leis an gClár a chur isteach lena mbreithniú ag Apple lena ndáileadh trí App Store, trí Dháileachán Feidhmchláir Shaincheaptha, nó le haghaidh béite-thástáil trí TestFlight. Má chuireann Tú isteach iad agus má roghnaíonn Apple iad, síneoidh Apple Do Chuid Feidhmchlár go digiteach agus dáilfear iad, de réir mar is infheidhme. Beidh dáileachán Feidhmchlár gan chostas (gan táille) (lena n-áirítear iad siúd a mbaineann úsáid as Ceannacháin Ionaípe API chun inneachar gan chostas a sholáthar) trí App Store nó Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha faoi réir na dtéarmaí dáileacháin atá i Sceideal 1 den Chomhaontú seo. Dá mba mhaith Leat Feidhmchláir ar a ngearrfaidh Tú táille a dháileadh nó dá mba mhaith Leat Ceannacháin Ionaípe API a úsáid chun inneachar atá bunaithe ar tháille a sholáthar, ní mór Duit comhaontú ar leith a dhéanamh le Apple (“Sceideal 2”). Dá mba mhaith Leat Feidhmchláir íoctha a dháileadh trí Dháileachán Feidhmchláir Shaincheaptha, ní mór Duit comhaontú ar leith a dhéanamh le Apple (“Sceideal 3”). Ina theannta sin, féadfaidh Tú Pasanna a chruthú (mar a shainmhínítear thíos) lena n-úsáid ar iOS nó watchOS faoin gComhaontú seo agus Pasanna den chineál sin a dháileadh lena n-úsáid ag Wallet.

1. Glacadh leis an gComhaontú seo; Sainmhíniú

1.1 Glacadh

Chun Bogearraí agus Seirbhísí Apple a úsáid, ní mór Duit glacadh leis an gComhaontú seo ar dtús. Mura nglacann Tú ná mura féidir Leat glacadh leis an gComhaontú seo, ní cheadaítear Duit Bogearraí ná Seirbhísí Apple a úsáid. Ná híoslódáil agus ná húsáid Bogearraí ná Seirbhísí Apple sa chás sin. Glacann Tú agus aontaíonn Tú le téarmaí an Chomhaontaithe seo thar Do cheann féin agus/nó thar ceann Do chomhlachta, D’eagraíochta, D’institiúide oideachais, nó thar ceann Do ghníomhaireachta, D’ionstraimeachta nó Do rannóige den rialtas cónaidhme mar an t-ionadaí dlíthiúil údaraithe dá chuid, nuair a dhéanann Tú ceann amháin den dá rud seo a leanas:

(a) tic a chur sa bhosca atá ar taispeáint ag deireadh an Chomhaontaithe seo má tá sé á léamh Agat ar shuíomh gréasáin Apple; nó

(b) tic a chur le “Aontaím” nó cnaipe atá cosúil leis, nuair a sholáthraíonn Apple an rogha sin.

1.2 Sainmhíniú

Aon uair a bhíonn ceannlitreacha ar na téarmaí seo a leanas sa Chomhaontú seo:

Ciallaíonn **“Sineadh atá Pacáilte mar Chuid de D’Fheidhmchlár”** a roinneann, mar aon chuspóir leis, faisnéis go slán go díreach idir gléas úsáideora deiridh de bhranda Apple agus Gabhálás Sprioc Údaraithe.

Ciallaíonn **“Accessory Notifications Frameworks” agus “Accessory Live Activities Framework”** Documented APIInna do gach creat faoi seach a thugann an cumas do D’Fheidhmchlár Faisnéis Seolta ó fheidhmchláir eile a roinnt, ar an gcoinníoll go bhfuil údarú sainráite tugtha ag úsáideoir deiridh do D’Fheidhmchláir ar a iPhone chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin agus í a roinnt, ag úsáid an chreata sin, leis an nGabhálás Sprioc Údaraithe sin atá agat.

Ciallaíonn **“APIInna Líonra Fógraíochta”** APIInna Doiciméadaithe a chuireann bealach ar fáil chun tiontú rathúil feachtas fógraíochta ar tháirgí tacaithe ar de bhranda Apple iad a bhailíochtú agus úsáid á baint as meascán sínithe cripteagrafacha agus próiseas clárúcháin le Apple.

Ciallaíonn **“APIInna Tacaíochta Fógraíochta”** APIInna Doiciméadaithe a sholáthraíonn an tAitheantóir Fógraíochta agus an tSainrogha Rianaithe.

Ciallaíonn **“Cuibheoir”** cuibheoir samhla a mhionchoigeartaíonn an tsamhail a bhfaigheann creatlach Bunsamhlacha rochtain uirthi chun críche atá ceadaithe ag Foundation Models Framework Acceptable Use Requirements.

Ciallaíonn **“Aitheantóir Fógraíochta”** aitheantóir uathúil, neamhphearsanta, neamhbhuan a sholáthraítear trí APIInna Tacaíochta Fógraíochta a bhaineann le gléas ar leith ar de bhranda Apple é agus atá le húsáid chun críoch fógraíochta amháin, mura gceadaíonn Apple a mhalairt go sainráite i scríbhinn.

Ciallaíonn **“Comhaontú”** an Comhaontú Ceadúnaithe maidir le Clár Forbróra Apple, lena n-áirítear aon cheangaltán, Sceideal 1 agus aon fhoilseán a ghabhann leis, a ionchorpraítear leis seo de réir tagartha. Ar mhaithe le soiléireacht, cuirtear an Comhaontú seo in ionad an Chomhaontaithe Ceadúnaithe maidir le Clár Forbróra iOS (lena n-áirítear aon cheangaltán, Sceideal 1 agus aon fhoilseán a ghabhann leis), cuirtear an Comhaontú seo in ionad an Chomhaontaithe maidir le Síniú Digiteach Bhreiseáin Safari, in ionad an Chomhaontaithe maidir le hAighneacht Ghailearaí Bhreiseáin Safari, agus in ionad an Chomhaontaithe Ceadúnaithe maidir le Clár Forbróra Mac.

Ciallaíonn **“Intinní Aipe”** na APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar do chumas d’fheidhmchlár rochtain a fháil ar an gcreat Intinní Aipe agus ar fheidhmiúlachtaí gaolmhara eile, lena n-áirítear scéimí, aicearraí, eintitis, deontais, agus cur i bhfeidhm gaolmhar eile.

Ciallaíonn **“App Store”** siopa leictreonach agus comhéadain ordaithe atá brandáilte, faoi úinéireacht agus/nó á rialú ag Apple, nó Fochuideachta de chuid Apple nó cleamhnaí eile de chuid Apple, trína bhféadfar Feidhmchláir Cheadúnaithe a fháil. Tá App Store ann do gach ceann díobh seo a leanas: iOS, iPadOS, macOS, tvOS, visionOS agus watchOS.

Ciallaíonn **“App Store Connect”** uirlis bainistíochta inneachair ar líne dílsithe de chuid Apple le haghaidh Feidhmchlár.

Ciallaíonn **“Apple”** Apple Inc., corparáid Chalafoirniach a bhfuil a príomhái ghnó aici in One Apple Park Way, Cupertino, California 95014, SAM.

Ciallaíonn **“Deimhnithe Apple”** nó **“Deimhnithe”** na deimhnithe digiteacha arna n-eisiúint ag

Apple arna soláthar Duit ag Apple faoin gClár.

Ciallaíonn **“API Freastalaí Apple Maps”** APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar Do chumas gnéithe léarscáilithe freastalaí-le-freastalaí a chur le Do chuid Feidhmchlár, suíomhanna gréasáin nó feidhmchlár gréasáin.

Ciallaíonn **“Seirbhís Apple Maps”** an t-ardán léarscáilithe agus na Sonraí Léarscáile a sholáthraíonn Apple trí API MapKit agus/nó API Freastalaí Apple Maps; na Sonraí Léarscáile a sholáthraíonn Apple a úsáidtear nó a thaispeántar san ardán léarscáilithe; agus/nó an t-ardán léarscáilithe agus na Sonraí Léarscáile a sholáthraíonn Apple trí MapKit JS, agus uirlisí gaolmhara le haghaidh inneachar léarscáile a ghabháil (m.sh., MapSnapshotter). Is féidir Leatsa amháin Seirbhís Apple Maps a úsáid maidir le Do chuid Feidhmchlár, suíomhanna gréasáin nó feidhmchlár gréasáin.

Ciallaíonn **“API Apple Music Feed”** an fotha sonraí ina bhfuil na meiteashonraí i gcomhair albam, amhrán agus ealaíontóirí ó Apple Music.

Ciallaíonn **“Inneachar Apple Music Feed”** na réamhamharcanna ar ealaín albaim, amhráin agus físeáin cheoil arna soláthar ag Apple agus arna léiriú trí API Apple Music Feed.

Ciallaíonn **“APIInna Apple Pay”** APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar chumas úsáideoirí deiridh faisnéis íocaíochta atá stóráilte acu ar tháirge tacaíthe ar de bhranda Apple é a sheoladh chuig Feidhmchlár nó Táirge Comhfhreagrach atá le húsáid in idirbhearta íocaíochta arna ndéanamh ag an bhFeidhmchlár nó tríd an bhFeidhmchlár, agus cuimsítear iontu feidhmiúlacht eile a bhaineann le híocaíocht mar a thuairiscítear sa Doiciméadacht.

Ciallaíonn **“Pálasta Apple Pay”** pacáiste sonraí custaiméara a chuirtear trí Bhogearraí Apple agus APIInna Apple Pay mar chuid d'idirbheart íocaíochta (m.sh., ainm, ríomhphost, seoladh billeála, seoladh poist agus uimhir chuntais an ghléis).

Ciallaíonn **“Seirbhís Brúfhógraí Apple”** nó **“APN”** seirbhís Brúfhógraí Apple a fhéadfaidh Apple a sholáthar Duit chun a chur ar Do chumas Brúfhógraí a tharchur chuig D'Fheidhmchlár nó trí Phrótagal MDM nó lena n-úsáid mar a cheadaítear a mhalairt anseo istigh.

Ciallaíonn **“API APN”** API Doiciméadaithe a chuireann ar Do chumas APN a úsáid chun Brúfhógra a sheoladh chuig D'Fheidhmchlár nó lena úsáid mar a cheadaítear a mhalairt anseo istigh.

Ciallaíonn **“Seirbhísí Apple”** nó **“Seirbhísí”** seirbhísí an fhorbróra a fhéadfaidh Apple a sholáthar nó a chur ar fáil trí Bhogearraí Apple nó mar chuid den Chlár lena n-úsáid le Do chuid Táirgí Cumhdaithe, Táirgí Comhfhreagracha, nó lena bhforbairt, lena n-áirítear aon Nuashonrú a ghabhann leo (más ann dóibh) a fhéadfaidh Apple a sholáthar Duit faoin gClár.

Ciallaíonn **“Bogearraí Apple”** Apple SDKanna, iOS, watchOS, tvOS, iPadOS, agus/nó macOS, na Próifílí Soláthair, FPS SDK, Pacáiste Imlonnaithe FPS agus aon bhogearra eile a sholáthraíonn Apple Duit faoin gClár, lena n-áirítear aon Nuashonrú a ghabhann leo (más ann dóibh) a fhéadfaidh Apple a sholáthar Duit faoin gClár.

Ciallaíonn **“SDKanna Apple”** na Fearais Forbartha Bogearraí (SDKanna) dílsithe de chuid Apple dá bhforáiltear thíos, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do chomhaid cheanntáisc, APIInna, leabharlanna, ionsamhlóirí, agus bogearraí (cód foinseach agus cód aidhme) atá lipéadaithe mar chuid de iOS, watchOS, tvOS, iPadOS, visionOS nó Mac SDK agus atá san áireamh sa phacáiste Uirlisí Forbróra Xcode agus Swift Playground chun díriú ar tháirgí ar de bhranda Apple iad a ritheann iOS, watchOS, tvOS, iPadOS, visionOS agus/nó macOS, faoi seach.

Ciallaíonn **"Fochuideachta de chuid Apple"** corparáid a bhfuil ar a laghad caoga faoin gcéad (50%) dá scaireanna nó urrúis gan íoc (lena léirítear an ceart chun vótáil ar son stiúrthóirí nó údarás bainistíochta eile a thoghadh) faoi úinéireacht nó faoi rialú, go díreach nó go neamhdhíreach, ag Apple, agus a bhfuil baint aici le hoibriú App Store, Dáileacháin Feidhmchláir Shaincheaptha, TestFlight nó atá cleamhnaithe ar shlí eile leo, agus mar a dtagraítear di ar shlí eile anseo istigh (m.sh., Ceangaltán 4).

Ciallaíonn **"Sonraí Aimsire Apple"** aon inneachar, sonraí nó faisnéis a sholáthraítear trí APIanna WeatherKit, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'Fholáirimh Aimsire, réamhaisnéis ginearálta agus sonraí aimsire eile.

Ciallaíonn **"Dlíthe Eorpacha is Infheidhme"**, sa mhéid go mbeadh feidhm acu maidir le ceachtar páirtí, aon dlí de chuid an AE nó dlíthe aon Bhallstáit de chuid an AE, i ngach cás, arna leasú, arna leathnú nó arna n-athachtú, lena n-áirítear gach gníomh cur chun feidhme a dhéantar ó am go chéile, mar a bhaineann siad, nó a mhaítear go mbaineann siad, leis an gCaidreamh Eorpach. Áirítear leis seo, gan teorainn, rialacháin chomh maith le conarthaí.

Ciallaíonn **"Feidhmchlár"** aon chlár bogearraí amháin nó níos mó (lena n-áirítear breiseáin, na meáin, agus Leabharlanna a chuimsítear i mbeart aonair bogearraí) arna bhforbairt Agat i gcomhréir leis an Doiciméadacht agus leis na Ceanglais maidir leis an gClár, le dáileadh faoi Do thrádmharc nó Do bhranda féin, agus le haghaidh sainúsáid le táirge ar de bhranda Apple é agus a ritheann iOS, iPadOS, macOS, tvOS, visionOS nó watchOS, de réir mar is infheidhme, lena n-áirítear ceartú fabhtanna, nuashonruithe, uasghrádú, modhnuithe, feabhsuithe, forlíontaí, athbhreithnithe, eisiúintí nua agus leaganacha nua de chláir bhogearraí mar sin.

Ciallaíonn **"Forbróirí Údaraithe"** Do chuid fostaithe agus Do chuid conraitheoirí, baill D'eagraíochta nó, más institiúid oideachais Thú, Do dhámh, Do bhaill foirne agus Do chuid Forbróirí Faoi Oiliúint Údaraithe a bhfuil (a) cuntas Fhorbróir Apple gníomhach agus bailí ag gach duine acu le Apple, (b) a bhfuil riachtanas cruthaithe acu chun eolas a bheith acu ar Bhogearraí Apple nó iad a úsáid chun Táirgí Cumhdaithe nó Táirgí Comhfhreagracha a fhorbairt agus a thástáil, agus (c) a mhéid a bheidh rochtain ag na daoine sin ar Fhaisnéis Rúnda Apple, tá comhaontuithe scríofa agus ceangailteacha ag gach duine acu Leat chun úsáid neamhúdraithe agus nochtadh faisnéise rúnda Apple den chineál sin a chosaint.

Ciallaíonn **"Forbróirí Faoi Oiliúint Údaraithe"** Do chuid mac léinn, más ollscoil Thú, a chomhlíonann na ceanglais maidir le bheith ina bhForbróirí Údaraithe freisin.

Ciallaíonn **"Aonaid Tástála Údaraithe"** na haonaid chrua-earraí ar de bhranda Apple iad atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Agat agus atá ainmnithe Agat chun Do chríocha tástála agus forbartha féin faoin gClár seo, agus má cheadaíonn Tú é, aonaid chrua-earraí ar de bhranda Apple iad atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag Do chuid Forbróirí Údaraithe fad is go n-úsáidtear aonaid den chineál sin chun críoch tástála agus forbartha thar Do cheann, nó, más ollscoil Thú, aonaid chrua-earraí ar de bhranda Apple iad atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Agat féin agus ag Do chuid Forbróirí Faoi Oiliúint Údaraithe atá ainmnithe Agat chun críoch oideachais, agus mar a cheadaítear thíos amháin.

"Giuirléid Cheadaithe do Sprioc" ciallaíonn sé do ghiuirléid a bhfuil cead sainráite tugtha ag úsáideoir deiridh do d'Fheidhmchlár ar a ngléas branda Apple chun péireáil agus comhroinnt a dhéanamh go slán: (i) an Fhaisnéis Chomhroinnte Líonra Wi-Fi, chun críocha Wi-Fi Infrastructure Framework; agus/nó (ii) an Fhaisnéis Athsheolta, chun críocha Accessory Notifications Framework agus Accessory Live Activities Framework, de réir mar is cuí.

Ciallaíonn **"Background Assets Framework"** APIanna Doiciméadaithe a chuireann ar chumas Feidhmchlár oibriúcháir íoslódála a dhéanamh sa chúlra roimh an gcéad seoladh den Fheidhmchlár ag an úsáideoir agus ag tráthanna eile tar éis an chéad seolta.

Ciallaíonn **“Beíte-thástálaithe”** úsáideoirí deiridh ar iarr Tú orthu clárú le TestFlight chun leaganacha réamheisiúna D’Fheidhmchláir a thástáil agus a ghlac leis na téarmaí agus na coinníollacha D’Fheidhmchlár TestFlight.

Ciallaíonn **“APIInna Classkit”** APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar Do chumas sonraí dul chun cinn mac léinn a sheoladh le húsáid i dtimpeallacht a bhainistítear le scoil.

Ciallaíonn **“APIInna CloudKit”** APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar chumas Do chuid Feidhmchlár, Feidhmchlár Gréasáin agus/nó Do chuid úsáideoirí deiridh (má thugann Tú cead dóibh) sonraí struchtúrtha a léamh, a scríobh, a iarraidh agus/nó a aisghabháil ó áirtheaí poiblí agus/nó príobháideacha in iCloud.

Ciallaíonn **“Próifíl(i) Cumraíochta”** comhad XML a ligeann Duit faisnéis chumraíochta a dháileadh (m.sh., socruithe VPN nó Wi-Fi) agus srianta ar ghnéithe gléis (m.sh., an ceamara a dhíchumasú) ar tháirgí comhoiriúnacha ar de bhranda Apple iad trí Apple Configurator nó uirlisí bogearraí eile ar de bhranda Apple iad, ríomhphost, leathanach gréasáin, nó imlonnú thar an líonra, nó trí Bhainistiú Gaireas Móibíleach (MDM).

Ciallaíonn **“Táirgí Comhfhreagracha”** Do shuíomh gréasáin, D’fheidhmchlár gréasáin nó leaganacha eile de D’fheidhmchlár bogearraí.

Ciallaíonn **“Táirgí Cumhdaithe”** Do chuid Feidhmchlár, Leabharlanna, Pasanna, Breiseáin Safari, Brúfhógraí Safari, agus/nó cur chun feidhme FPS arna bhforbairt faoin gComhaontú seo.

Ciallaíonn **“API Curtha Teachtaireachtaí Criticiúla”** API Doiciméadaithe a chuireann ar chumas D’Fheidhmchláir teachtaireachtaí a chur trí SMS le haghaidh cásanna criticiúla.

Ciallaíonn **“Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha”** an siopa nó feidhmiúlacht an chomhéadain ordaithe a chuireann ar chumas úsáideoirí Feidhmchláir Cheadúnaithe a fháil trí úsáid a bhaint as Bainisteoir Gnó Apple, Bainisteoir Scoile Apple nó mar a cheadaíonn Apple a mhalairt.

“APIInna Rannpháirtíochta Custaiméirí” is ea na APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar chumas Ceannaithe dul i mbun Idirghníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Custaiméirí trí D’Fheidhmchlár a úsáid.

“Sonraí Rannpháirtíochta Custaiméirí” a chiallaíonn (a) pacáiste sonraí Ceannaí (m.sh., ábhar cart siopadóireachta, admháil idirbhirt, srl.) nó (b) pacáiste sonraí custaiméara an Cheannaí (m.sh., ainm, seoladh seachadta, uimhir gutháin, srl.), a tharchuirtear trí Bhogearraí Apple agus APIInna Rannpháirtíochta Custaiméirí mar chuid d’Idirghníomhaíocht Rannpháirtíochta Custaiméirí.

Idirghníomhaíocht Rannpháirtíochta Custaiméirí is ea an seisiún idirghníomhach pearsanta bunaithe ar ghléasanna idir an Ceannaí agus custaiméir, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, tarchur Sonraí Rannpháirtíochta Custaiméirí idir an Ceannaí agus gléasanna an chustaiméara.

Ciallaíonn **“API Raon Aois Dearbhaithe”** an API Doiciméadaithe a chuireann ar chumas D’Fheidhmchláir faisnéis faoi raon aoise úsáideora deiridh a fháil óna gCuntas Apple, má chuireann an t-úsáideoir deiridh nó tuismitheoir nó caomhnóir an úsáideora deiridh ar chumas D’Fheidhmchláir na sonraí a fháil, nó i gcás ina gceanglaítear le dlí.

Ciallaíonn **“APIInna Diaileora Réamhshocraithe”** APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar chumas Feidhmchláir glaonna amach atá bunaithe ar iompróir a chur nuair atá sé socraithe mar an feidhmchlár diailithe réamhshocraithe, agus rochtain a fháil ar stair comhráite glaonna atá bunaithe ar iompróir a cuireadh san Fheidhmchlár sin.

Ciallaíonn **"APIInna DeviceCheck"** tacar APIInna, lena n-áirítear APIInna ar thaobh an fhreastalaí, a chuireann ar Do chumas dhá ghiotán sonraí a bhaineann le gléas a shocrú agus a iarraidh agus an dáta ar ar nuashonraíodh na giotáin sin.

Ciallaíonn **"Sonraí DeviceCheck"** na sonraí a stóráiltear agus a cuireadh ar ais trí APIInna DeviceCheck.

Ciallaíonn **"Doiciméadacht"** aon sonraíocht nó doiciméad teicniúil nó eile a fhéadfaidh Apple a sholáthar Duit le húsáid maidir le Bogearraí Apple, Seirbhísí Apple, Deimhnithe Apple, nó atá mar chuid den Chlár ar shlí eile.

Ciallaíonn **"API(nna) Doiciméadaithe"** an/na Comhéada(i)n Feidhmchláir atá doiciméadaithe ag Apple i nDoiciméadacht atá foilsithe ag Apple agus atá i mBogearraí Apple.

Ciallaíonn **"EnergyKit"** APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar chumas Feidhmchláir treoir agus léargas a fháil maidir le leictreachas.

Ciallaíonn **"Caidreamh Eorpach"** an caidreamh Apple agus/nó Apple Distribution International Ltd. Leatsa, beag beann an eascraíonn sé as an gComhaontú seo, as Bogearraí Apple, as cruaearraí Apple nó ar shlí eile, i dtaca (i) le haon Fheidhmchlár, Feidhmchlár Ceadúnaithe agus/nó Feidhmchlár Saincheaptha a mhéid a sholáthraítear iad nó a bheartaítear iad a sheachadadh ar úsáideoirí deiridh trí App Store i dtír nó i réigiún an Aontais; agus/nó (ii) le haon Fheidhmchlár, Feidhmchlár Ceadúnaithe agus/nó Feidhmchlár Saincheaptha, bogearraí eile (lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do Tháirgí Cumhdaithe agus/nó Táirgí Comhfhreagracha) agus/nó cruaearraí nach mbaineann le Apple, a mhéid a úsáidtear iad, nó a bheartaítear iad a úsáid, ar iOS nó le gléasanna iOS ag úsáideoirí deiridh atá lonnaithe san Aontas.

Ciallaíonn **"Éilimh Caidrimh Eorpaigh"** aon éileamh nó imeacht de chineál ar bith a mhéid (agus a mhéid amháin) a bhaineann siad leis an gCaidreamh Eorpach lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'éilimh chonarthaigh, éilimh faoi Dhlíthe Eorpacha Infheidhme, éilimh ar fhaoiseamh eatramhach agus aon éileamh neamhchonarthaigh.

Ciallaíonn **"Sonraí Aghaidhe"** faisnéis a bhaineann le haghaidheanna daonna (m.sh. sonraí mogaíra aghaidhe, sonraí mapála aghaidhe, sonraí samhaltaithe aghaidhe, sonraí comhordanáidí aghaidhe nó sainchomharthaí aghaidhe, lena n-áirítear sonraí ó ghrianghraf uaslódáilte) a fhaightear ó ghléas úsáideora agus/nó trí úsáid a bhaint as Bogearraí Apple (m.sh., trí ARKit, APIInna Ceamara, nó APIInna Grianghrafadóireachta), nó a sholáthraíonn úsáideoir i bhFeidhmchlár nó trí Fheidhmchlár (m.sh., uaslódálacha le haghaidh seirbhís anailíse aghaidhe).

Ciallaíonn **"Family Controls Framework"** na APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar chumas D'Fheidhmchláir rialuithe úsáide aipe agus suímh ghréasáin a sholáthar ar tháirge de bhranda Apple.

Ciallaíonn **"Faisnéis ar Aghaidh"** aon fhógra, lena n-áirítear aon ábhar, sonraí nó faisnéis, a sholáthraítear tríd an Accessory Notifications Framework nó Accessory Live Activities Framework faoi seach, lena n-áirítear fógraí ó Aipeanna ar bith nó aon fhaisnéis eile a dhíorthaítear uathu (m.sh., dí-chódaithe, haisteáilte, ath-chódaithe, athmhéideáilte, athfhormáidithe, achoimrithe).

Ciallaíonn **"FOSS"** (Bogearraí Saora agus Foinse Oscailte) aon bhogearra atá faoi réir téarmaí a cheanglaíonn, mar choinníoll úsáide, cóipeála, modhnaithe nó athdháilte, go nochtar nó go ndáiltear bogearraí den chineál sin agus/nó saothair dhíorthaigh díobh i bhfoirm cóid fhoinsigh, go mbeidh siad ceadúnaithe chun saothair dhíorthaigh a dhéanamh, nó go n-athdháiltear iad gan chostas, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do bhogearraí a dháiltear faoi Cheadúnas Ginearálta Poiblí GNU nó faoi GPL Neamhfhorleathan/Leabharlaine GNU.

Ciallaíonn **"Foundation Models Framework Acceptable Use Requirements"** na ceanglais atá le fáil ag <https://developer.apple.com/apple-intelligence/acceptable-use-requirements-for-the-foundation-models-framework>, a fhéadfar a bheith nuashonraithe ó am go ham.

Ciallaíonn **"Foundation Models Framework"** APIIna Doiciméadaithe a chuireann ar Do chumas rochtain a fháil ar an gcreatlach Bunsamhlacha, leid a thabhairt di nó úsáid a bhaint aisti ar shlí eile, lena n-áirítear an tsamhail a bhfuil rochtain ag an gcreatlach uirthi, ar aon slí, lena n-áirítear trí Chuibheoir.

"Foveated Streaming Framework" ciallaíonn sé na APIIna Doiciméadaithe a thugann an cumas d'Fheidhmchlár seisiún a bhunú chun ábhar, sonraí nó faisnéis a shruthú ó chríochphointí sruthaithe áitiúla nó cianda chuig Apple Vision Pro.

Ciallaíonn **"Fóveáilte Faisnéis Sruthaithe"** aon ábhar, sonraí, nó faisnéis a sholáthraítear trí úsáid a bhaint as an Foveated Streaming Framework, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, faisnéis amhail an réigiún tuairimíoch ina bhfuil an t-úsáideoir deiridh ag breathnú.

Ciallaíonn **"FPS"** nó **"FairPlay Streaming"** sásra soláthair eochrach Fhreastalaí FairPlay Streaming de chuid Apple mar a thuairiscítear in FPS SDK.

Ciallaíonn **"Pacáiste Imlonnú FPS"** sonraíocht Fheidhm D le haghaidh imlonnú tráchtála FPS, cur i bhfeidhm tagartha Fheidhm D, cód samplach FPS agus sraith eochracha táirgeachta uathúla atá le húsáid go sonrach Agat le cur chun feidhme FPS, má sholáthraíonn Apple é Duit.

Ciallaíonn **"FPS SDK"** sonraíocht FPS, cur chun feidhme tagartha freastalaí FPS, cód samplach FPS, agus eochracha forbartha FPS, arna sholáthar ag Apple Duit.

Ciallaíonn **"Game Center"** an tseirbhís pobail cluichíochta agus APIIna gaolmhara arna soláthar ag Apple lena n-úsáid Agat maidir le Do chuid Feidhmchlár a bhaineann le Do chuntas forbróra.

Ciallaíonn **"APIIna HealthKit"** APIIna Doiciméadaithe a chumasaíonn léamh, scríobh, fiosruithe agus/nó aisghabháil faisnéise sláinte agus/nó folláine an úsáideora dheiridh i bhfeidhmchlár Apple Health.

Ciallaíonn **"Prótacal Gabhálaí HomeKit"** an prótacal dílsithe atá ceadúnaithe ag Apple faoi Chlár MFi a chuireann ar chumas gabhálaí baile atá saincheaptha chun oibriú le APIIna HomeKit (m.sh., soilse, glais) cumarsáid a dhéanamh le táirgí comhoiriúnacha ar de bhranda Apple iad.

Ciallaíonn **"APIIna HomeKit"** APIIna Doiciméadaithe a chumasaíonn léamh, scríobh, fiosruithe agus/nó aisghabháil cumraíochta baile nó faisnéise uathoibrithe baile an úsáideora dheiridh ó áit ainmnithe an úsáideora dheiridh sin de Bhunachar Sonraí HomeKit Apple.

Ciallaíonn **"Bunachar Sonraí HomeKit"** stór Apple chun faisnéis a stóráil agus a bhainistiú maidir le Gabhálaí Cheadúnaithe HomeKit de chuid an úsáideora dheiridh agus a bhfaisnéis ghaolmhar.

Ciallaíonn **"iCloud"** nó **"seirbhís iCloud"** seirbhís iCloud ar líne arna soláthar ag Apple ina gcuimsítear cianstóráil ar líne.

Ciallaíonn **"APIIna Rochtana Comhroinnte Breise iCloud"** APIIna Doiciméadaithe a chuireann ar chumas Feidhmchláir rochtain a fháil ar fhaisnéis de chuid an úsáideora dheiridh agus ar iarratais rochtana comhroinnte agus ar naisc aonuaire.

Ciallaíonn **“Stóráil iCloud”** API Inna Doiciméadaithe a chumasaíonn stóráil agus/nó aisghabháil doiciméad arna nginiúint ag úsáideoirí agus comhad eile, agus a chumasaíonn stóráil agus/nó aisghabháil sonraí eochair-luach (m.sh., liosta stoc i bhFeidhmchlár airgeadais, socruithe le haghaidh Feidhmchláir) le haghaidh Feidhmchláir agus Bogearraí Gréasáin trí úsáid a bhaint as iCloud.

Ciallaíonn **“API Inna Fíoraithe Aitheantais”** API Inna Doiciméadaithe a chuireann ar Do chumas agus/nó ar chumas Ceannaithe faisnéis aoise nó aitheantais an úsáideora dheiridh a fhíorú trí D’Fheidhmchlár a úsáid.

Ciallaíonn **“Sonraí Fíoraitheora Aitheantais”** pacáiste sonraí na n-úsáideoirí deiridh a chuirtear trí Bhogearraí Apple agus API Inna Fíoraitheora Aitheantais mar chuid den phróiseas fíoraithe aoise nó aitheantais.

Ciallaíonn **“Ceannacháin Ionaípe API”** API Doiciméadaithe a chumasaíonn an soláthar nó an cur ar fáil inneachair, feidhmiúlachta nó seirbhísí breise lena n-úsáid laistigh D’Fheidhmchlár ar tháille bhreise nó gan táille bhreise.

Ciallaíonn **“Páirtí Idirghabhálach”** páirtí: (a) má chuireann sé Ualach Íocaíochta Apple Pay úsáideora deiridh Apple Pay ar aghaidh chuig Ceannaí chun idirbheart íocaíochta an úsáideora deiridh sin a phróiseáil lasmuigh d’Fheidhmchlár nó d’Fhéadchlár Comhfhreagrach, nó (b) má fhorbraíonn sé agus má chuireann sé ar fáil Feidhmchlár chun go mbeidh Ceannaithe in ann idirbhearta Tapáil le híoc a dhéanamh nó páirt a ghlacadh in Idirghníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Custaiméirí.

Ciallaíonn **“iOS”** bogearraí córais oibriúcháin iOS arna soláthar ag Apple lena n-úsáid Agat amháin maidir le forbairt agus tástáil D’Fheidhmchláir, lena n-áirítear aon leagan comharba díobh.

Ciallaíonn **“Cearta Maoine Intleachtúla”** aon chóipcheart, trádhmharc, ceart chun príobháideachais agus pearsantachta, rún trádála, paitinn nó cearta maoine intleachtúla nó dlíthiúla eile (m.sh. cearta cumadóireachta ceoil nó taibhithe, cearta físeáin, cearta grianghrafadóireachta nó íomhá, cearta lógó, cearta sonraí tríú páirtí, srl.) de chineál comhchosúil nó comhréire in aon chuid den domhan, beag beann an bhfuil siad cláraithe nó an féidir iad a chlárú agus lena n-áirítear gach iarratas agus an ceart chun iarratas a dhéanamh ar aon cheann de na nithe thuasluaite.

Ciallaíonn **“iPadOS”** bogearraí córais oibriúcháin iPadOS a sholáthraíonn Apple lena n-úsáid Agat amháin maidir le forbairt agus tástáil D’Fheidhmchláir, lena n-áirítear aon leagan comharba díobh.

Ciallaíonn **“Prótacal Gabhálaí iPod”** nó **“iAP”** prótacal dílsithe Apple chun cumarsáid a dhéanamh le táirgí tacaithe ar de bhranda Apple iad agus atá ceadúnaithe faoi Chlár MFi.

Ciallaíonn **“API iWork”** API Doiciméadaithe ar a dtugtar “API Easpórtála Dhoiciméid iWork” a chuireann ar chumas úsáideoirí deiridh doiciméid iWork a easpórtáil go formáid PDF ar D’Fheidhmchlár nó ar Do Tháirge Comhfhreagrach.

Ciallaíonn **“API Moltaí Dialainne”** API doiciméadaithe a chumasaíonn taispeántas moltaí dialainne.

Ciallaíonn **“Leabharlann”** modúl cód nach féidir a shuiteáil ná a rith ar leithligh ó Fheidhmchlár agus nach bhforbraíonn Tú i gcomhréir leis an Doiciméadacht agus leis na Ceanglais maidir leis an gClár ach le húsáid le táirgí ar de bhranda Apple iad.

Ciallaíonn **“Feidhmchlár Ceadúnaithe”** Feidhmchlár (a) a chloíonn leis an Doiciméadacht agus le gach Ceanglas maidir leis an gClár agus lena gcomhlíonann sé, agus (b) atá roghnaithe agus sínithe go digiteach ag Apple lena dháileadh, agus a chuimsíonn aon fheidhmiúlacht, inneachar nó seirbhís breise ceadaithe a sholáthraíonn Tú laistigh D’Fheidhmchlár agus úsáid á baint as Ceannacháin Ionaípe API.

Ciallaíonn **“Faisnéis maidir le Feidhmchlár Cheadúnaithe”** gabhálacha scáileáin, íomhánna, saothar ealaíne, réamhamhairc, deilbhíní agus/nó aon téacs, tuairisc, maíomh nó faisnéis eile a bhaineann le Feidhmchlár Ceadúnaithe a sholáthraíonn Tú do Apple lena úsáid i gcomhréir le Sceideal 1, nó, más infheidhme, le Sceideal 2 nó le Sceideal 3.

Ciallaíonn **“Gabhálais Cheadúnaithe HomeKit”** na gabhálais crua-earraí atá ceadúnaithe faoi Chlár MFi a thacaíonn le Prótacal Gabhálais HomeKit.

Ciallaíonn **“Fógra Áitiúil”** teachtaireacht, lena n-áirítear aon inneachar nó sonraí atá inti, a sheolann D’Fheidhmchlár chuig úsáideoirí deiridh ag am réamhshocraithe nó nuair a bhíonn D’Fheidhmchlár ag rith sa chúla agus feidhmchlár eile á rith sa tulra.

Ciallaíonn **“Breiseán Brú-Sheirbhíse Suímh”** an breiseán bogearraí a sholáthraíonn bealach d’Fheidhmchlár chun nuashonruithe suímh ar éileamh a fháil trí bhrúfhógraí le húsáid le Core Location API ar bhealach a bhfuil an Comhaontú seo á chomhlíonadh aige.

Ciallaíonn **“macOS”** bogearraí córais oibriúcháin macOS a sholáthraíonn Apple lena n-úsáid Agat, lena n-áirítear aon leagan comharba díobh.

Ciallaíonn **“Cuntas Apple Bainistithe”** an Cuntas Apple a chruthaigh eagraíocht d’fhostaí nó do mhac léinn lena úsáid agus atá á bhainistiú ag riarthóir TF na heagraíochta.

Ciallaíonn **“Sonraí Léarscáile”** aon inneachar, sonraí nó faisnéis a sholáthraítear trí Sheirbhís Apple Maps lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta d’íomhánna, do shonraí talaimh, comhordanáidí domhanleithid agus domhanfhad, sonraí idirthurais, láithreacha inspéise agus sonraí tráchta.

Ciallaíonn **“API MapKit”** API doiciméadaithe ar thaobh cliant a chuireann ar Do chumas gnéithe nó feidhmiúlacht léarscáilithe a chur le Feidhmchlár.

Ciallaíonn **“MapKit JS”** leabharlann JavaScript a chuireann ar Do chumas gnéithe nó feidhmiúlacht léarscáilithe a chur le Do chuid Feidhmchlár, suíomhanna gréasáin nó feidhmchlár gréasáin.

Ciallaíonn **“Táirgí atá Comhoiriúnach do MDM”** táirgí bogearraí freastalaí fiontair a chumasaíonn bainistiú táirgí tacaíthe ar de bhranda Apple iad agus úsáid á baint as Prótacal MDM (a fhéadfaidh Apple a sholáthar Duit dá rogha féin), agus arb é is príomhchuspóir dó gléis fiontair a bhainistiú. Ar mhaithe le soiléireacht, eisiatar táirgí atá le húsáid ag tomhaltóirí nó le húsáid phearsanta ó Tháirgí atá Comhoiriúnach do MDM, ach amháin mar a cheadaíonn Apple a mhalairt go sainráite i scríbhinn.

Ciallaíonn **“Custaiméir MDM”** fiontar tráchtála, amhail eagraíocht ghnó, institiúid oideachais, nó gníomhaireacht rialtais, ar custaiméir é Do chuid Táirgí atá Comhoiriúnach do MDM. Ar mhaithe le soiléireacht, eisiatar go sonrach tomhaltóirí nó úsáideoirí pearsanta le Custaiméir MDM, ach amháin mar a cheadaíonn Apple a mhalairt go sainráite i scríbhinn.

Ciallaíonn **“Prótacal MDM”** an doiciméadacht prótacail dílsithe a fhéadfaidh Apple, dá rogha féin, a sholáthar Duit faoin gComhaontú seo chun a chur ar Do chumas idirghníomhú le táirgí tacaíthe ar de bhranda Apple iad, iad a bhainistiú, iad a chumrú agus iad a fhiosrú mar a cheadaítear go sainráite anseo istigh.

Ciallaíonn **“Síneadh Gléas Meán”** síneadh atá comhtháite mar chuid de d’larratas agus a bhfuil an t-aon chuspóir aige ábhar a sheoladh, ag úsáid an Media Device Extension Framework atá údaraithe ag úsáideoir deiridh, ó iPhone nó iPad an úsáideora deiridh chuig gléas eile.

Is é atá i **“Media Device Extension Framework”** na APIanna doiciméadaithe atá le húsáid sa Síneadh Gléas Meán a chuireann ar chumas ábhar a sheoladh ó iPhone nó iPad úsáideora deiridh chuig gléas eile.

Ciallaíonn **“Ceannai”** páirtí: (a) a phróiseálann idirbhearta íocaíochta Apple Pay, (b) a úsáideann na TTP APIanna chun íocaíochtaí a ghlacadh, idirbhearta a dhéanamh agus rochtain a fháil ar sheirbhísí gaolmhara trí d’larratas, faoina ainm, trádmharc nó branda féin (m.sh., taispeántar a ainm ar ráiteas cárta creidmheasa an úsáideora deiridh), (c) a úsáideann APIanna na Fíoraitheora Aitheantais chun fíorú aoise nó aitheantais a dhéanamh trí d’larratas, nó (d) a úsáideann na Customer Engagement APIanna chun idirghníomhaíochtaí rannpháirtíochta custaiméara a dhéanamh.

Ciallaíonn **“Gabhálaís MFi”** gléas crua-earraí nach de bhranda Apple é a dhéanann comhéadan, a dhéanann cumarsáid, nó a idirghníomhaíonn nó a rialaíonn ar shlí eile le táirge ar de bhranda Apple é agus úsáid á baint as teicneolaíocht atá ceadúnaithe faoi Chlár MFi (m.sh., an cumas chun táirge tacaíthe ar de bhranda Apple é a rialú trí Phrótacal Gabhálaís iPod).

Ciallaíonn **“Ceadúnaí MFi”** páirtí ar dheonaigh Apple ceadúnas dó faoi Chlár MFi.

Ciallaíonn **“Clár MFi”** clár ar leith de chuid Apple a thairgeann ceadúnas d’fhorbróirí, i measc nithe eile, chun teicneolaíocht áirithe Apple a ionchorprú nó a úsáid i ngabhálacha crua-earraí nó i ngléasanna nó in éineacht leo chun críoch comhéadan a dhéanamh, cumarsáid a dhéanamh nó idiroibriú le táirgí roghnaithe ar de bhranda Apple iad nó iad a rialú.

Ciallaíonn **“Bainistiú Gaireas Móibíleach”** (MDM) an fheidhmiúlacht bainistithe gléas agus APIanna gaolmhara arna soláthar ag Apple a chumasaíonn cianbhainistiú agus cumraíocht táirgí tacaíthe ar de bhranda Apple iad trí úsáid a bhaint as Prótacal MDM agus deimhnithe digiteacha arna n-eisiúint ag Apple.

Ciallaíonn **“APIanna Gluaisne agus Folláine”** APIanna Doiciméadaithe atá á rialú ag an socrú príobháideachais Gluaisne agus Folláine i dtáirge comhoiriúnach ar de bhranda Apple é agus a chumasaíonn rochtain ar shonraí braiteora gluaisne agus folláine (m.sh. gluaisne coirp, comhaireamh céimeanna, an líon staighrí a dreapadh), murar dhíchumasaigh an t-úsáideoir deiridh rochtain ar na sonraí sin.

Ciallaíonn **“Iltascáil”** an cumas chun Feidhmchláir a rith sa chúlra agus Feidhmchláir eile á rith freisin.

Ciallaíonn **“APIanna MusicKit”** tacar APIanna a chuireann ar chumas úsáideoirí Apple Music rochtain a fháil ar a síntiús trí D’Fheidhmchlár nó mar a cheadaíonn Apple a mhalairt sa Doiciméadacht.

Ciallaíonn **“Inneachar MusicKit”** ceol, físeáin, agus/nó inneachar grafach a léiríodh trí APIanna MusicKit.

Ciallaíonn **“MusicKit JS”** leabharlann JavaScript a chuireann ar chumas úsáideoirí Apple Music rochtain a fháil ar a síntiús trí Do chuid Feidhmchlár, suíomhanna gréasáin nó feidhmchlár gréasáin.

Ciallaíonn **“Network Extension Framework”** APIanna Doiciméadaithe a chuireann ar chumas Feidhmchlár gnéithe líonraithe áirithe de tháirgí comhoiriúnacha ar de bhranda Apple iad a

shaincheapadh (m.sh., an próiseas fiordheimhnithe a shaincheapadh le haghaidh Baill te Wi-Fi, gnéithe VPN agus sásraí scagtha inneachair).

Ciallaíonn **“Now Playing APIInna”** Documented APIInna a chumasaíonn faisnéis agus meiteashonraí faoi mheáin atá á seinm faoi láthair i bhFeidhmchláir a thaispeáint ar tháirgí ar de bhranda Apple iad.

Ciallaíonn **“Pas(anna)”** aon phas digiteach amháin nó níos mó (m.sh., ticéid scannáin, cúpóin, dearbháin luaíochta dílseachta, pasanna bordála, cártaí ballraíochta, srl.) arna bhforbairt Agat faoin gComhaontú seo, faoi Do thrádmharc nó faoi Do bhranda féin agus atá sínithe le D’Aitheantas Cineáil Pas, nó a d’fhorbair Tú ar shlí eile i gcomhréir leis an Doiciméadacht.

Ciallaíonn **“Faisnéis maidir le Pas”** an téacs, na tuairiscí, maíomh nó an fhaisnéis maidir le Pas a sholáthraíonn Tú nó a fhaigheann Tú ó Do chuid úsáideoirí deiridh ar Phas nó i dtaca leis.

Ciallaíonn **“Aitheantas Cineáil Pas”** an meascán de Dheimhniú Apple agus Aitheantas Brúfheidhmchláir a úsáideann Tú chun Do Phasanna a shíniú agus/nó cumarsáid a dhéanamh le APN.

Ciallaíonn **“Soláthraí Seirbhíse Íocaíochta”** soláthraí: (a) a sholáthraíonn seirbhísí próiseála íocaíochta lena mbaineann próiseáil Sonraí TTP do Cheannaithe, go díreach nó go neamhdhíreach, agus (b) atá leagtha amach sa Doiciméadacht.

Ciallaíonn **“Clár”** clár foriomlán forbartha, tástála, sínithe dhigitigh agus dáileacháin Apple atá á bheartú sa Chomhaontú seo.

Ciallaíonn **“Ceanglais maidir leis an gClár”** na critéir theicniúla, comhéadain duine, deartha, catagóire táirgí, slándála, feidhmíochta agus na ceanglais maidir leo arna sonrú ag Apple, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta don tsraith reatha ceanglas atá leagtha amach in **Alt 3.3**, de réir mar a fhéadfaidh Apple iad a mhodhnú ó am go ham i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

Ciallaíonn **“Próifílí Soláthair”** na comhaid (lena n-áirítear cearta infheidhme nó aitheantóirí eile) a sholáthraíonn Apple lena n-úsáid Agat maidir le forbairt agus tástáil D’Fheidhmchlár, agus dáileadh teoranta Do chuid Feidhmchlár lena n-úsáid ar Ghléasanna Cláraithe agus/nó ar Aonaid Tástála Údaraithe.

Ciallaíonn **“Aitheantas Brúfheidhmchláir”** an uimhir aitheantais uathúil nó an t-aitheantóir eile a shannann Apple d’Fheidhmchlár, Pas nó Suíomh chun ligean dó rochtain a fháil ar APN agus é a úsáid nó lena úsáid le MDM.

Ciallaíonn **“Brúfhógra”** nó **“Brúfhógra Safari”** fógra, lena n-áirítear aon inneachar nó sonraí atá ann, a tharchuireann Tú chuig úsáideoirí deiridh le soláthar i D’Fheidhmchlár, Do Phas agus/nó i gcás macOS, chuig deasc macOS úsáideoirí Do Shuímh a ghlac leis na teachtaireachtaí seo a fháil trí Safari ar macOS, agus/nó a sheoltar trí úsáid a bhaint as MDM.

Ciallaíonn **“Gléasanna Cláraithe”** aonaid chrua-earraí ar de bhranda Apple iad atá faoi D’úinéireacht nó faoi Do rialú, nó faoi úinéireacht daoine aonair atá cleamhnaithe Leat, i gcás ina bhfuil na Táirgí sin cláraithe go sonrach le Apple faoin gClár seo.

Ciallaíonn **“API Roster”** API Doiciméadaithe a chumasaíonn Sonraí Roster maidir le daltaí, múinteoirí agus baill foirne ó scoil a chomhroinnt, má chuireann riarthóir TF na scoile ar chumas D’Fheidhmchláir nó Do Tháirge Chomhfhreagraigh na sonraí sin a fháil.

Ciallaíonn **“Sonraí Roster”** aon sonraí úsáideora nó aon cheadchomhartha úsáideora a fhaightear ó úsáid API Roster, a bhailítear tríd, nó a bhaineann leis, lena n-áirítear aon sonraí a bhaineann le duine aitheanta nó inaitheanta nó atá nasctha leo nó is féidir a nascadh leo.

Ciallaíonn **“Breiseáin Safari”** aon bhreiseán bogearraí amháin nó níos mó arna bhforbairt Agat faoin gComhaontú seo lena n-úsáid le Safari amháin i gcomhlíonadh an Chomhaontaithe seo.

Ciallaíonn **“Réiteach Slándála”** an córas cosanta inneachair dílsithe de chuid Apple a mhargaítear mar FairPlay, le cur i bhfeidhm ar Fheidhmchláir Cheadúnaithe a dháiltear in App Store chun rialacha caighdeánacha de chuid Apple maidir le húsáid Feidhmchlár Cheadúnaithe a riar, toisc go bhféadfaidh Apple an córas agus na rialacha sin a mhodhnú ó am go ham.

Is é **“Sensitive Content Analysis Framework”** na Documented APIInna a chuireann ar chumas Feidhmchláir comhtháthú le Sábháilteacht Cumarsáide agus/nó Rabhadh Ábhar Íogair, agus a chinneadh ar an ngléas an bhfuil nochtaíocht choirp nó ábhar gnéasach follasach in íomhánna agus físeáin a sheolann agus a fhaigheann úsáideoirí i d’Fheidhmchlár, nó foréigean grafach nó gortú fuilteach.

Ciallaíonn **“APIInna ShazamKit”** APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar Do chumas gnéithe nó feidhmiúlacht aitheantais atá bunaithe ar fhuaim a chur le D’Fheidhmchlár agus le Do chuid Táirgí Comhfhreagracha.

Ciallaíonn **“Inneachar ShazamKit”** meiteashonraí, ceol, agus/nó inneachar grafach arna sholáthar ag Apple agus arna léiriú trí APIInna ShazamKit, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d’Inneachar MusicKit.

Ciallaíonn **“Sign in with Apple”** Documented APIInna agus leabharlanna JavaScript a ligeann Duit úsáideoirí a logáil isteach i D’Fheidhmchlár (agus Do chuid Táirgí Comhfhreagracha) lena gCuntas Apple nó lena bhfaisnéis aitheantais anaithnidithe.

Ciallaíonn **“Sign in with Apple at Work & School”** Documented APIInna agus leabharlanna JavaScript a ligeann Duit úsáideoirí a logáil isteach i D’Fheidhmchlár (agus Do chuid Táirgí Comhfhreagracha) le Cuntas Apple Bainistithe atá acu faoi réir rochtain a bheith á bainistiú ag riarthóir TF na heagraíochta úsáideora.

Ciallaíonn **“API Topaic Nuashonraithe Suntasach Aipe”** an Documented API a chuireann ar chumas D’Fheidhmchláir atá dailte ar an App Store toiliú a iarraidh ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir úsáideora deiridh, chun leanúint ar aghaidh ag úsáid D’Fheidhmchláir nuair a bhíonn nuashonrú suntasach air.

Ciallaíonn **“SiriKit”** tacar APIInna a ligeann do D’Fheidhmchlár rochtain a fháil ar fhearainn, cuspóirí, aicearraí, deonuithe SiriKit agus feidhmiúlachtaí gaolmhara eile nó iad a sholáthar, mar atá leagtha amach sa Doiciméadacht.

Ciallaíonn **“Suíomh”** suíomh gréasáin a sholáthraíonn Tú faoi D’ainm, Do thrádmharc nó Do bhranda féin.

Ciallaíonn **“Sonraíocht Síniú Isteach Aonair”** an Doiciméadacht a sholáthraíonn Apple thíos do API Síniú Isteach Aonair, arna nuashonrú ó am go ham.

Is é atá i **“APIInna Síneadh Fuaime Spásúil”** na APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar chumas d’Iarratas agus a shíneadh teiliméadracht rianaithe ceann a fháil ó do chluasán Bluetooth amháin agus chun eispéiris fuaime spásúla a sheachadadh chuig do chluasán Bluetooth amháin.

Is é atá i **“APIInna Gníomhartha Molta”** na APIInna Doiciméadaithe a sholáthraíonn gníomhartha molta bunaithe ar ábhar tacaíthe.

Ciallaíonn **“Sonraí maidir le Tapáil le hÍoc”** nó **“Sonraí TTP”** pacáiste sonraí custaiméara Ceannaí a chuirtear trí Bhogearraí Apple agus APIInna Tapáil le hÍoc mar chuid d’idirbheart (m.sh., uimhir chuntais phríomha, méid idirbhirt, srl.).

Ciallaíonn **“APIInna Tapáil le hÍoc”** nó **“APIInna TTP”** APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar chumas na gCeannaithe idirbhearta a dhéanamh trí D’Fheidhmchlár a úsáid.

Ciallaíonn **“APIInna TelephonyMessagingKit”** APIInna Doiciméadaithe a thugann cead D’Fheidhmchlár teachtaireachtaí atá bunaithe ar iompróir a sheoladh nó a fháil trí SMS, MMS agus RCS nuair atá sé socraithe mar an feidhmchlár curtha teachtaireachtaí réamhshocraithe atá bunaithe ar iompróir, agus rochtain a fháil ar stair teachtaireachtaí den chineál sin a seoladh agus a fuarthas san Fheidhmchlár sin.

Ciallaíonn **“Tréimhse”** an tréimhse a thuairiscítear in **Alt 11**.

Ciallaíonn **“TestFlight”** seirbhís béite-thástála Apple le haghaidh Feidhmchláir réamheisiúna atá ar fáil trí Fheidhmchlár TestFlight Apple.

Ciallaíonn **“Feidhmchlár TestFlight”** feidhmchlár Apple a chumasaíonn leaganacha réamheisiúna de Do chuid Feidhmchlár a dháileadh ar líon teoranta de Do chuid Forbróirí Údaraithe agus de Bhéite-Thástálaithe (mar atá sonraithe ar shuíomh gréasáin fhorbróir TestFlight) trí TestFlight.

Ciallaíonn **“Sainrogha Rianaithe”** an socrú Apple a chuireann ar chumas úsáideora dheiridh sainrogha rianaithe fógraí a shocrú.

“APIInna Léargais lontaobhais” a chiallaíonn na APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar chumas d’Fheidhmchlár rochtain a fháil ar na Sonraí Léargais lontaobhais.

“Sonraí Léargais lontaobhais” is ea an pacáiste sonraí measúnuithe a bhaineann le dlísheanacht ghníomhaíocht úsáideora deiridh a chuirtear ar aghaidh trí APIInna Léargais lontaobhais.

Ciallaíonn **“API Feidhmchláir Teilifíse”** API doiciméadaithe sa tSonraíocht Feidhmchláir Teilifíse a chuireann ar Do chumas Sonraí Feidhmchláir Teilifíse a sholáthar do Apple.

Ciallaíonn **“Sonraí Feidhmchláir Teilifíse”** na sonraí a thuairiscítear i Sonraíocht Feidhmchláir Teilifíse le soláthar do Apple trí API Feidhmchláir Teilifíse.

Ciallaíonn **“Gnéithe Feidhmchláir Teilifíse”** an fheidhmiúlacht atá inrochtana tríd an bhFeidhmchlár Teilifíse agus/nó gléasanna tvOS, iOS, iPadOS, agus/nó macOS, a chuireann ar chumas an úsáideora féachaint ar fhaisnéis shaincheaptha agus moltaí maidir le hinneachar agus rochtain a fháil ar inneachar den chineál sin trí fheidhmchláir an úsáideora, agus/nó a chuireann ar chumas an úsáideora leanúint ar aghaidh le hinneachar ar breathnaíodh air roimhe seo a chur ar siúl.

Ciallaíonn **“Sonraíocht Feidhmchláir Teilifíse”** an Doiciméadacht a sholáthraíonn Apple do API Feidhmchláir Teilifíse, arna nuashonrú ó am go ham.

Ciallaíonn **“tvOS”** bogearraí córais oibriúcháin tvOS, lena n-áirítear aon leagan comharba díobh.

Ciallaíonn **“Nuashonraithe”** ceartuithe fabhtanna, nuashonruithe, uasghrádú, modhnuithe, feabhsuithe, forlontaí agus eisiúintí nua nó leaganacha nua de Bhogearraí nó Seirbhísí Apple, nó d’aon chuid de Bhogearraí nó Seirbhísí Apple.

Ciallaíonn **“visionOS”** bogearraí córais oibriúcháin visionOS, lena n-áirítear aon leagan comharba díobh.

Ciallaíonn **“Wallet”** feidhmchlár Apple a bhfuil an cumas aige Pasanna a stóráil agus a thaispeáint lena n-úsáid ar iOS, iPadOS, watchOS nó Safari ar macOS.

Ciallaíonn **“Breiseán WatchKit”** breiseán atá cuachta mar chuid de D’Fheidhmchlár a fhaigheann rochtain ar chreatlach WatchKit ar iOS chun feidhmchlár WatchKit a rith agus a thaispeáint ar watchOS.

Ciallaíonn **“watchOS”** bogearraí córais oibriúcháin watchOS, lena n-áirítear aon leagan comharba díobh.

Ciallaíonn **“Foláirimh Aimsire”** aon rabhadh aimsire, nó foláirimh eile a sholáthraíonn gníomhaireachtaí meitéareolaíochta ó am go ham trí APIInna WeatherKit a thuairiscíonn coinníollacha aimsire sonracha i suíomh geografach.

Ciallaíonn **“APIInna WeatherKit”** APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar Do chumas gnéithe nó feidhmiúlachtaí aimsire a chur le Do chuid Feidhmchlár nó Táirgí Comhfhreagracha.

Ciallaíonn **“Bogearraí Gréasáin”** leaganacha atá bunaithe ar an ngréasán de D’fheidhmchláir bogearraí a bhfuil an teideal céanna acu agus a bhfuil gnéithe agus feidhmiúlacht acu atá comhionann go substaintiúil le D’Fheidhmchlár Cheadúnaithe (m.sh., paireacht gné).

Ciallaíonn **“Brú-aitheantas Suímh Gréasáin”** an meascán de Dheimhniú Apple agus Aitheantas Brúfheidhmchláir a úsáideann Tú chun beart cláraithe Do Shuímh a shíniú agus/nó cumarsáid a dhéanamh le APN.

Ciallaíonn **“Wi-Fi Aware Framework”** APIInna Doiciméadaithe a chuireann ar chumas Feidhmchláir naisc Wi-Fi Aware idir gléasanna Wi-Fi Aware a dhéanamh.

Ciallaíonn **“Faisnéis maidir le Wi-Fi Aware”** aon inneachar, sonraí nó faisnéis a sholáthraítear trí Wi-Fi Aware Framework nó trí phrótacal Wi-Fi Aware nó a tharchuirtear tríthu, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d’fhaisnéis aitheantais amhail aitheantóirí a mhalartaítear idir gléasanna, faisnéis slándála a úsáidtear le haghaidh péireála, fíordheimhniú nó criptiúcháin agus faisnéis eochairmhíre agus gléis eile.

Ciallaíonn **“Wi-Fi Infrastructure Framework”** na Documented APIInna a chuireann ar chumas Feidhmchlár Faisnéis Chomhroinnte Líonra Wi-Fi a roinnt ó ghléas de bhranda Apple chuig gabhálas atá cumasach le Wi-Fi.

Ciallaíonn **“Faisnéis Chomhroinnte Líonra Wi-Fi”** aon ábhar, sonraí, nó faisnéis a sholáthraítear tríd an Wi-Fi Infrastructure Framework nó a tharchuirtear tríd, lena n-áirítear faisnéis agus aitheantóirí líonra agus gléasanna (amhail SSIDanna, seoltaí MAC, agus aitheantóirí eile a mhalartaítear idir gléasanna), agus faisnéis slándála a úsáidtear le haghaidh fíordheimhnithe, pasfhocail, eochracha criptithe, faisnéis gléasanna nó aon fhaisnéis eile a dhíorthaítear uaidh (m.sh., díchriptithe, haisithe, athchriptithe).

Ciallaíonn **“Xcode Cloud”** nó **“Seirbhís Xcode Cloud”** comhtháthú leanúnach agus seirbhís seachadta Apple faoi óstaíocht néil agus teicneolaíochtaí gaolmhara.

Ciallaíonn **“Inneachar Xcode Cloud”** na bogearraí, tástálacha, scrípteanna, sonraí, faisnéis, téacs, grafaicí, físeáin nó aon inneachar eile a phostálann Tú nó a chuireann Tú ar fáil agus Tú ag fáil rochtain ar Sheirbhís Xcode Cloud nó í á húsáid Agat (lena n-áirítear aon bhogearra atá i stórtha cóid fhoinsigh a soláthraíonn Tú faisnéis aitheantais logáil isteach dóibh), gan aon ábhar Apple atá ceadúnaithe Duitse a áireamh.

Ciallaíonn “**Tú, Thú, Tusa**” agus “**Do, Duit, Agat, Chugat, Leat, Ort, Fút, Uait**” an duine/na daoine nó an t-eintiteas dlíthiúil (cibé acu an cuideachta, eagraíocht, institiúid oideachais nó gníomhaireacht rialtais, ionstraimeacht, nó roinn é an t-eintiteas), a ghlac leis an gComhaontú seo faoina chuntas forbróra féin agus atá ag baint úsáid as Bogearraí Apple nó ag feidhmiú ceart ar shlí eile faoin gComhaontú seo.

Tabhair faoi deara: Ar mhaithe le soiléireacht, féadfaidh Tú conraitheoirí a údarú chun Feidhmchláir a fhorbairt thar Do cheann, ach caithfidh gur Leat aon Fheidhmchlár, arna chur isteach faoi Do chuntas forbróra féin agus arna dháileadh mar Fheidhmchlár amháin mar a cheadaítear go sainráite anseo istigh. Is Tusa atá freagrach do Apple as gníomhaíochtaí Do chonraitheoirí faoi Do Chuntas (m.sh., iad a chur le D’fhoireann chun obair fhorbartha a dhéanamh thar Do cheann) agus as a gcomhréireacht leis an gComhaontú seo. Measfar gur Tusa a rinne aon ghníomh a dhéanfaidh Do chonraitheoirí a eascraíonn as an gComhaontú seo, agus is Tusa (chomh maith le Do chonraitheoirí) a bheidh freagrach do Apple as gach gníomh den chineál sin.

2. Ceadúnas Úsáide Inmheánaí agus Srianata

2.1 Úsáidí Ceadaithe agus Srianata; Seirbhísí Cláir

Faoi réir théarmaí agus choinníollacha an Chomhaontaithe seo, deonaíonn Apple leis seo ceadúnas teoranta, neamheisiach, pearsanta, in-aisghairthe, neamh-in-fhocheadúnaithe agus neamh-inaistrithe Duit le linn na Tréimhse chun:

- (a) Líon réasúnta cóipeanna de Bhogearraí Apple a sholáthraítear Duit faoin gClár ar tháirgí ar de bhranda Apple iad atá faoi D’úinéireacht nó faoi rialú Agat a shuiteáil, le húsáid go himmheánach Agat nó ag Do chuid Forbróirí Údaraithe chun Táirgí Cumhdaithe atá deartha chun na táirgí is infheidhme ar de bhranda Apple iad a fhorbairt nó a thástáil, ach amháin mar a cheadaítear a mhalairt go sainráite sa Chomhaontú seo;
- (b) Líon réasúnta cóipeanna den Doiciméadacht a dhéanamh agus a dháileadh ar Fhorbróirí Údaraithe lena n-úsáid inmheánach amháin agus chun Táirgí Cumhdaithe a fhorbairt nó a thástáil, ach amháin mar a cheadaítear a mhalairt go sainráite sa Chomhaontú seo;
- (c) Próifíl Soláthair a shuiteáil ar gach ceann de Do chuid Aonad Tástála Údaraithe, suas go dtí líon Aonad Tástála Údaraithe a chláraigh Tú agus ar lena n-aghaidh a fuair Tú ceadúnais, le húsáid go himmheánach Agat nó ag Do chuid Forbróirí Údaraithe chun Do chuid Feidhmchlár a fhorbairt agus a thástáil, ach amháin mar a cheadaítear a mhalairt go sainráite sa Chomhaontú seo;
- (d) Próifíl Soláthair a shuiteáil ar gach ceann de Do chuid Aonaid Tástála Údaraithe, suas go dtí líon teoranta Gléasanna Cláraithe a chláraigh Tú agus ar lena n-aghaidh a fuair Tú ceadúnais, chun a chumasú dáileadh agus úsáid Do chuid Feidhmchlár ar na Gléasanna Cláraithe sin; agus
- (e) Deimhnithe Apple a eisítear Chugat de bhun an Chomhaontaithe seo a ionchorprú chun Do chuid Fheidhmchlár, Pasanna, Breiseáin Safari, Brúfhógraí Safari a shíniú go digiteach, agus mar a cheadaítear a mhalairt go sainráite leis an gComhaontú seo.

Forchoimeádann Apple an ceart chun líon teoranta táirgí ar de bhranda Apple iad a shocrú ar féidir le gach Ceadúnáí clárú le Apple agus ceadúnais a fháil ina leith faoin gClár seo (“**Bloc Ceadúnas Gléasanna Cláraithe**”). Chun críoch dailte theoranta ar Ghléasanna Cláraithe faoi **Alt 7.3 (Dáileachán Ad Hoc)**, ní fhéadfaidh gach cuideachta, eagraíocht, institiúid oideachais nó grúpa cleamhnaithe ach aon Bhloc amháin (1) de Cheadúnais Gléasanna Cláraithe a fháil in aghaidh na cuideachta, na heagraíochta, na hinstitiúide oideachais nó an ghrúpa, murar chomhaontaigh Apple a mhalairt i scríbhinn. Aontaíonn Tú gan níos mó ná aon Bhloc amháin de Cheadúnais Gléasanna Cláraithe a fháil d’aon turas, ná a chur faoi deara do dhaoine eile níos mó ná ceann amháin a fháil don chuideachta, eagraíocht, institiúid oideachais nó grúpa céanna.

Féadfaidh Apple rochtain a sholáthar ar sheirbhísí ag an gClár nó tríd lena n-úsáid Agat le Do chuntas forbróra (m.sh. soláthar gléis nó feidhmchláir, foirne a bhainistiú nó acmhainní cuntais

eile). Ní aontaíonn Tú rochtain a fháil ar sheirbhísí den chineál sin ach trí thairseach gréasáin an Chláir (a bhfaightear rochtain uirthi trí shuíomh gréasáin fhorbróir Apple) nó trí tháirgí ar de bhranda Apple iad atá deartha chun oibriú i gcomhar leis an gClár (m.sh., Xcode, App Store Connect, Swift Playground) agus ach amháin mar atá údaraithe ag Apple. Má fhaigheann Tú (nó Do chuid Forbróirí Údaraithe) rochtain ar Do Chuntas Forbróra trí na táirgí eile ar de bhranda Apple iad, admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú go leanfaidh an Comhaontú seo de bheith infheidhme maidir le haon úsáid a bhaintear as Do chuntas forbróra agus le haon ghné nó feidhmiúlacht den Chlár a chuirtear ar fáil Duit (nó Do chuid Forbróirí Údaraithe) ar an tslí seo (m.sh., ní féidir Deimhnithe Apple agus Próifílí Soláthair a úsáid ach amháin ar an tslí teoranta a cheadaítear anseo istigh, srl.). Aontaíonn Tú gan seirbhís ionadach ná seirbhís chomhchosúil a chruthú ná gan iarracht a dhéanamh seirbhís mar sin a chruthú trí úsáid a bhaint as na seirbhísí a sholáthraíonn an Clár nó a sholáthraítear tríd nó trí rochtain a fháil orthu. Má thugann Apple meadaracht cumhachta agus feidhmíochta do D'Fheidhmchlár, aontaíonn Tú nach bhféadfar meadaracht den chineál sin a úsáid ach le haghaidh an úsáid a bhaineann Tú féin go hinmheánach aisti agus nach bhféadfar í a sholáthar d'aon tríú páirtí (ach amháin mar atá leagtha amach in **Alt 2.9**). Lena chois sin, ní fhéadfaidh Tú rochtain a fháil ar sheirbhísí den chineál sin ach trí úsáid a bhaint as an gCuntas Apple a bhaineann le Do chuntas forbróra nó le D'fhaisnéis aitheantais fiordheimhnithe (m.sh., eochracha, ceadchomharthaí, pasfhocal) a bhaineann le Do chuntas forbróra, agus is Tusa atá freagrach go hiomlán as Cuntas Apple de Do chuid agus as D'fhaisnéis aitheantais fiordheimhnithe a chosaint ar chontúirt agus as iad a úsáid díreach de réir mar atá údaraithe ag Apple agus i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'**Alt 2.8** agus **5**. Seachas mar a cheadaítear a mhalairt anseo istigh, aontaíonn Tú gan rochtain a chomhroinnt, a dhíol, a athdhíol, a ligean ar cíos, a léasú, a thabhairt ar iasacht nó a sholáthar ar aon slí eile ar Do chuntas forbróra nó ar aon seirbhís a sholáthraítear leis, go hiomlán nó go páirteach, d'aon duine nach Forbróir Údaraithe ar D'Fhoireann é, agus aontaíonn Tú gan iarraidh ar bhaill de Chlár Forbróra Apple Cuntais Apple dá gcuidse, a bhfaisnéis aitheantais fiordheimhnithe, agus/nó faisnéis chuntais agus ábhair ghaolmhara a sholáthar Duit (m.sh., Deimhnithe Apple a úsáidtear le haghaidh dáileachán nó cur faoi bhráid App Store nó TestFlight). Tuigeann Tú go gcaithfidh gach ball foirne a gCuntas Apple féin nó a bhfaisnéis aitheantais fiordheimhnithe féin a bheith acu chun rochtain a fháil ar Do Chuntas, agus is Tusa amháin a bheidh freagrach go hiomlán as gach gníomhaíocht a dhéantar trí Do Chuntas nó a bhaineann leis. Sa mhéid is gur Leat nó go rialaíonn Tú ríomhaire ar de bhranda Apple é a ritheann Freastalaí macOS nó Freastalaí Xcode ("**Freastalaí**") Apple agus gur mhaith Leatsa é a úsáid chun do chuspóirí forbartha féin maidir leis an gClár, aontaíonn Tú Cuntas Apple de Do chuid nó faisnéis aitheantais fiordheimhnithe eile a úsáid don Fhreastalaí sin, agus is Tusa a bheidh freagrach as gach gníomh a dhéanfaidh an Freastalaí sin.

2.2 Aonaid Tástála Údaraithe agus Bogearraí Apple Réamheisiúna

Fad is go bhfuil aon leagan réamheisiúna de Bhogearraí Apple in Aonad Tástála Údaraithe nó go n-úsáideann sé leaganacha réamheisiúna de Sheirbhísí, aontaíonn Tú rochtain ar an Aonad Tástála Údaraithe sin a theorannú do Do chuid Forbróirí Údaraithe agus gan an tAonad Tástála Údaraithe a nochtadh, a thaispeáint, a lig ar cíos, a léasú, a thabhairt ar iasacht, a dhíol ná a aistriú chuig aon tríú páirtí. Ina theannta sin, aontaíonn Tú réamhchúraimí réasúnacha a ghlacadh chun gach Aonad Tástála Údaraithe a chosaint, agus treoir a thabhairt do Do chuid Forbróirí Údaraithe ar fad iad a chosaint, ar ghoid nó cailliúint. Lena chois sin, féadfaidh Tú Do chuid Feidhmchlár a imlonnú chuig Do chuid Forbróirí Údaraithe lena n-úsáid ar líon teoranta Aonad Tástála Údaraithe chun Do chríocha tástála agus forbartha inmheánaí féin, faoi réir téarmaí an Chomhaontaithe seo.

Admhaíonn Tú, trí aon Bhogearra Apple réamheisiúna a shuiteáil nó trí úsáid a bhaint as aon Seirbhís réamheisiúna ar Do chuid Aonad Tástála Údaraithe, go bhféadfaí na hAonaid sin a "ghlasáil" i mód tástála agus go bhféadfaidh sé nach mbeifí in ann iad a aiscur chuig a riocht bunaidh. Is chun críoch meastóireachta agus forbartha amháin a úsáidtear aon Bhogearra Apple réamheisiúna nó aon Seirbhís réamheisiúna, agus níor cheart Duit Bogearraí Apple réamheisiúna nó Seirbhísí réamheisiúna a úsáid i dtimpeallacht oibriúcháin tráchtála, nó le sonraí tábhachtacha ach an oiread. Ba cheart Duit aon sonraí a chúltaca sula n-úsáidfí Tú

Bogearraí Apple réamheisiúna nó na Seirbhísí réamheisiúna. Ní bheidh Apple freagrach as aon chostas, speansas a d'fhéadfá a thabhu nó aon dliteanas eile a d'fhéadfadh a bheith Ort mar thoradh ar Do chuid Aonad Tástála Údaraithe agus Gléasanna Cláraithe a sholáthar, ar fhorbairt do Tháirgí Cumhdaithe nó ar shuiteáil nó úsáid Bhogearraí Apple sin nó aon réamheisiúint de Sheirbhísí Apple, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'aon damáiste do threalamh, nó d'aon damáiste, caillteanas, nó truailliú ar aon bhogearra, faisnéis nó sonra.

2.3 Cineál Rúnda Bhogearraí agus Sheirbhísí Apple Réamheisiúna

Ó am go ham le linn na Tréimhse, féadfaidh Apple leaganacha réamheisiúna de Bhogearraí nó Seirbhísí Apple atá comhdhéanta d'Fhaisnéis Rúnda Apple agus faoi réir oibleagáidí rúndachta an Chomhaontaithe seo a sholáthar Duit, ach amháin mar a leagtar amach a mhalairt anseo istigh. Níor cheart a bheith ag brath ar a leithéid de Bhogearraí agus Seirbhísí Apple réamheisiúna chun feidhmiú ar an tslí chéanna leis an táirge eisiúna deiridh de ghrád tráchtála, ná a úsáid le sonraí nach bhfuil cultaca leordhóthanach agus rialta acu, agus d'fhéadfadh gnéithe, feidhmiúlacht nó APIInna do bhogearraí nó seirbhísí nach bhfuil ar fáil go fóill a bheith san áireamh iontu. Admhaíonn Tú go bhféadfadh sé nach bhfógródh Apple go poiblí go gcuirfí a leithéid de Bhogearraí nó Seirbhísí Apple réamheisiúna ar fáil, nár gheall ná nár dheimhnigh Apple Duit go bhfógrófar nó go gcuirfear na bogearraí nó seirbhísí réamheisiúna sin ar fáil do dhuine ar bith sa todhchaí, agus nach bhfuil aon oibleagáid shainráite nó intuigthe ar Apple Duit na bogearraí nó seirbhísí sin nó aon teicneolaíocht chomhchosúil nó chomhoiriúnach a fhógairt ná a thabhairt isteach ar bhonn tráchtála. Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú go sainráite gur ar Do phriacal féin a dhéanann Tú aon taighde nó forbairt maidir le leaganacha réamheisiúna de Bhogearraí nó Seirbhísí Apple.

2.4 Cóipeanna

Aontaíonn Tú gach cóipcheart, séanadh agus fógraí dílsithe eile Apple a choinneáil agus a atáirgeadh ina n-iomláine (mar atá siad i mBogearraí Apple agus sa Doiciméadacht arna soláthar) i ngach cóip de Bhogearraí Apple agus den Doiciméadacht a cheadaítear Duit a dhéanamh faoin gComhaontú seo.

2.5 Úinéireacht

Coinníonn Apple gach ceart, teideal agus leas i mBogearraí nó Seirbhísí Apple, agus in aon Nuashonrú a d'fhéadfadh sé a chur ar fáil Duit faoin gComhaontú seo. Aontaíonn Tú comhoibriú le Apple chun úinéireacht Apple ar Bhogearraí agus Seirbhísí Apple a choinneáil, agus a mhéid a thagann Tú ar an eolas faoi aon éileamh a bhaineann le Bogearraí nó Seirbhísí Apple, aontaíonn Tú iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh chun fógra a thabhairt go sciobtha faoi aon éileamh den chineál sin do Apple. Admhaíonn na páirtithe nach dtugann an Comhaontú seo aon leas úinéireachta do Apple i Do chuid Táirgí Cumhdaithe ná Táirgí Comhfhreagracha.

2.6 Gan Aon Úsáid Cheadaithe Eile

Seachas mar a leagtar amach a mhalairt sa Chomhaontú seo, aontaíonn Tú gan Bogearraí Apple, Deimhnithe Apple, ná aon Seirbhís a ligean ar cíos, a léasú, a thabhairt ar iasacht, a uaslódáil chuig aon suíomh gréasáin nó freastalaí ná a óstáil orthu, a dhíol, a athdháileadh, ná a fhotheadúnú, go hiomlán nó go páirteach, ná gan cur ar chumas daoine eile déanamh amhlaidh. Ní fhéadfaidh Tú Bogearraí Apple, Deimhnithe Apple, ná aon Seirbhís dá bhforáiltear thíos a úsáid chun aon chríche nach gceadaítear go sainráite leis an gComhaontú seo, lena n-áirítear aon Cheangaltán agus Sceideal is infheidhme. Aontaíonn Tú gan SDKanna Apple a shuiteáil, a úsáid ná a rith ar aon ríomhaire nach de bhranda Apple é, agus gan iOS, iPadOS, macOS, tvOS, visionOS, watchOS agus Próifílí Soláthair a shuiteáil, a úsáid ná a rith ar ghléasanna seachas iadsan ar de bhranda Apple iad, nó maidir leo, ná gan cur ar chumas daoine eile déanamh amhlaidh. Ní fhéadfaidh Tú agus ní aontaíonn Tú gan Bogearraí Apple, Deimhnithe Apple ná aon Seirbhís a sholáthraíonn Bogearraí Apple nó dá bhforáiltear a mhalairt thíos, ná aon chuid díobh a chóipeáil (ach amháin mar a cheadaítear go sainráite sa Chomhaontú seo), a dhíthiomsú, ais-innealtóireacht a dhéanamh orthu, a dhíchóimeáil, iarracht a dhéanamh ar a gcód foinseach a bhaint díobh, a mhodhnú, a dhíchriptiú ná saothair dhíorthacha díobh a chruthú ná a chur ar chumas daoine eile déanamh amhlaidh (ach amháin a mhéid a thoirmistear aon srian roimhe

seo leis an dlí is infheidhme nó a mhéid a fhéadfar a bheith ceadaithe le téarmaí ceadúnaithe lena rialaítear úsáid comhpháirteanna foinse oscailte nó cód samplach atá san áireamh i mBogearraí Apple). Aontaíonn Tú gan úsáid a bhaint as aon Bhogearra Apple, Deimhniú Apple, ná Seirbhís dá bhforáiltear thíos ar aon slí neamhúdraithe, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta don mhéid seo a leanas: trí fhoghail nó ualach a chur ar acmhainn líonra, nó trí shonraí arna soláthar ag a leithéid de Bhogearraí Apple, Deimhniú nó Seirbhísí Apple a chnuaschoipeáil nó a mhí-úsáid. Sárú ar na cearta Apple agus a cheadúnóirí Bhogearraí nó Sheirbhísí Apple is ea aon iarracht é sin a dhéanamh. Má sháraíonn Tú aon cheann de na srianta roimhe seo, d'fhéadfadh sé go mBeifeá faoi réir ionchúisimh agus damáistí. Forchoimeádtar gach ceadúnas nach ndéanfaítear go sainráite sa Chomhaontú seo agus ní dheonaíonn Apple aon cheadúnas, díolúine ná ceart, atá sainráite nó intuigthe, go hintuigthe, trí urbhac nó ar shlí eile. Ní thugann an Comhaontú seo aon cheart Duit aon trádhmharc, lógó ná marc seirbhíse a bhaineann le Apple a úsáid, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta D'fhocalmharcanna iPhone nó iPod. Má dhéanann Tú tagairt d'aon táirge nó teicneolaíocht Apple nó má úsáideann Tú trádhmharcanna Apple, aontaíonn Tú na treoirínte atá foilsithe ag <https://www.apple.com/legal/intellectual-property/guidelinesfor3rdparties.html>, a chomhlíonadh toisc go bhféadfaidh Apple iad a mhodhnú ó am go ham.

2.7 Pacáiste Imlonnaithe FPS SDK agus FPS

Féadfaidh Tú FPS SDK a úsáid chun cur chun feidhme FPS ar thaobh an fhreastalaí de a fhorbairt agus a thástáil, díreach le húsáid le físeáin a shruthaíonn Tú (nó thar Do cheann) trí Do chuid Feidhmchlár, nó físeáin a íoslódálfar le féachaint orthu trí Do chuid Feidhmchlár, ar iOS, iPadOS agus/ nó tvOS, trí Safari ar macOS, nó mar a cheadaíonn Apple a mhalairt i scríbhinn (**"Feidhmchláir FPS Údaraithe"**, i dteannta a chéile). Tuigeann Tú nach mór Duit Pacáiste Imlonnaithe FPS a iarraidh ar thairseach gréasáin an Chláir sula ndéantar aon táirgeadh nó sula mbaintear úsáid tráchtála as FPS. Mar chuid den iarratas sin, ní mór Duit faisnéis a chur isteach faoi úsáid FPS atá á iarraidh Agat. Déanfaidh Apple athbhreithniú ar D'iarratas agus forchoimeádtar sé an ceart gan Pacáiste Imlonnaithe FPS a sholáthar Duit de réir a lánrogha féin, agus sa chás sin ní bheidh Tú in ann FPS a imlonnú. Is ar Do phríacal agus Do chostas féin a bheidh aon fhorbairt agus tástáil a dhéanfaidh Tú le FPS SDK, agus ní bheidh Apple faoi dhlíteanas Duit i leith na húsáide sin ná i leith diúltú D'iarratas chun FPS a úsáid i dtimpeallacht táirgthe nó tráchtála.

Má sholáthraíonn Apple Pacáiste Imlonnaithe FPS Duit, aontaíonn Tú é a úsáid mar atá ceadaithe ag Apple amháin agus i dtaca le hinneachar físeáin arna shruthú Agat (nó thar Do cheann) chuig Feidhmchláir FPS Údaraithe nó arna íoslódáil le féachaint air trí Do chuid Feidhmchlár FPS Údaraithe. Seachas mar a cheadaítear in **Alt 2.9 (Soláthraithe Seirbhíse Tríú Páirtí)**, ní sholáthróidh Tú Pacáiste Imlonnaithe FPS d'aon tríú páirtí ná ní dhéanfaidh Tú Pacáiste Imlonnaithe FPS ná FPS SDK a fhocheadúnú, a dhíol, a athdhíol, a léasú, a nochtadh ná a athdháileadh ar aon tríú páirtí (ná aon chur chun feidhme de) gan toiliú scríofa ó Apple.

Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú gur Faisnéis Rúnda Apple é Pacáiste Imlonnaithe FPS (lena n-áirítear sraith eochracha táirgthe FPS) mar atá leagtha amach in **Alt 9 (Rúndacht)**. Thairis sin, tá eochracha FPS den chineál sin uathúil do Do chuideachta nó D'eagraíocht, agus is Tusa amháin atá freagrach as iad a stóráil agus a chosaint. Ní féidir Leat eochracha FPS den chineál sin a úsáid ach amháin chun D'eochair inneachair a sholáthar agus a chosaint, eochair a úsáidtear chun inneachar físeáin arna shruthú Agat chuig Feidhmchláir FPS Údaraithe a dhíchriptiú nó a íoslódáilann Tú le féachaint air trí Do chuid Feidhmchlár FPS Údaraithe. Ní bheidh aon dlíteanas ná freagracht ar Apple as rochtain neamhúdraithe ar aon eochair FPS, ná as aon inneachar a shruthófar, nó a sholáthrófar ar shlí eile faoin gComhaontú seo i dtaca le FPS, ná as úsáid a bhainfear astu. Sa chás go ndéantar D'eochair FPS a nochtadh, a fháil amach, a chailleadh nó go ndéantar mí-leithghabháil uirthi, féadfaidh Tú a iarraidh ar Apple í a chúlghairm trí ríomhphost a sheoladh chuig product-security@apple.com, agus tuigeann Tú nach mbeidh aon oibleagáid ar Apple eochair athsholáthair a sholáthar. Forchoimeádtar Apple an ceart chun D'eochair FPS a chúlghairm tráth ar bith má d'iarr Tú, i gcás ina sáraíonn Tú ar an

gComhaontú seo, má mheasann Apple a mhalairt a bheith stuama nó réasúnach, nó ar éag an Chomhaontaithe seo nó a fhoirceannadh ar aon chúis.

Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú go bhforchoimeádann Apple an ceart chun Do rochtain a chúlghairm nó a bhaint ar FPS (nó aon chuid de) agus an úsáid a bhaineann Tú as FPS a chúlghairm nó a bhaint ar shlí eile tráth ar bith de réir a lánrogha féin. Thairis sin, ní bheidh aon oibleagáid ar Apple aon leagan modhnaithe, nuashonraithe nó comharba de Phacáiste Imlonnaithe FPS nó de FPS SDK a sholáthar Duit agus ní bheidh aon oibleagáid ar Apple comhoiriúnacht d'aon leagan roimhe seo a choinneáil. Má chuireann Apple leaganacha nua de Phacáiste Imlonnaithe FPS nó de FPS SDK ar fáil Duit, aontaíonn Tú iad a nuashonrú laistigh de thréimhse réasúnach má iarrann Apple Ort é sin a dhéanamh.

2.8 Seirbhísí Apple a Úsáid

D'fhéadfadh Apple rochtain a sholáthar ar Sheirbhísí Apple a fhéadfaidh Do chuid Táirgí Cumhdaithe nó Do chuid Táirgí Comhfhreagracha a ghlaoch trí APIInna i mBogearraí Apple agus/nó a chuireann Apple ar fáil Duit trí shásraí eile, m.sh., trí úsáid a bhaint as eochracha a bhféadfaidh Apple rochtain a thabhairt Duit orthu faoin gClár. Aontaíonn Tú rochtain a fháil ar Sheirbhísí Apple sin trí na sásraí a sholáthraíonn Apple le haghaidh rochtain den chineál sin agus lena n-úsáid ar tháirgí ar de bhranda Apple iad amháin. Seachas mar a cheadaítear in **Alt 2.9 (Soláthraithe Seirbhíse Tríú Páirtí)** nó mar a leagtar amach a mhalairt anseo istigh, aontaíonn Tú gan rochtain ar shásraí a sholáthraíonn Apple Duit maidir le húsáid na Seirbhísí a chomhroinnt le tríú páirtí ar bith. Thairis sin, aontaíonn Tú gan seirbhís ionadach ná chomhchosúil a chruthú ná iarracht a dhéanamh seirbhís mar sin a chruthú trí úsáid a bhaint as Seirbhísí Apple nó rochtain a fháil orthu.

Ní aontaíonn Tú rochtain a fháil ar na Seirbhísí agus iad a úsáid ach de réir mar is gá chun seirbhísí agus feidhmiúlacht a sholáthar do Do chuid Táirgí Cumhdaithe nó Do chuid Táirgí Comhfhreagracha atá incháilithe chun Seirbhísí den chineál sin a úsáid agus mar atá ceadaithe ag Apple i scríbhinn amháin, lena n-áirítear sa Doiciméadacht. Ní fhéadfaidh Tú Seirbhísí Apple a úsáid ar aon slí atá ar neamhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo nó a sháraíonn aon Cheart Maoine Intleachtúla de chuid tríú páirtí nó Apple, nó a sháraíonn aon dlí nó rialachán is infheidhme. Aontaíonn Tú go bhfuil inneachar, faisnéis agus ábhar dílsithe atá faoi úinéireacht Apple agus a cheadúnaíthe i Seirbhísí Apple, agus atá faoi chosaint dlíthe infheidhmithe maoine intleachtúla agus dlíthe eile. Ní fhéadfaidh Tú inneachar, faisnéis ná ábhair dílsithe den chineál sin a úsáid ar aon slí, ach amháin i gcás úsáidí ceadaithe Seirbhísí Apple faoin gComhaontú seo, nó mar a chomhaontóidh Apple a mhalairt i scríbhinn.

Tuigeann Tú go bhféadfaidh teorainneacha toillte stórála, tarchurtha, agus/nó idirbheartaíochta a bheith ann maidir le Seirbhísí Apple Duit mar fhorbróir agus do Do chuid úsáideoirí deiridh. Má shroicheann Tú nó má shroicheann D'úsáideoir deiridh na teorainneacha sin, d'fhéadfaidh sé nach mBeifeá ná D'úsáideoir deiridh in ann Seirbhísí Apple a úsáid ná nach mBeifeá in ann rochtain a fháil ar shonraí ná iad a aisghabháil ó Sheirbhísí den chineál sin trí Do chuid Táirgí Cumhdaithe nó Do chuid Táirgí Comhfhreagracha nó trí na cuntais úsáideora dheiridh is infheidhme. Aontaíonn Tú gan aon táille a ghearradh ar úsáideoirí deiridh chun rochtain a fháil ar Sheirbhísí Apple ná chun iad a úsáid trí Do chuid Táirgí Cumhdaithe nó Do chuid Táirgí Comhfhreagracha amháin ná le haghaidh aon inneachar, sonraí nó faisnéis a chuirtear ar fáil iontu, agus aontaíonn Tú gan rochtain a dhíol ar aon slí ar Sheirbhísí Apple. Aontaíonn Tú gan aon chuntas úsáideora dheiridh a chruthú ar shlí chialaoiseach ná aon úsáideoir deiridh a spreagadh chun téarmaí a théarmaí úsáideora dheiridh is infheidhme ná a chomhaontú seirbhíse le Apple a shárú ná aon bheartas úsáide Apple maidir le seirbhísí úsáideoirí deiridh den chineál sin a shárú. Seachas mar a leagtar amach go sainráite anseo, aontaíonn Tú gan cur isteach ar chumas úsáideora dheiridh rochtain a fháil ar aon cheann de na seirbhísí seo ná iad a úsáid.

Forchoimeádann Apple an ceart chun rochtain a athrú, a chur ar fionraí, a dhímheas, a dhiúltú, a theorannú nó a dhíchumasú ar Sheirbhísí Apple, nó ar aon chuid díobh tráth ar bith gan fógra (lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do chearta a chúlghairm nó athrú a dhéanamh ar aon API

i mBogearraí Apple a chumasaíonn rochtain ar na Seirbhísí nó gan ceart a thabhairt Duit). Ní bheidh Apple faoi dhliteanas i gcás ar bith i leith rochtain a bhaint nó a dhíchumasú ar aon cheann den mhéid roimhe seo. Ina theannta sin, féadfaidh Apple teorainneacha agus srianta a fhorchur ar úsáid Sheirbhísí Apple nó ar rochtain orthu, féadfaidh sé Seirbhísí Apple a bhaint ar feadh tréimhsí éiginnte, féadfaidh sé Do rochtain a chúlghairm ar Sheirbhísí Apple, nó féadfaidh sé Seirbhísí Apple (nó aon chuid díobh) a chealú tráth ar bith gan fógra ná faoi dhliteanas Duit agus de réir a lánrogha féin.

Ní gheallann Apple infhaighteacht, cruinneas, iomláine, iontaofacht, ná tráthúlacht aon sonraí nó faisnéis a léiríonn aon Seirbhís Apple. A mhéid a roghnaíonn Tú Seirbhísí Apple a úsáid le Do chuid Táirgí Cumhdaithe nó Táirgí Comhfhreagracha, is Tusa atá freagrach as bheith ag brath ar aon sonraí nó faisnéis den chineál sin. Is Tusa atá freagrach as an úsáid a bhaineann Tú as Bogearraí Apple agus Seirbhísí Apple, agus má úsáideann Tú na Seirbhísí sin, is Ortsa atá an fhreagracht cultaca malartach cuí a choinneáil ar D'inneachar, D'fhaisnéis agus Do shonraí go léir, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'aon inneachar a fhéadfaidh Tú a sholáthar do Apple le hóstáil mar chuid d'úsáid a bhainfidh Tú as na Seirbhísí. Tuigeann Tú agus aontaíonn Tú go bhféadfadh sé nach mBeifeá in ann rochtain a fháil ar Sheirbhísí áirithe Apple ar éag an Chomhaontaithe seo nó ar a fhoirceannadh agus go bhforchoimeádann Apple an ceart chun rochtain a chur ar fionraí ar inneachar, sonraí nó faisnéis a stóráil Tusa nó Do Tháirge Cumhdaithe nó Do Tháirge Comhfhreagrach tríd an úsáid a bhain Tú as na Seirbhísí sin dá bhforáiltear thíos nó é a scríosadh. Ba cheart Duit féachaint ar an Doiciméadacht agus ar na fógraí beartais a phostálann Apple sula n-úsáidfí Tú aon Seirbhís Apple.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh Seirbhísí Apple ar fáil i ngach teanga, tír nó réigiún, agus ní gheallann Apple go mbeadh aon Seirbhís den chineál sin oiriúnach, cruinn nó ar fáil lena n-úsáid in aon suíomh nó táirge ar leith. A mhéid a roghnaíonn Tú Seirbhísí Apple a úsáid le Do chuid Feidhmchlár, déanann Tú amhlaidh ar Do thionscnamh féin agus is Tusa atá freagrach as aon dlí is infheidhme a chomhlíonadh. Forchoimeádann Apple an ceart táillí a ghearradh as an úsáid a bhaineann Tú as Seirbhísí Apple. Cuirfidh Apple Tú ar an eolas faoi aon táille Sheirbhísí Apple nó aon athrú ar tháillí trí ríomhphost agus postálfar faisnéis faoi na táillí sin i dtairseach gréasáin an Chláir, App Store Connect, nó i gconsól CloudKit. Tá infhaighteacht agus praghsáil Sheirbhísí Apple faoi réir athrú. Thairis sin, d'fhéadfadh sé nach gcuirfí Seirbhísí Apple ar fáil do gach Táirge Cumhdaithe nó Táirge Comhfhreagrach agus nach gcuirfear ar fáil iad do gach forbróir. Forchoimeádann Apple an ceart gan Seirbhísí Apple a sholáthar (nó scor de na Seirbhísí sin a sholáthar) d'aon forbróir nó do gach forbróir tráth ar bith de réir a lánrogha féin.

2.9 Soláthraithe Seirbhíse Tríú Páirtí

Mura dtoirmisceann Apple a mhalairt sa Doiciméadacht nó sa Chomhaontú seo, tá cead Agat tríú páirtí ("**Soláthraí Seirbhíse**") a fhostú nó a áirithiú chun cabhrú Leat Bogearraí agus Seirbhísí Apple arna soláthar de bhun an Chomhaontaithe seo a úsáid, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta d'aon Soláthraí Seirbhíse den chineál sin a fhostú chun freastalaithe Do chuid Feidhmchlár a chothabháil agus a riar thar Do cheann, ar choinníoll go n-úsáidfí aon Soláthraí Seirbhíse den chineál sin Bogearraí agus Seirbhísí Apple nó aon inneachar a bhaineann leis seo thar Do cheann amháin agus i gcomhréir leis na téarmaí seo amháin. D'ainneoin an mhéid roimhe seo, ní féidir Leat Soláthraí Seirbhíse a úsáid chun Feidhmchlár a chur faoi bhráid App Store nó TestFlight a úsáid thar Do cheann. Aontaíonn Tú comhaontú scríofa ceangailteach a dhéanamh le Do Sholáthraí Seirbhíse ina bhfuil téarmaí atá chomh sriantach agus cosantach do Apple ar a laghad leis na téarmaí atá leagtha amach anseo istigh. Measfar gur Tusa a rinne aon ghníomh a dhéanfaidh aon Soláthraí Seirbhíse den chineál sin maidir le Do chuid Feidhmchlár nó maidir le húsáid Bhogearraí Apple nó Seirbhísí Apple agus/nó a eascraíonn as an gComhaontú seo, agus is Tusa (chomh maith leis an Soláthraí Seirbhíse) a bheidh freagrach do Apple as gach gníomh den chineál sin (nó as aon neamhghníomh). I gcás aon ghníomh nó neamhghníomh ag an Soláthraí Seirbhíse a bheadh ina shárú an Chomhaontaithe seo nó a dhéanadh díobháil ar shlí eile, forchoimeádann Apple an ceart a cheangal Ort scor d'úsáid a bhaint as an Soláthraí Seirbhíse sin.

2.10 Nuashonruithe; Gan Tacaíocht ná Cothabháil

Féadfaidh Apple Bogearraí nó Seirbhísí Apple (nó aon chuid díobh) dá bhforáiltear thíos a leathnú, feabhas a chur orthu, nó a mhodhnú ar shlí eile tráth ar bith gan fógra, ach ní bheidh aon oibleagáid ar Apple Nuashonruithe ar Bhogearraí nó Seirbhísí Apple a sholáthar Duit. Má chuireann Apple Nuashonruithe ar fáil, is iad téarmaí an Chomhaontaithe seo a rialóidh Nuashonruithe dá leithéid, mura bhfuil ceadúnas ar leith ag gabháil leis an Nuashonrú agus is iad téarmaí an cheadúnais sin a rialóidh sa chás sin. Tuigeann Tú go bhféadfadh sé go gceanglódh modhnuithe den chineál sin Ort athrú a dhéanamh ar Do chuid Táirgí Cumhdaithe nó Do chuid Táirgí Comhfhreagracha nó iad a nuashonrú. Thairis sin, admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú go bhféadfadh tionchar a bheith ag modhnuithe den chineál sin ar Do chumas úsáid a bhaint as Bogearraí agus Seirbhísí Apple, rochtain a fháil orthu, nó idirghníomhú leo. Níl aon oibleagáid ar Apple cothabháil, tacaíocht theicniúil nó tacaíocht eile a sholáthar do Bhogearraí nó Seirbhísí Apple. Admhaíonn Tú nach bhfuil aon oibleagáid shainráite nó intuigthe ar Apple aon Nuashonrú ar Bhogearraí Apple nó ar aon Seirbhís a fhógairt nó a chur ar fáil do dhuine ar bith sa todhchaí. Dá gcuirfí Nuashonrú ar fáil, d'fhéadfadh APIIna, gnéithe, seirbhísí nó feidhmiúlacht a bheith ann atá éagsúil leosan atá le fáil i mBogearraí Apple ceadúnaithe thíos nó sna Seirbhísí dá bhforáiltear thíos.

3. Do chuid Oibleagáidí

3.1 Ginearálta

Deimhníonn Tú do Apple agus aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas:

(a) Tá Tú i lán-aois dhlíthiúil sa dlínse ina bhfuil cónaí Ort (18 mbliana d'aois ar a laghad in go leor tíortha nó réigiún) agus tá an ceart agus an t-údarás Agat an Comhaontú seo a dhéanamh thar Do cheann, nó má tá Tú ag déanamh an Chomhaontaithe seo thar ceann Do chomhlachta, D'eagraíochta, D'institiúid oideachais nó Do ghníomhaireachta, D'ionstraimeachta nó Do rannóige den rialtas cónaidhme, tá an ceart agus an t-údarás Agat chun eintiteas nó eagraíocht den chineál sin a cheangal go dlíthiúil le téarmaí agus oibleagáidí an Chomhaontaithe seo. Más ollscoil Thú, tá Do chuid Forbróirí Faoi Oiliúint Údaraithe i lán-aois dhlíthiúil sa dlínse ina bhfuil cónaí Ort (18 mbliana d'aois ar a laghad in go leor tíortha nó réigiún), agus tá Tú cláraithe ag D'ollscoil faoi láthair;

Beidh an fhaisnéis go léir a sholáthróidh tú d'Apple nó do d'úsáideoirí deiridh i dtaca leis an gComhaontú seo cothrom le dáta, fíor, cruinn, tacaíthe agus iomlán. Áirítear leis seo faisnéis maidir le d'aitheantas, agus/nó faisnéis maidir le Do Tháirgí Clúdaithe nó Táirgí Comhfhreagracha, lena n-áirítear, gan teorainn, Faisnéis Iarratais Cheadúnaithe nó Faisnéis Pas. Agus admhaíonn tú agus aontaíonn tú go bhfuil sé de dhualgas ort fógra a thabhairt do Apple go pras faoi aon athruithe ar fhaisnéis den sórt sin. Aontaíonn tú freisin freagra a thabhairt go pras ar cheisteanna Apple maidir le faisnéis a chuir tú ar fáil, lena n-áirítear ceisteanna faoi d'aitheantas ionas gur féidir le Apple a chinntiú go gcomhlíonann tú an Comhaontú seo, lena n-áirítear **Alt 3.1** agus **Alt 14.8**. Admhaíonn tú agus aontaíonn tú go bhféadfadh mainneachtain é sin a dhéanamh a bheith ina chúis le do bhallraíocht sa Chlár agus do rochtain ar Bhogearraí agus Seirbhísí Apple a bheith díchumasaithe nó foirceanta. Ina theannta sin, aontaíonn tú go bhféadfadh Apple faisnéis den sórt sin (m.sh., seoladh ríomhphoist agus seoladh poist) a roinnt le tríú páirtithe ar gá díobh eolas a bheith acu chun críocha gaolmhara (m.sh., ceisteanna maoine intleachtúla, fiosrúcháin ar sheirbhísí do chustaiméirí, ceisteanna ó rialtóirí, comhpháirtithe baincéireachta nó próiseálaithe íocaíochta);

(c) Cloífidh Tú le téarmaí an Chomhaontaithe seo agus comhlíonfaidh Tú Do chuid oibleagáidí faoin gComhaontú seo, lena n-áirítear aon toiliú is gá a fháil le haghaidh aon úsáid a bhainfidh Do chuid Forbróirí Údaraithe as Bogearraí agus Seirbhísí Apple, agus aontaíonn Tú monatóireacht a dhéanamh agus a bheith freagrach go hiomlán as gach úsáid den chineál sin a bhainfidh Do chuid Forbróirí Údaraithe agus as a gcomhréireacht le téarmaí an Chomhaontaithe seo;

(d) Is Tusa amháin a bheidh freagrach as na costais, na speansais agus na dlíteanais ar fad a thabhoirfá nó a bheidh Ort, agus as na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh Tusa agus Do chuid Forbróirí Údaraithe maidir le Bogearraí Apple agus Seirbhísí Apple, na hAonaid Tástála Údaraithe, na Gléasanna Cláraithe, Do chuid Táirgí Cumhdaithe nó Do chuid Táirgí Comhfhreagracha agus D'iarrachtaí gaolmhara ar fhorbairt agus dáileadh, lena n-áirítear ach gan

bheith teoranta d'aon iarracht ghaolmhar ar fhorbairt, trealamh líonra agus freastalaí, seirbhís(i) Idirlín nó aon chrua-earra, bogearra nó seirbhís eile a mbainfidh Tú úsáid astu maidir leis an úsáid a bhainfidh Tú as aon seirbhís. Ní fhéadfaidh Forbróirí Faoi Oiliúint Údaraithe rochtain a fháil ar aon phróifíl cirt a thabharfaidh Apple Duit, mura gceadóidh Apple a mhalairt i scríbhinn; (e) Chun críocha Sceideal 1 (más infheidhme), maíonn Tú agus barántaíonn Tú go bhfuil na cearta riachtanacha faoi D'úinéireacht nó faoi rialú Agat chun Apple agus Fochuideachtaí Apple a cheapadh mar Do ghníomhaire domhanda chun Do chuid Feidhmchlár Ceadúnaithe a chur ar fáil agus nach sáróidh comhlíonadh Apple agus Fochuideachtaí Apple an cheapacháin sin cearta aon tríú páirtí; agus (f) Ní ghníomhóidh Tú ar aon slí a mbeidh ar neamhréir le haon cheangal nó oibleagáid atá Ort cheana féin ná a chuirfidh isteach orthu agus ní chuirfidh aon chomhaontú a rinne Tú roimhe seo isteach ar chomhlíonadh do chuid oibleagáidí faoin gComhaontú seo.

3.2 Bogearraí Apple agus Seirbhísí Apple a Úsáid

Mar choinníoll chun Bogearraí Apple agus aon Seirbhís Apple a úsáid, aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas:

- (a) Ní úsáidfidh Tú Bogearraí Apple agus aon seirbhís ach amháin chun na gcríoch agus ar an tslí a gceadaítear go sainráite leis an gComhaontú seo agus i gcomhréir le gach dlí agus rialachán is infheidhme;
- (b) Ní úsáidfidh Tú Bogearraí Apple ná aon Seirbhís Apple: (1) le haghaidh aon ghníomhaíocht neamhdhleathach nó mídhleathach, ná chun aon Táirge Cumhdaithe nó Táirge Comhfhreagrach a fhorbairt, rud a dhéanfaidh nó a d'éascódh coir, nó gníomh atá tortach, neamhdhleathach nó mídhleathach, (2) foréigean, sceimhlitheoireacht nó díobháil thromchúiseach eile a bhagairt, a ghríosú, ná a chur chun cinn ná (3) aon inneachar nó gníomhaíocht a chuireann teacht i dtír gnéasach ar leanaí nó mí-úsáid ghnéasach leanaí chun cinn a chruthú nó a dháileadh;
- (c) Forbrófar D'Fheidhmchlár, Leabharlann agus/nó Pas i gcomhréir leis an Doiciméadacht agus leis na Ceanglais leis an gClár, tá an tsraith reatha díobh sin leagtha amach in **Alt 3.3** thíos;
- (d) Chomh fada agus is eol Duit, ní sháraíonn agus ní sháróidh Do chuid Táirgí Cumhdaithe nó Táirgí Comhfhreagracha, D'Fhaisnéis maidir le Feidhmchlár Ceadúnaithe, D'Inneachar Xcode Cloud, agus D'Fhaisnéis maidir le Pas, cóipchearta, trádmharcanna, an ceart chun príobháideachais agus cearta pearsantachta, rúin ceirde, paitinní, nó cearta dílseánaigh nó dlíthiúla eile de chuid Apple nó tríú páirtí (m.sh., cearta cumadóireachta ceoil nó taibhithe, cearta físeáin, cearta grianghrafadóireachta nó íomhá, cearta lógó, cearta sonraí tríú páirtí, srl., maidir leis an inneachar agus leis na hábhair a d'fhéadfaí a áireamh i D'Fheidhmchlár), ná ní dhéanann agus ní dhéanfaidh siadsan mí-leithghabháil orthu freisin;
- (e) Ní chruthóidh Tú, trí úsáid a bhaint as Bogearraí Apple, Deimhnithe Apple, Seirbhísí Apple nó eile, aon Táirge Cumhdaithe, Táirge Comhfhreagrach ná cód ná clár eile: (1) a dhíchumasódh nó a haiceálfadh an Réiteach Slándála, nó aon slándáil, síniú digiteach, sásraí bainistíochta, fíoraithe nó fiordheimhnithe cearta digiteacha arna gcur chun feidhme in nó ag iOS, iPadOS, macOS, tvOS, visionOS, watchOS, Bogearraí Apple, nó aon Seirbhís, nó bogearraí nó teicneolaíocht eile de chuid Apple, nó a chuirfeadh isteach orthu ar shlí eile nó a chuirfeadh ar chumas daoine eile déanamh amhlaidh (ach amháin a mhéid a cheadaíonn Apple a mhalairt go sainráite i scríbhinn); nó (2) a sháródh slándáil, sláine nó infhaighteacht aon úsáideora, líonra, ríomhaire nó córais cumarsáide;
- (f) Ní dhéanfaidh Tú, go díreach nó go neamhdhíreach, aon ghníomh a cheaptar chun cur isteach ar aon cheann de Bhogearraí nó Seirbhísí Apple, ar rún an Chomhaontaithe seo, ná ar chleachtais ghnó Apple lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do bhearta a dhéanamh a d'fhéadfadh bac a chur ar fheidhmíocht nó ar úsáid bheartaithe App Store, Dáileacháin Feidhmchláir Shaincheaptha, TestFlight, Xcode Cloud, Dáileacháin Ad Hoc, nó an Chláir (m.sh., léirmheasanna bréagacha D'Fheidhmchláir nó aon Fheidhmchláir tríú páirtí a chur isteach, ainm atá an-chosúil le hainm feidhmchláir tríú páirtí a roghnú do D'Fheidhmchláir chun mearbhall a chruthú i measc tomhaltóirí, nó ag suiteoireacht a dhéanamh ar ainmneacha feidhmchláir chun úsáid dhlísteanaigh tríú páirtí a chosc). Thairis sin, ní dhéanfaidh Tú aon ghníomh ná cleachtas gnó atá neamhdhleathach, éagórach, míthreorach, bréagach, míchuí nó mímhacánta a bhaineann le Do chuid Táirgí Cumhdaithe nó Táirgí Comhfhreagracha ná ní spreagfaidh Tú daoine eile déanamh amhlaidh (m.sh., páirt a ghlacadh i bpraghsáil chun tomhaltóirí a mhealladh

d'fhonn tabhairt orthu ceann eile a cheannach, mífhaisnéis tomhaltóirí, cleachtais ghnó chluanacha, nó iomaíocht éagórach i gcoinne forbróirí eile);

(g) Ní féidir Feidhmchláir le haghaidh iOS, iPadOS, tvOS, visionOS agus watchOS a fhorbraítear ag baint úsáid as Bogearraí Apple a dháileadh ach amháin má roghnaíonn Apple iad (de réir a lánrogha féin) lena ndáileadh trí App Store, le haghaidh béite-dháileachán trí TestFlight nó Dáileachán Ad Hoc mar a bheartaítear sa Chomhaontú seo. Féadfar Feidhmchláir le haghaidh iOS, iPadOS, macOS, agus tvOS a dháileadh freisin trí Dháileachán Feidhmchláir Shaincheaptha. Féadfar Pasanna a fhorbraítear ag baint úsáid as Bogearraí Apple a dháileadh ar Do chuid úsáideoirí deiridh trí ríomhphost, suíomh gréasáin nó Feidhmchlár i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear Ceangaltán 5. Féadfar Breiseáin Safari a shíniú le Deimhniú Apple a dháileadh ar Do chuid úsáideoirí deiridh i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear Ceangaltán 7. Féadfar Feidhmchláir le haghaidh macOS a dháileadh lasmuigh de App Store agus úsáid á baint as Deimhniú Apple agus/nó ticéid mar atá leagtha amach in **Alt 5.3** agus **5.4**; agus

(h) Ní dhéanfaidh tú (1) Apple Software nó Seirbhísí Apple a úsáid ná a spreagadh ar bhealach a bhfuil a fhios agat nó ar cheart go mbeadh a fhios agat le réasún go ngineann, nó go bhfuil sé i gceist go ngineann, ábhar atá mídhleathach, díobhálach nó a sháraíonn, a shíleann, nó a sháraíonn cearta Apple nó cearta daoine eile, (2) úsáid a bhaint as aschur a ghintear ó mhúnla Apple chun samhail intleachta saorga eile a oiliúint, a mhionchoigeartú, nó a fheabhsú, nó (3) rochtain ríomhchláraithe a fháil ar mhúnlaí Apple nó iad a úsáid trí Apple Software nó Seirbhísí Apple ach amháin má cheadaítear go sainráite. Thairis sin, barántaíonn Tú go bhfuil na cearta agus na ceadúnais riachtanacha ar fad Agat chun an fhaisnéis a ionchuireann Tú i mBogearraí nó i Seirbhísí Apple a úsáid lena leithéid de Bhogearraí agus de Sheirbhísí.

3.3 Ceanglais maidir leis an gClár

Ní mór aon Fheidhmchlár a chuirfear faoi bhráid App Store, Dáileachán Feidhmchláir Saincheaptha, nó TestFlight, nó a dháilfear trí Dháileachán Ad Hoc, a fhorbairt i gcomhréir leis an Doiciméadacht agus leis an gComhaontú seo, lena n-áirítear na Ceanglais maidir leis an gClár a leagtar amach thíos in **Alt 3.3**. Tá Táirgí Comhfhreagracha, Leabharlanna agus Pasanna faoi réir na gceanglas céanna.

3.3.1 APIInna, Feidhmiúlacht agus Comhéadan Úsáideora

A. APIInna Doiciméadaithe

Ní fhéadfaidh feidhmchláir APIInna Doiciméadaithe a úsáid ach amháin ar an tslí a leagann Apple amach agus ní féidir leo aon API príobháideach a úsáid ná a ghlaoch. Thairis sin, ní fhéadfaidh Feidhmchláir macOS a chuirfear faoi bhráid Apple lena ndáileadh ar App Store ach APIInna Doiciméadaithe a áirítear i suiteáil réamhshocraithe macOS a úsáid, mar atá cuachta le Xcode agus Mac SDK, nó mar atá cuachta le Swift Playground; ní féidir teicneolaíochtaí dímholta (amhail Java) a úsáid.

B. Cód Inrite

Seachas mar a shonraítear sa chéad mhír eile, ní fhéadfaidh Feidhmchlár cód inrite a íoslódáil nó a shuiteáil. Féadfar cód léirmhínte a íoslódáil chuig Feidhmchlár fad is: (a) nach n-athraítear príomhchuspóir an Fheidhmchláir trí ghnéithe nó feidhmiúlacht a chur ar fáil atá ar neamhréir le cuspóir beartaithe agus fógartha an Fheidhmchláir (b) nach seachnaítear breiseán, bosca gainimh nó gnéithe slándála eile an OS; agus (c) maidir le Feidhmchláir a dháiltear ar App Store, nach gcruthaíonn siad siopa nó comhéadan d'Fheidhmchláir eile.

Féadfaidh Feidhmchlár ar timpeallacht ríomhchlárúcháin é atá beartaithe le húsáid chun an chaoi le ríomhchlárú a fhoghlaim cód inrite a íoslódáil agus a rith fad is gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas: (i) ní fhéadfar níos mó ná 80 faoin gcéad de limistéar féachana nó scáileán an Fheidhmchláir a ghlacadh le cód inrite, ach amháin mar a cheadaítear a mhalairt sa Doiciméadacht, (ii) ní mór go gcuirfear táscaire réasúnta feiceálach i láthair don úsáideoir laistigh den Fheidhmchlár chun a léiriú go bhfuil an t-úsáideoir i dtimpeallacht ríomhchlárúcháin, (iii) ní mór nach gcruthóidh an Feidhmchlár siopa nó comhéadan ordaithe do chód nó d'fheidhmchláir eile, agus (iv) ní mór an cód foinseach a sholáthraíonn an Feidhmchlár a bheith infheicthe agus

inéagarthóireachta go hiomlán ag an úsáideoir (m.sh., ní fhéadfar leabharlanna nó creatlacha réamhthiomsaithe a chur san áireamh leis an gcód íoslódáilte).

C. Gnéithe Breise nó Feidhmíúlacht Bhreise

Gan cead scríofa roimh ré ó Apple nó mar a cheadaítear faoi **Alt 3.3.9(A) (Ceannacháin Ionaípe API)**, ní fhéadfaidh Feidhmchlár gnéithe breise nó feidhmíúlacht bhreise a sholáthar, a dhíghlasáil ná a chumasú trí shásraí dáileacháin seachas App Store, Dáileachán Feidhmchláir Saincheaptha nó TestFlight.

D. Limistéir Árthaigh Ainmnithe, Feidhmchláir macOS

Ní fhéadfaidh Feidhmchlár le haghaidh iOS, watchOS, iPadOS, tvOS nó visionOS ach sonraí a léamh ó limistéar árthaigh atá ainmnithe D'Fheidhmchlár ar an ngléas nó sonraí a scríobh chuige, ach amháin mar a shonraíonn Apple ar shlí eile. I gcás Feidhmchlár macOS a chuirtear faoi bhráid Apple lena ndáileadh ar App Store: (a) ní mór gach comhad atá riachtanach chun an Feidhmchlár a rith ar macOS a bheith sa bheart Feidhmchláir a cuireadh faoi bhráid Apple agus ní mór go suiteálfadh App Store é; (b) ní mór do gach logánú a bheith sa bheart Feidhmchláir céanna agus ní fhéadfar sraith nó bailiúchán d'fheidhmchláir neamhspleácha a áireamh i mbeart Feidhmchláir aonair; (c) ní fhéadfar gnéithe nó iompraíochtaí an chomhéadain úsáideora dhúchais de macOS (m.sh., roghchlár an chórais, méideanna fuinneoige, dathanna, srl.) a mhodhnú nó athrú a dhéanamh orthu ar shlí eile; (d) ní fhéadfaidh Tú aon bhainistíocht cearta digiteacha nó sásraí cóipeanna nó rialaithe rochtana eile a úsáid sna Feidhmchláir sin gan cead i scríbhinn ó Apple nó mar a shonraítear sa Doiciméadacht; agus (e) seachas mar a cheadaítear a mhalairt le **hAlt 3.3.9(A) (API Ceannacháin Ionaípe)**, ní fhéadfaidh na Feidhmchláir sin feidhmiú mar shásraí dáileacháin do bhogearraí agus ní fhéadfar gnéithe ná feidhmíúlacht a chruthaíonn nó a chumasaíonn aipmhargadh, cainéal dáileacháin nó sásraí eile le bogearraí a sholáthar laistigh de na Feidhmchláir sin a áireamh iontu (m.sh. ní fhéadfar margadh breiseáin scaigaire fuaime a áireamh san Fheidhmchlár).

E. Mód Comhoiriúnachta ar iPadOS

Ní mór na gnéithe agus an fheidhmíúlacht chéanna ar a laghad a bheith ag Feidhmchlár do iOS agus é á rith ag úsáideoir i mód comhoiriúnachta ar iPadOS (m.sh., ní mór go bhfeidhmeoidh Feidhmchlár iPhone a ritheann i bhfuinneog chomhionann ar mhéid scáileán iPhone ar iPad ar an tsli chéanna go substaintiúil agus nuair a ritear ar iPhone é; ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag an oibleagáid seo maidir le haon ghné nó feidhmíúlacht nach dtacaíonn gléas crua-earraí ar leith, amhail gné taifeadta físeáin ar ghléas nach bhfuil ceamara aige). Thairis sin, aontaíonn Tú gan cur isteach ná iarracht a dhéanamh ar chur isteach ar oibriú D'Fheidhmchláir sa mhód comhoiriúnachta.

F. Iltascáil

Ní fhéadfaidh Tú na seirbhísí Iltascála a úsáid ach amháin chun na críocha atá beartaithe dóibh mar a thuairiscítear sa Doiciméadacht.

G. Doiciméadacht

Ní mór go gcloífadh Feidhmchláir leis na Treoirínte maidir le Comhéadan Daonna (HIG) agus Doiciméadacht eile a sholáthraíonn Apple. Aontaíonn Tú cloí le HIG chun comhéadan úsáideora agus feidhmíúlacht oiriúnach a fhorbairt do D'Fheidhmchlár atá comhoiriúnach don deardh táirgí ar de bhranda Apple iad (m.sh., ba cheart go mbeadh comhéadan úsáideora ag an bhfeidhmchlár watchOS atá deartha le haghaidh idirghníomhaíochtaí tapa i gcomhréir le téamaí dearaidh watchOS de HIG).

3.3.2 Comhlíonadh Rialála

Comhlíonfaidh Tú aon cheanglas rialála is infheidhme, lena n-áirítear comhlíonadh iomlán na ndlíthe, na rialachán agus na mbeartas infheidhme go léir a bhaineann le déantúsaíocht, margú, díol agus dáileachán D'Fheidhmchláir sna Stáit Aontaithe, agus go háirithe ceanglais Údarás Bia agus Drugaí SAM (FDA) chomh maith le comhlachtaí rialála eile de chuid SAM amhail FAA, HHS, FTC, agus FCC, agus dlíthe, rialacháin agus beartais aon chomhlachta rialála eile is

infheidhme in aon tír, críoch nó réigiún ina n-úsáideann Tú nó ina gcuireann Tú D'Fheidhmchlár ar fáil, m.sh., MHRA, CFDA. Mar sin féin, aontaíonn Tú nach lorgóidh Tú aon chead margaióchta rialála ná ní dhéanfaidh Tú aon chinneadh a bhféadfadh a mheas go bhfuil aon táirge Apple rialaithe mar thoradh air nó a d'fhéadfadh aon oibleagáid nó teorann a fhorchur ar Apple. Trí D'Fheidhmchlár a chur faoi bhráid Apple lena roghnú lena dháileadh, maíonn Tú agus barántaíonn Tú go bhfuil Tú i gcomhréir iomlán le haon dlí, rialachán agus beartas is infheidhme, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do dhlíthe, rialacháin agus beartais de chuid FDA, a bhaineann le D'Fheidhmchlár a dhéantúsú, a mhargú, a dhíol agus a dháileadh sna Stáit Aontaithe, agus i dtíortha, i gcríocha nó i réigiúin eile ina bhfuil sé beartaithe Agat D'Fheidhmchlár a chur ar fáil. Maíonn Tú agus barántaíonn Tú freisin nach gcuirfidh Tú D'Fheidhmchlár ar an margadh ach amháin dá úsáid bheartaithe imréitithe nó cheadaithe/dá thásc lena úsáid, agus i gcomhlíonadh dian na gceanglas rialála is infheidhme amháin. Ar iarratas ó Apple, aontaíonn Tú aon doiciméad imréitigh den chineál sin a sholáthar go sciobtha chun tacú le margú D'Fheidhmchláir. Má iarrann FDA nó comhlacht rialtais eile a bhfuil gá aige le hathbhreithniú nó tástáil a dhéanamh ar D'Fheidhmchlár mar chuid dá phróiseas athbhreithnithe rialála, féadfaidh Tú D'Fheidhmchlár a sholáthar don eintiteas sin chun críoch athbhreithnithe. Aontaíonn Tú fógra a thabhairt go sciobtha do Apple i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach in **Ait 14.5** maidir le haon ghearán nó bagairt gearáin maidir le D'Fheidhmchlár i dtaca le haon cheanglas rialála den chineál sin, agus féadfaidh Apple D'Fheidhmchlár a bhaint den dáileadh sa chás sin.

3.3.3 Sonraí agus Príobháideachas

A. Taifeadtaí

Má dhéanann D'Fheidhmchlár aon fhíseán, micreafón, taifeadadh scáileáin nó taifeadadh ceamara a ghabháil nó a dhéanamh, beag beann an sábháiltear ar an ngléas nó an seoltar chuig freastalaí é (m.sh., íomhá, grianghraf, gabháil gutha nó cainte, nó taifeadadh eile) ("**Taifeadtaí**", i dteannta le chéile), ní mór táscaire fuaime, amhairc nó táscaire eile atá réasúnta soiléir a thaispeáint don úsáideoir mar chuid den Fheidhmchlár chun a léiriú go bhfuil Taifeadadh ar siúl. Ní féidir D'Fheidhmchlár a dhearadh chun Taifeadtaí daoine eile a éascú gan a fhios dóibh.

- Ina theannta sin, ní mór aon chineál sonraí, inneachair nó faisnéise a bhaineann le bailiú, próiseáil, cothabháil, uaslódáil, sioncronú, stóráil, tarchur, comhroinnt, nochtadh nó úsáid, trí D'Fheidhmchlár nó i dtaca leis a bheith i gcomhréir le gach dlí agus rialachán príobháideachais is infheidhme chomh maith le haon Cheanglas gaolmhar maidir leis an gClár, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'aon cheanglas fógra nó toilithe.

B. Sonraí a Bhailiú agus a Úsáid

Ní fhéadfaidh Tú féin agus Do chuid Feidhmchlár (agus aon tríú páirtí lena ndearna Tú Conradh chun fógraíocht a sholáthar) sonraí úsáideora nó gléis a bhailiú gan toiliú úsáideora roimh ré, beag beann an bhfaightear sonraí den chineál sin go díreach ón úsáideoir nó trí úsáid a bhaint as Bogearraí Apple, Seirbhísí Apple, nó SDKanna Apple, agus ansin amháin chun seirbhís nó feidhm a bhaineann go díreach le húsáid an Fheidhmchláir a sholáthar, nó chun fógraíocht a sholáthar i gcomhréir le **hAit 3.3.3(E)**. Ní fhéadfaidh Tú raon feidhme na húsáide i leith sonraí úsáideora nó gléis a bailíodh roimhe seo a leathnú nó athrú a dhéanamh air ar shlí eile gan toiliú úsáideora a fháil roimh ré le haghaidh bailiúchán sonraí leathnaithe nó athraithe ar shlí eile. Ní úsáidfídh Tú féin ná D'Fheidhmchlár aon aitheantóir buan, aitheantóir atá bunaithe ar ghléasanna, ná aon sonraí a bhaintear de, chun gléas a shainaithint go huathúil. Agus ní bhainfidh Tú féin ná D'Fheidhmchlár aon sonraí de ghléas chun é nó úsáideoir a shainaithint go huathúil.

Tá tú freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann D'Fheidhmchlár, lena n-áirítear aon SDKanna tríú páirtí (.i., SDK nach soláthraíonn Apple) agus aon tseirbhís a bhfuil Conradh déanta agat léi, an Comhaontú seo agus na Cáipéisí. Má úsáideann D'Fheidhmchlár APIanna ar leith a shainaithnítear sa Doiciméadacht, ní mór go sainaithneoidh na meiteashonraí i D'Fheidhmchlár ceann amháin nó níos mó de na cúiseanna cheadaithe a léiríonn go beacht an úsáid a bhaineann Tú as gach ceann de APIanna agus na sonraí a bhaineann díobh lena n-úsáid. Féadfaidh Tú APIanna, agus na sonraí a bhaineann dá n-úsáid a úsáid ar na cúiseanna aitheanta amháin.

Thairis sin, má chuimsíonn D'Fheidhmchlár SDK tríú páirtí a shainaithnítear sa Doiciméadacht mar cheann a úsáidtear go coitianta, ní mór Duit a chinntiú go mbeidh SDK tríú páirtí den chineál sin sínithe ag an soláthraí SDK agus go bhfuil meiteashonraí riachtanacha san áireamh mar a thuairiscítear sa Doiciméadacht.

C. Nochtaí do Do Chuid Úsáideoirí

Ní mór Duit faisnéis shoiléir iomlán a sholáthar d'úsáideoirí maidir le Do bhailiú, leis an úsáid a bhaineann Tú as sonraí úsáideora nó gléis agus le Do nochtadh díobh, m.sh., tuairisc ar an úsáid a bhaineann Tú as sonraí úsáideora agus gléis sa Tuairisc ar an bhFeidhmchlár in App Store. Thairis sin, ní mór Duit na bearta cuí a dhéanamh chun sonraí den chineál sin a chosaint ar úsáid neamhúdaraithé, nochtadh nó rochtain ag tríú páirtithe. Má scoireann úsáideoir de thoiliú nó má chúlghaireann sé go deimhneach toiliú le haghaidh Do bhailithe nó Do nochtadh gléis úsáideora nó sonraí úsáideora den chineál sin nó an úsáid a bhaineann Tú astu, ní mór Duit (agus aon tríú páirtí lena ndearna Tú Conradh chun fógraíocht a sholáthar) scor go sciobtha den úsáid sin go léir. Ní mór Duit beartas príobháideachais a sholáthar i D'Fheidhmchlár, ar App Store, agus/nó ar Do shuíomh gréasáin ina mínítear Do bhailiú, D'úsáid, Do nochtadh, Do chomhroinnt, Do choinneáil agus Do scríosadh sonraí úsáideora nó gléis. Aontaíonn Tú fógra a thabhairt do Do chuid úsáideoirí, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, i gcás sárú ar shonraí ina gcuirtear na sonraí úsáideora a bhailítear ó D'Fheidhmchlár i mbaol (m.sh., seolfaidh Tú ríomhphost ina gcuirtear in iúl do Do chuid úsáideoirí faoi aon nochtadh nó mí-úsáid neamhbheartaithe a sonraí úsáideora).

D. Ceanglais Dlí agus Ceanglais Eile

Ní mór go gcloífidh Feidhmchláir leis na dlíthe agus rialacháin choiriúla, shibhialta agus reachtúla go léir is infheidhme, lena n-áirítear iadsan in aon dlínse ina bhféadfaí Do chuid Feidhmchlár a thairiscint nó a chur ar fáil. Ina theannta sin:

- Ní mór Duitse agus an Feidhmchlár gach dlí agus rialachán príobháideachais agus bailithe sonraí is infheidhme a chomhlíonadh maidir le haon bhailiú, úsáid nó nochtadh sonraí úsáideora nó gléis (m.sh., seoladh IP an úsáideora, ainm ghléis an úsáideora, agus aon fheidhmchlár suiteáilte a bhaineann le húsáideoir);

- Ní fhéadfar Feidhmchláir a dhearadh ná a mhargú chun críoch ciaptha, drochíde, turscair, stalcaireachta, bagartha nó sáraithe ar shlí eile ar chearta dlíthiúla (amhail cearta chun príobháideachais agus cearta pearsantachta) daoine eile;

- Ní fhéadfaidh Tú féin ná D'Fheidhmchlár aon fheidhm a chomhlíonadh ná nasc a dhéanamh le haon inneachar, seirbhís, faisnéis nó sonraí ná róbat, ransaitheoir, cuardach suímh nó feidhmchlár nó gléas aisghabhála eile a úsáid chun bogearraí, sonraí nó seirbhísí arna soláthar ag Apple nó ag a cheadúnóirí a chamchóipeáil, a thochailt, a aisghabháil, a thaisceadh, a anailísiú nó a innéacsú ná aon sonraí den chineál sin a fháil (ná iarracht a dhéanamh iad a fháil), ach amháin na sonraí a sholáthraíonn Apple go sonrach nó a chuireann sé ar fáil Duit maidir le seirbhísí den chineál sin. Aontaíonn Tú nach mbaileoidh Tú, nach scaipfidh Tú ná nach n-úsáidfídh Tú aon sonraí den chineál sin chun críche neamhúdaraithé ar bith; agus

- Má tá D'Fheidhmchlár beartaithe le haghaidh taighde ar shuibiacht dhaonna nó má úsáideann sé APIanna HealthKit le haghaidh úsáidí cliniciúla a bhaineann le sláinte a bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith i gceist leo (m.sh. taifid sláinte a stóráil), aontaíonn Tú rannpháirtithe a chur ar an eolas faoi na húsáidí atá beartaithe agus faoi nochtadh a sonraí inaitheanta pearsanta mar chuid den taighde sin nó de na húsáidí sláinte cliniciúla agus toiliú a fháil ó na rannpháirtithe sin (nó óna gcaomhnóirí) a bheidh ag baint úsáid as D'Fheidhmchlár don taighde sin nó chun críoch sláinte cliniciúla. Thairis sin, cuirfidh Tú cosc ar thríú páirtithe a gcuireann Tú aon sonraí dí-aitheanta nó códaithe ar fáil dóibh rannpháirtithe a ath-shainaithint (nó iarracht a dhéanamh iad a ath-shainaithint) agus úsáid á baint as na sonraí sin gan toiliú a fháil ón rannpháirtithe, agus aontaíonn Tú a cheangal go gcuirfidh na tríú páirtithe sin an srian roimhe seo ar aghaidh chuig aon pháirtí eile a fhaigheann na sonraí dí-aitheanta nó códaithe sin.

- Mura gceadaíonn Apple a mhalairt go sainráite i scríbhinn, ní úsáidfidh Tú Bogearraí ná Seirbhísí Apple (lena n-áirítear iCloud, APIInna Stórála iCloud, APIInna CloudKit nó aon chomhpháirt nó feidhm a bhaineann lena leithéid) chun aon fhaisnéis sláinte íogair, a shainaithneodh duine aonair a chruthú, a fháil, a choinneáil ná a tharchur, lena n-áirítear “faisnéis sláinte chosanta” (mar a shainmhínítear téarma den chineál sin ag 45 C.F.R § 160.103) ná ní úsáidfidh Tú Bogearraí ná Seirbhísí Apple ar aon slí a gciallódh gurb ionann Apple (nó aon Fhochuideachta de chuid Apple) agus Do “chomhpháirtí gnó” nó “comhpháirtí gnó” aon tríú páirtí (mar a shainmhínítear téarma den chineál sin ag 45 C.F.R. § 160.103). Aontaíonn Tú gur Tusa amháin atá freagrach as aon cheanglas tuairiscithe faoi dhlí nó faoi chonradh a eascraíonn as Do shárú ar an Alt seo a chomhlíonadh.

E. Aitheantóir Fógraíochta agus Sainrogha Rianaithe; APIInna Líonra Fógraíochta
Féadfaidh Tú féin agus Do chuid Feidhmchlár (agus aon tríú páirtí lena ndearna Tú conradh chun fógraíocht a sholáthar) úsáid a bhaint as an Aitheantóir Fógraíochta, agus aon fhaisnéis a fhaightear tríd an Aitheantóir Fógraíochta a úsáid, chun fógraíocht sholáthar agus chun na críche sin amháin. Má athshocraíonn úsáideoir an tAitheantóir Fógraíochta, aontaíonn Tú gan an tAitheantóir Fógraíochta roimhe seo agus aon fhaisnéis a bhaintear de a chomhcheangal, a chomhghaolú, a nascadh ná a cheangal ar shlí eile, go díreach nó go neamhdhíreach, leis an Aitheantóir Fógraíochta athshocraithe. Maidir le Feidhmchlár arna dtiomsú le haghaidh aon táirge ar de bhranda Apple é a thugann rochtain ar APIInna Tacaíochta Fógraíochta, aontaíonn Tú le Sainrogha Rianaithe úsáideora a sheiceáil sula soláthrófar aon fhógraíocht ar fáil ag baint úsáid as an Aitheantóir Fógraíochta, agus aontaíonn Tú cloí le socrú úsáideora sa tSainrogha Rianaithe maidir leis an úsáid a bhaineann Tú as an Aitheantóir Fógraíochta agus as sonraí úsáideora nó gléis eile ar bith le haghaidh rianú.

Ina theannta sin, féadfaidh Tú iarratas a dhéanamh ar APIInna Líonra Fógraíochta a úsáid chun imeachtaí tiontaithe fógraíochta feidhmchlár a rianú. Má thugtar cead Duit APIInna Líonra Fógraíochta a úsáid, aontaíonn Tú gan APIInna den chineál sin, nó aon fhaisnéis a fhaightear trí úsáid a bhaint as APIInna Líonra Fógraíochta a úsáid chun aon chríche eile seachas faisnéis bhailíochtaithe fógra a fhíorú mar chuid d'imeacht tiontaithe fógraíochta. Aontaíonn Tú gan faisnéis a chuirtear ar fáil mar chuid de bhailíochtú fógra a chomhcheangal, a chomhghaolú, a nascadh ná a cheangal ar shlí eile, go díreach nó go neamhdhíreach, trí úsáid a bhaint as APIInna Líonra Fógraíochta le faisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith Agat faoi úsáideoir. Forchoimeádann Apple an ceart chun diúltú d'aon iarratas ar APIInna Líonra Fógraíochta a úsáid, de réir a lánrogha féin.

F. Suíomh agus Léarscáileanna; Toiliú Úsáideora

(i) Ní fhéadfar Feidhmchlár a úsáideann APIInna atá bunaithe ar shuíomh (m.sh., Core Location, API MapKit, API Freastalaí Apple Maps) nó a sholáthraíonn seirbhísí atá bunaithe ar shuíomh ar shlí eile a dhearadh ná a mhargú le haghaidh rialú uathoibríoch nó uathrialach ar iompar feithiclí nó chun críoch éigeandála nó tarrthála.

(ii) Ní mór go dtabharfaidh Feidhmchlár a thairgeann seirbhísí nó feidhmiúlacht atá bunaithe ar shuíomh, nó a fhaigheann suíomh úsáideora ar shlí eile trí úsáid a bhaint as Bogearraí Apple nó as Seirbhísí Apple, fógra d'úsáideoir agus toiliú a fháil ó úsáideoir sula mbaileodh, sula dtarchuirfidh nó sula n-úsáidfidh an Feidhmchlár sonraí suímh úsáideora ar shlí eile agus ansin ní mór nach n-úsáidfear sonraí den chineál sin ach mar a thoilíonn an t-úsáideoir agus mar a cheadaítear anseo istigh. Mar shampla, má úsáideann Tú an rogha suímh “an tAm ar Fad” i D'Fheidhmchlár chun sonraí suímh úsáideora a bhailiú agus a úsáid go leanúnach, ba cheart Duit bonn cirt agus sochar úsáideora atá sainithe go soiléir a chur ar fáil don úsáideoir tráth an cheada.

(iii) Má roghnaíonn Tú Do sheirbhís féin atá bunaithe ar shuíomh, Do shonraí féin agus/nó D'fhaisnéis féin i gcomhar le Apple Maps arna soláthar trí Sheirbhís Apple Maps (m.sh., léarscáil nó bealach atá cruthaithe Agat a fhorleagan ar bharr léarscáil Apple), is Tusa amháin atá

freagrach as a chinntiú go bhfuil Do sheirbhís, Do shonraí agus/nó D'Fhaisnéis ar aon dul le Apple Maps ar bith a úsáidtear. I gcás Feidhmchlár a úsáideann APIInna atá bunaithe ar shuíomh le haghaidh eolas an bhealaigh a dhéanamh i bhfíor-am (lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta do threoir bealaigh casadh ar chasadh agus seoladh eile atá cumasaithe trí úsáid a bhaint as braiteoir), ní mór comhaontú ceadúnaithe úsáideora dheiridh a bheith Agat ina gcuimsítear an fógra seo a leanas: IS AR DO PHRIACAL FÉIN A BHAINNEANN TÚ ÚSÁID AS AN bhFEIDHMCHLÁR TREORACH BEALAIGH FÍOR-AMA SEO. TÁ SEANS ANN NACH mBEIDH SONRAÍ SUÍMH CRUINN.

(iv) Ní fhéadfaidh feidhmchláir aon fholáireamh, rabhadh, painéal taispeána, painéal toilithe agus a leithéidí a chuireann Apple chun feidhme a dhíchumasú, a shárú ná a chur isteach orthu ar shlí eile, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta dóibhsean atá beartaithe chun fógra a thabhairt don úsáideoir go bhfuil a shonraí suímh, a shonraí leabhair seoltaí, a fhéilire, a ghrianghraif, a shonraí fuaime, agus/nó a mheabharrúcháin á mbailiú, á dtarchur, á gcothabháil, á bpróiseáil nó á n-úsáid, nó atá beartaithe toiliú a fháil lena n-úsáid den chineál sin. Ina theannta sin, má tá an cumas Agat tuairisc a chur leis na foláirimh, rabhaidh agus painéil taispeána den chineál sin (m.sh., faisnéis sna teaghráin chuspóra do APIInna Ceamara), ní mór go mbeidh aon tuairisc cruinn agus nach ndéanfaidh sí mífhaisnéis ar raon feidhme na húsáide. Má dhiúltaítear nó má tharraingítear siar toiliú, ní fhéadfaidh Feidhmchláir na sonraí sin a bhailiú, a tharchur, a chothabháil, a phróiseáil ná a úsáid ná aon ghníomh eile a dhéanamh lena diúltaíodh nó lena tarraingíodh siar toiliú an úsáideora.

(v) Má úsáideann D'Fheidhmchlár (nó Do shuíomh gréasáin nó D'fheidhmchlár gréasáin, de réir mar is infheidhme) API MapKit, API Freastalaí Apple Maps nó MapKit JS nó má fhaigheann sé rochtain orthu ó ghléas a ritheann iOS leagan 6 nó níos déanaí, gheobhaidh D'Fheidhmchlár (nó Do shuíomh gréasáin nó D'fheidhmchlár gréasáin, de réir mar is infheidhme) rochtain ar Sheirbhís Apple Maps agus úsáidfídh sé í. Ní mór gach úsáid a bhaintear as API MapKit, API Freastalaí Apple Maps, MapKit JS agus Seirbhís Apple Maps a bheith i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo (lena n-áirítear Ceanglais maidir leis an gClár) agus Ceangaltán 6 (Téarmaí Breise maidir le húsáid Sheirbhís Apple Maps).

(vi) Féadfaidh D'Fheidhmchlár an Breiseán Brú-Sheirbhíse Suímh a úsáid chun: (a) cead a thabhairt d'úsáideoirí deiridh a suíomh a roinnt le daoine eile atá ceadaithe go sainráite acu, nó (b) foláireamh a thabhairt do na chéadfheagróirí is cóngaraí maidir le héigeandáil leighis am-íogaire, agus ní féidir an Breiseán Brú-Sheirbhíse Suímh a úsáid ach amháin chun na gcríoch sin laistigh de D'Fheidhmchlár. Tríd an gcumas a chur le D'Fheidhmchlár, Maíonn Tú agus barántaíonn Tú go gcomhlíonann D'Fheidhmchlár na ceanglais atá sonraithe san Alt agus sa Doiciméadacht seo.

Tuigeann Tú go bhfuil teorainneacha ráta oibriúcháin ag baint le húsáid a bhaint as an mBreiseán Brú-Sheirbhíse Suímh, Duitse mar fhorbróir agus do d'Úsáideoirí deiridh, mar atá sonraithe sa Doiciméadacht. Má shroicheann Tusa nó d'Úsáideoir deiridh a leithéid de theorainneacha, ansin b'fhéidir nach mbeadh Tusa nó d'Úsáideoir deiridh in ann an Breiseán Brú-Sheirbhíse Suímh a úsáid go dtí go bhfillleann Do ráta úsáide nó ráta úsáide d'Úsáideoir deiridh chuig leibhéal tacaíochta.

G. Network Extension Framework

Ní mór nach bhfaighidh D'Fheidhmchlár rochtain ar an Network Extension Framework mura mbeidh D'Fheidhmchlár deartha go príomha chun cumais líonraithe a sholáthar, agus mura dtabharfaidh Apple ceart Duit ar an rochtain sin. Aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas má thugtar an ceart sin Duit:

- Aontaíonn Tú go nochtfaidh Tú go soiléir d'úsáideoirí deiridh an chaoi a mbeidh a gcuid faisnéise líonra á n-úsáid Agat agus ag D'Fheidhmchlár agus, más infheidhme, a gcuid sonraí líonra á scagadh Agat agus aige, agus aontaíonn Tú gan úsáid a bhaint as sonraí agus faisnéis

den chineál sin ach amháin mar a thóilíonn an t-úsáideoir deiridh go sainráite agus mar a cheadaítear go sainráite anseo istigh;

- Aontaíonn Tú faisnéis líonra nó sonraí ó úsáideoir deiridh a stóráil agus a tharchur ar shlí shlán agus chuí;

- Aontaíonn Tú gan sonraí ná faisnéis líonra úsáideora dheiridh a atreorú trí aon phróiseas neamhnócha, míchuí nó míthreorach, m.sh., chun iad a scagadh trí shuíomh gréasáin chun ioncam fógraíochta a fháil nó chun suíomh gréasáin a spúfáil;

- Aontaíonn Tú gan aon sonraí líonra nó faisnéis ó úsáideoirí deiridh a úsáid chun aon socrú úsáideora dheiridh a sheachaint nó a shárú, m.sh., ní fhéadfaidh Tú úsáid líonra Wi-Fi an úsáideora dheiridh a rianú chun a shuíomh a chinneadh má dhíchumasaigh sé seirbhísí suímh do D'Fheidhmchlár; agus

- D'ainneoin aon ní dá mhalairt in **Alt 3.3.3(B)**, ní fhéadfaidh Tú féin agus D'Fheidhmchlár an Network Extension Framework, nó aon sonraí nó faisnéis a fhaightear tríd an Network Extension Framework, a úsáid chun aon chríche seachas cumais líonraithe a sholáthar maidir le D'Fheidhmchlár (m.sh., ní chun trácht Idirlín úsáideora dheiridh a úsáid chun fógraíocht a sholáthar nó chun próifílí úsáideora a thógáil ar shlí eile le haghaidh fógraíochta).

Forchoimeádann Apple an ceart gan ceart a thabhairt Duit chun an Network Extension Framework a úsáid de réir a lánrogha féin agus chun an ceart sin a chúlghairm tráth ar bith. Ina theannta sin, dá mba mhaith Leat APIInna 'Faigh rochtain ar Fhaisnéis maidir le Wi-Fi' a úsáid (a sholáthraíonn an líonra Wi-Fi a bhfuil gléas nasctha leis), ní mór Duit ceart a iarraidh ó Apple le haghaidh úsáid den chineál sin, agus, d'ainneoin aon rud dá mhalairt in **Alt 3.3.3(B)** ní fhéadfaidh Tú APIInna den chineál sin a úsáid ach amháin chun seirbhís nó feidhm a sholáthar a bhaineann go díreach leis an bhFeidhmchlár (m.sh., ní chun fógraíocht a sholáthar).

H. APIInna HealthKit; APIInna Gluaisne agus Folláine; APIInna Moltaí Dialainne

Ní mór nach bhfaighidh D'Fheidhmchlár rochtain ar APIInna HealthKit ná ar APIInna Gluaisne agus Folláine mura n-úsáidfear APIInna den chineál sin chun críoch sláinte, gluaisne agus/nó folláine; ná ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár rochtain a fháil ar API Moltaí Dialainne mura n-úsáidtear API den chineál sin chun críoch dialainne. Ní mór úsáidí den sórt sin a bheith le feiceáil go soiléir i Do théacs margaíochta agus i Do chomhéadan úsáideora. Ina theannta sin:

- D'ainneoin aon ní dá mhalairt in **Alt 3.3.3(B)**, ní fhéadfaidh Tú ná D'Fheidhmchlár APIInna HealthKit ná APIInna Gluaisne agus Folláine, ná aon fhaisnéis a fhaightear trí APIInna HealthKit nó APIInna Gluaisne agus Folláine, a úsáid chun aon chríche seachas seirbhísí sláinte, gluaisne agus/nó folláine a sholáthar maidir le D'Fheidhmchlár (m.sh., ní chun fógraíocht a sholáthar). Ina theannta sin, ní mór nach n-úsáidfídh Tusa agus D'Fheidhmchlár API Moltaí Dialainne ná nach mbaileoidh aon fhaisnéis trí API Moltaí Dialainne chun aon chríche seachas seirbhísí dialainne a sholáthar maidir le D'Fheidhmchlár.

- Ní mór nach n-úsáidfídh Tú APIInna nó aon fhaisnéis a fhaightear trí APIInna den chineál sin chun faisnéis maidir le sláinte, gluaisne, folláine agus/nó moltaí dialainne an úsáideora dheiridh a nochtadh nó a sholáthar do thríú páirtí gan toiliú sonrach roimh ré ón úsáideoir deiridh, agus sa chás sin féin chun a chur ar chumas tríú páirtí seirbhísí sláinte, gluaisne, folláine agus/nó dialainne a sholáthar mar a cheadaítear anseo istigh. Mar shampla, ní mór nach gcomhroinnfidh Tú ná nach ndíolfaidh Tú faisnéis a bhailítear trí APIInna den chineál sin le hardáin fógraíochta, bróicéirí sonraí nó athdhíoltóirí faisnéise. Ar mhaithe le soiléireacht, féadfaidh Tú cead a thabhairt d'úsáideoirí deiridh sonraí a bhailítear trí APIInna HealthKit nó trí APIInna Gluaisne agus Folláine a chomhroinnt le tríú páirtithe chun críoch taighde leighis; agus

- Aontaíonn Tú go nochtfaidh Tú go soiléir d'úsáideoirí deiridh an chaoi a mbeidh a gcuid faisnéis maidir lena sláinte, ngluaisne, bhfolláine agus/nó moltaí dialainne á n-úsáid Agat agus ag

D'Fheidhmchlár, agus gan úsáid a bhaint astu ach amháin mar a thoilíonn an t-úsáideoir deiridh go sainráite, agus mar a cheadaítear go sainráite anseo istigh.

I. APIInna HomeKit

Ní mór nach bhfaighidh D'Fheidhmchlár rochtain ar APIInna HomeKit mura mbeidh sé deartha go príomha chun cumraíocht bhaile nó seirbhísí uathoibrithe baile a sholáthar (m.sh. solas a chasadh air, doras garáiste a oscailt) le haghaidh Gabhálais Cheadúnaithe HomeKit, agus mura mbeidh an úsáid sin le feiceáil go soiléir i Do théacs margaíochta agus i Do chomhéadan úsáideora. Aontaíonn Tú gan APIInna HomeKit a úsáid chun aon chríche eile seachas comhéadan a dhéanamh, cumarsáid a dhéanamh, idiroibriú nó a rialú ar shlí eile le Gabhálais Cheadúnaithe HomeKit nó chun Bunachar Sonraí HomeKit a úsáid, agus ansin amháin chun críoch cumraíochta baile nó uathoibrithe baile maidir le D'Fheidhmchlár. Ina theannta sin:

- Ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár faisnéis a fhaightear ó APIInna HomeKit agus/nó ó Bhunachar Sonraí HomeKit a úsáid ach ar tháirge comhoiriúnach amháin ar de bhranda Apple é agus ní fhéadfaidh sé faisnéis den chineál sin a easpórtáil, cianrochtain a fháil uirthi nó í a aistriú den táirge infheidhme (m.sh., ní féidir pasfhocal glais a sheoladh ó ghléas úsáideora dheiridh le stóráil i mbunachar sonraí seachtrach nach mbaineann le Apple), mura gceadaíonn Apple a mhalairt go sainráite sa Doiciméadacht; agus

- D'ainneoin aon ní dá mhalairt in **Alt 3.3.3(B)**, ní fhéadfaidh Tusa ná D'Fheidhmchlár APIInna HomeKit, ná aon fhaisnéis a fhaightear trí APIInna HomeKit nó trí Bhunachar Sonraí HomeKit a úsáid chun aon chríche seachas cumraíocht bhaile nó seirbhísí uathoibrithe baile a sholáthar nó feabhas a chur orthu maidir le D'Fheidhmchlár (m.sh., ní chun fógraíocht a sholáthar).

J. Leabhar Seoltaí

Má fhaigheann D'Fheidhmchlár rochtain ar shonraí ó Leabhar Seoltaí úsáideora dheiridh trí API Leabhair Seoltaí, ní mór Duit fógra a thabhairt don úsáideoir agus toiliú a fháil uaidh sula mbeidh rochtain ag D'Fheidhmchlár ar a shonraí Leabhair Seoltaí nó sula n-úsáidfídh sé iad. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár sásra uathoibrithe a chur ar fáil nach n-aistríonn ach na codanna de Shonraí Facebook de Leabhar Seoltaí an úsáideora dheiridh chuig suíomh lasmuigh de ghléas an úsáideora dheiridh. Ar mhaithe le soiléireacht, ní chuireann sé sin cosc ar aistriú uathoibrithe de Leabhar Seoltaí ar fad an úsáideora ina iomláine, fad is go gcomhlíontar na ceanglais maidir le fógra úsáideora agus le toiliú; agus ní thoirmeascann sé sin cead a thabhairt d'úsáideoirí aon chuid dá sonraí Leabhair Seoltaí a aistriú de láimh (m.sh., trí ghearradh agus greamú) nó cead a thabhairt dóibh míreanna sonraí ar leith a roghnú ina n-aonar lena n-aistriú.

K. Sonraí Aghaidhe

Má fhaigheann D'Fheidhmchlár rochtain ar Shonraí Aghaidhe, ní mór Duit déanamh amhlaidh ach amháin chun seirbhís nó feidhm a sholáthar a bhaineann go díreach le húsáid an Fheidhmchláir, agus aontaíonn Tú úsáideoirí a chur ar an eolas faoi na húsáidí a bheartaíonn Tú a bhaint as Sonraí Aghaidhe agus faoi nochtáí díobh le D'Fheidhmchlár agus toiliú soiléir agus follasach a fháil ó na húsáideoirí sin roimh aon bhailiú nó úsáid Sonraí Aghaidhe. D'ainneoin aon ní dá mhalairt in **Alt 3.3.3(B)**, ní fhéadfaidh Tú ná D'Fheidhmchlár (ná aon tríú páirtí lena ndearna Tú Conradh chun fógraíocht a sholáthar) Sonraí Aghaidhe a úsáid chun críoch fógraíochta nó chun aon chríche eile nach mbaineann leo. Ina theannta sin:

- Ní fhéadfaidh Tú Sonraí Aghaidhe a úsáid ar bhealach a d'fhéadfadh sárú a dhéanamh ar chearta dlíthiúla D'úsáideoirí (nó aon tríú páirtí) nó chun eispéireas úsáideora neamhdhleathach, éagórach, míthreorach, calaoiseach, míchuí, dúshaothraithe nó samhneasach a sholáthar agus ansin amháin i gcomhréir leis an Doiciméadacht;

- Ní fhéadfaidh Tú Sonraí Aghaidhe a úsáid chun críoch fiordheimhnithe, fógraíochta nó margaíochta, nó ar shlí eile chun díriú ar úsáideoir deiridh ar shlí chéanna;

- Ní fhéadfaidh Tú Sonraí Aghaidhe a úsáid chun próifíl úsáideora a thógáil, ná iarracht a dhéanamh ar úsáideoirí anaithnide a aithint nó próifílí úsáideora a athchruthú bunaithe ar Shonraí Aghaidhe ná iad sin a éascú ná spreagadh a thabhairt do thríú páirtithe déanamh amhlaidh;

- Aontaíonn Tú gan Sonraí Aghaidhe a aistriú, a chomhroinnt, a dhíol nó a sholáthar ar shlí eile d'ardáin fógraíochta, soláthraithe anailíse, bróicéirí sonraí, athdhioltóirí faisnéise nó páirtithe eile den chineál sin; agus

- Ní fhéadfar Sonraí Aghaidhe a chomhroinnt ná a aistriú de ghléas an úsáideora mura bhfaighidh Tú toiliú soiléir agus follasach le haghaidh an aistrithe agus mura n-úsáidfear na Sonraí Aghaidhe chun seirbhís nó feidhm ar leith a chomhlíonadh do D'Fheidhmchlár (m.sh., úsáidfear mogall aghaidhe chun íomhá den úsáideoir a thaispeáint laistigh den Fheidhmchlár) agus i gcomhréir leis na téarmaí seo agus leis an Doiciméadacht amháin. Aontaíonn Tú a cheangal nach n-úsáidfídh Do sholáthraithe seirbhíse Sonraí Aghaidhe ach a mhéid amháin a thóilíonn an t-úsáideoir agus i gcomhréir leis na téarmaí seo amháin.

L. Background Assets Framework

Ní fhéadfaidh Tú an Background Assets Framework a úsáid ach amháin chun sócmhainní breise a íoslódáil do D'Fheidhmchlár a dháiltear trí App Store nó le haghaidh béite-thástáil trí TestFlight; ní cheadaítear aon úsáid eile. Ní fhéadfaidh an Background Assets Framework a úsáid chun sonraí a bhailiú nó a tharchur chun úsáideoir nó gléas a shainaithint, nó chun fógraíocht nó tomhas fógraíochta a dhéanamh. Ní mór an úsáid a bhaineann Tú as an Background Assets Framework agus as na sócmhainní íoslódáilte a bheith i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear gan bheith teoranta do na Treoirínte maidir le hAthbhreithniú ar Fheidhmchlár.

M. APIInna Fíoraitheora Aitheantais

Ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár APIInna Fíoraitheora Aitheantais a úsáid ach chun fíorú aois nó aitheantas na n-úsáideoirí deiridh a chumasú trí D'Fheidhmchlár. Ina theannta sin, admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú:

- Níl Apple ina pháirtí in aon fhíorú aoise nó aitheantais a éascaítear trí úsáid a bhaint as APIInna Fíoraitheora Aitheantais agus ní hé atá freagrach as aon fhíorú den chineál sin, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do chalaois aitheantais;

- Stórálfaidh Tú aon eochair phríobháideach agus Sonraí Fíoraitheora Aitheantais a sholáthrófar Duit mar chuid den úsáid a bhainfidh Tú as APIInna Fíoraitheora Aitheantais ar shlí shlán (m.sh. criptithe ar fhreastalaí) agus i gcomhréir le haon dlí is infheidhme agus leis an Doiciméadacht;

- Ní ghlaofaigh Tú ar APIInna Fíoraitheora Aitheantais ná ní dhéanfaidh Tú iarracht ar shlí eile faisnéis a fháil trí APIInna Fíoraitheora Aitheantais chun críocha nach mbaineann le fíorú aois nó aitheantais na n-úsáideoirí deiridh a chumasú trí D'Fheidhmchlár;

- Níl aon fhreagracht ar Apple a chinntiú go bhfuil an fíorú aoise nó aitheantais arna n-éascú ag APIInna Fíoraitheora Aitheantais tugtha faoi deara go cuí agus toilithe ag úsáideoirí deiridh leo. Ní bheidh Apple faoi dhliteanas i gcás ar bith i leith aon fhíorú aoise nó aitheantais neamhúdaráithe nó calaoiseach; agus

- Má chuireann Tú iarratas ar dheimhniú faoi bhráid Apple thar cheann Ceannaí chun APIInna Fíoraitheora Aitheantais a úsáid, maíonn Tú agus barántaíonn Tú go bhfuil údarás sainráite Agat déanamh amhlaidh mar ghníomhaire an Cheannaí agus ní mór Duit a chinntiú go n-aontóidh an Ceannaí le Téarmaí agus Coinníollacha Fíoraitheoir Aitheantais Apple maidir le Páirtithe is Úsáideoirí Cáilithe. Maíonn Tú agus barántaíonn Tú nach bhféadfaidh ach Tusa agus an Ceannaí D'Fheidhmchlár Fíoraitheora Aitheantais a úsáid chun fíorú aitheantais a dhéanamh.

N. Sensitive Content Analysis Framework

Ní ceadmhach duit aon fhaisnéis a tharchur amach ó ghléas an úsáideora maidir le cibé acu a d'aithin an Sensitive Content Analysis Framework go bhfuil nochtaí nó ábhar gnéasach follasach, nó foréigean grafach nó gore, i láthair i bpictiúr nó i bhfíseán.

O. API Raon Aois Dearbhaithe agus API Topaice Nuashonraithe Suntasach Aipe

Féadfaidh D'Fheidhmchlár rochtain a fháil ar an API Raon Aois Dearbhaithe chun raon aoise úsáideora a iarraidh chun críocha ábhar agus/nó gnéithe atá oiriúnach don aois a sholáthar d'úsáideoirí deiridh i D'Fheidhmchlár, nó chun cloí le dlíthe a cheanglaíonn ar D'Fheidhmchlár faisnéis faoin raon aoise a fháil. Tuigeann tú go bhfuil sonraí ón API Raon Aois Dearbhaithe bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraítear do Apple a dhearbhaíonn úsáideoir deiridh, nó a dtuismitheoir nó a gcaomhnóir, agus gur féidir í a dheimhniú trí mhodh íocaíochta (cosúil le cárta creidmheasa), aitheantas rialtais, nó modh eile. Ní fhéadfaidh Tú sonraí úsáideora a fhaightear trí API den chineál sin a chomhroinnt nó a dhíol le bróicéirí sonraí nó athdhíoltóirí faisnéise. Is tusa amháin atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar dlíthe nó rialacháin ghaolmhara a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm ort, agus tuigeann tú go bhfuil d'úsáid den API Raon Aois Dearbhaithe agus den Topaic Nuashonraithe Suntasach don Aip faoi réir **Alt 10 (Slánaíocht)**.

P. Family Controls Framework

Chun Family Controls Framework a úsáid, ní mór príomhchuspóir a bheith ag D'Fheidhmchlár (1) rialuithe teaghlaigh a thairiscint do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí, trí Chomhroinnt Teaghlaigh, chun maoirseacht a dhéanamh ar úsáid feidhmchláir a bpáistí; agus/nó (2) an cumas a thairiscint do dhaoine aonair a ngléasanna a bhainistiú chun fócas agus táirgiúlacht a chumasú trí rialuithe fócais, trí lasc ama agus bainistíocht tascanna, nó trí bainistíocht úsáide gléasanna pearsanta. Ní fhéadfar Family Controls Framework a úsáid chun críocha eile, amhail blocáil fógraí, i suíomhanna eagraíochtúla, ná chun gléas duine fásta eile a bhainistiú. Ní fhéadfar sonraí gléasanna nó úsáide a fhaightear tríd Family Controls Framework a úsáid ach amháin chun rialuithe teaghlaigh a sholáthar nó chun gléasanna aonair a bhainistiú. Ní fhéadfaidh Tú féin ná D'Fheidhmchlár sonraí gléis ná úsáide a fhaightear tríd Family Controls Framework nó ar bhealach eile a chomhroinnt, seachas na rialuithe teaghlaigh a sholáthraíonn tú, ná an duine aonair agus a ngléas, faoi seach. Ní fhéadfaidh tú sonraí gléasanna ná úsáide den sórt sin a úsáid ná a chomhroinnt chun críocha fógraíochta ná tomhais fógraíochta, ná sonraí gléasanna ná úsáide a roinnt le bróicéir sonraí.

Q. API Gníomhartha Molta

Féadfaidh d'Iarratas rochtain a fháil ar an API Gníomhartha Molta amháin chun gníomhartha comhéadain úsáideora a chur ar taispeáint don úsáideoir mar fhreagairt ar ábhar tacaithe, sa chás go seoltar, go bhfaightear, nó go mbaineann an t-ábhar sin go díreach le d'Iarratas. Ní cheadítear duit an gníomh, ná aon fhaisnéis maidir leis an ngníomh nó a bhaineann leis, a tharchur ó ghléas úsáideora chun aon chuspóra.

R. Trust Insights Framework

Ní úsáidfídh tú na Sonraí Léargais lontaobhais ach amháin chun dlisteanacht ghníomhaíochta úsáideora deiridh i d'Iarratas a chinneadh maidir leis an idirbheart sonrach ar glacadh na Sonraí Léargais lontaobhais ina leith. Ní féidir leat brath ar Shonraí Léargais lontaobhais mar fhoinsé faisnéise amháin chun dlisteanacht a chinneadh. Ní féidir leat Sonraí Léargais lontaobhais a úsáid chun úsáideoirí deiridh a phróifiliú, lena n-áirítear le haghaidh fógraíochta iompraíochta nó le haghaidh cumarsáide spriocdhírthe eile. Chun na APIanna Trust Insights a úsáid, ní mór duit aiseolas a sholáthar do Apple maidir leis an úsáid a bhaineann tú as na APIanna Trust Insights, mar a shonraítear sa Doiciméadú.

Ní féidir leat: (a) ionramháil, comhcheangal, nó próiseáil Sonraí Trust Insights, ach amháin mar a cheadaítear sa Doiciméadú; nó (b) a roinnt, a dhíol, a aistriú, a nochtadh, a scaipeadh, nó a chur ar fáil ar shlí ar bith Sonraí Trust Insights do aon tríú páirtí (m.sh., cleamhnaithe, ardáin fógraíochta, bróicéirí sonraí, athdhíoltóirí faisnéise) ach amháin go bhféadfaidh Tú Sonraí Trust Insights a roinnt, a aistriú, nó a nochtadh le Soláthraí Seirbhíse faoi **Alt 2.9**, nó de réir mar a éilíonn an dlí.

3.3.4 Cearta agus Ceadúnú Inneachair

A. Inneachar agus Ábhair

(i) Ní mór go mbeidh aon mháistirthaifeadadh agus cumadóireacht cheoil a chuimsítear i D'Fheidhmchlár faoi D'úinéireacht iomlán nó ceadúnaithe Fút ar bhonn láníoctha agus ar shlí nach gceanglófar ar Apple aon táille, dleacht agus/nó suim a íoc Leatsa nó le haon tríú páirtí. Ina theannta sin, má dháilfear D'Fheidhmchlár lasmuigh de na Stáit Aontaithe, maidir le haon mháistirthaifeadadh agus cumadóireacht cheoil a chuimsítear i D'Fheidhmchlár (a) ní mór nach dtiocfaidh siad faoi stór aon eagraíocht bailithe nó ceadúnaithe ceart meicniúil nó taibhíthe/cumarsáide, san am i láthair nó san am atá le teacht agus (b) má tá siad ceadúnaithe, ní mór do gach úinéir cóipchirt is infheidhme iad a cheadúnú Fút go heisiach le haghaidh D'Fheidhmchláir.

(ii) Má chuimsítear aon inneachar eile i D'Fheidhmchlár nó má chuimseofar ann é, ní mór go mbeidh gach inneachar den chineál sin faoi D'úinéireacht ná ní mór cead a bheith Agat ó úinéir an inneachair é a úsáid i D'Fheidhmchlár.

(iii) Féadfar diúltú D'Fheidhmchláir má tá inneachar nó ábhair de chineál ar bith iontu (téacs, grafaicí, íomhánna, grianghraif, fuaimeanna, srl.) a d'fhéadfaí a mheas Apple, ina bhreithiúnas réasúnta, a bheith neamhoiriúnach nó míchuí, mar shampla, ábhair a d'fhéadfaí a mheas a bheith gáirsiúil, pornagrafach nó clúmhilleach.

(iv) Ní mór nach mbeidh aon bhogearra mailíseach, cód nó clár mailíseach nó dochrach, nó comhpháirt inmheánach eile (m.sh., víris ríomhaireachta, traigh, "cúldoirse") a d'fhéadfadh damáiste dhéanamh do Bhogearraí Apple, seirbhísí Apple, táirgí ar de bhranda Apple iad, nó bogearraí, dochtarraí, crua-earraí, sonraí, córais, seirbhísí nó líonraí eile, nó éifeacht dhíobhálach a bheith acu orthu nó iad a scriosadh.

(v) Má chuimsítear aon FOSS san áireamh i D'Fheidhmchlár nó i Do Tháirge Comhfhreagrach, aontaíonn Tú cloí le gach téarma ceadúnaithe FOSS is infheidhme. Ina theannta sin, aontaíonn Tú gan aon FOSS a úsáid i bhforbairt D'Fheidhmchláir nó Do Tháirge Chomhfhreagraigh ar shlí a mbeadh ina chúis leis na codanna de Bhogearraí Apple nach mbaineann le FOSS a bheith faoi réir ag aon téarma nó oibleagáid ceadúnaithe FOSS.

(vi) Féadfaidh crannchur promóisin nó feidhmiúlacht chomórtais a bheith i D'Fheidhmchlár ar choinníoll gur Tusa an t-aon urraitheoir ar an bpromóisean agus go gcomhlíonann Tusa agus D'Fheidhmchlár aon dlí is infheidhme agus go gcomhlíonann Tú aon cheanglas is infheidhme maidir le clárúcháin sa tír, sa chríoch nó sa réigiún ina gcuireann Tú D'Fheidhmchlár ar fáil agus go bhfuil an promóisean oscailte. Aontaíonn Tú gur Tusa amháin atá freagrach as aon phromóisean agus aon duais, agus aontaíonn Tú freisin a shonrú go soiléir i rialacha ceangailteacha oifigiúla do gach promóisean nach bhfuil Apple ina urraitheoir ar an bpromóisean, nó freagrach as é a dhéanamh.

(vii) Féadfaidh D'Fheidhmchlár nasc díreach a áireamh chuig leathanach ar do shuíomh Gréasáin ina n-áiríonn Tú an cumas úsáideora dheiridh ranníocaíocht charthanachta a dhéanamh, ar choinníoll go gcomhlíonann Tú aon dlí is infheidhme (lena n-áirítear admháil a sholáthar), agus aon cheanglas rialacháin nó clárúcháin is infheidhme, sa tír, sna críocha nó sa réigiún ina gcumasaíonn Tú an ranníocaíocht charthanachta a dhéanamh. Ina theannta sin, aontaíonn Tú a shonrú go soiléir nach é Apple an tiomsaitheoir airgid.

(viii) Tuigeann tú agus aontaíonn tú gur féidir le húsáideoir deiridh Bogearraí agus Seirbhísí Apple a úsáid chun saothair dhíorthacha a chruthú ar ábhar atá corpraithe i D'Fheidhmchlár nó a bhfuil rochtain air tríd D'Fheidhmchlár, chun críocha inrochtaineachta pearsanta (mar shampla, fotheidil nó aistriúcháin a ghiniúint, téacs a achoimriú, méid cló a athrú, nó dathanna a mhodhnú) ("Módnuithe Inrochtaineachta"). Tugann tú ionadaíocht agus barántas go bhfuil cearta leordhóthanacha agat san ábhar chun Modhnuithe Inrochtaineachta a cheadú gan srian agus ar

bhealach nach mbeidh ar Apple aon táillí, ríchíosanna agus/nó suimeanna a íoc leatsa nó le haon tríú páirtí.

B. Seirbhís Cuardaigh Spotsolas-íomhá

A mhéid a sholáthraíonn Tú seirbhís cuardaigh spotsolas-íomhá Apple a bhfuil rochtain aici ar aon cheann de d'fhearainn a bhaineann le D'Fheidhmchláir Cheadúnaithe (an "Fearann/na Fearainn Comhbhainteacha"), tugann Tú leis seo cead do Apple an t-inneachar atá le fáil sa Fearann/Na Fearainn Comhbhainteachta (an "t-Inneachar Cheadúnaithe") a ransú, a scríobadh, a chóipeáil, a tharchur agus/nó a thaisceadh chun na gcríoch atá leagtha amach san alt seo. Measfar an tInneachar Cheadúnaithe mar Fhaisnéis maidir le Feidhmchlár Cheadúnaithe faoin gComhaontú seo. Leis seo, deonaíonn Tú ceadúnas breise do Apple chun formáid chomhaid, taifeach agus cuma atá ar an Inneachar Cheadúnaithe a úsáid, dhéanamh, a bheith le déanamh, a atáirgeadh, a bhearradh agus a mhodhnú (chun méid an chomhaid a laghdú, a athrú go cineál comhaid tacaíthe agus/nó mionsamhlacha a thaispeáint), agus chun an tInneachar Cheadúnaithe a thaispeáint go poiblí, a léiriú go poiblí, a chomhtháthú, a ionchorprú agus a dháileadh chun feabhas a chur ar chuardach, fionnachtain, agus dáileadh úsáideora dheiridh an Inneachair Cheadúnaithe i ngné Apple Messages. Ar fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo ar chúis ar bith, beidh cead ag úsáideoirí deiridh táirgí ar de bhranda Apple iad leanúint de bheith ag úsáid agus ag dáileadh an Inneachair Cheadúnaithe go léir a fuair siad trí úsáid a bhaint as táirgí ar de bhranda Apple iad roimh an bhfoirceannadh sin.

3.3.5 Teicneolaíochtaí Fiontraíochta agus Oideachais

A. Próifílí Cumraíochta

Ní féidir Próifílí Cumraíochta a chur ar fáil do thomhaltóirí seachas chun socruithe Wi-Fi, APN, VPN nó MDM a chumrú, nó mar a cheadaíonn Apple a mhalairt go sainráite sa Doiciméadacht Tagartha Próifílí Cumraíochta reatha a bheidh ann. Ní mór Duit dearbhú soiléir a dhéanamh maidir leis na sonraí úsáideora a bhaileofar agus an chaoi a n-úsáidfear iad ar scáileán feidhmchláir nó ar shásra fógra eile roimh aon ghníomh úsáideora chun Próifílí Cumraíochta a úsáid. Ní fhéadfaidh Tú sonraí úsáideora a fhaightear trí Phróifílí Cumraíochta a chomhroinnt nó a dhíol le hardáin fógraíochta, bróicéirí sonraí, nó athdhíoltóirí faisnéise. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh Tú an painéal toilithe le haghaidh Próifílí Cumraíochta nó aon sásra eile de Phróifílí Cumraíochta a sháru.

B. APIInna ClassKit; API Roster

Ní mór nach gcuimseofar APIInna ClassKit i D'Fheidhmchlár mura mbeidh sé deartha go príomha chun seirbhísí oideachais a sholáthar, agus mura mbeidh an úsáid seo le feiceáil go soiléir i Do théacs margaíochta agus i Do chomhéadan úsáideora. Aontaíonn Tú gan sonraí bréagacha ná míchruinne a chur isteach trí APIInna ClassKit ná iarracht a dhéanamh ar na catagóirí sonraí sannta a ath-shainmhíniú le haghaidh sonraí a cuireadh isteach trí APIInna ClassKit (m.sh., ní cineál sonraí tacaíthe iad sonraí suímh mac léinn agus níor cheart iad a chur isteach).

Ní fhéadfaidh Tú Sonraí Roster a chomhroinnt, a dhíol, a aistriú ná a nochtadh d'aon tríú páirtí (m.sh., cleamhnaithe, ardáin fógraíochta, bróicéirí sonraí, athdhíoltóirí faisnéise). Ní mór Duit Sonraí Roster a phróiseáil chun críoch oideachais i gcomhréir le treoracha riarthóir TF na scoile amháin. Ní mór Duit cloí le rogha riarthóra TF na scoile gan athnuachan a dhéanamh nó toiliú na scoile a chúlghairm chun na Sonraí Roster a úsáid. Mura ndéanann riarthóir TF na scoile athnuachan a dhéanamh ar Do rochtain ar Shonraí Roster na scoile nó má chúlghaireann sé í, ní mór Duit Sonraí Roster na scoile atá i Do Sheilbh a scríosadh laistigh de thríocha (30) lá. Is Tusa atá freagrach as gach ceanglas dlí is infheidhme a bhaineann leis an úsáid a bhaineann Tú as API Roster a chomhlíonadh.

C. Sign in with Apple; Sign in with Apple at Work & School

Ní fhéadfaidh Tú Sign in with Apple nó Sign in with Apple at Work & School a úsáid i Do chuid Táirgí Comhfhreagracha ach amháin fad is go mbeidh an úsáid a bhainfidh Tú astu inchomparáide le Sign in with Apple nó Sign in with Apple at Work & School, faoi seach, a áireamh i d'Fheidhmchlár. Ní fhéadfaidh Tú sonraí úsáideora a fhaightear trí Sign in with Apple

nó Sign in with Apple at Work & School a chomhroinnt ná a dhíol le hardáin fógraíochta, bróicéirí sonraí ná athdhíoltóirí faisnéise.

Má roghnaigh úsáideoir Sign in with Apple a shonraí úsáideora a anaithnidiú mar chuid de Sign in with Apple, aontaíonn Tú gan iarracht a dhéanamh ar na sonraí anaithnidithe sin a nascadh le faisnéis a shainaithníonn an duine go díreach agus a fhaightear lasmuigh de Sign in with Apple gan toiliú úsáideora a fháil ar dtús.

Ní mór Duit na sonraí a fhaigheann Tú ó Sign in with Apple at Work & School a phróiseáil i gcomhréir le treoracha riarthóir TF na heagraíochta amháin.

Chun críocha **Alt 3.3.5(C)** amháin, ní mór go mbeidh an teideal céanna, na gnéithe céanna agus an fheidhmiúlacht chéanna ag Do chuid Táirgí Comhfhreagracha le D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe. Aontaíonn Tú cloí leis na Treoirínte Úsáide maidir le Suíomhanna Gréasáin agus le hArdáin Eile chun Sign in with Apple (atá le fáil ag <https://developer.apple.com/sign-in-with-apple/usage-guidelines-for-websites-and-other-platforms/>) a úsáid i Do chuid Táirgí Comhfhreagracha. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, cuimsítear sa chiall atá le “suíomh gréasáin nó le feidhmchlár” sna Treoirínte Úsáide maidir le Suíomhanna Gréasáin agus le hArdáin Eile Do chuid Táirgí Comhfhreagracha a úsáideann APIanna Sign in with Apple.

D. Bainistiú Gaireas Móibíleach

Ní mór gach úsáid MDM a bheith i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo (lena n-áirítear na Ceanglais maidir leis an gClár) agus Ceangaltán 10 (Téarmaí Breise maidir le húsáid MDM).

3.3.6 Teicneolaíochtaí Siamsaíochta

A. Game Center

Ní mór gach úsáid a bhaintear as an Game Center a bheith i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo (lena n-áirítear na Ceanglais maidir leis an gClár) agus Ceangaltán 3 (Téarmaí Breise maidir le Game Center).

B. API Síniú Isteach Aonair

Ní mór nach bhfaighidh Tú rochtain ar API Síniú Isteach Aonair ná nach n-úsáidfídh Tú é mura mbeidh Tú i Do Dháileoir Ríomhchláraithe Físeáin Ilchainéil (MVPD) ná mura mbeidh D'Fheidhmchlár deartha go príomha chun ríomhchlárú físeáin fíordheimhnithe a sholáthar trí sheirbhís MVPD atá bunaithe ar shíntiús agus mura dtabharfaidh Apple ceart Duit Apple ar API Síniú Isteach Aonair a úsáid. Má thugtar an ceart sin Duit, tá cead Agat API Síniú Isteach Aonair a úsáid chun ceart úsáideora chun rochtain a fháil ar inneachar MVPD de Do chuid chun féachaint ar Tháirge Apple amháin a fhíordheimhniú, i gcomhréir leis an tSonraíocht Síniú Isteach Aonair. Ní mór aon úsáid den chineál sin a bheith i gcomhréir leis an Doiciméadacht maidir leis an tSonraíocht Síniú Isteach Aonair. Admhaíonn Tú go bhforchoimeádann Apple an ceart gan an ceart sin a thabhairt Duit, agus an ceart sin a chúlghairm, tráth ar bith, de réir a lánrogha féin.

Má úsáideann Tú API Síniú Isteach Aonair, is Tusa a bheidh freagrach as an leathanach ‘sínigh isteach’ a bhfuil rochtain ag úsáideoirí air trí API Síniú Isteach Aonair a sholáthar ina síníonn úsáideoirí isteach chun a gceart chun rochtain a fháil ar inneachar MVPD de Do chuid a fhíordheimhniú. Aontaíonn Tú nach dtaispeánfaidh an leathanach sínithe isteach sin fógraíocht, agus go mbeidh inneachar agus an chuma a bheidh ar an leathanach sin faoi réir athbhreithniú agus formheas roimh ré ó Apple. Má úsáideann Tú API Síniú Isteach Aonair agus má sholáthraíonn Apple leagan nuashonraithe API den chineál sin agus/nó den tSonraíocht Síniú Isteach Aonair, aontaíonn Tú Do chur chun feidhme a nuashonrú chun cloí leis an leagan agus an tsonraíocht níos nuá laistigh de 3 mhí tar éis Duit an nuashonrú a fháil ó Apple.

Tugann Tú údarás do Apple chun na trádmarcanna a sholáthraíonn Tú a úsáid, a atáirgeadh agus a thaispeáint lena n-úsáid maidir leis an ngné Síniú Isteach Aonair, lena n-áirítear úsáid ar scáileáin an chomhéadain úsáideora i dtáirgí Apple ina roghnaíonn an t-úsáideoir an soláthraí agus ina bhfíordheimhníonn sé trí Shíniú Isteach Aonair agus/nó chun liosta feidhmchlár a bhfuil

rochtain ag an úsáideoir sin orthu trí Shíniú Isteach Aonair a sholáthar don úsáideoir. Ina theannta sin, tugann Tú an ceart do Apple gabhálacha scáileáin agus íomhánna den chomhéadan úsáideora sin a úsáid, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'úsáid in ábhair teagaisc, in ábhair oiliúna, in ábhair mhargaíochta agus i bhfógraíocht in aon mheán. Measfar sonraí arna soláthar trí API Síniú Isteach Aonair a bheith ina bhFaisnéis maidir le Feidhmchlár Ceadúnaithe thíos, ach beidh siad faoi réir na dteorainneacha úsáide atá leagtha amach san Alt seo.

Níl cead Agat sonraí arna soláthar trí API Síniú Isteach Aonair a bhailiú, a stóráil ná a úsáid chun aon chríche eile seachas ceart úsáideora chun rochtain a fháil ar inneachar MVPD de Do chuid ar tháirge Apple a fhíordheimhniú, rochtain a sholáthar don úsáideoir inneachar MVPD de Do chuid, agus/nó chun aghaidh a thabhairt ar fheidhmíocht agus fadhbanna teicniúla le seirbhís MVPD de Do chuid. Ní sholáthróidh ná ní nochtfaidh Tú sonraí, inneachar ná faisnéis a fhaightear ó úsáid API Síniú Isteach Aonair d'aon pháirtí eile ach amháin faisnéis maidir le fíordheimhniú a sholáthraítear do sholáthraí ríomhchláraithe físeáin a bhfuil a ríomhchlárú á thairiscint mar chuid de shíntiús MVPD arna thairiscint Agat, agus ar mhaithe le fíordheimhniú a dhéanamh ar cheart an úsáideora chun rochtain a fháil ar an ríomhchlárú físeáin sin ar tháirge Apple faoi shíntiús MVPD an úsáideora amháin.

C. API Feidhmchlár Teilifíse

Ní féadfaidh Tú API Feidhmchlár Teilifíse a úsáid mura rud é (a) go mbeidh D'Fheidhmchlár deartha go príomha chun ríomhchlárú a sholáthar, (b) go dtabharfaidh Apple ceart Duit agus (c) go mbeidh an úsáid a bhainfidh Tú as i gcomhréir leis an tSonraíocht don Fheidhmchlár Teilifíse. Sa mhéid a sholáthraíonn Tú Sonraí Feidhmchlár Teilifíse do Apple, féadfaidh Apple na sonraí sin a stóráil, a úsáid, a atáirgeadh agus a thaispeáint chun na gcríoch seo a leanas: (a) chun faisnéis agus moltaí a sholáthar d'úsáideoirí Gnéithe Feidhmchlár Teilifíse, (b) chun a chur ar chumas úsáideoirí nasc a dhéanamh idir moltaí agus/nó faisnéis dá leithéid le hinneachar chun féachaint air trí D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe, agus/nó (c) chun Gnéithe Feidhmchlár Teilifíse a sheirbhísiú, a chothabháil agus a optamú. Maidir le haon Sonraí Feidhmchlár Teilifíse a chuir Tú isteach roimh fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo, féadfaidh Apple leanúint de na sonraí sin a úsáid i gcomhréir le **hAlt 3.3.6(C)** tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo. Measfar Sonraí Feidhmchlár Teilifíse a bheith ina bhFaisnéis maidir le Feidhmchlár Ceadúnaithe faoin gComhaontú seo, ach beidh siad faoi réir na dteorainneacha úsáide atá leagtha amach san Alt seo. Adhmaíonn Tú go bhforchoimeádann Apple an ceart gan D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe a áireamh sna Gnéithe Feidhmchlár Teilifíse, de réir a lánrogha féin.

Gheobhaidh Apple toiliú úsáideora bunaithe ar Chuntas Apple an úsáideora sula n-áireofar D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe sna Gnéithe Feidhmchlár Teilifíse a thaispeántar faoin gCuntas Apple sin. Cuirfidh Apple ar chumas úsáideoirí freisin an toiliú sin a tharraingt siar tráth ar bith ina dhiaidh sin agus a gcuid Sonraí Feidhmchlár Teilifíse a scriosadh ó chórais de chuid Apple. Ina theannta sin, féadfaidh Tú toiliú úsáideora a lorg bunaithe ar do chóras aitheantais síntiúsóra féin. Is Tusa atá freagrach as Do chomhréireacht le gach dlí is infheidhme, lena n-áirítear aon dlí áitiúil is infheidhme chun toiliú úsáideora a fháil maidir le Do Shonraí Feidhmchlár Teilifíse a sholáthar do Apple.

D. MusicKit

Aontaíonn Tú gan glaoch ar API Inna MusicKit ná MusicKit JS a úsáid (ná iarracht a dhéanamh ar shlí eile ar fhaisnéis a fháil trí API Inna MusicKit nó MusicKit JS) chun críocha nach mbaineann le rochtain a éascú ar shíntiús Apple Music Do chuid úsáideoirí deiridh. Má fhaigheann Tú rochtain ar MusicKit API Inna nó MusicKit JS, ní mór Duit na Treoirínte Aitheantais maidir le Apple Music a leanúint. Aontaíonn Tú gan íocaíocht a cheangal as seirbhís Apple Music ná airgead a shaothrú go hindíreach as rochtain ar sheirbhís Apple Music (m.sh. Ceannachán Ionaípe, fógraíocht, faisnéis úsáideora a iarraidh) tríd an úsáid a bhaineann Tú as API Inna MusicKit, MusicKit JS, nó eile ar aon slí. Ina theannta sin:

- Má roghnaíonn Tú athsheinm ceoil a thairiscint trí APIInna MusicKit nó MusicKit JS, ní mór amhráin iomlána a chumasú le haghaidh athsheinm, agus ní mór d'úsáideoirí athsheinm a thionscnamh agus a bheith in ann athsheinm a úsáid ag baint úsáid as rialuithe meán caighdeánach mar “seinn,” “cuir ar sos,” agus “léim”, agus aontaíonn Tú gan mífhaisnéis a dhéanamh ar fheidhmiúlacht na rialuithe seo;

- Ní fhéadfaidh Tú, agus ní féidir Leat cead a thabhairt do Do chuid úsáideoirí deiridh aon Inneachar MusicKit a íoslódáil, a uaslódáil nó a mhodhnú, agus ní féidir Inneachar MusicKit a shioncronú le haon inneachar eile, mura gceadaíonn Apple a mhalairt sa Doiciméadacht;

- Ní fhéadfaidh Tú Inneachar MusicKit a sheinm ach amháin mar atá léirithe ag APIInna MusicKit nó MusicKit JS agus ach amháin mar a cheadaítear sa Doiciméadacht (m.sh., ní fhéadfar ealaín albam agus téacs a bhaineann le ceol ó API MusicKit a úsáid ar leithligh ó athsheinm ceoil nó ó sheinnliostaí a bhainistiú);

- Ní fhéadfar meiteashonraí ó úsáideoirí (amhail seinnliostaí agus ceanáin) a úsáid ach amháin chun seirbhís nó feidhm a sholáthar a nochtfar go soiléir d'úsáideoirí deiridh agus a bheidh ábhartha go díreach maidir le húsáid D'Fheidhmchláir, Do shuíomh gréasáin nó D'Fheidhmchlár gréasáin, mar a chinntear de réir lánrogha Apple féin; agus

- Ní fhéadfaidh Tú MusicKit JS a úsáid ach amháin mar leabharlann neamhspleách i D'Fheidhmchlár, ar Do shuíomh gréasáin nó i D'Fheidhmchlár gréasáin agus ach amháin mar a cheadaítear sa Doiciméadacht (m.sh., aontaíonn Tú gan MusicKit JS a athcheangal le haon chóid JavaScript eile ná é a íoslódáil agus a ath-óstáil ar leithligh).

E. ShazamKit

Ní mór gach úsáid a bhaintear as APIInna ShazamKit a bheith i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo (lena n-áirítear na Treoirlínte Aitheantais maidir le Apple Music agus na Ceanglais maidir leis an gClár) agus leis an Doiciméadacht. Má roghnaíonn Tú Inneachar ShazamKit a chomhfhreagraíonn d'amhráin atá le fáil ar Apple Music a thaispeáint, ní mór Duit nasc a sholáthar don inneachar faoi seach laistigh de Apple Music i gcomhréir leis na Treoirlínte Aitheantais maidir le Apple Music. Seachas a mhéid a cheadaítear go sainráite anseo istigh, aontaíonn Tú gan Inneachar ShazamKit a chóipeáil, a mhodhnú, a aistriú, saothar díorthaigh a dhéanamh de, a fhoilsiú ná a thaispeáint go poiblí ar aon slí. Thairis sin, ní fhéadfaidh Tú na sonraí a sholáthraíonn APIInna ShazamKit a úsáid ná a chur i gcomparáid chun feabhas a chur ar sheirbhís aitheantais fuaime eile nó ceann eile a chruthú. Ní fhéadfar Feidhmchláir a úsáideann APIInna ShazamKit a dhearadh nó a mhargú chun críoch comhlíonta (m.sh., ceadúnú ceoil agus iniúchóireacht dleachta).

F. API Fotha Apple Music

Ní mór gach úsáid a bhaintear as API Fotha Apple Music a bheith i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo (lena n-áirítear na Treoirlínte Aitheantais maidir le Apple Music agus na Ceanglais maidir leis an gClár) agus leis an Doiciméadacht. Féadfaidh tú Ábhar Fotha Apple Music a thaispeáint chun críche cur chun cinn a dhéanamh ar ábhar an Ábhair Fotha Apple Music i d'Aip, ar an gcoinníoll go gcuirtear an t-ábhar sin (i) ar scáileáin amháin a chuireann chun cinn an t-ábhar a bhfuil an tÁbhar Fotha Apple Music bunaithe air; (ii) i ngar do bhádh do Apple Music a fheidhmíonn mar nasc go díreach chuig leathanaigh laistigh de Apple Music nó iTunes inar féidir le tomhaltóirí rochtain a fháil ar an gceol atá á chur chun cinn; (iii) go gcuirtear creidiúint san áireamh a léiríonn gur "le caoinchead ó Apple Music" a soláthraíodh Ábhar Fotha Apple Music má tá réamhamharcanna ar amhráin nó ar fhíseáin cheoil san áireamh san Ábhar Fotha Apple Music sin; (iv) nach ndéantar ach é a shruthú, agus nach n-íoslódáiltear, nach sábháiltear, nach gcuirtear i gcache, ná nach sioncronraítear le físeán é, má tá réamhamharcanna ar amhráin nó ar fhíseáin cheoil san áireamh san Ábhar Fotha Apple Music sin; (v) ní úsáidtear é le haghaidh luach siamsaíochta neamhspleách seachas a chuspóir poiblíochta; agus (vi) ní úsáidtear é chun aon earraí nó seirbhísí eile a chur chun cinn.

3.3.7 Teicneolaíochtaí Bonneagair

A. Gabhálais MFi

Ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár comhéadan a dhéanamh le Gabhálais MFi, cumarsáid a dhéanamh leis, ná idiroibriú leis ar shlí eile (mar a shainmhínítear thuas) ná é a rialú trí iompróirí gan sreang nó trí nascóirí tintrí nó 30-pionna Apple ach amháin (i) má tá a leithéid de Gabhálais MFi ceadúnaithe faoi Chlár MFi ag tráth a chuirfidh Tú D'Fheidhmchlár isteach ar dtús, (ii) má chuir Ceadúnaí MFi D'Fheidhmchlár le liosta díobhsan atá ceadaithe le haghaidh idir-inoibritheacht le Gabhálais MFi dá chuid, agus (iii) má tá cead faighte ag Ceadúnaí MFi ó Chlár MFi le haghaidh breis den chineál sin.

B. Líonra Ceallach

(i) Má theastaíonn rochtain ar an líonra ceallach ó Fheidhmchlár nó má bheidh rochtain aige air:

- Ní mór an Feidhmchlár sin cloí le dea-chleachtais Apple agus le treoirlínte eile maidir leis an gcaoi ar cheart D'Fheidhmchláir rochtain a fháil ar an líonra ceallach agus é a úsáid; agus

- Ní mór nach n-úsáidfí an Feidhmchlár sin, i mbreithiúnas réasúnta de chuid Apple, acmhainn líonra ná bandaleithead líonra go hiomarcach ná nach gcuirfidh sé ualach míchuí orthu.

(ii) Ós rud é go bhféadfadh roinnt oibreoirí líonra móibíleach cosc nó srian a chur le húsáid fheidhmiúlacht Phrótagal Idirlinn Gutha (VoIP) thar a líonra, amhail úsáid teileafónaíochta VoIP thar líonra ceallach, agus go bhféadfadh siad táillí breise nó muirir eile a ghearradh i ndáil le VoIP, aontaíonn Tú úsáideoirí deiridh a chur ar an eolas, roimh cheannach, chun téarmaí an chomhaontaithe lena n-oibreoir a léamh, mar shampla, tríd an bhfógra seo a sholáthar sa téacs margaíochta a sholáthraíonn tú ag gabháil le d'Fheidhmchlár ar an App Store. Ina theannta sin, má cheadaíonn D'Fheidhmchlár d'úsáideoirí deiridh teachtaireachtaí SMS a sheoladh nó glaonna gutha ceallacha a chur, ní mór Duit an t-úsáideoir deiridh a chur ar an eolas, sula n-úsáideann sé feidhmiúlacht den chineál sin, go bhféadfadh rátaí caighdeánacha téacsála nó táillí iompróra eile a bheith i bhfeidhm maidir leis an úsáid seo.

C. Seirbhís Brúfhógraí Apple agus Fógraí Áitiúla

Ní mór gach úsáid a bhaintear as Brúfhógraí trí Seirbhís Brúfhógraí Apple nó trí Fógraí Áitiúla a bheith i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo (lena n-áirítear na Ceanglais maidir leis gClár) agus Ceangaltán 1 (Téarmaí Breise maidir le Seirbhís Brúfhógraí Apple agus leis na Fógraí Áitiúla).

D. iCloud

Ní mór gach úsáid a bhaintear as APIanna iCloud Storage agus APIanna CloudKit, chomh maith leis an úsáid bhaineann Tú as seirbhís iCloud faoin gComhaontú seo, a bheith i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo (lena n-áirítear na Ceanglais maidir leis an gClár) agus Ceangaltán 4 (Téarmaí Breise maidir le húsáid iCloud).

E. Breiseáin

Ní mór go soláthróidh Feidhmchláir a chuimsíonn breiseáin sa bheart Feidhmchláir roinnt feidhmiúlachta thar na breiseáin amháin (m.sh., scáileáin chabhrach, socruithe breise), mura gcuimsíonn Feidhmchlár Breiseáin WatchKit. Ina theannta sin:

- Féadfar gcuimseoidh breiseáin (seachas Breiseáin WatchKit) fógraíocht, cur chun cinn táirgí, margaíocht dhíreach, nó tairiscintí Ceannachán Ionaípe ina n-amharc breiseáin;

- Ní fhéadfaidh breiseáin scáileán iomlán táirge ar de bhranda Apple é a cheilt, ná úsáideoir a atreorú, bac a chur ar úsáid a bhainfidh úsáideoir as Feidhmchláir forbróra eile nó as aon fheidhmiúlacht nó seirbhís a sholáthraíonn Apple ná cur isteach uirthi ar shlí nár nochtadh ná gan choinne;

- Ní fhéadfaidh breiseáin oibriú ach i limistéir iOS, watchOS, iPadOS, tvOS, nó visionOS atá ainmnithe ag Apple mar atá leagtha amach sa Doiciméadacht;

- Ní mór breiseáin a sholáthraíonn feidhmiúlacht méarchláir a bheith in ann oibriú neamhspleách ar rochtain ar aon líonra agus ní mór carachtair Unicode (seachas íomhánna pictiúrtha amháin) a bheith iontu;

- Ní mór aon logáil eochairbhuillí a dhéanann aon bhreiseán den chineál sin a nochtadh go soiléir don úsáideoir deiridh sula seolfar aon sonraí den chineál sin ó iOS nó iPadOS, agus d'ainneoin aon ní eile in **Alt 3.3.3(B)**, ní fhéadfaidh sonraí den chineál sin a úsáid ach amháin chun feidhmiúlacht méarchláir D'Fheidhmchláir a sholáthar nó feabhas a chur uirthi (m.sh., ní chun fógraíocht a sholáthar);

- Ní mór aon scagadh teachtaireachtaí a dhéanann breiseán a nochtadh go soiléir don úsáideoir deiridh, agus d'ainneoin aon ní eile in **Alt 3.3.3(B)**, ní fhéadfar aon sonraí SMS ná MMS (má fuarthas rochtain orthu trí bhreiseán scagtha teachtaireachta nó má sheol iOS iad chuig freastalaí comhfhreagrach an bhreiseáin curtha teachtaireachtaí) a úsáid ach amháin chun eispéireas curtha teachtaireachtaí an úsáideora a sholáthar nó feabhas a chur air trí thurscar nó teachtaireachtaí ó fhoinsí anaithnide a laghdú, agus ní mór nach n-úsáidfear iad chun fógraíocht a sholáthar ná chun aon chríche eile. Ina theannta sin, ní fhéadfar sonraí SMS nó MMS ó úsáideoir a bhfuil rochtain orthu laistigh den bhreiseán a easpórtáil ó limistéar áirthaigh atá ainmnithe don bhreiseán ar aon slí; agus

- Ní mór nach n-uathoibreoidh D'Fheidhmchlár suiteáil na mbreiseán ná nach mbeidh sé ina chúis go suiteálfar breiseáin ar shlí eile gan fios a bheith ag an úsáideoir, agus ní mór Duit cuspóir agus feidhmiúlacht an bhreiseáin a shonrú go cruinn don úsáideoir.

F. APIInna DeviceCheck

Má úsáideann Tú APIInna DeviceCheck chun Sonraí DeviceCheck a stóráil, ní mór Duit sásra a sholáthar do chustaiméirí chun dul i dteagmháil Leat chun na luachanna sin a athshocrú, más infheidhme (m.sh. síntiús trialach a athshocrú nó úsáid áirithe a ath-údarú nuair a fhaigheann úsáideoir nua an gléas). Ní fhéadfaidh Tú brath ar Shonraí DeviceCheck mar aitheantóir aonair iompair chalaoisigh agus ní mór Duit Sonraí DeviceCheck a úsáid ach i dtaobh le sonraí nó faisnéis eile, m.sh., ní féidir le Sonraí DeviceCheck a bheith mar an t-aon phointe sonraí amháin ós rud é go bhféadfadh sé gur aistríodh nó gur athdhíoladh gléas. Forchoimeádann Apple an ceart aon Sonraí DeviceCheck a scriosadh tráth ar bith de réir a lánrogha féin, agus aontaíonn Tú gan brath ar aon Sonraí den chineál sin. Ina theannta sin, aontaíonn Tú gan ceadchomharthaí DeviceCheck a fhaigheann Tú ó Apple a chomhroinnt le haon tríú páirtí, ach amháin le Soláthraí Seirbhíse atá ag gníomhú thar Do cheann.

G. Wi-Fi Aware Framework

Ní fhéadfaidh Tusa agus D'Fheidhmchlár Wi-Fi Aware Framework nó faisnéis maidir le Wi-Fi Aware a úsáid ach chun nascacht idir píaraí agus acmhainní aistrithe sonraí maidir le D'Fheidhmchlár a sholáthar. Ní mór Duit agus D'Fheidhmchlár faisnéis maidir le Wi-Fi Aware a stóráil agus í a tharchur i measc gléasanna na n-úsáideoirí deiridh a bhfuil acmhainn Wi-Fi Aware acu ar shlí shlán agus chriptithe ó cheann go ceann agus ní mór nach n-úsáidfear í chun críoch nach mbaineann leis sin (m.sh. le haghaidh fógraíochta). Ní fhéadfaidh Tusa agus D'Fheidhmchlár faisnéis maidir le Wi-Fi Aware a stóráil go cianda (m.sh. ar sheirbhís néil nó ar chianghléas eile) nó faisnéis maidir le Wi-Fi Aware a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar shuíomh úsáideora dheiridh. Admhaíonn Tú go bhfuil an úsáid a bhaineann Tú as Wi-Fi Aware Framework faoi réir **Alt 3.3.3**. Ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár an nasc a choinneáil gníomhach le linn do na gléasanna nasctha a bheith díomhaoin. Forchoimeádann Apple an ceart chun teorainneacha a fhorchur ar Wi-Fi Aware Framework dá ndíghrádóidh an úsáid a bhaineann D'Fheidhmchlár aisti feidhmiúcht gléis ar shlí eile.

H. APIInna TelephonyMessagingKit

Chun APIInna TelephonyMessagingKit a úsáid, ní mór D'Fheidhmchlár a chur ar chumas úsáideora dheiridh teachtaireachtaí ar chuir sé tús leo a chur agus féachaint ar theachtairachtaí a fuarthas roimh ré agus úsáid á baint as APIInna den chineál sin. Ní mór Duit agus D'Fheidhmchlár teachtaireachtaí úsáideoirí agus meiteashonraí gaolmhara a fuarthas agus úsáid á baint as APIInna TelephonyMessagingKit a stóráil agus a tharchur ar shlí shlán (m.sh. ní mór teachtaireachtaí a shioncronaítear le freastalaí a chriptiú faoi bhealach agus ar fos). Ní fhéadfaidh D'fheidhmchlár APIInna TelephonyMessagingKit a úsáid chun teachtaireachtaí nár iarradh a chur ná chun críche fiosaiceachta nó spamála, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do pháirt a ghlacadh in aon ghníomhaíocht a sháraíonn dlíthe agus rialacháin friturscair, nó atá mídhleathach ar shlí eile.

I. APIInna Diaileora Réamhshocraithe

Ní mór Duit agus D'Fheidhmchlár stair comhráite agus meiteashonraí gaolmhara le haghaidh glaonna atá bunaithe ar iompróir a fuarthas agus úsáid á baint as APIInna Diaileora Réamhshocraithe a stóráil agus a tharchur ar shlí shlán (m.sh. ní mór stair comhráite a shioncronaítear le freastalaí a chriptiú faoi bhealach agus ar fos). Ní fhéadfaidh D'fheidhmchlár APIInna Diaileora Réamhshocraithe a úsáid chun teachtaireachtaí nár iarradh a chur ná chun críche fiosaiceachta nó spamála, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do pháirt a ghlacadh in aon chineál gníomhaíochtaí a sháraíonn dlíthe agus rialacháin friturscair, nó atá mídhleathach ar shlí eile.

J. Accessory Notifications Framework agus Accessory Live Activities Framework

Ní fhéadfaidh Tú féin, d'Fheidhmchlár ná do Ghabhálás Sprioc Údaraithe Faisnéis Athsheolta a úsáid chun críocha fógraíochta, próifílithe, samhlacha oiliúna ná monatóireacht a dhéanamh ar shuíomh. Ní fhéadfaidh Tú féin ná D'Fheidhmchlár an Fhaisnéis Athsheolta a scaipeadh chuig aon Fheidhmchlár eile ná aon ghléas eile seachas do Ghabhálás Sprioc Údaraithe. Agus ní fhéadfaidh Gabhálás Sprioc Údaraithe Faisnéis Athsheolta ná aon eochracha cripteagrafacha gaolmhara a chomhroinnt le haon ghléas eile, lena n-áirítear iPhone an úsáideora deiridh nó aon Ghabhálás Sprioc Údaraithe eile. Ní fhéadfaidh Tú féin, D'Fheidhmchlár agus do Ghabhálás Sprioc Údaraithe an Fhaisnéis Athsheolta a mhodhnú ar bhealach a athraíonn brí na Faisnéise Athsheolta go hábhartha, agus ní fhéadfaidh siad sin a dhéanamh ach amháin a mhéid is gá go réasúnta chun an Fhaisnéis Athsheolta a nochtadh go leordhóthanach don úsáideoir deiridh ar do Ghabhálás Sprioc Údaraithe.

Ní fhéadfaidh Tú féin, D'Fheidhmchlár agus do Ghabhálás Sprioc Údaraithe aon Fhaisnéis Athsheolta a stóráil go cianda (m.sh. ar sheirbhís scamall nó ar ghléas cianda eile), ach amháin de réir mar is gá chun seachadadh chuig do Ghabhálás Sprioc Údaraithe a chumasú. Ní fhéadfar an Fhaisnéis Athsheolta a dhíchriptiú seachas ar do Ghabhálás Sprioc Údaraithe. Aithníonn Tú go bhfuil D'úsáid den Accessory Notifications Framework, den Accessory Live Activities Framework agus den Fhaisnéis Athsheolta faoi réir Alt 3.3.3. Aithníonn tú agus aontaíonn tú freisin go bhfuil Tú féin agus D'Fheidhmchlár freagrach do Apple as comhlíonadh Do Ghabhálais Sprioc Údaraithe leis an Alt 3.3.7(J).

Fiú mura n-úsáideann D'Fheidhmchlár Accessory Notifications Framework ná Accessory Live Activities Framework, toilíonn Tú go bhféadfar Faisnéis Athsheolta a bhaineann le D'Fheidhmchlár a atreorú chuig Gabhálás Sprioc Údaraithe forbróra eile, fad is a bheidh údarú sainráite tugtha ag an úsáideoir deiridh.

K. Foveated Streaming Framework

Féadfaidh Tú féin, D'Fheidhmchlár agus aon tseirbhís a n-idirghníomhaíonn D'Fheidhmchlár léi an Foveated Streaming Framework agus Faisnéis maidir le Sruthú Rianaithe Súile a úsáid, ach amháin le haghaidh sruthú ábhair, sonraí nó faisnéise i ndáil le D'Fheidhmchlár, agus ní mór duit an Fhaisnéis maidir le Sruthú Rianaithe Súile a stóráil agus a tharchur ar bhealach slán. Ní fhéadfaidh Tú féin, D'Fheidhmchlár ná aon tseirbhís a ndéanann D'Fheidhmchlár cumarsáid léi an Fhaisnéis maidir le Sruthú Rianaithe Súile a úsáid, a chumasú, a chur chun cinn, ná a chur ar fáil chun críocha neamhghaolmhara (m.sh., chun críocha fógraíochta nó anailísíochta). Ní

fhéadfaidh tú sonraí úsáideora a fhaightear ón gcreat seo a chomhroinnt ná a dhíol le hardáin fógraíochta, le bróicéirí sonraí ná le hathdhíoltóirí faisnéise. Aithníonn tú go bhfuil d'úsáid den Foveated Streaming Framework faoi réir **Alt 3.3.3**.

L. Media Device Extension Framework

Ba chóir gurb é an t-aon chuspóir atá le d'Fheidhmchlár a chuachann an Síneadh Gléas Meán agus a úsáideann an Media Device Extension Framework atá laistigh den Síneadh Gléas Meán ná an Síneadh Gléas Meán a sheachadadh agus a shuiteáil ar iPhone nó iPad úsáideora deiridh.

M. Spatial Audio Extension APIs

Ní féidir leatsa, d'fheidhmchlár agus a shíntí aon sonraí, ábhar ná teileamaitice a ródú chuig nó óna chluasán Bluetooth ceangailte ag baint úsáide as na Spatial Audio Extension APIanna mura mbaineann sé le rianú cinn chun fuaim spásúil a rindreáil. Seachas an ródú áitiúil ceadaithe ar shonraí chuig agus óna chluasán Bluetooth ceangailte, ní cheadaítear duit aon sonraí braiteora, gluaisne nó fuaim a fhaightear trí na APIanna Síneadh Fuaime Spásúil a onnmhairiú, a roinnt, a dhíol nó a stóráil go cianda (mar shampla, ar sheirbhís scamall) do aon chríche, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do phróifíliú, anailísíocht, fógraíocht nó oiliúint samhlacha. Ní mór sonraí fuaim a phróiseáil le haghaidh fuaim spásúil trí APIanna Síneadh Fuaime Spásúil a phróiseáil go háitiúil ar ghléas an úsáideora deiridh. Ní cheadaítear do d'Iarratas ach úsáid a bhaint as an lasc Fuaime Spásúil sa Ionad Rialaithe chun athrú idir modh Fuaime Spásúil seasta agus modh rianaithe ceann.

3.3.8 Teicneolaíochtaí Eile

A. Xcode Cloud

(i) A mhéid a úsáideann Tú Seirbhís Xcode Cloud chun Inneachar Xcode Cloud de Do chuid a bhainistiú agus Do chuid Feidhmchlár a thógáil, deonaíonn Tú leis seo do Apple, dá chleamhnaithe agus dá ghníomhairí, ceadúnas atá neamheisiach, domhanda, láníochta, agus saor ó dhleachtanna chun Inneachar Xcode Cloud de Do chuid a atáirgeadh, a óstáil, a phróiseáil, a thaispeáint, a tharchur, a mhodhnú, saothar díorthaigh a dhéanamh de agus a úsáid ar shlí eile chun gur féidir le Apple Seirbhís Xcode Cloud a sholáthar. Ní úsáidfí Apple Inneachar Xcode Cloud de Do chuid agus ina cód foinseach ach amháin chun Seirbhís Xcode Cloud a sholáthar Duit. Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas: (a) Is Tusa amháin atá freagrach as Inneachar Xcode Cloud den chineál sin, nach bhfuil aon cheart úinéireachta ag Apple ann, (b) má roghnaíonn Tú seirbhís tríú páirtí a úsáid (m.sh., óstáil cóid fhoinsigh, stóráil déantán, teachtaireachtaí nó seirbhísí tástála) le Seirbhís Xcode Cloud, is Tusa atá freagrach as Do chomhréireacht leis na téarmaí agus leis na coinníollacha a rialaíonn an tseirbhís tríú páirtí sin, (c) ní mheasfar gur dáileadh le haghaidh oibleagáidí conarthacha nó ceadúnaithe é soláthar inneachar arna ghiniúint ag an úsáideoir (m.sh., leaganacha) ag Seirbhís Xcode Cloud, (d) beidh aon rith Inneachar Xcode Cloud de Do chuid laistigh de Xcode Cloud teoranta do thástáil Inneachar Xcode Cloud de Do chuid, (e) ní bheidh Tú ag mianadóireacht cripteá-airgeadraí a dhéanamh agus úsáid á baint as Xcode Cloud, agus (f) comhlíonann Inneachar Xcode Cloud de Do chuid na ceanglais atá leagtha amach maidir le Feidhmchláir in **Ailt 3.3.4(A)(iv)** agus **3.3.4(A)(v)**.

(ii) D'ainneoin nach gcuirfear srian ar aon slí le cearta eile de chuid Apple faoin gComhaontú seo, forchoimeádann Apple an ceart chun beart a dhéanamh, de réir a lánrogha féin, má chinneann Apple nó má tá údar aige a cheapadh gur sháraigh Tú téarma an Chomhaontaithe seo. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis na gníomhartha sin Do rochtain a theorannú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm ar Sheirbhís Xcode Cloud, nó Do leagan a fhoirceannadh.

(iii) Má tá Tú cláraithe i gClár Forbróra Apple mar eagraíocht atá bunaithe san Aontas Eorpach, tá téarmaí breise do Xcode Cloud a bhaineann le Rialachán (AE) 2023/2854 sonraithe ag <https://developer.apple.com/download/files/EU-Data-Act-Terms-XcodeCloud.pdf>.

B. APIInna WeatherKit

Ní mór gach úsáid a bhaintear as APIInna WeatherKit a bheith i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo (lena n-áirítear na Ceanglais maidir leis an gClár) agus Ceangaltán 8 (Téarmaí Breise maidir le húsáid APIInna WeatherKit).

C. Eispéireas Tumthach go Páirteach

Má roghnaíonn Tú eispéireas tumthach go páirteach a sholáthar d'úsáideoirí deiridh (.i., trí stíl .mixedReality a úsáid), déan é seo de réir na Doiciméadachta. Maidir le heispéiris a oclúidíonn réimse radhairc an úsáideora dheiridh go dtí an leibhéal a thuairiscítear sa Doiciméadacht, soláthair eispéireas tumthach go hiomlán (.i., trí stíl .virtualReality a úsáid) ina ionad sin chun teorainn an chórais a sholáthraíonn visionOS a chumasú.

D. API iWork

Féadfaidh Tú API iWork a úsáid chun na réamhamharcanna a chruthú ar dhoiciméid an úsáideora dheiridh atá stóráilte ar D'Fheidhmchlár nó ar Do Tháirge Comhfhreagrach i bhformáidí comhaid Apple Pages, Keynote agus Numbers, trí dhoiciméid den chineál sin a thiontú go formáid PDF. Nuair a úsáideann Tú API iWork, seoltar doiciméad iWork gaolmhar chuig freastalaithe de chuid Apple chun réamhamharc a ghiniúint. Tabharfaidh Tú fógra don úsáideoir deiridh agus/nó gheobhaidh Tú toiliú ón úsáideoir deiridh i gcomhréir leis an Doiciméadacht agus leis na dlíthe is infheidhme.

E. Doimhneacht Éadomhain & Brú

Féadfaidh D'Fheidhmchlár an ghné Doimhneachta Éadoimhne & Brú a úsáid chun sonraí doimhneachta a sholáthar d'úsáideoirí lena n-úsáid i ngníomhaíochtaí uisce éadomhain amháin (m.sh., ag snámh i linn snámha, snorcláil) agus ní fhéadfar é a úsáid i bhfeidhmchlár scúbadóireachta ná le haghaidh gníomhaíochtaí uisce a bhaineann le cur faoi uisce faoi bhun na teorann doimhneachta éadoimhne atá leagtha amach sa Doiciméadacht. Ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár ach sonraí doimhneachta dromchla a thabhairt d'úsáideoirí suas go dtí an teorainn atá leagtha amach sa Doiciméadacht.

F. APIInna Now Playing

Trí úsáid a bhaint as APIInna Now Playing, tuigeann Tú go bhféadfaidh Faisnéis maidir le D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe, meiteashonraí gaolmhara, trádmharcanna agus lógónna a bhaineann le D'Fheidhmchlár, agus inneachar nó faisnéis a chuireann Tú ar fáil trí API Now Playing, ("Faisnéis maidir le Now Playing") a bheith inrochtana trí API Moltaí Dialainne. Aontaíonn Tú, mura gcuireann Tú bratach leis chun críche eisiaimh, go bhféadfar an Fhaisnéis maidir le Now Playing a úsáid agus a thaispeáint i dtaca le moltaí dialainne a sholáthar d'úsáideoirí deiridh trí API Moltaí Dialainne, lena n-áirítear ag forbróirí eile agus a gcuid feidhmchlár.

G. API Curtha Teachtaireachtaí Criticiúla

Ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár API Curtha Teachtaireachtaí Criticiúla a úsáid ach chun rochtain a fháil ar chumais curtha teachtaireachtaí trí SMS le haghaidh cásanna criticiúla. Ní fhéadfaidh Tú API Curtha Teachtaireachtaí Criticiúla a úsáid chun teachtaireachtaí nár iarradh a chur nó chun críche fioscaireachta nó spamála, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do pháirt a ghlacadh in aon chineál gníomhaíochtaí a sháraíonn dlíthe agus rialacháin friturscair, nó atá mícheart, míchuí nó mídhleathach ar shlí eile. Ní gheallann Apple infhaighteacht, cruinneas, iontaofacht nó tráthúlacht teachtaireachtaí a chuirtear trí API Curtha Teachtaireachtaí Criticiúla a úsáid.

H. EnergyKit

Ní mór gach úsáid a bhaintear as APIInna EnergyKit a bheith i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo (lena n-áirítear na Ceanglais maidir leis an gClár) agus Ceangaltán 11 (Téarmaí Breise maidir le húsáid APIInna EnergyKit).

I. Wi-Fi Infrastructure Framework

Ní fhéadfaidh tú féin agus D'Fheidhmchlár an Wi-Fi Infrastructure Framework a úsáid ach amháin chun Faisnéis Chomhroinnte Líonra Wi-Fi a tharchur, trí do Shíneadh Iompair Sonraí Gabhálaí,

ó ghléas de bhranda Apple chuig Gabhálás Sprioc Wi-Fi Údaraithe. Ní fhéadfaidh tú féin agus D'Fheidhmchlár Faisnéis Chomhroinnte Líonra a tharchur ach amháin chun an Gabhálás Sprioc Wi-Fi Údaraithe a nascadh le líonra Wi-Fi ar féidir le gléas Apple an úsáideora deiridh nascadh leis. Ní mór duit féin agus do D'Fheidhmchlár an Fhaisnéis Chomhroinnte Líonra a tharchur go díreach chuig an nGabhálás Sprioc Wi-Fi Údaraithe, agus ar bhealach slán, fíordheimhnithe, agus criptithe ó cheann ceann amháin.

Ní fhéadfaidh tú féin ná D'Fheidhmchlár an Fhaisnéis Chomhroinnte Líonra a scaipeadh le haon Fheidhmchlár eile, ná le haon ghléas eile seachas an Gabhálás Sprioc Wi-Fi Údaraithe. Agus ní fhéadfaidh Gabhálás Sprioc Údaraithe, faoi aon imthosca, Faisnéis Chomhroinnte Líonra Wi-Fi a chomhroinnt le haon ghléas eile, lena n-áirítear gléas Apple an úsáideora deiridh nó aon Ghabhálás Sprioc Údaraithe eile. Ní fhéadfaidh tú féin, D'Fheidhmchlár, ná an Gabhálás Sprioc Údaraithe Faisnéis Chomhroinnte Líonra Wi-Fi a úsáid chun aon chríocha neamhghaolmhara (m.sh., le haghaidh fógraíochta, próifíliú, samhlacha oiliúna, monatóireacht a dhéanamh ar shuíomh). Aithníonn tú go bhfuil d'úsáid den Wi-Fi Infrastructure Framework agus den Fhaisnéis maidir le Comhroinnt Líonra Wi-Fi faoi réir **Alt 3.3.3**. Aithníonn tú agus aontaíonn tú freisin go bhfuil Tú féin agus D'Fheidhmchlár freagrach do Apple as comhlíonadh an Ghabhálaí Sprioc Údaraithe leis an **Alt 3.3.8(J)**.

3.3.9 Idirbhearta agus Pasanna

A. Ceannacháin Ionaípe API

Ní mór gach úsáid a bhaintear as Ceannacháin Ionaípe API agus as seirbhísí gaolmhara a bheith i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo (lena n-áirítear na Ceanglais maidir leis an gClár) agus Ceangaltán 2 (Téarmaí Breise maidir le hÚsáid Ceannacháin Ionaípe API).

B. Wallet

Ní mór forbairt ar Phasanna agus úsáid Aitheantais Cineáil Pas agus Wallet faoin gComhaontú seo, a bheith i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo (lena n-áirítear na Ceanglais maidir leis an gClár) agus Ceangaltán 5 (Téarmaí Breise maidir le Pasanna).

C. APIanna Apple Pay

(i) Ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár APIanna Apple Pay a úsáid ach amháin chun idirbhearta íocaíochta a dhéanann D'Fheidhmchlár nó a dhéantar tríd a éascú, agus ach amháin chun earraí agus seirbhísí atá le húsáid lasmuigh d'aon iPhone, iPad nó Apple Watch a cheannach, mura gceadaíonn Apple a mhalairt i scríbhinn. Ar mhaithe le soiléireacht, ní chuireann aon ní in **Alt 3.3.9(C)(i)** ionad ar aon cheann de na rialacha nó ceanglais maidir le húsáid Ceannacháin Ionaípe API, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'**Alt 3.3.1(C)** agus na treoirínte. Ina theannta sin:

- Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú nach bhfuil Apple ina pháirtí in aon idirbheart íocaíochta a éascaítear trí úsáid a bhaint as APIanna Apple Pay agus nach eisean atá freagrach as aon cheann de na hidirbhearta sin, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do neamh-infhaighteacht aon chárta íocaíochta úsáideora dheiridh nó calaois íocaíochta. Bíonn idirbhearta íocaíochta den chineál sin idir Tusa agus Do bhanc, D'fhaighteoir, Do líonraí cártaí, nó páirtithe eile a úsáideann Tú chun idirbheart a phróiseáil, agus is Tusa atá freagrach as aon chomhaontú a rinne Tú le tríú páirtithe den chineál sin a chomhlíonadh. I gcásanna áirithe, féadfaidh téarmaí a bheith i gcomhaontuithe den chineál sin a shonraíonn cearta, oibleagáidí nó teorainneacha sonracha a nglacann Tú leo agus a ghlacann Tú maidir le Do chinneadh feidhmiúlacht APIanna Apple Pay a úsáid;

- Aontaíonn Tú aon eochair phríobháideach a chuirtear ar fáil Duit a stóráil mar chuid den úsáid a bhaineann Tú as APIanna Apple Pay ar shlí shlán (m.sh., criptithe ar fhreastalaí) agus de réir na Doiciméadachta. Aontaíonn Tú gan aon fhaisnéis de chuid an úsáideora dheiridh maidir le híocaíochtaí a stóráil ar shlí neamhchriptithe ar iPhone ná iPad. Ar mhaithe le soiléireacht, ní

fhéadfaidh Tú aon fhaisnéis de chuid an úsáideora dheiridh maidir le híocaíochtaí a dhíchriptiú ar iPhone ná iPad.

- Aontaíonn Tú gan glaoch ar APIInna Apple Pay ná iarracht a dhéanamh ar shlí eile ar fhaisnéis a fháil trí APIInna Apple Pay chun críocha nach mbaineann le hidirbhearta íocaíochta úsáideora dheiridh a éascú;

- Má stórálaíonn D'Fheidhmchlár iarmhéideanna úsáideoirí deiridh, féadfaidh Tú APIInna Apple Pay a úsáid chun na cistí a aistriú chuig cártaí a n-eisitheoirí arna soláthar in Apple Pay; agus

- Má úsáideann Tú APIInna Apple Pay i D'Fheidhmchlár, aontaíonn Tú iarrachtaí atá réasúnta ó thaobh tráchtála de a dhéanamh chun Apple Cash a chur san áireamh mar rogha íocaíochta leis an úsáid a bhaineann Tú as APIInna Apple Pay i gcomhréir leis an Doiciméadacht agus ar choinníoll go bhfuil Apple Cash ar fáil sa dlínse ina ndáiltear an Feidhmchlár.

(ii) Mar chuid d'idirbheart íocaíochta úsáideora dheiridh a éascú trí APIInna Apple Pay, féadfaidh Apple Pálasta Apple Pay a sholáthar Duit (beag beann an bhfuil Tú ag gníomhú mar Cheannaí, mar Pháirtí Idirghabhálach, nó ag taispeáint leathanach gréasáin an Cheannaí a éascaíonn idirbheart íocaíochta úsáideora dheiridh de chuid Apple Pay). Má fhaigheann Tú Pálasta Apple Pay, aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas:

- Má tá Tú ag gníomhú mar Cheannaí, ansin féadfaidh Tú Pálasta Apple Pay a úsáid chun an t-idirbheart íocaíochta úsáideora dheiridh a phróiseáil agus le haghaidh úsáidí eile a nochtann Tú don úsáideoir deiridh, agus i gcomhréir leis an dlí is infheidhme amháin;

- Má tá Tú ag gníomhú mar Pháirtí Idirghabhálach;

(a) Ní fhéadfaidh Tú Pálasta Apple Pay a úsáid ach amháin chun an t-idirbheart íocaíochta idir an Ceannaí agus an t-úsáideoir deiridh a éascú, agus chun do chríocha bainistíochta orduithe féin (m.sh., seirbhís do chustaiméirí) mar chuid den idirbheart sin;

(b) Aontaíonn Tú nach gcoinneoidh Tú sonraí Phálasta Apple Pay ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun an t-idirbheart íocaíochta a chomhlíonadh agus chun críoch bainistíochta orduithe ar chucu a bailíodh iad;

(c) Aontaíonn Tú gan sonraí a fuarthas trí APIInna Apple Pay a chomhcheangal, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do Phálasta Apple Pay, le haon sonraí eile a d'fhéadfadh a bheith Agat faoi úsáideoir deiridh den chineál sin (ach amháin a mhéid teoranta atá riachtanach chun críoch bainistíochta orduithe). Ar mhaithe le soiléireacht, ní fhéadfaidh Páirtí Idirghabhálach sonraí a fuarthas trí APIInna Apple Pay a úsáid chun críoch fógraíochta nó margaíochta, chun próifíl úsáideora a fhorbairt nó fheabhas a chur uirthi, nó chun díriú ar úsáideoirí deiridh ar shlí eile;

(d) Aontaíonn Tú go nochtfaidh Tú d'úsáideoirí deiridh gur Páirtí Idirghabhálach Thú san idirbheart agus aitheantas an Cheannaí le haghaidh idirbheart áirithe a sholáthar ar Bhileog Íocaíochta Apple Pay (chomh maith le D'ainm mar Pháirtí Idirghabhálach a áireamh); agus

(e) Má úsáideann Tú Ceannaí, is Tusa a bheidh freagrach as a chinntiú nach n-úsáidfí an Ceannaí a roghnaíonn Tú Pálasta Apple Pay a sholáthair Tú ach chun an t-idirbheart íocaíochta úsáideora dheiridh a phróiseáil agus le haghaidh úsáidí eile a nocht siad don úsáideoir deiridh, agus i gcomhréir leis an dlí is infheidhme amháin. Aontaíonn Tú comhaontú scríofa ceangailteach a dhéanamh le Ceannaí den chineál sin ina bhfuil téarmaí atá chomh sriantach agus cosantach do Apple ar a laghad leis na téarmaí atá leagtha amach anseo istigh. Measfar gur Tusa a rinne aon ghníomh a dhéanfaidh an Ceannaí sin maidir le Pálasta Apple Pay den chineál sin nó leis an idirbheart íocaíochta, agus is Tusa (i dteannta an Cheannaí sin) a bheidh freagrach do Apple as na gníomhartha sin go léir (nó aon neamhghníomh). I gcás aon ghníomh nó neamhghníomh ag an gCeannaí sin a bheadh ina shárú an Chomhaontaithe seo nó a dhéanadh díobháil ar shlí eile, forchoimeádann Apple an ceart chun a cheangal Ort scor d'úsáid a bhaint as an gCeannaí sin, agus

- Má tá leathanach gréasáin an Cheannai á thaispeáint Agat a éascaíonn idirbheart íocaíochta úsáideora dheiridh de chuid Apple Pay ach níl Tú ag gníomhú mar Pháirtí Idirghabhálach ná mar Cheannai (.i., óstálann Tú seiceáil amach ceannai trí WKWebView):

(a) Aontaíonn Tú gan rochtain a fháil ar Phálasta Apple Pay ar chúis ar bith; agus
(b) Aontaíonn Tú gan faisnéis a bhaintear d'idirbheart íocaíochta Apple Pay nó a bhaineann leis a úsáid chun críocha seachas leathanach gréasáin an Cheannai a thaispeáint.

- Má úsáideann Tú APIInna Apple Pay i Do chuid Táirgí Comhfhreagracha, ansin aontaíonn Tú cloí leis na Treoirínte maidir le hÚsáid Inghlactha do Apple Pay on the Web (atá le fáil ag <https://developer.apple.com/apple-pay/acceptable-use-guidelines-for-websites/>), le Téarmaí agus Coinníollacha Gréasáin Ardán Apple Pay is infheidhme, agus leis na comhaontuithe gaolmhara. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, nuair a úsáideann Tú APIInna Apple Pay i Do chuid Táirgí Comhfhreagracha, cuimsítear sa chiall atá le “suíomh gréasáin” sna Treoirínte maidir le hÚsáid Inghlactha do Apple Pay on the Web agus le “Suíomh gréasáin” i dTéarmaí agus Coinníollacha Gréasáin Ardán Apple Pay agus comhaontuithe gaolmhara, Do chuid Táirgí Comhfhreagracha a úsáideann APIInna Apple Pay chun idirbhearta a éascú.

- I gcás **Alt 3.3.9(C)** amháin, ciallaíonn “Apple” Apple Payments Services LLC atá lonnaithe ag 6900 W. Parmer Lane, Oifig Uimh. AC1-2225, Austin, Texas 78729, má tá Tú lonnaithe sna Stáit Aontaithe.

D. APIInna Tapáil le hÍoc

(i) Ní fhéadfaidh D'fheidhmchlár APIInna Tapáil le hÍoc a úsáid ach chun a chur ar chumas na gCeannaithe idirbhearta a dhéanamh trí D'fheidhmchlár agus ní mór nach bhfaighidh D'fheidhmchlár rochtain ar APIInna Tapáil le hÍoc mura dtabharfaidh Apple ceart Duit le haghaidh rochtain den chineál sin. Ina theannta sin, admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas:

- Níl Apple ina pháirtí in aon idirbheart a éascaítear trí úsáid a bhaint as APIInna Tapáil le hÍoc agus ní heisean atá freagrach as aon idirbheart den chineál sin, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do neamh-infhaighteacht aon chárta íocaíochta nó calaois íocaíochta. Tá na hidirbhearta sin idir Tusa, an Ceannai, agus Do Sholáthraí Seirbhíse Íocaíochta, D'fhaighteoir, Do Líonraí cártaí, nó páirtithe eile a úsáideann Tú chun idirbheart a phróiseáil, agus is Tusa atá freagrach as aon chomhaontuithe a rinne Tú le tríú páirtithe den chineál sin a chomhlíonadh. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh téarmaí a bheith i gcomhaontuithe den chineál sin a shonraíonn cearta, oibleagáidí nó teorainneacha sonracha a nglacann Tú leo agus a ghlacann Tú maidir le Do chinneadh feidhmiúlacht APIInna Tapáil le hÍoc a úsáid;

- Stórálfaidh Tú aon eochair phríobháideach agus Sonraí TTP a sholáthraítear Duit mar chuid den úsáid a bhaineann Tú as APIInna Tapáil le hÍoc ar shlí shlán (m.sh., criptithe ar fhreastalaí) agus i gcomhréir leis an Doiciméadacht. Ar mhaithe le soiléireacht, ní fhéadfaidh Tú aon Sonraí TTP criptithe a dhíchriptiú mura mbeidh Tú ag próiseáil Sonraí TTP mar Sholáthraí Seirbhíse Íocaíochta;

- Ní glaofaídh Tú ar APIInna TTP nó iarracht a dhéanamh ar shlí eile ar fhaisnéis a fháil trí APIInna TTP chun críocha nach mbaineann le cur ar chumas na gCeannaithe idirbhearta a dhéanamh trí úsáid a bhaint as D'fheidhmchlár;

- Níl aon fhreagracht ar Apple a sheiceáil go bhfuil na hidirbhearta a éascaíonn APIInna Tapáil le hÍoc údaraithe mar is cuí. Ní bheidh Apple faoi dhliteanas i gcás ar bith i leith aon idirbheart neamhúdaráithe nó calaoiseach;

- Déanfaidh Tú iarrachtaí atá réasúnta ó thaobh tráchtála de chun Apple Pay a áireamh mar rogha íocaíochta leis an úsáid a bhainfidh Tú as APIInna Tapáil le hÍoc i gcomhréir leis an

Doiciméadacht agus ar choinníoll go bhfuil Apple Pay ar fáil sa dlínse ina ndáiltear D'Fheidhmchlár.

(ii) Féadfaidh Apple Sonraí TTP a sholáthar Duit (beag beann an bhfuil Tú ag gníomhú mar Cheannai nó mar Pháirtí Idirghabhálach). Má fhaigheann Tú Sonraí TTP, aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas:

- Má tá Tú ag gníomhú mar Cheannai, ansin ní fhéadfaidh Tú Sonraí TTP a úsáid ach chun an t-idirbheart a phróiseáil agus chun críoch bainistíochta ordaithe, i ngach cás, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme;

- Má tá Tú ag gníomhú mar Pháirtí Idirghabhálach; (a) ní fhéadfaidh Tú Sonraí TTP a úsáid ach chun an t-idirbheart idir an Ceannai agus custaiméir an Cheannai a éascú agus chun críoch bainistíochta ordaithe; (b) ní mór Duit aistriú nó nochtadh Shonraí TTP a shrianadh do na páirtithe sin amháin atá ag teastáil an t-idirbheart a éascú; (c) ní fhéadfaidh Tú Sonraí TTP a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun an t-idirbheart a chomhlíonadh nó chun críoch bainistíochta ordaithe; agus (d) ní fhéadfaidh Tú sonraí a fhaightear trí APIInna Tapáil le hóc a chomhcheangal, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do Shonraí TTP le haon sonraí eile a d'fhéadfadh a bheith Agat faoin gCeannai nó Custaiméir Ceannai atá bainteach leis an idirbheart (ach amháin a mhéid teoranta atá riachtanach chun an t-idirbheart a éascú agus chun críoch bainistíochta ordaithe). Ar mhaithe le soiléireacht, ní fhéadfaidh Páirtí Idirghabhálach sonraí a fhaightear trí APIInna Tapáil le hóc a úsáid chun críoch fógraíochta nó margaíochta, chun próifíl custaiméara Ceannai a fhorbairt nó feabhas a chur uirthi, nó chun díriú ar chustaiméirí Ceannai ar shlí eile;

- Mura bhfuil Tú ag gníomhú mar Sholáthraí Seirbhíse Íocaíochta, ní mór Duit: (i) comhaontú a dhéanamh le Soláthraí Seirbhíse Íocaíochta agus (ii) a chinntiú nach n-úsáideann an Soláthraí Seirbhíse Íocaíochta sin Sonraí TTP a fhaigheann Tú ach chun an t-idirbheart a phróiseáil, a fhéadfaidh cur i bhfeidhm seirbhísí braite calaoise a áireamh, agus chun críoch bainistíochta ordaithe, i ngach cás, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. Ar mhaithe le soiléireacht, is é do Sholáthraí Seirbhíse Tríú Páirtí an Soláthraí Seirbhíse Íocaíochta sin. Beag beann an Ceannai nó Páirtí Idirghabhálach Thú, measfar gur Tusa a rinne aon ghníomh a dhéanfaidh Do Sholáthraí Seirbhíse Íocaíochta maidir le Sonraí TTP a d'aistrigh Tú chuig Do Sholáthraí Seirbhíse Íocaíochta, agus is Tusa (chomh maith le do Sholáthraí Seirbhíse Íocaíochta) a bheidh freagrach do Apple agus do chustaiméir an Cheannai as gach gníomh den chineál sin (nó as aon neamhghníomh);

- Más Páirtí Idirghabhálach Thú, ní mór D'Fheidhmchlár a chinntiú go nglacfaidh gach Ceannai a úsáideann D'Fheidhmchlár le Téarmaí agus Coinníollacha an Ardáin Tapáil le hóc agus go n-aontóidh siad leo sula gcuirfear ar chumas an Cheannai sin aon idirbheart a dhéanamh agus úsáid á baint as D'Fheidhmchlár i gcomhréir leis an Doiciméadacht. Más Ceannai Thú, ní mór Duit glacadh le Téarmaí agus Coinníollacha an Ardáin Tapáil le hóc agus aontú leo sula ndéanfaidh Tú aon idirbheart i D'Fheidhmchlár.

Forchoimeádann Apple an ceart gan ceart a thabhairt Duit chun APIInna Tapáil le hóc a úsáid de réir a lánrogha féin agus chun an ceart sin a chúlghairm tráth ar bith.

I gcás Alt 3.3.9(D) amháin, ciallaíonn "Apple" Apple Payments Services LLC atá lonnaithe ag 6900 W. Parmer Lane, Oifig Uimh. AC1-2225, Austin, Texas 78729, má tá Tú lonnaithe sna Stáit Aontaithe.

E. APIInna Rannpháirtíochta do Chustaiméirí

Féadfaidh d'Fheidhmchlár na APIInna Rannpháirtíochta do Chustaiméirí a úsáid ach amháin chun cur ar chumas Ceannaithe dul i mbun Idirghníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Custaiméirí de réir na Doiciméadachta. Chun teidlíocht a fháil, ní mór do d'Fheidhmchlár na riachtanais go léir a

chuirtear ar fáil sa Cháipéisíocht a chomhlíonadh. Ina theannta sin, admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú:

- Níl Apple ina pháirtí in aon Idirghníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Custaiméirí agus níl sé freagrach as aon Idirghníomhaíochtaí den sórt sin. Tá Idirghníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Custaiméirí idir Tusa, an Ceannáí agus an t-úsáideoir deiridh; agus tá tú freagrach as comhlíonadh aon chomhaontuithe atá agat le tríú páirtithe den sórt sin. I gcásanna áirithe, féadfaidh téarmaí a bheith sna comhaontuithe sin lena sonraítear cearta, oibleagáidí nó teorainneacha a nglacann Tú leo agus a ghlacann Tú féin i ndáil le do chinneadh feidhmiúlacht APIInna Rannpháirtíochta Custaiméirí a úsáid.

- Stórálfaidh tú aon eochracha príobháideacha agus Sonraí Rannpháirtíochta Custaiméirí a chuirtear ar fáil duit mar chuid den úsáid a bhaineann tú as na APIInna Rannpháirtíochta Custaiméirí ar bhealach slán (m.sh., criptithe ar fhreastalaí) agus de réir na Cáipéisíochta. Ar mhaithe le soiléireacht, ní cead duit aon Sonraí Rannpháirtíochta Custaiméirí atá criptithe a dhíchriptiú ach amháin ar mhaithe le Ceannaithe a chumasú chun Idirghníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Custaiméirí a dhéanamh de réir na Doiciméadúcháin.

- Ní dhéanfaidh tú glaoch ar na APIInna Rannpháirtíochta Custaiméirí ná iarracht ar shlí eile faisnéis a fháil tríothu, ar aon chuspóir nach mbaineann le cur ar chumas Ceannaithe dul i mbun Idirghníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Custaiméirí de réir na Doiciméadúcháin.

Níl sé de fhreagracht ar Apple a sheiceáil go bhfuil na hIdirghníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Custaiméirí údaraithe go cuí. Ní bheidh Apple faoi dhliteanas ar aon chuma as aon idirghníomhaíochta neamhúdaraithe nó calaoiseacha.

- Ní mór duit (a) a shrianadh aistriú nó nochtadh na Sonraí Rannpháirtíochta do Chustaiméirí do na páirtithe sin amháin a theastaíonn chun Idirghníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Custaiméirí a éascú; (b) ní féidir leat na Sonraí Rannpháirtíochta do Chustaiméirí a choinneáil níos faide ná mar is gá chun an Idirghníomhaíocht Rannpháirtíochta Custaiméirí a éascú, ach amháin mar a cheadaítear i Roinn 3.3.9.E(ii) thíos; agus (c) ní féidir leat sonraí a fuarthas trí na APIInna Rannpháirtíochta Custaiméirí, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, na Sonraí Rannpháirtíochta do Chustaiméirí, a chur le haon sonraí eile atá agat faoi úsáideoir deiridh atá bainteach leis na Idirghníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Custaiméirí (ach amháin go dtí an méid is gá chun an Idirghníomhaíocht Rannpháirtíochta Custaiméirí a éascú, nó nuair atá tú ag gníomhú thar ceann an Trádálaí mar Sholáthraí Seirbhíse don phróiseáil sin).

(ii) Féadfaidh Apple Sonraí Rannpháirtíochta Custaiméirí a sholáthar duit (cibé acu an bhfuil tú ag gníomhú mar an gCeannáí nó mar Idirghabhálaí). Má fhaigheann tú Sonraí Rannpháirtíochta Custaiméirí, aontaíonn tú leis an méid seo a leanas:

- Má tá tú ag gníomhú mar an Ceannáí, féadfaidh tú Sonraí Rannpháirtíochta Custaiméirí a úsáid chun an Idirghníomhaíocht Rannpháirtíochta Custaiméirí a phróiseáil de réir na Doiciméadúcháin agus an dlí is infheidhme, agus mar a cheadaítear faoi do théarmaí seirbhíse agus nochtadh le do chustaiméirí, ach amháin má tá na gníomhaíochtaí próiseála sin toirmiscithe go soiléir ag an gComhaontú seo.

- Má tá Tú ag gníomhú mar Pháirtí Idirghabhálach; (a) Ní cead duit Sonraí Rannpháirtíochta Custaiméara a úsáid ach amháin chun an tIdirghníomhaíocht Rannpháirtíochta Custaiméara idir an Ceannáí agus custaiméir an Cheannáí a éascú; (b) Ní mór duit aistriú nó nochtadh na Sonraí Rannpháirtíochta Custaiméara a shrianadh do na páirtithe sin amháin atá riachtanach chun an tIdirghníomhaíocht Rannpháirtíochta Custaiméara a éascú; (c) Ní cead duit Sonraí Rannpháirtíochta Custaiméara a shealbhu níos faide ná mar is gá chun an tIdirghníomhaíocht Rannpháirtíochta Custaiméara a chomhlíonadh; agus (d) Ní cead duit sonraí a fhaightear trí na APIInna Rannpháirtíochta Custaiméara, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh, na Sonraí Rannpháirtíochta Custaiméara, a chomhcheangal le haon sonraí eile atá agat faoi an Ceannáí nó

custaiméir an Cheannai atá bainteach leis an tdirghníomhaíocht Rannpháirtíochta Custaiméara (ach amháin go dtí an méid atá riachtanach chun an tdirghníomhaíocht a éascú, nó nuair atá tú ag gníomhú thar ceann an Cheannai mar Sholáthraí Seirbhíse don phróiseáil sin). Ar mhaithe le soiléireacht, ní fhéadfaidh Páirtí Idirghabhálaí sonraí a fhaightear trí APIanna Rannpháirtíochta Custaiméirí a úsáid chun críocha fógraíochta nó margaíochta, chun próifíl chustaiméara Ceannai a fhorbairt nó a fheabhsú, nó chun díriú ar chustaiméirí Ceannai ar shlí eile.

I gcás na Roinne 3.3.9 (E) seo amháin, ciallaíonn “Apple” Apple Payments Services LLC, atá lonnaithe ag 6900 W. Parmer Lane, Uimhir Oifige AC1-2225, Austin, Texas 78729, má tá tú lonnaithe sna Stáit Aontaithe.

3.3.10 Seirbhísí nó Bhogearraí Eile

A. Seirbhísí Breise nó Bhogearraí Réamheisiúna

Ó am go ham, féadfaidh Apple rochtain a sholáthar Duit ar Sheirbhísí breise nó ar Bhogearraí Apple réamheisiúna lena n-úsáid i dtaca le Do chuid Feidhmchlár, nó mar úsáideoir deiridh chun críoch meastóireachta. D’fhéadfadh sé go mbeadh cuid acu sin faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha ar leith de bhreis ar an gComhaontú seo, agus beidh an úsáid a bhainfidh Tú astu faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin sa chás sin freisin. D’fhéadfadh sé nach mbeadh na seirbhísí ná na bogearraí sin ar fáil i ngach teanga nó i ngach tír nó réigiún, agus ní gheallann Apple go mbeidh siad oiriúnach ná ar fáil lena n-úsáid in aon suíomh ar leith. A mhéid a roghnaíonn Tú rochtain a fháil ar na seirbhísí nó na bogearraí sin, déanann Tú amhlaidh ar do thionscnamh féin agus is Tusa atá freagrach as aon dlí is infheidhme a chomhlíonadh, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do na dlíthe áitiúla is infheidhme. A mhéid a chuimsíonn aon bhogearra den chineál sin gné FaceTime nó Messages de chuid Apple, admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú, agus úsáid á baint agat as na gnéithe sin, go bhféadfaidh Apple na huimhreacha teileafóin agus na haitheantóirí gléis a bhaineann le Do chuid Aonad Tástála Údaraithe, chomh maith le seoltaí ríomhphoist agus/nó faisnéis Chuntas Apple a sholáthraíonn Tú, a úsáid agus a chothabháil chun bogearraí agus gnéithe den chineál sin a sholáthar agus feabhas a chur orthu. Féadfaidh tríú páirtithe seirbhísí áirithe a sholáthar, a chuirtear ar fáil Duit trí Bhogearraí Apple. Admhaíonn Tú nach mbeidh Apple faoi dhliteanas Duit ná nach mbeidh freagracht air Duit ná d’aon duine eile (lena n-áirítear d’aon úsáideoir deiridh) i leith aon seirbhís tríú páirtí nó as aon seirbhís Apple. Forchoimeádann Apple agus a cheadúnóirí an ceart chun athrú a dhéanamh ar rochtain ar aon seirbhís, í a chur ar fionraí, í a bhaint nó í a dhíchumasú tráth ar bith. Ní bheidh Apple, i gcás ar bith, faoi dhliteanas i leith rochtain a bhaint nó a dhíchumasú ar aon seirbhís den chineál sin. Ina theannta sin, tar éis aon bhogearra nó seirbhís den chineál sin a eisiúint ar bhonn tráchtála, nó níos luaithe má iarrann Apple é, aontaíonn Tú deireadh a chur le húsáid Bhogearraí nó Sheirbhísí Apple réamheisiúna a sholáthraítear Duit mar úsáideoir deiridh chun críoch meastóireachta faoin gComhaontú seo.

B. Seirbhís Google Safe Browsing

Má fhaigheann D’Fheidhmchlár rochtain ar sheirbhís Google Safe Browsing trí Bhogearraí Apple, beidh an rochtain sin faoi réir théarmaí seirbhíse Google atá sonraithe ag <https://developers.google.com/safe-browsing/terms>. Mura nglacann Tú leis na téarmaí seirbhíse sin, ní fhéadfaidh Tú Seirbhís Google Safe Browsing a úsáid i D’Fheidhmchlár, agus admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú gur ionann an úsáid sin agus Do ghlacadh leis na téarmaí seirbhíse sin.

3.3.11 IS & Teicneolaíochtaí Foghlama Meaisín

A. Foundation Models Framework

Trí rochtain a fháil ar Foundation Models Framework, trí spreagadh a thabhairt dó, nó trí úsáid a bhaint as ar shlí eile, nó trí shamhail a bhfuil rochtain uirthi ag Foundation Models Framework, aontaíonn tú cloí le Foundation Models Framework Acceptable Use Requirements agus ráillí cosanta réasúnta a choinneáil lena dtacaítear leo.

B. SiriKit

(i) Féadfaidh d'Fheidhmchlár clárú mar cheann scríbe chun fearainn SiriKit atá sainmhínithe ag Apple a úsáid, ach amháin má tá d'Fheidhmchlár deartha chun freagraí ábhartha a sholáthar d'úsáideoir, nó iarratas nó intinn an úsáideora a chomhlíonadh ar shlí eile, i ndáil leis an bhfearann SiriKit is infheidhme (m.sh., comhroinnt turas) a dtacaítear leis faoi seach ag d'Fheidhmchlár, agus má tá an úsáid seo soiléir i do théacs margaíochta agus i do chomhéadan úsáideora. Ina theannta sin, féadfaidh d'Fheidhmchlár gníomhartha a chur le SiriKit, ach amháin má bhaineann na gníomhartha sin le hiompar nó gníomhaíocht úsáideora laistigh de d'Fheidhmchlár agus ar féidir leat freagra ábhartha a sholáthar don úsáideoir nó freagra an úsáideora a chomhlánú ina leith. Aontaíonn tú gan faisnéis bhréagach a chur isteach ag baint úsáide as SiriKit faoi aon ghníomhaíocht nó iompar úsáideora den sórt sin ná cur isteach ar Bhogearraí nó Seirbhísí Apple ar shlí eile.

(ii) Is féidir le D'Fheidhmchlár faisnéis a fhaightear trí SiriKit a úsáid ar tháirgí Apple tacaíthe amháin agus ní fhéadfaidh sé faisnéis den chineál sin a easpórtáil, a rochtain go cianda nó a aistriú ó ghléas ach amháin a mhéid is gá chun freagraí ábhartha a sholáthar nó a fheabhsú d'úsáideoir nó iarratas úsáideora a dhéanamh nó i ndáil le D'Fheidhmchlár. D'ainneoin aon ní contrártha i **Alt 3.3.3(B)**, ní fhéadfaidh Tú féin ná d'Fheidhmchlár SiriKit, ná aon fhaisnéis a fhaightear trí SiriKit, a úsáid chun aon chríche seachas freagraí ábhartha a sholáthar d'úsáideoir nó iarratas nó intinn úsáideora a chomhlíonadh ar shlí eile i ndáil le fearann SiriKit, fearann intinne aipe, intinn, nó gníomh a dtacaítear leis ag d'Fheidhmchlár agus/nó chun freagrúlacht d'Fheidhmchláir d'iarratais úsáideoirí a fheabhsú (m.sh., ní chun fógraíocht a sheirbheáil).

(iii) Má úsáideann d'Fheidhmchlár SiriKit chun go mbeidh Apple in ann sonraí fuaime a phróiseáil, aontaíonn tú a nochtadh go soiléir d'úsáideoirí deiridh go mbeidh Tú féin agus d'Fheidhmchlár ag seoladh a sonraí fuaime taifeadta chuig Apple chun críocha aitheantais urlabhra, próiseála agus/nó trascriobh, agus go bhféadfar na sonraí fuaime sin a úsáid chun táirgí agus seirbhísí Apple a fheabhsú agus a sholáthar. Aontaíonn tú freisin úsáid a bhaint as na sonraí fuaime sin, agus téacs aitheanta a fhéadfar a sheoladh ar ais ó SiriKit, ach amháin de réir mar a thollíonn an t-úsáideoir deiridh go sainráite leis agus mar a cheadaítear go sainráite anseo.

C. Intinn Aipe

(i) Féadfaidh d'iarratas scéimeanna a ghlacadh ag baint úsáid as Intinn Aip, ach amháin má tá d'iarratas deartha chun freagra ábhartha a thabhairt nó ar shlí eile iarratas an úsáideora a chur i gcrích i dtaca leis an scéim ábhartha, agus tá an dearadh seo le feiceáil go soiléir i do théacs margaíochta agus comhéadan úsáideora.

(ii) Féadfaidh d'iarratas gníomhartha agus faisnéis a bhronnadh trí App Intents ach amháin sa mhéid go bhfuil na gníomhartha agus an fhaisnéis sin ceangailte le hiompar nó le gníomhaíocht úsáideora laistigh de d'iarratas, agus sa mhéid is féidir le d'iarratas freagra ábhartha a sholáthar nó iarratas an úsáideora a chur i gcrích. Aontaíonn tú gan gníomhartha nó faisnéis bhréagacha, díobhálacha nó míthreoracha a sholáthar trí úsáid a bhaint as Intinn Aipeanna, lena n-áirítear maidir le haon iompar nó gníomhaíocht úsáideora den sórt sin, ná cur isteach ar shlí eile ar Bhogearraí nó ar Sheirbhísí Apple.

(iii) Ní fhéadfaidh d'Fheidhmchlár faisnéis a fhaightear trí Intinní Aipe a úsáid ach amháin ar tháirgí Apple a dtacaítear leo agus ní fhéadfaidh sé faisnéis den sórt sin a easpórtáil, rochtain a fháil uirthi go cianda ná í a aistriú ó ghléas ach amháin a mhéid is gá chun freagraí ábhartha a sholáthar nó a fheabhsú d'úsáideoir nó chun iarratas úsáideora a chomhlíonadh nó i ndáil le d'Fheidhmchlár. D'ainneoin aon ní contrártha i Roinn 3.3.3(B), ní cheadaítear duit ná do Fheidhmchlár úsáid a bhaint as App Intents ná aon fhaisnéis a fhaightear trí Intinní Aipe ach amháin chun freagraí ábhartha a sholáthar d'úsáideoir, chun iarratas nó intinn úsáideora a chur i gcrích mar a thacaíonn do Fheidhmchlár leis, nó chun freagrúlacht do Fheidhmchláir d'iarratais úsáideora a fheabhsú (m.sh., ní chun fógraíocht a sheirbheáil).

(iv) Chun Intinní Aipe a úsáid le haghaidh lainseála tríd an gcnaipe taobh ar iPhone nuair a chumraíonn úsáideoir deiridh é, ní mór d'fheidhmchlár comhrá gutha (1) lainseáil i dtaithí gutha

mar an phríomhmhodh nuair a bhrúnn tú an cnaipe; agus (2) tar éis lainseála, freagra cuí a thabhairt ar cheisteanna nó ar iarratais agus gníomhartha a dhéanamh.

4. Athruithe ar Cheanglais maidir leis an gClár nó ar Théarmaí

Féadfaidh Apple athrú a dhéanamh ar Cheanglais maidir leis an gClár nó ar théarmaí an Chomhaontaithe seo tráth ar bith. Ní bheidh feidhm chúlghabhálach ag Ceanglais nua nó mionathraithe maidir leis an gClár i leith Feidhmchláir atá á ndáileadh cheana féin trí App Store nó Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha; ar an gcoinníoll, áfach, go n-aontaíonn Tú go bhforchoimeádann Apple an ceart chun Feidhmchláir a bhaint de App Store nó den Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha nach bhfuil ag comhlíonadh na gCeanglas nua nó modhnaithe maidir leis an gClár tráth ar bith. Chun leanúint ar aghaidh úsáid a bhaint as Bogearraí Apple, Deimhnithe Apple nó aon Seirbhís, ní mór Duit glacadh leis na Ceanglais nua maidir leis an gClár agus/nó leis na téarmaí nua an Chomhaontaithe seo agus aontú leo. Mura n-aontaíonn Tú leis na Ceanglais nua maidir leis an gClár nó leis na téarmaí nua, cuirfidh Apple an úsáid a bhaineann Tú as Bogearraí Apple, Deimhnithe Apple agus aon Seirbhísí ar fionraí nó foirceannfaidh sé iad. Aontaíonn Tú go bhféadfar Do ghlacadh le téarmaí nua an Chomhaontaithe seo nó leis na Ceanglais nua maidir leis an gClár a shíniú go leictreonach, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta don mhéis seo a leanas: trí bhosca a sheiceáil nó cliceáil ar chnaipe “aontaím” nó cnaipe atá cosúil leis. Ní dhéanfaidh aon ní san Alt seo difear do chearta Apple faoi Alt 5 (Deimhnithe Apple; Cúlghairm).

5. Deimhnithe Apple; Cúlghairm

5.1 Ceanglais maidir le Deimhniú

Ní mór gach Feidhmchlár a shíniú le Deimhniú Apple chun iad a shuiteáil ar Aonaid Tástála Údaraithe, Gléasanna Cláraithe, nó iad a chur faoi bhráid Apple lena ndáileadh trí App Store, Dáileachán Feidhmchláir Saincheaptha nó TestFlight. Ar an gcaoi chéanna, ní mór gach Pas a shíniú le Deimhniú Apple chun go n-aithneoidh Wallet iad agus go nglacfaidh sé leo. Ní mór Breiseáin Safari a shíniú le Deimhniú Apple le rith in Safari ar macOS. Ní mór Duit Aitheantas Suímh Gréasáin a úsáid chun Brúfhógraí Safari a sheoladh chuig deasc macOS na n-úsáideoirí a roghnaigh chun Fógraí den chineál do Do Shuíomh a fháil trí Safari ar macOS. Ina theannta sin, féadfaidh Tú Deimhnithe agus eochracha Apple eile a fháil chun críocha eile mar atá leagtha amach anseo istigh agus sa Doiciméadacht.

Maidir leis seo, maíonn Tú agus barántaíonn Tú an méid seo a leanas do Apple:

- (a) Ní dhéanfaidh Tú aon bheart chun cur isteach ar ghnáthoibriú aon Deimhnithe, eochrach, nó Próifíle Soláthair de chuid Apple;
- (b) Is Tusa atá freagrach go hiomlán as cosc a chur ar aon duine nó eagraíocht neamhúdaraithe rochtain a fháil ar Do Dheimhnithe agus eochracha Apple, agus déanfaidh Tú Do dhícheall chun na Deimhnithe agus eochracha Apple sin a chosaint ar bhaol (m.sh., Ní uaslódálfadís Tú an Deimhniú Apple sin le haghaidh dáileachán App Store chuig stór néil lena úsáid ag tríú páirtí);
- (c) Aontaíonn Tú fógra a thabhairt do Apple i scríbhinn láithreach má tá aon údar Agat a cheapadh gur cuireadh aon cheann de Do Dheimhnithe nó eochracha Apple i mbaoil;
- (d) Ní sholáthróidh ná ní aistreoidh Tú Deimhnithe ná eochracha Apple dá bhforáiltear faoin gClár seo chuig aon tríú páirtí (ach amháin i gcás Soláthraí Seirbhíse atá á n-úsáid thar Do cheann i gcomhlíonadh an Chomhaontaithe seo agus a mhéid teoranta atá cheadaíonn Apple go sainráite sa Doiciméadacht nó sa Chomhaontú seo (m.sh., tá cosc Ort Deimhnithe Apple de Do chuidse a úsáidtear chun iad a dháileadh nó a chur faoi bhráid App Store a sholáthar do Sholáthraí Seirbhíse nó a aistriú chucu), agus ní úsáidfídh Tú Deimhnithe Apple de Do chuidse chun feidhmchlár, pas, breiseán, fógra, cur chun feidhme ná suíomh aon tríú páirtí a shíniú;
- (e) Ní úsáidfídh Tú aon Deimhniú nó eochair Apple a chuirtear ar fáil faoin gComhaontú seo ach amháin mar a cheadaíonn Apple agus i comhréir leis an Doiciméadacht; agus
- (f) Bainfidh Tú úsáid as Deimhnithe Apple dá bhforáiltear faoin gClár seo go heisiach chun Do Phasanna a shíniú, Breiseáin Safari de Do chuidse a shíniú, beart clárúcháin Do Shuímh a shíniú, rochtain a fháil ar sheirbhís APN, agus/nó Do chuid Feidhmchlár a shíniú lena dtástáil, lena gcur faoi bhráid Apple le haghaidh MDM agus/nó dáileachán teoranta lena n-úsáid ar

Ghléasanna Cláraithe nó ar Aonaid Tástála Údaraithe mar a bheartaítear faoin gClár seo, nó mar a cheadaíonn Apple ar shlí eile, agus i gcomhréir leis an gComhaontú seo amháin. Mar eisceacht theoranta don mhéid sin roimhe seo, féadfaidh Tú leaganacha de Do chuid Feidhmchlár a sholáthar do Do Sholáthraithe Seirbhíse lena síniú lena ndeimhnithe forbartha arna n-eisiúint ag Apple, ach chun iad a chur i mbun tástála thar Do cheann ar Do chuid Feidhmchlár amháin ar tháirgí de bhranda Apple iad a ritheann iOS, watchOS, iPadOS, tvOS agus/nó visionOS agus ar choinníoll go ndéanfaidh Do Sholáthraithe Seirbhíse an tástáil sin go léir go himmheánach (m.sh., nach ndáiltear Do chuid Feidhmchlár go seachtrach) agus go scriostar Do chuid Feidhmchlár laistigh de thréimhse réasúnta tar éis tástáil den chineál sin a dhéanamh. Ina theannta sin, aontaíonn Tú nach bhféadfaidh Do Sholáthraí Seirbhíse na sonraí a fhaightear ó sheirbhísí tástála den chineál sin a dhéanamh a úsáid ach amháin chun faisnéis a sholáthar Duit faoi fheidhmíocht Do chuid Feidhmchlár (m.sh., tá cosc ar do Sholáthraí Seirbhíse torthaí tástála Do chuid Feidhmchlár a chomhiomlánú le torthaí tástála forbróirí eile).

Ina theannta sin, maíonn Tú agus barántaíonn Tú do Apple go mbeidh na téarmaí ceadúnaithe a rialaíonn Do chuid Feidhmchlár, Breiseán Safari de Do chuid, beart clárúcháin Do Shuímh, agus/nó Do Phas, nó a rialaíonn aon chód tríú páirtí nó FOSS atá san áireamh i Do chuid Táirgí Cumhdaithe, i gcomhréir le síniú digiteach nó gnéithe cosanta ineachair an Chláir nó le haon cheann de théarmaí, coinníollacha nó ceanglais maidir leis an gClár nó an Chomhaontaithe seo, agus nach mbeidh i neamhréir leo. Go sonrach, ní airbheartóidh na téarmaí ceadúnaithe seo a cheangal ar Apple (ná ar a ghníomhairí) aon cheann de na heochracha, cóid údaraithe, modhanna, nósanna imeachta, sonraí ná faisnéis eile a bhaineann leis an Réiteach Slándála, síniú digiteach nó sásraí bainistíochta um chearta digiteacha nó slándáil a úsáidtear mar chuid d'aon bhogearra Apple, lena n-áirítear App Store a nochtadh nó a chur ar fáil. Má aimsíonn Tú aon neamhréireacht nó coinbhleacht den chineál sin, aontaíonn Tú fógra a thabhairt do Apple faoi sin láithreach agus comhoibreoidh Tú le Apple chun saincheist den chineál sin a réiteach. Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple scor láithreach d'aon Fheidhmchlár Ceadúnaithe nó Pas dá ndéantar difear, agus féadfaidh Tú diúltú de ghlacadh le haon aighneacht Feidhmchláir nó Pas Uait ina dhiaidh sin go dtí go réitítear an tsaincheist sin chun sástacht réasúnta Apple.

5.2 Deimhnithe de chuid Páirtí is Úsáideoir

Féadfaidh feidhmiúlacht a bheith i mBogearraí agus Seirbhísí Apple freisin a cheadaíonn deimhnithe dhigiteacha, Deimhnithe Apple nó deimhnithe tríú páirtí eile, le glacadh ag Bogearraí nó Seirbhísí Apple (m.sh., Apple Pay) agus/nó le húsáid chun faisnéis a sholáthar Duit (m.sh., admhálacha idirbhirt, admhálacha App Attest). Is Tusa atá freagrach as bailíocht aon deimhnithe nó admhála a D'fhéadfá a fháil ó Apple a fhíorú sula gcuireann Tú muinín iontu (m.sh., ba cheart Duit a fhíorú gur tháinig an admháil ó Apple sular soláthrófar aon inneachar d'úsáideoir deiridh trí úsáid a bhaint as In-App Purchase API). Is Tusa atá freagrach go hiomlán as Do chinneadh brath ar aon deimhniú agus admháil den chineál sin, agus ní bheidh Apple faoi dhliteanas i leith Do mhaíneachtain a fhíorú gur tháinig aon deimhniú nó admháil den chineál sin ó Apple (nó ó thríú páirtithe) nó as Do spleáchas ar Dheimhnithe Apple nó deimhnithe digiteacha eile.

5.3 Feidhmchláir le haghaidh macOS a nDéantar Nótaireacht Orthu

Chun nótaireacht a dhéanamh ar Feidhmchlár macOS de Do chuid, féadfaidh Tú comhad digiteach a iarraidh chun D'Fheidhmchlár a fhíordheimhniú ó sheirbhís nótaireachta dhigiteach de chuid Apple (“Ticéad”). Is féidir Leat an Ticéad sin a úsáid le Deimhniú Apple de Do chuid chun síniú forbróra feabhsaithe agus eispéireas úsáideora feabhsaithe a fháil do D'Fheidhmchlár ar macOS. Chun an Ticéad sin a iarraidh ó sheirbhís nótaireachta dhigiteach de chuid Apple, ní mór Duit D'Fheidhmchlár a uaslódáil chuig Apple trí uirlisí forbróra Apple (nó sásraí iarrtha eile) chun críoch seiceála slándála leanúnaí. Áireofar leis an tseiceáil slándála leanúnach sin scanadh, tástáil agus anailís uathoibrithe ar D'Fheidhmchlár ag Apple le haghaidh bogearraí mailíseacha nó cód nó comhpháirteanna díobhálacha nó amhrasacha eile nó lochtanna slándála, agus i gcásanna áirithe, imscrúdú láimhe, teicniúil ar D'Fheidhmchlár ag Apple chun na gcríoch sin. Trí D'Fheidhmchlár a uaslódáil chuig Apple don tseirbhís nótaireachta dhigiteach sin, aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple na seiceálacha slándála sin a dhéanamh ar D'Fheidhmchlár chun

bogearraí mailíseacha nó cód nó comhpháirteanna díobhálacha nó amhrasacha eile a bhrath, agus aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple D'Fheidhmchlár a choinneáil agus a úsáid le haghaidh seiceálacha slándála ina dhiaidh sin chun na gcríoch céanna.

Má fhíoraíonn Apple Do shíniú forbróra agus má sháraíonn D'Fheidhmchlár na seiceálacha slándála tosaigh, féadfaidh Apple Ticéad a sholáthar Duit lena úsáid le Deimhniú Apple de Do chuid. Forchoimeádann Apple an ceart chun Ticéid a eisiúint de réir a lánrogha féin, agus féadfaidh Apple Ticéid a chúlghairm tráth ar bith de réir a lánrogha féin i gcás go bhfuil údar ag Apple a cheapadh, nó go bhfuil bogearraí mailíseacha nó cód mailíseach, amhrasach nó díobhálach i D'Fheidhmchlár nó go bhfuil Do shíniú aitheantais forbróra i mbaol. Féadfaidh Tú a iarraidh go ndéanfaidh Apple Do Thicéad a chúlghairm tráth ar bith trí ríomhphost a sheoladh chuig: product-security@apple.com. Má chúlghaireann Apple Do Thicéad nó Deimhniú Apple de Do chuid, ansin ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár a rith ar macOS a thuilleadh.

Aontaíonn Tú comhoibriú le Apple maidir le D'iarratais ar Thicéad agus gan aon chuid de D'Fheidhmchlár a cheilt ar sheiceálacha slándála de chuid Apple, iarracht a dhéanamh iad a sheachaint ná mífhaisnéis a dhéanamh ar aon chuid D'Fheidhmchlár nó bac eile a chur ar Apple a bheith in ann na seiceálacha slándála sin a dhéanamh. Aontaíonn Tú gan a léiriú go ndearna Apple seiceáil slándála nó braite bogearraí mailíseacha maidir le D'Fheidhmchlár ná go ndearna Apple athbheithniú ar D'Fheidhmchlár ná gur fhorhmeas sé é chun Ticéad a eisiúint Chugat ó sheirbhís nótaireachta dhigiteach de chuid Apple. Adhmaíonn Tú agus aontaíonn Tú go bhfuil seiceálacha slándála á ndéanamh ag Apple maidir le seirbhís nótaireachta dhigiteach de chuid Apple agus nár cheart brath ar na seiceálacha slándála sin le haghaidh bogearraí mailíseacha a bhrath ná slándáil a fhíorú ar aon slí. Is Tusa atá freagrach go hiomlán as D'Fheidhmchlár féin agus as a chinntiú go bhfuil D'Fheidhmchlár sábháilte, slán, agus oibríochtúil do Do chuid úsáideoirí deiridh (m.sh. ag cur Do chuid úsáideoirí deiridh ar an eolas go bhféadfadh deireadh a chur le D'Fheidhmchlár má bhíonn fadhb ann le bogearraí mailíseacha). Aontaíonn Tú cloí leis na ceanglais easpórtála i Do dhlínse agus D'Fheidhmchlár á uaslódáil chuig Apple, agus aontaíonn Tú gan aon Fheidhmchlár a uaslódáil: (a) atá faoi réir na Rialachán maidir le Riarachán Onnmhairithe na Stát Aontaithe, 15 C.F.R. Codanna 730-774 nó na Rialachán Idirnáisiúnta maidir le Gáinneáil ar Airm, 22 C.F.R. Codanna 120-130; nó (b) nach féidir a onnmhairiú gan údarú scríofa roimh ré ón rialtas, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta do chineálacha áirithe bogearraí criptithe agus cód foinse, gan an t-údarú sin a fháil ar dtús. Ní bheidh Apple faoi dhlíteanas Duit ná d'aon tríú páirtí i leith aon éagumas nó mainneachtain aon bhogearra mailíseach nó cód nó comhpháirt amhrasach dhíobhálach eile i D'Fheidhmchlár nó saincheisteanna slándála eile a bhrath, nó i leith aon ticéad a eisiúint nó a chúlghairm. Ní Apple a bheidh freagrach as aon chostas, speansas, damáiste, caillteanas a d'fhéadfá a thabhtú nó aon dlíteanas eile a d'fhéadfadh a bheith Ort mar thoradh ar fhorbairt D'Fheidhmchláir, forbairt Do chuid Táirge Comhfhreagrach, úsáid Bhogearraí Apple, Sheirbhísí Apple (lena n-áirítear an tseirbhís nótaireachta dhigiteach sin), nó Dheimhniú Apple, ticéid, nó rannpháirtíocht sa Chlár, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta don fhíríocht go ndéanann Apple seiceálacha slándála ar D'Fheidhmchlár.

5.4 Cúlghairm ar Dheimhniú

Seachas mar a leagtar amach ar shlí eile anseo istigh, féadfaidh Tú Deimhniú Apple a eisíodh Chugat a chúlghairm tráth ar bith. Más mian Leat Deimhniú Apple a úsáideadh chun do Phas a shíniú agus/nó a eisíodh Chugat a chúlghairm lena n-úsáid le Feidhmchláir macOS de Do chuidse a dháiltear lasmuigh de App Store, féadfaidh Tú a iarraidh go gcúlghairfidh Apple Deimhniú Apple seo tráth ar bith trí ríomhphost a sheoladh chuig: product-security@apple.com. Ina theannta sin, forchoimeádann Apple an ceart chun aon Deimhniú Apple a chúlghairm tráth ar bith, de réir a lánrogha féin. Mar shampla amháin, féadfaidh Apple a roghnú an méid sin a dhéanamh: (a) má cuireadh aon cheann de Dheimhniú Apple de Do chuidse nó D'eochracha príobháideacha comhfhreagracha i mbaol nó má tá údar ag Apple a cheapadh go bhfuil ceachtar acu curtha i mbaol; (b) má tá údar ag Apple a cheapadh nó má tá amhras réasúnach aige go bhfuil bogearraí mailíseacha nó cód mailíseach, amhrasach nó díobhálach (m.sh víreas bogearraí) i Do chuid Táirgí Cumhdaithe; (c) má tá údar ag Apple a cheapadh go bhfuil tionchar

díobhálach ag Do chuid Táirgí Cumhdaithe ar shlándáil táirgí ar de bhranda Apple iad, nó ar aon bhogearra, dochtearra, crua-earra, sonra, córas nó líonra eile a bhfuil rochtain orthu ag táirgí den chineál sin nó a úsáideann táirgí den chineál sin; (d) má chuirtear próiseas eisiúna deimhnithe de chuid Apple i mbaol nó má tá údar ag Apple a cheapadh go bhfuil an próiseas sin i mbaol; (e) má sháraíonn Tú aon téarma nó coinníoll an Chomhaontaithe seo; (f) má scoirfidh Apple de Dheimhnithe Apple don Táirge Chumhdach nó Táirge Comhfhreagrach a eisiúint faoin gClár; (g) má bhaineann Do Tháirge Chumhdach nó Táirge Comhfhreagrach mí-úsáid as aon Seirbhísí dá bhforáiltear thíos nó má chuireann siad ró-ualach orthu; nó (h) má tá údar ag Apple a cheapadh go bhfuil gníomh den chineál sin stuama nó riachtanach. Thairis sin, tuigeann Tú agus aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple fógra a thabhairt d'úsáideoirí deiridh Táirgí Cumhdaithe nó Táirgí Comhfhreagracha atá sínithe le Deimhnithe Apple nuair a chreideann Apple go bhfuil gá le gníomh den chineál sin chun príobháideachtas, sábháilteacht nó slándáil úsáideoirí deiridh a chosaint, nó go bhfuil sé stuama nó riachtanach ar shlí eile mar a chinntear i mbreithiúnas réasúnta de chuid Apple. Féadfar Beartas Deimhnithe agus Ráitis Chleachtais Deimhnithe de chuid Apple a fháil ag: <https://www.apple.com/certificateauthority>.

6. Aighneacht agus Roghnú Feidhmchláir

6.1 Cur faoi Bhráid Apple le haghaidh App Store nó Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha

Féadfaidh Tú D'Fheidhmchlár a chur isteach lena bhreithniú ag Apple lena dháileadh trí App Store nó Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha a luaithe agus a chinneann Tú go bhfuil tástáil leordhóthanach déanta ar D'Fheidhmchlár agus go bhfuil sé críochnaithe. Má chuireann Tú D'Fheidhmchlár isteach, maíonn Tú agus barántaíonn Tú go gcomhlíonann D'Fheidhmchlár an Doiciméadacht agus na Ceanglais maidir leis an gClár atá i bhfeidhm ag an tráth sin, mar aon le haon treoirlíne breise a fhéadfaidh Apple a phostáil ar thairseach ghréasáin an Chláir nó in App Store Connect. Ina theannta sin, aontaíonn Tú nach ndéanfaidh Tú iarracht aon ghné, inneachar, seirbhís ná feidhmiúlacht atá sna Feidhmchláir a chuir Tú isteach a chur i bhfolach, mífhaisnéis a dhéanamh orthu, ná iad a cheilt ar athbhreithniú Apple ná nach gcuirfidh Tú bac eile ar Apple a bheith in ann athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na Feidhmchláir sin. Ina theannta sin, aontaíonn Tú Apple a chur ar an eolas i scríbhinn trí App Store Connect má nascann D'Fheidhmchlár le gléas fisiceach, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do Gabhás MFi, agus, más ea, chun modhanna naisc den chineál sin a nochtadh (beag beann an iAP, Íseal Fuinneamh Bluetooth (BLE), an seac cluasán, nó aon phrótacal nó caighdeán cumarsáide eile é) agus aon ghléas fisiceach amháin ar a laghad a bhfuil D'Fheidhmchlár deartha chun cumarsáid a dhéanamh leis a shainaithint. Má iarrann Apple é, aontaíonn Tú rochtain a thabhairt ar shamplaí an ghléis sin ar Do chostas féin (ní thabharfar samplaí ar ais). Aontaíonn Tú comhoibriú le Apple sa phróiseas aighneachta sin agus ceisteanna a fhreagairt agus faisnéis agus ábhair a iarrann Apple go réasúnta a sholáthar maidir le D'Fheidhmchlár a chuir Tú isteach, lena n-áirítear faisnéis árachais a d'fhéadfadh a bheith Agat maidir le D'Fheidhmchlár, oibriú Do Ghnóthais, nó Do chuid oibleagáidí faoin gComhaontú seo. Féadfaidh Apple a cheangal Ort leibhéil áirithe árachais a bheith Agat le haghaidh cineálacha áirithe Feidhmchlár agus Apple a ainmniú mar áracháí breise. Má dhéanann Tú aon athrú ar Fheidhmchlár (lena n-áirítear aon feidhmiúlacht a chuirtear ar fáil trí úsáid a bhaint as In-App Purchase API) tar éis é a chur faoi bhráid Apple, ní mór Duit an Feidhmchlár a chur faoi bhráid Apple arís. Mar an gcéanna, ní mór gach ceartúchán fabht, nuashonrú, uasghrádú, modhnú, feabhsú, forlíonadh, athbhreithniú, eisiúint nua agus leagan nua de D'Fheidhmchlár a chur faoi bhráid Apple le haghaidh athbhreithniú ionas gur féidir iad a mheas lena ndáileadh trí App Store nó Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha, ach amháin mar a chéadaíonn Apple a mhalairt.

6.2 Tanúchán Feidhmchláir agus Acmhainní Cuachta

Mar chuid de D'Fheidhmchlár a chur faoi bhráid App Store nó Dáileachán Feidhmchláir Saincheaptha, féadfaidh Apple D'Fheidhmchlár a optamú chun díriú ar ghléasanna sonracha trí feidhmiúlacht áirithe agus acmhainní soláthartha (mar a thuairiscítear sa Doiciméadacht) a athphacáistiú i D'Fheidhmchlár ionas go rithfidh sé ar shlí níos éifeachtaí agus go n-úsáidfídh sé níos lú spáis ar spriocghléasanna ("Tanúchán Feidhmchláir"). Mar shampla, ní fhéadfaidh Apple

ach an leagan 32-giotán nó 64-giotán de D'Fheidhmchlár a sholáthar don spriocghléas, agus ní fhéadfaidh Apple deilbhíní ná scáileáin seolta a sholáthar nach léireodh ar thaispeáint spriocghléis. Aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple Tanúchán Feidhmchláir a úsáid chun D'Fheidhmchlár a athphacáistiú chun leagan níos optamaithe de D'Fheidhmchlár a sholáthar do spriocghléasanna.

Mar chuid de Thanúchán Feidhmchláir, is féidir Leat a iarraidh freisin go soláthróidh Apple acmhainní sonracha do D'Fheidhmchlár (m.sh., acmhainní GPU) chun díriú ar spriocghléasanna trí acmhainní cuachta den chineál sin a shainaithint mar chuid de D'aighneacht cóid ("**Acmhainní Cuachta**"). Is féidir Leat Acmhainní Cuachta den chineál sin a shainiú chun athrú a dhéanamh ar uainiú nó soláthar sócmhainní do spriocghléas (m.sh., nuair a shroicheann úsáideoir leibhéal áirithe cluiche, ansin sholáthraítear an t-inneachar ar éileamh don spriocghléas). Níl Tanúchán Feidhmchláir agus Acmhainní Cuachta ar fáil do gach córas oibriúcháin de chuid Apple, agus féadfaidh Apple leanúint ar aghaidh ag soláthar dénrtha Feidhmchláir iomlána do roinnt spriocghléasanna.

6.3 Feidhmchláir iOS agus iPadOS ar macOS agus visionOS

Má thiomsaíonn Tú D'Fheidhmchlár le haghaidh iOS agus/nó iPadOS agus má chuireann Tú Feidhmchlár den chineál sin isteach lena dháileadh ar App Store, aontaíonn Tú go gcuirfidh Apple D'Fheidhmchlár ar fáil ar macOS agus ar visionOS trí App Store freisin, mura ndíltáíonn Tú do D'Fheidhmchlár a chur ar fáil ar macOS agus/nó visionOS tríd an bpróiseas rogha an diúltaithe a leanúint in App Store Connect. Aontaíonn Tú go mbaineann an méid roimhe seo le Feidhmchlár ar iOS agus/nó iPadOS a chuireann Tú isteach agus atá ar fáil faoi láthair ar App Store, agus le haon Fheidhmchlár amach anseo a thiomsóidh Tú d'iOS agus/nó iPadOS agus a chuirfidh Tú faoi bhráid App Store. D'ainneoin an mhéid sin roimhe seo, ní bheidh an infhaighteacht den chineál sin ar App Store i bhfeidhm ach amháin má roghnaigh Apple Feidhmchlár den chineál sin lena dháileadh ar App Store de bhun **Alt 7** agus mura féidir leis an bhFeidhmchlár sin feidhmiú go cuí ar macOS agus/nó visionOS, agus a bheith comhoiriúnach dóibh (de réir mar is infheidhme), mar a chinntear de réir lánrogha Apple féin. Is Tusa atá freagrach as na cearta cuí a fháil agus a chinneadh an bhfuil na cearta sin Agat chun D'Fheidhmchlár a oibriú ar macOS agus/nó visionOS. Mura bhfuil cearta den chineál sin Agat, aontaíonn Tú diúltú D'Fheidhmchlár den chineál sin a chur ar fáil ar macOS agus/nó visionOS. Is Tusa atá freagrach as an bhFeidhmchlár sin a thástáil ar macOS agus visionOS.

6.4 Giuirléidí Fheidhmchláir iOS ar CarPlay

Aontaíonn Tú go bhféadfar Do ghiuirléid Fheidhmchláir iOS a bheith ar fáil ar CarPlay. Thairis sin, is Tusa atá freagrach as a chinntiú an bhfuil Do ghiuirléid Fheidhmchláir iOS feidhmiúil agus oiriúnach lena húsáid ar CarPlay, agus le haghaidh fheidhm disfavoredLocations a úsáid chun diúltú Do ghiuirléid Fheidhmchláir iOS mura bhfuil sí. Mar shampla, áirítear le giuirléidí Fheidhmchláir iOS nach bhfuil feidhmiúil ná oiriúnach iadsan a éilíonn idirghníomhú forleathan leis an úsáideoir agus é ag tiomáint nó a éilíonn go bhfuil iPhone díghlasáilte chun é a úsáid. Forchoimeádann Apple an ceart diúltú do Do ghiuirléid Fheidhmchláir iOS má chinneann Apple nach bhfuil sí feidhmiúil nó oiriúnach le haghaidh CarPlay.

6.5 Aighneacht TestFlight

Más mian Leat D'Fheidhmchlár a dháileadh ar Bhéite-thástálaithe lasmuigh de Do chuideachta nó D'eagraíocht trí TestFlight, ní mór Duit D'Fheidhmchlár a chur faoi bhráid Apple lena athbhreithniú ar dtús. Trí Fheidhmchlár den chineál sin a chur isteach, maíonn Tú agus barántaíonn Tú go gcomhlíonann D'Fheidhmchlár an Doiciméadacht agus na Ceanglais maidir leis an gClár atá i bhfeidhm ag an tráth sin, mar aon le haon treoirlíne breise a fhéadfaidh Apple a phostáil ar thairseach ghréasáin an Chláir nó in App Store Connect. Féadfaidh Apple Faisnéis maidir le Feidhmchlár Ceadúnaithe a chuir Tú isteach le leaganacha eile de D'Fheidhmchlár atá ceadaithe le dáileadh a úsáid chun leaganacha réamheisiúna de D'Fheidhmchlár a thaispeáint, a chur ar an margadh nó a sholáthar do Bhéite-thástálaithe trí TestFlight. Féadfaidh Tú diúltú dá leithéid d'úsáid a bhaint as Faisnéis maidir le Feidhmchlár Ceadúnaithe le leaganacha réamheisiúna de D'Fheidhmchláir in App Store Connect, agus aontaíonn Tú go ndíltóidh Tú más

rud é, tráth ar bith, go ndéanann an Fhaisnéis maidir le Feidhmchlár Ceadúnaithe mífhaisnéis ar an leagan réamheisiúna de D'Fheidhmchlár.

Ina dhiaidh sin, ceadáíonn Apple Duit nuashonruithe ar an bhFeidhmchlár sin a dháileadh go díreach ar Do Bhéite-thástálaithe gan athbhreithniú Apple, mura bhfuil athruithe suntasacha san áireamh i nuashonrú den chineál sin, agus sa chás sin aontaíonn Tú Apple a chur ar an eolas in App Store Connect agus athbhreithniú eile a dhéanamh ar an bhFeidhmchlár sin. Forchoimeádann Apple an ceart chun a cheangal Ort scor de D'Fheidhmchlár a dháileadh trí TestFlight, agus/nó ar aon Bhéite-Tástálaí ar leith, tráth ar bith de réir a lánrogha féin.

6.6 Feabhas a chur ar D'Fheidhmchlár

Ina theannta sin, má chuirtear D'Fheidhmchlár isteach lena dháileadh trí App Store, Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha nó TestFlight, aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple D'Fheidhmchlár a úsáid chun críche teoranta tástála comhoiriúnachta D'Fheidhmchláir le táirgí agus seirbhísí ar de bhranda Apple iad, chun fabhtanna agus saincheisteanna i dtáirgí agus seirbhísí ar de bhranda Apple iad agus/nó i D'Fheidhmchláir a aimsiú agus a shocrú, le haghaidh úsáid inmheánach chun measúnú a dhéanamh ar iOS, watchOS, tvOS, iPadOS, visionOS, agus/nó saincheisteanna feidhmíochta macOS i D'Fheidhmchlár, nó in éineacht leis, le haghaidh tástáil slándála, agus chun faisnéis eile a sholáthar Duit (m.sh. logaí tuairteála). Seachas mar a leagtar amach a mhalairt anseo istigh, féadfaidh Tú a roghnú faisnéis maidir le siombailí feidhmchláir le haghaidh D'Fheidhmchláir a sheoladh chuig Apple, agus má dhéanann Tú amhlaidh, aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple úsáid a bhaint as na siombailí sin chun siombailí a chur le D'Fheidhmchlár chun logaí tuairteála a bhfuil siombailí iontu agus faisnéis dhiagnóiseach eile a sholáthar Duit, tástáil chomhoiriúnachta D'Fheidhmchláir le táirgí agus seirbhísí ar de bhranda Apple iad, agus chun fabhtanna agus saincheisteanna i dtáirgí agus seirbhísí Apple agus/nó i D'Fheidhmchlár a aimsiú agus a réiteach. Sa chás go soláthraíonn Apple logaí tuairteála nó faisnéis dhiagnóiseach eile maidir le D'Fheidhmchlár Duit, aontaíonn Tú gan úsáid a bhaint as logaí tuairteála agus faisnéis den chineál sin ach chun fabhtanna a réiteach agus feabhas a chur ar fheidhmíocht D'Fheidhmchláir agus ar tháirgí gaolmhara. Ina theannta sin, féadfaidh Tú teaghráin agus athróga uimhriúla a bhailiú ó D'Fheidhmchlár nuair a thuairteálann sé, fad is nach mbailiúnn Tú faisnéis den chineál sin ach ar shlí anaithnid neamhphearsanta agus nach ndéanann Tú an fhaisnéis sin a athcheangal, a chomhghaolú nó a úsáid chun iarracht a dhéanamh ar fhaisnéis a shainaithint nó a bhaint di faoi aon úsáideoir deiridh nó gléas ar leith.

6.7 Anailísíocht

Aontaíonn Tú gan úsáid a bhaint as aon sonraí a sholáthraíonn Apple trí sheirbhísí anailísíochta d'Fheidhmchláir ach chun feabhas a chur ar Do chuid Feidhmchlár agus ar tháirgí gaolmhara. Ina theannta sin, aontaíonn Tú gan sonraí den chineál sin a sholáthar d'aon tríú páirtí, ach amháin i gcás Soláthraí Seirbhíse. Ní mór an Soláthraí Seirbhíse a bheith ag cabhrú le próiseáil agus anailís a dhéanamh ar na sonraí sin thar Do cheann, agus nach dtabharfar cead dó iad a úsáid chun críche ar bith eile ná nach nochtfaidh sé iad d'aon pháirtí eile. Mar shampla, níor cheart Duit na sonraí arna soláthar Duit ag Apple mar chuid de na seirbhísí seo a chomhiomlánú (ná cead a thabhairt d'aon tríú páirtí iad a chomhiomlánú) le faisnéis forbróirí eile maidir le hanailísíocht. Ná níor cheart Duit an fhaisnéis sin a chur le stór chun críche anailísíochta trasfhorbróra. Agus ní mór nach n-úsáidfí Tú na seirbhísí anailísíochta ná aon sonraí anailísíochta chun iarracht a dhéanamh ar fhaisnéis a shainaithint nó a bhaint dóibh faoi aon úsáideoir deiridh nó gléas ar leith. Ar mhaithe le soiléireacht, ní chuireann an mhír seo cosc ar chomhroinnt nó ar úsáidí a cheadaítear go sainráite faoin dlí.

Féadfaidh Apple sonraí a sholáthar duit in App Analytics maidir le feidhmíocht d'fheidhmchláir i gcoibhneas le feidhmchláir chomhchosúla ar an App Store, nó sonraí i Xcode agus trí API App Store Connect maidir le feidhmíocht d'fheidhmchláir i gcoibhneas le feidhmchláir chomhchosúla ar an App Store. Déantar an t-eolas seo a ríomh ag baint úsáid as differential privacy nó teicnící eile a chaomhnaíonn príobháideacht chun na Feidhmchláir agus na húsáideoirí deiridh a chosaint. Láimhseálfar do shonraí pearsanta i gcomhréir le Beartas Príobháideachais de chuid Apple i gcónaí, ar féidir é a fheiceáil ag <https://www.apple.com/legal/privacy>.

6.8 Ceanglais maidir le Comhoiriúnacht don Leagan Réamhshocraithe Reatha de OS

Ní mór go mbeidh Feidhmchláir a roghnaítear lena ndáileadh trí App Store comhoiriúnach don leagan réamhshocraithe reatha de bhogearraí an chórais oibriúcháin is infheidhme (OS) de chuid Apple tráth a gcur faoi bhráid Apple, agus ní mór Feidhmchláir den chineál sin a bheith cothrom le dáta agus comhoiriúnacht a choinneáil do gach eisiúint nua de leagan OS is infheidhme fad is go ndáiltear na Feidhmchláir sin trí App Store. Tuigeann Tú agus aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple Feidhmchláir a bhaint de App Store nuair nach bhfuil siad comhoiriúnach don leagan réamhshocraithe reatha de OS tráth ar bith de réir a lánrogha féin.

6.9 Roghnú ag Apple le haghaidh Dáileacháin

Tuigeann Tú agus aontaíonn Tú, má chuireann Tú D'Fheidhmchlár faoi bhráid Apple lena dháileadh trí App Store, Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha nó TestFlight, go bhféadfaidh Apple, de réir a lánrogha féin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) cinneadh a dhéanamh nach gcomhlíonann D'Fheidhmchlár an Doiciméadacht ná na Ceanglais maidir leis an gClár go léir nó aon chuid díobh atá i bhfeidhm ag an tráth sin;
- (b) diúltú do D'Fheidhmchlár a dháileadh ar chúis ar bith, fiú má chomhlíonann D'Fheidhmchlár an Doiciméadacht agus na Ceanglais maidir leis an gClár; nó
- (c) D'Fheidhmchlár a roghnú agus a shíniú go digiteach lena dháileadh trí App Store, Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha, nó TestFlight.

Ní Apple a bheidh freagrach as aon chostas, speansas, damáiste, cailteanas (lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do dheiseanna gnó cailte nó brabúis chaillte) a d'fhéadfá a thabhtú nó aon dliteanas eile a d'fhéadfadh a bheith Ort mar thoradh ar fhorbairt D'Fheidhmchláir, an úsáid a bhaineann Tú as Bogearraí Apple, Sheirbhísí Apple, nó Dheimhnithe Apple nó Do rannpháirtíocht sa Chlár, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta don fhíoras nach bhféadfaí D'Fheidhmchlár a roghnú lena dháileadh trí App Store nó Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha. Is Tusa amháin a bheidh freagrach as Feidhmchláir atá sábháilte, saor ó lochtanna ó thaobh dearaidh agus oibriúcháin a fhorbairt, agus a chomhlíonann na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme. Ina theannta sin, is Tusa amháin a bheidh freagrach as aon doiciméadacht agus tacaíocht do chustaiméirí úsáideora dheiridh agus baránta do na Feidhmchláir sin. Toisc go bhféadfaidh sé go ndearna Apple athbhreithniú, tástáil, formheas nó rogha ar Fheidhmchlár, ní scaoilfidh sé Thú ó aon cheann de na freagrachtaí sin.

7. Dáileacháin Feidhmchlár agus Leabharlanna

Feidhmchláir:

Is féidir Feidhmchláir a fhorbraítear faoin gComhaontú seo le haghaidh iOS, iPadOS, macOS, tvOS, visionOS, nó watchOS a dháileadh: (1) trí App Store, má roghnaíonn Apple amhlaidh, (2) trí dháileachán Ad Hoc de réir **Alt 7.3**, agus (3) chun béite-thástáil a dhéanamh trí TestFlight de réir **Alt 7.4**. Ina theannta sin, is féidir Feidhmchláir a fhorbraítear le haghaidh iOS, iPadOS, macOS, agus tvOS a dháileadh trí Dháileachán Feidhmchláir Shaincheaptha, má roghnaíonn Apple amhlaidh. Thairis sin, is féidir Feidhmchláir le haghaidh macOS a dháileadh go leithleach freisin mar a thuairiscítear sa Chomhaontú seo.

7.1 Feidhmchláir Cheadúnaithe Gan Chostas a Sholáthar trí App Store nó Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha

Má cháilíonn D'Fheidhmchlár mar Fheidhmchlár Ceadúnaithe, tá sé incháilithe le soláthar d'úsáideoirí deiridh trí App Store nó Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha ag Apple agus/nó Fochuideachta de chuid Apple. Dá mba mhaith Leat Apple agus/nó Fochuideachta de chuid Apple D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe a sholáthar nó inneachar, feidhmiúlacht nó seirbhísí breise a chuireann Tú ar fáil i D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe trí úsáid a bhaint as In-App Purchase API d'úsáideoirí deiridh gan chostas (gan táille) trí App Store nó Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha a údarú, ceapann Tú Apple agus Fochuideachtaí Apple mar Do ghníomhaire

dlíthiúil agus/nó Do ghníomhaire ar coimisiún de bhun théarmaí Sceideal 1 maidir le Feidhmchláir Cheadúnaithe arna n-ainmniú Agat mar fheidhmchláir gan chostas.

7.2 Sceideal 2 agus Sceideal 3 maidir le Feidhmchláir Cheadúnaithe atá Bunaithe ar Tháille; Admhálacha

Má cháilíonn D'Fheidhmchlár mar Fheidhmchlár Cheadúnaithe agus má tá sé beartaithe Agat táille d'aon chineál a ghearradh ar úsáideoirí deiridh as D'Fheidhmchlár Cheadúnaithe nó laistigh de D'Fheidhmchlár Cheadúnaithe trí úsáid a bhaint as In-App Purchase API, ní mór Duit comhaontú ar leith a dhéanamh (Sceideal 2) le Apple agus/nó le Fochuideachta de chuid Apple sula bhféadfar aon dáileachán tráchtála den chineál sin de D'Fheidhmchlár Cheadúnaithe a dhéanamh trí App Store nó sula bhféadfar aon soláthar tráchtála den chineál sin d'inneachar, feidhmiúlacht nó seirbhísí breise a ngearrann Tú táille ar úsáideoirí deiridh astu a údarú trí úsáid a bhaint as In-App Purchase API i D'Fheidhmchlár Cheadúnaithe. Dá mba mhaith Leat go ndéanfaidh Apple D'Fheidhmchlár a shíniú agus a dháileadh ar tháille trí Dháileachán Feidhmchláir Shaincheaptha, ní mór Duit comhaontú ar leith a dhéanamh (Sceideal 3) le Apple agus/nó le Fochuideachta de chuid Apple sula bhféadfaí aon dáileadh den chineál sin a dhéanamh. A mhéid a dhéanann Tú Sceideal 2 nó Sceideal 3 (nó a rinne Tú iad roimhe seo) le Apple agus/nó le Fochuideachta de chuid Apple, measfar téarmaí Sceideal 2 nó 3 a bheith ionchorpraithe sa Chomhaontú seo de réir na tagartha sin.

Nuair a shuiteálann úsáideoir deiridh D'Fheidhmchlár Cheadúnaithe, soláthróidh Apple admháil idirbhirt Duit a shíneofar le Deimhniú Apple. Is Ortsa atá an fhreagracht a fhíorú gur eisigh Apple deimhniú agus admháil den chineál sin, mar atá leagtha amach sa Doiciméadacht. Is Tusa amháin atá freagrach as Do chinneadh a bheith ag brath ar aon deimhniú agus admháil den chineál sin. IS AR DO PHRIACAL FÉIN A BHAINNEANN TÚ ÚSÁID AS DEIMHNITHE AGUS ADMHÁLACHA DEN CHINEÁL SIN MAIDIR LE FEIDHMCHLÁIR CHEADÚNAITHE A CHEANNACH NÓ ATÁ TÚ AG BRATH ORTHU. NÍ THUGANN APPLE AON BHARÁNTAS NÁ GEALLTANAS, GO SAINRÁITE NÓ GO HINTUIGTHE, MAIDIR LE HINDÍOLTACHT NÓ OIRIÚNACHT CHUN AON CHRÍCHE ÁIRITHE, CRUINNEAS, IONTAOFACHT, SLÁNDÁIL, NEAMHSHARÚ AR CHEARTA TRÍÚ PÁIRTÍ MAIDIR LE DEIMHNITHE AGUS ADMHÁLACHA APPLE DEN CHINEÁL SIN. Aontaíonn Tú nach n-úsáidfídh Tú admhálacha agus deimhnithe den chineál sin ach i gcomhréir leis an Doiciméadacht, agus nach gcuirfidh Tú isteach ar ghnáthoibriú deimhnithe nó admhálacha digiteacha den chineál sin ná nach mbainfidh Tú dó, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'aon fhalsú nó mí-úsáid eile.

7.3 Dáileachán ar Ghléasanna Cláraithe (Dáileachán Ad Hoc)

Faoi réir théarmaí agus choinníollacha an Chomhaontaithe seo, féadfaidh Tú freisin D'Fheidhmchláir le haghaidh iOS, watchOS, iPadOS, tvOS, agus visionOS a dháileadh ar dhaoine aonair laistigh de Do chuideachta, D'eagraíocht, D'institiúid oideachais, Do ghrúpa, nó atá cleamhnaithe Leat ar shlí eile lena n-úsáid ar líon teoranta Gléasanna Cláraithe (mar a shonraítear ar thairseach ghréasáin an Chláir), má tá D'Fheidhmchlár sínithe go digiteach ag baint úsáid as Deimhniú Apple de Do chuid mar a thuairiscítear sa Chomhaontú seo. Trí D'Fheidhmchlár a dháileadh ar an tslí sin ar Ghléasanna Cláraithe, maíonn Tú agus barántaíonn Tú do Apple go gcomhlíonann D'Fheidhmchlár an Doiciméadacht agus na Ceanglais leis an gClár atá i bhfeidhm ag an tráth sin agus aontaíonn Tú comhoibriú le Apple agus ceisteanna a fhreagairt agus faisnéis a sholáthar maidir le D'Fheidhmchlár, mar iarrann Apple go réasúnta. Ina theannta sin, aontaíonn Tú gur Tusa a bheidh freagrach go hiomlán as a chinneadh cé na daoine aonair laistigh de Do chuideachta, D'eagraíocht, D'institiúid oideachais nó de Do ghrúpa cleamhnaithe ar cheart rochtain a bheith acu ar D'Fheidhmchláir agus Do Ghléasanna Cláraithe agus ar cheart úsáid a bhaint astu, agus as bainistíocht na nGléasanna Cláraithe sin. Ní Apple a bheidh freagrach as aon chostas, speansas, damáiste, caillteanas (lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do dheiseanna gnó caillte nó brabúis chaillte) a d'fhéadfá a thabhu nó aon dliteanas eile a d'fhéadfadh a bheith Ort mar thoradh ar D'Fheidhmchláir a dháileadh ar an tslí sin, nó mar gheall ar Do mhainneachtain rochtain a bhainistiú go cuí ar D'Fheidhmchláir agus Do Ghléasanna Cláraithe agus ar a n-úsáid, teorainn a chur leo nó iad a rialú ar shlí eile. Is Tusa a bheidh freagrach as aon téarma úsáide ábhartha a cheangal le D'Fheidhmchláir nó iad a áireamh

ann, de réir Do lánrogha féin. Ní Apple a bheidh freagrach as aon sárú ar Do théarmaí úsáide. Is Tusa amháin a bheidh freagrach as gach cuidiú úsáideora, barántas agus tacaíocht do D'Fheidhmchláir.

7.4 Dáileachán TestFlight

A. Dáileachán Inmheánach ar Fhorbróirí Údaraithe agus ar Úsáideoirí App Store Connect.

Ní fhéadfaidh Tú TestFlight a úsáid chun leaganacha réamheisiúna de Do chuid Feidhmchlár a dháileadh go hinmheánach ar líon teoranta (mar a shonraítear ar shuíomh gréasáin fhorbróir TestFlight) Do chuid Forbróirí Údaraithe nó Do chuid úsáideoirí App Store Connect atá ina mbaill de Do chuideachta nó de D'eagraíocht, ach lena n-úsáid inmheánach amháin chun Do chuid Feidhmchlár a thástáil, measúnú a dhéanamh orthu agus/nó a fhorbairt. Forchoimeádann Apple an ceart chun a cheangal Ort scor d'Fheidhmchláir den chineál sin a dháileadh ar Do chuid Forbróirí Údaraithe nó ar Do chuid úsáideoirí App Store Connect trí TestFlight, nó ar aon Fhorbróir Údaraithe ar leith nó úsáideoir App Store Connect, tráth ar bith de réir a lánrogha féin.

B. Dáileachán Seachtrach ar Bhéite-thástálaithe

Ní fhéadfaidh Tú TestFlight a úsáid freisin chun leaganacha réamheisiúna de Do chuid Feidhmchlár a dháileadh go seachtrach ar líon teoranta Béite-thástálaithe (mar a shonraítear ar shuíomh gréasáin fhorbróir TestFlight), ach lena dtástáil agus lena measúnú ar na leaganacha réamheisiúna sin de Do chuid Feidhmchlár agus ach má tá D'Fheidhmchlár formheasta lena dháileadh ag Apple mar atá leagtha amach in **Alt 6.5 (Aighneacht TestFlight)**. Ní fhéadfaidh Tú táilli de chineál ar bith a ghearradh ar Do Bhéite-thástálaithe chun páirt a ghlacadh in TestFlight Apple nó as aon leagan réamheisiúna den chineál sin a úsáid. Ní mór nach ngearrfar aon táille ar an úsáideoir deiridh as aon cheannachán digiteach a chuirtear ar fáil i D'Fheidhmchlár a dháiltear trí TestFlight (beag beann an bhfuil siad trí In-App Purchase API nó ar shlí eile), nó a eascraíonn láithreach as nasc ó Fheidhmchlár den chineál sin, agus ní mór iad a bheith chun críoch béite-thástála amháin. Ní fhéadfaidh Tú TestFlight a úsáid chun críocha nach mbaineann le feabhas a chur ar cháiliúocht, ar fheidhmíocht nó ar inúsáidteacht leaganacha réamheisiúna de D'Fheidhmchlár (m.sh., is úsáidí toirmisceithe iad leaganacha taispeána de D'Fheidhmchlár a dháileadh go leanúnach mar iarracht ar dhul timpeall ar App Store nó leaganacha trialacha de Do chuid Feidhmchlár a sholáthar chun rátálacha fabhracha App Store a lorg). Ina theannta sin, má tá D'Fheidhmchlár dírithe go príomha ar leanaí, ní mór Duit a fhíorú go bhfuil Do Bhéite-thástálaithe i lán-aois ina ndlínse. Má roghnaíonn Tú Béite-thástálaithe a chur le TestFlight, glacfaidh Tú le freagracht as aon chuireadh a sheoladh chuig na húsáideoirí deiridh sin (m.sh. trí ríomhphost agus naisc phoiblí) agus as a dtoiliú a fháil chun teagmháil a dhéanamh leo. Ní úsáidfí Apple na seoltaí ríomhphoist a sholáthraíonn Tú trí TestFlight ach amháin chun cuirí a sheoladh chuig na húsáideoirí deiridh sin trí TestFlight. Trí sheoltaí ríomhphoist a uaslódáil chun cuirí a sheoladh chuig Béite-thástálaithe, barántaíonn Tú go bhfuil bunús dlí cuí Agat chun na seoltaí ríomhphoist sin a úsáid chun cuirí a sheoladh. Má iarrann Béite-thástálaí go gcuirfidh Tú stop le teagmháil a dhéanamh leo (trí TestFlight nó eile), aontaíonn Tú é sin a dhéanamh go sciobtha.

C. Faisnéis maidir le TestFlight a Úsáid

A mhéid a sholáthraíonn TestFlight faisnéis maidir le béite-anailísíocht Duit maidir leis an úsáid a bhaineann D'úsáideoir deiridh as leaganacha réamheisiúna de D'Fheidhmchlár (m.sh., am suiteála, minicíocht úsáide a bhaineann duine aonair as Feidhmchlár, srl.) agus/nó faisnéis ghaolmhar eile (m.sh. moltaí ó thástálaithe, aiseolas, gabhálacha scáileáin), ní aontaíonn Tú na sonraí sin a úsáid ach chun feabhas a chur ar Do chuid Feidhmchlár agus táirgí gaolmhara. Aontaíonn Tú gan an fhaisnéis sin a sholáthar d'aon tríú páirtí, ach amháin i gcás Soláthraí Seirbhíse atá ag cuidiú Leat na sonraí sin a phróiseáil agus anailís a dhéanamh orthu thar Do cheann agus nach bhfuil cead aige iad a úsáid chun aon chríche eile nó iad a nochtadh d'aon pháirtí eile (ach amháin a mhéid teoranta nach bhfuil toirmisceithe ag Apple). Ar mhaithe le soiléireacht, níor cheart Duit faisnéis maidir le béite-anailísíocht a sholáthair Apple Duit le haghaidh Do chuid Feidhmchlár mar chuid de TestFlight a chomhiomlánú (ná cead a thabhairt d'aon tríú páirtí í a chomhiomlánú) le faisnéis forbróirí eile maidir le béite-anailísíocht, ná faisnéis

den chineál sin a chur le stór le haghaidh faisnéis trasfhorbróra maidir le béite-anailísíocht. Thairis sin, níor cheart Duit aon fhaisnéis maidir le béite-anailísíocht a sholáthraítear trí TestFlight a úsáid chun faisnéis a fhaightear ó ghléas nó ó úsáideoir deiridh ar leith nó maidir le gléas nó úsáideoir deiridh ar leith lasmuigh de TestFlight a dí-anaithnidiú (m.sh., ní fhéadfaidh Tú iarracht a dhéanamh ar shonraí a bhaileofar trí TestFlight D'úsáideoir deiridh ar leith a nascadh le faisnéis a sholáthraítear i bhfoirm anaithnidithe trí sheirbhís anailísíochta de chuid Apple).

Leabharlanna:

7.5 Dáileachán Leabharlanna

Is féidir Leat Leabharlanna a fhorbairt agus úsáid á baint as Bogearraí Apple. D'ainneoin aon ní dá mhalairt i gComhaontú Xcode agus SDKanna Apple nó i gComhaontú Swift Playground, féadfaidh Tú, faoin gComhaontú seo, Leabharlanna a fhorbairt le haghaidh iOS, watchOS, iPadOS, tvOS, agus/nó visionOS agus úsáid á baint as SDKanna Apple is infheidhme a chuirtear ar fáil mar chuid de Cheadúnas Xcode agus SDKanna Apple nó ceadúnas Swift Playground, ar choinníoll go ndéantar aon cheann de na Leabharlanna sin a fhorbairt agus a dháileadh lena n-úsáid le táirge ar de bhranda Apple é amháin agus go gcuireann Tú teorainn le húsáid na Leabharlanna sin lena n-úsáid leis na táirgí sin amháin. Má chinneann Apple nach bhfuil Do Leabharlann deartha lena húsáid le táirgí ar de bhranda Apple iad, féadfaidh Apple a cheangal Ort scor de Do Leabharlann a dháileadh tráth ar bith, agus aontaíonn Tú scor go sciobtha de dháileadh na Leabharlainne sin ar fhógra ó Apple agus comhoibriú le Apple chun aon chóip den Leabharlann sin atá fágtha a bhaint. Ar mhaithe le soiléireacht, níl sé beartaithe leis an teorannú roimhe seo cosc a chur ar fhorbairt leabharlann le haghaidh macOS.

7.6 Gan Údarás a Thabhairt d'Aon Dáileachán Eile faoin gComhaontú seo

Ach amháin i gcás dáileadh Feidhmchlár Ceadúnaithe tríd an App Store nó Dáileadh Aipeanna Saincheaptha de réir **Ailt 7.1** agus **7.2**, dáileadh Feidhmchlár lena n-úsáid ar Ghléasanna Cláraithe mar a leagtar amach in **Alt 7.3** (Dáileadh Ad Hoc), dáileadh Feidhmchlár le haghaidh tástála béite trí TestFlight mar a leagtar amach in **Alt 7.4**, dáileadh Leabharlann de réir **Alt 7.5**, dáileadh Pasanna de réir larscríbhinn 5, seachadadh Fógraí Brú Safari ar macOS, dáileadh Síneadh Safari ar macOS, dáileadh Feidhmchlár agus leabharlann a forbraíodh do macOS, agus/nó mar a cheadaítear anseo ar shlí eile, ní údaraítear ná ní cheadaítear aon dáileadh eile clár ná feidhmchlár a forbraíodh ag baint úsáide as Bogearraí Apple faoi seo. In éagmais comhaontú ar leith le Apple, aontaíonn Tú gan D'Fheidhmchlár le haghaidh iOS, iPadOS, tvOS, visionOS, nó watchOS a dháileadh ar thríú páirtithe trí mhodhanna dáileacháin eile nó chun a chur ar chuma daoine eile déanamh amhlaidh nó cead a thabhairt dóibh déanamh amhlaidh. Ní aontaíonn Tú Do chuid Táirgí Cumhdaithe a dháileadh ach i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo.

7.7 Saincheapadh Deilbhín agus Giúrléide

Aontaíonn Tú go bhféadfaidh úsáideoirí deiridh dath agus tréshoilseán na ndeilbhíní agus na ngiúrléidí a bhaineann le Do chuid Feidhmchlár a mhionathrú agus iad a thaispeáint (lena n-áirítear leis na mionathruithe) ar a ngléas. Ina theannta sin, aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple dath, an tréshoilseán agus cuma agus éirim na ndeilbhíní agus na ngiúrléidí a bhaineann le Do chuid Feidhmchlár a mhionathrú; agus mura gcuireann Tú Apple ar an eolas a mhalairt i scríbhinn, féadfaidh Apple úsáid a bhaint as deilbhíní agus giúrléidí den chineál sin nó iad a thaispeáint (lena n-áirítear leis na mionathruithe) in ábhair mhargaíochta de chuid Apple, doiciméadacht forbróra, agus ag imeachtaí Fhorbróir Apple (m.sh. WWDC, Meet with Apple Experts).

7.8 Feidhmchlár Apple Games

Ar iOS agus/nó iPadOS, má shocraíonn D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe a dháiltear trí App Store a chatagóir príomh-fheidhmchláir mar Chluichí, agus/nó má úsáideann sé seirbhís Game Center, aontaíonn Tú go bhféadfar a fhaisnéis maidir le Feidhmchlár Ceadúnaithe a úsáid chun D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe a thaispeáint i bhfeidhmchlár Apple Games, agus chun é a lainseáil ó fheidhmchlár Apple Games. D'ainneoin na dtéarmaí eile sa Chomhaontú seo (lena n-áirítear

aon aguisín) níl feidhm ag an bhforáil seo ach maidir le Feidhmchláir Cheadúnaithe a dháiltear trí App Store.

Ar macOS, má dhéantar nótaireacht ar D'Fheidhmchlár faoi **Alt 5.3** agus más cluiche é, aontaíonn Tú go bhféadfar deilbhín D'Fheidhmchláir a úsáid chun D'Fheidhmchlár a thaispeáint i bhfeidhmchlár Apple Games agus chun é a lainseáil ó fheidhmchlár Apple Games.

Ar iOS, iPadOS agus/nó macOS, má dháiltear D'Fheidhmchlár trí TestFlight nó dáileachán Ad Hoc, agus má úsáideann sé seirbhís Game Center, aontaíonn Tú go bhféadfar deilbhín D'Fheidhmchláir a úsáid chun D'Fheidhmchlár a thaispeáint i bhfeidhmchlár Apple Games, agus chun é a lainseáil ó fheidhmchlár Apple Games.

7.9 Faisnéis Iarratais; Cosaint do Mhionaoisigh

Aontaíonn tú faisnéis chruinn agus iomlán a sholáthar faoi D'Fheidhmchlár mar a iarrtar in App Store Connect, sula ndéantar D'Fheidhmchlár a dháileadh ar úsáideoirí deiridh, agus nuashonruithe a sholáthar de réir mar is gá. Aithníonn tú agus aontaíonn tú freisin go bhféadfadh Apple an t-eolas seo a úsáid chun D'Fheidhmchlár a aicmiú, agus, nuair is cuí, bunaithe ar an aicmiú sin, treoir a thabhairt maidir le pointí tosaigh do liúntais ama tosaigh don úsáid ag úsáideoirí deiridh atá mionaoiseach ar Do Fheidhmchlár agus ar shuíomhanna gréasáin gaolmhara aitheanta, agus/nó íoslódálacha D'Fheidhmchláir ag úsáideoirí deiridh atá mionaoiseach a shrianadh.

8. Táillí Cláir

Mar chomhaoin ar na cearta agus na ceadúnais a dheonaítear Duit faoin gComhaontú seo agus ar Do rannpháirtíocht sa Chlár, aontaíonn Tú táille bhliantúil an Chláir atá leagtha amach ar shuíomh gréasáin an Chláir a íoc le Apple, mura bhfuair Tú tarscaoileadh táille bailí ó Apple. Níl an táille sin in-aisíoctha, agus is Tusa a bheidh freagrach as aon cháin a d'fhéadfaí a thobhach ar Bhogearraí Apple, Seirbhísí Apple nó ar an úsáid a bhaineann Tú as an gClár. Ní mór Do tháillí Cláir a íoc go hiomlán agus ní chun deiridh nuair a chuireann Tú Feidhmchláir faoi bhráid Apple (nó nuair a chuireann Tú faoina bhráid arís iad) faoin gComhaontú seo, agus tá an úsáid leanúnach a bhaineann Tú as tairseach ghréasáin an Chláir agus Seirbhísí an Chláir faoi réir táillí den chineál sin a bheith á n-íoc Agat, i gcás inarb infheidhme. Má roghnaíonn Tú Do tháillí bliantúla Cláir a íoc ar bhonn athnuachana uathoibríthe, aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple táille a ghearradh ar an gcárta creidmheasa atá ar comhad Agat le Apple le haghaidh táillí den chineál sin, faoi réir na dtéarmaí lena n-aontaíonn Tú ar thairseach ghréasáin an Chláir nuair a roghnaíonn Tú clárú do bhallraíocht athnuachana uathoibríthe.

Má íocann Tú Do tháillí Cláir trí fheidhmchlár Fhorbróir Apple, tá feidhm ag téarmaí Cheangaltán 9 (Téarmaí Breise maidir le Síntiúis a Cheannaítear trí Fheidhmchlár Fhorbróir Apple) freisin.

9. Rúndacht

9.1 Faisnéis a Mheasann Apple a bheith Faoi Rún

Aontaíonn Tú go measfar gach leagan réamheisiúna de Bhogearraí Apple agus Seirbhísí Apple (lena n-áirítear Doiciméadacht réamheisiúna), leaganacha réamheisiúna de chrua-earraí Apple agus Pacáiste Imlonnaithe FPS a bheith “Faisnéis Faoi Rún de chuid Apple”; ar an gcoinníoll, nuair a eisítear Bogearraí Apple ar bhonn tráchtála, nach mbeidh na téarmaí agus coinníollacha ina nochtar gnéithe réamheisiúna Bhogearraí nó Sheirbhísí Apple faoi rún a thuilleadh. D'ainneoin an mhéid sin roimhe seo, ní áireofar an méid seo a leanas i bhFaisnéis Faoi Rún de chuid Apple: (i) faisnéis atá ar fáil go ginearálta agus go dlisteanach don phobal gan aon locht Ortsa nó mar gheall ar aon sárú a bhfuil Tusa freagrach as, (ii) fhaisnéis atá á cur ar fáil go ginearálta don phobal ag Apple, (iii) faisnéis atá á forbairt go neamhspleách Agatsa gan úsáid a bhaint as aon Fhaisnéis Faoi Rún de chuid Apple, (iv) faisnéis a fuarthas go dlisteanach ó thríú páirtí ag a bhfuil an ceart chun an fhaisnéis sin a aistriú Chugat nó a nochtadh Duit gan teorainn, nó (v) aon FOSS atá san áireamh i mBogearraí Apple agus a ngabhann téarmaí ceadúnaithe leis nach bhforchuireann oibleagáidí rúndachta ar úsáid nó nochtadh a leithéid de FOSS. Thairis sin,

aontaíonn Apple nach mbeidh Tú faoi cheangal ag na téarmaí rúndachta sin ó thaobh faisnéise teicniúla de maidir le réamheisiúint Bhogearraí Apple agus seirbhísí arna nochtadh ag Apple ag WWDC (Comhdháil Forbróirí Domhanda Apple), ach nach féadfaidh Tú gabhálacha scáileáin d'aon réamheisiúint Bhogearraí Apple, Sheirbhísí Apple ná chrua-earraí Apple a phostáil, léirmheasanna poiblí a scríobh maidir leo, ná iad a athdháileadh.

9.2 Oibleagáidí maidir le Faisnéis Faoi Rún de chuid Apple

Aontaíonn Tú Faisnéis Faoi Rún de chuid Apple a chosaint trí bheith chomh cúramach ar a laghad agus a bhíonn Tú chun D'fhaisnéis phearsanta féin a chosaint atá chomh tábhachtach céanna, ach gan leibhéal cúraim nach bhfuil réasúnach a léiriú. Ní aontaíonn Tú Faisnéis Faoi Rún de chuid Apple a úsáid ach chun Do chearta a fheidhmiú agus Do chuid oibleagáidí a fheidhmiú faoin gComhaontú seo agus aontaíonn Tú gan Faisnéis Faoi Rún de chuid Apple a úsáid chun aon chríche eile, chun do thairbhe Féin nó chun tairbhe aon tríú páirtí, gan toiliú i scríbhinn a fháil ó Apple roimh ré. Thairis sin, aontaíonn Tú gan Faisnéis Faoi Rún de chuid Apple a nochtadh d'aon duine nó í a scaipeadh chucu seachas: (i) an fhaisnéis maidir le Do chuid fostaithe agus conraitheoirí nó le Do dhámh agus foireann más institiúid oideachais Thú, nach mór dóibh a bheith ar an eolas agus atá faoi cheangal ag comhaontú scríofa a thoirmisceann úsáid nó nochtadh neamhúdaraíthe Faisnéise Faoi Rún de chuid Apple; nó (ii) mar a aontaíonn nó mar a cheadaíonn Apple ar shlí eile. Féadfaidh Tú Faisnéis Faoi Rún de chuid Apple a nochtadh a mhéid is gá de réir dlí, ar choinníoll go ndéanann Tú bearta réasúnacha chun a leithéid de cheanglas a fhógairt do Apple sula nochtfaidh Tú Faisnéis Rún de chuid Apple agus chun cóireáil chosantach na Faisnéise Faoi Rún de chuid Apple a fháil. Admhaíonn Tú go bhféadfadh damáistí a bhaineann le nochtadh míchuí Faisnéise Faoi Rún de chuid Apple a bheith doleigheasta; mar sin, tá Apple i dteideal faoiseamh cothromasach a lorg, lena n-áirítear urghaire agus réamh-urghaire, sa bhreis ar gach leigheas eile.

9.3 Faisnéis a Chuirtear faoi Bhráid Apple a Mheastar Nach Bhfuil Faoi Rún

Oibríonn Apple le go leor forbróirí feidhmchlár agus bogearraí agus d'fhéadfadh sé go mbeadh cuid dá dtáirgí cosúil le Do chuid Feidhmchlár nó ag dul in iomaíocht leo. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go bhforbródh Apple a fheidhmchláir agus táirgí chosúla nó iomaíocha féin nó d'fhéadfadh sé go ndéanfadh sé cinneadh déanamh amhlaidh sa todhchaí. Chun aon mhíthuiscint a sheachaint agus seachas mar a leagtar amach go sainráite ar shlí eile anseo istigh, ní féidir le Apple comhaontú le haon oibleagáid rúndachta ná srianadh úsáide, atá sainráite nó intuigthe, agus séanann sé go sainráite iad, maidir le haon fhaisnéise a d'fhéadfá a chur ar fáil maidir leis an gComhaontú seo nó leis an gClár seo, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'fhaisnéis maidir le D'Fheidhmchlár, Faisnéis maidir le Feidhmchlár Ceadúnaithe, agus meiteashonraí (dá ngairfear "**Nochtaí Ceadúnaí**" ar nochtaí den chineál sin). Aontaíonn Tú go mbeidh aon Nochtadh Ceadúnaí den chineál sin **neamhrúnda**. Seachas mar a bheidh leagtha amach go sainráite anseo istigh, beidh cead ag Apple aon Nochtadh Ceadúnaí a úsáid agus a nochtadh ar bhonn neamhshrianta gan fógra a thabhairt Duit nó gan cúiteamh a dhéanamh Leat. Scaoileann Tú Apple ó gach dlíteanas agus oibleagáid a d'fhéadfadh eascairt as admháil, athbhreithniú, úsáid nó nochtadh aon chuid d'aon Nochtadh Ceadúnaí. Glacfar le haon ábhar fisiciúil a chuirfidh Tú faoi bhráid Apple mar mhaoín Apple agus ní bheidh aon oibleagáid ar Apple na hábhair sin a thabhairt ar ais Duit nó a dheimhniú Duit go bhfuil siad scriosta.

9.4 Preasráitis agus Ábhar Poiblíochta Eile

Ní bheidh cead Agat aon phreasráiteas a eisiúint ná aon ráiteas poiblí eile a dhéanamh maidir leis an gComhaontú seo, lena théarmaí agus coinníollacha, nó leis an gcaidreamh idir na páirtithe gan cead sainráite i scríbhinn a fháil ó Apple roimh ré, a d'fhéadfadh Apple a shiarchoinneáil de réir a lánrogha.

10. Slánú

A mhéid a cheadaítear leis an dlí is infheidhme, aontaíonn Tú, ar iarratas Apple, a stiúrthóirí, a oifigigh, a fostaithe, a chonraitheoirí agus a ghníomhairí neamhspleácha (gach ceann díobh ina "Páirtí Slánaithe de chuid Apple") a shlánú, a shéanadh agus a chosaint ar aon éileamh,

caillteanas, dliteanas, damáiste, cáin, speansas agus costas, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do tháillí aturnaetha agus costais chúirte ("Caillteanais" i dteannta a chéile), arna dtabhú ag Páirtí Slánaithe de chuid Apple agus a eascraíonn as aon cheann de na nithe seo a leanas nó a bhaineann leo, (ach gan aon Fheidhmchlár ar macOS a dháiltear lasmuigh de App Store agus nach n-úsáideann aon Seirbhís ná Deimhniú Apple a áireamh chun críocha an Ailt seo): (i) Sáraíonn tú aon deimhniú, gealltanais, oibleagáid, ionadaíocht nó barántas sa Chomhaontú seo, lena n-áirítear Sceideal 2 agus Sceideal 3 (más infheidhme); (ii) aon éilimh go sáraíonn do Tháirge Clúdaithe, nó Táirge Comhfhreagrach nó dáileadh, díol, tairiscint le díol, úsáid nó allmhairiú do Tháirge Clúdaithe nó Táirge Comhfhreagrach (cibé acu ina n-aonar nó mar chuid riachtanach de chomhcheangal), Faisnéis Iarratais Cheadúnaithe, meiteashonraí, nó Faisnéis Pas cearta IP tríú páirtí nó cearta maoine; (iii) Sáraíonn tú aon cheann de do oibleagáidí faoin EULA (mar a shainítear i Sceideal 1 nó Sceideal 2 nó Sceideal 3 (más infheidhme)) do d'Iarratas Cheadúnaithe; (iv) Úsáid, cur chun cinn nó seachadadh ceadaithe Apple ar d'Iarratas Cheadúnaithe, Faisnéis Iarratais Cheadúnaithe, Fógra Brú Safari, Síneadh Safari (más infheidhme), Pas, Faisnéis Pas, meiteashonraí, trádmharcanna agus lógónna gaolmhara, nó íomhánna agus ábhair eile a sholáthraíonn tú do Apple faoin gComhaontú seo, lena n-áirítear Sceideal 2 nó Sceideal 3 (más infheidhme); (v) aon éilimh, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do éilimh a thagann ó úsáideoirí deiridh, nó ó thuismitheoirí nó caomhnóirí, ceantair scoile, údarais rialtais, nó aon duine nó eintiteas eile a eascraíonn ó chearta úsáideoirí deiridh nó ar shlí eile, maidir le do Tháirgí Clúdaithe, do Tháirgí Comhfhreagracha, Faisnéis Iarratais Cheadúnaithe, Faisnéis Pas, nó lógónna, trádmharcanna, ábhar nó íomhánna gaolmhara, d'fhonn amhras a sheachaint lena n-áirítear aon éilimh maidir le nochtadh do ábhar mí-úsáide nó dúshaothraithe gnéis leanaí nó ábhar míchuí don aois, bulaíocht, ábhar andúileach, foréigineach nó díobhálach ar shlí eile; nó innealtóireacht shóisialta, aithris, calaois airgeadais, nó aon chalaois eile; (vi) d'úsáid (lena n-áirítear úsáid do Fhorbróirí Údaraithe) ar Bhogearraí nó Seirbhísí Apple, Faisnéis Iarratais Cheadúnaithe, Faisnéis Pas, meiteashonraí, D'Aonad Tástála Údaraithe, Do Ghléasanna Cláraithe, Do Tháirgí Clúdaithe, Do Tháirgí Comhfhreagracha, Próifílí Cumraíochta, nó d'fhorbairt agus dáileadh aon cheann díobh seo; nó (vii) aon éilimh ó Chustaiméirí MDM maidir le do Tháirgí Comhoiriúnacha MDM, chomh maith le haon éilimh go sáraíonn do Tháirgí Comhoiriúnacha MDM cearta IP tríú páirtí nó cearta maoine.

Admhaíonn Tú nach bhféadfadh Bogearraí Apple ná aon Seirbhís atá beartaithe lena n-úsáid san fhorbairt Táirgí Cumhdaithe nó Táirgí Comhfhreagracha ina bhfuil earráidí nó míchruinneas san inneachar, san fheidhmiúlacht, sna seirbhísí, sonraí nó faisnéis arna gcur ar fáil ag aon cheann acu sin roimhe seo nó teip ar aon cheann acu sin roimhe seo, a bheith mar bhonn le bás, díobháil phearsanta nó damáiste díobhálach fisiciúil nó damáiste don chomhshaol, agus, a mhéid a cheadaítear le dlí, aontaíonn Tú leis seo gach Páirtí Slánaithe de chuid Apple a shlánú, a chosaint agus a shéanadh maidir le haon Chaillteanas arna thabhú ag a leithéid de Pháirtí Slánaithe de chuid Apple bunaithe ar aon úsáid den chineál sin.

I gcás ar bith, ní fhéadfaidh Tú aon réiteach nó comhaontú atá cosúil leis a dhéanamh le tríú páirtí a dhéanfaidh difear do chearta de chuid Apple nó a chuirfidh ceangal ar Apple ar aon slí, gan toiliú i scríbhinn a fháil ó Apple roimh ré.

11. Tréimhse agus Foirceannadh

11.1 Tréimhse

Beidh Tréimhse an Chomhaontaithe seo bailí go dtí comóradh aon bhliain amháin (1) ar dháta gníomhachtaithe bunaidh Do chuntais Cláir. Ina dhiaidh sin, faoi réir táillí athnuachana bliantúla a bheith á n-íoc Agat agus téarmaí an Chomhaontaithe seo a chomhlíonadh, athnuafaidh an Tréimhse go huathoibríoch ar feadh tréimhse aon bhliain amháin (1) eile, mura bhfoirceanntar roimhe sin í i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

11.2 Foirceannadh

Foirceannfar an Comhaontú seo agus gach ceart agus ceadúnas arna ndeonú ag Apple thíos agus aon seirbhís dá bhforáiltear thíos agus beidh éifeacht leis láithreach nuair a gheofar fógra ó Apple:

- (a) mura gcomhlíonann Tusa nó aon cheann de Do chuid Forbróirí Údaraithe aon téarma an Chomhaontaithe seo seachas mar atá leagtha amach thíos in **Alt 11.2** agus mura réitíonn Tú sárú den chineál sin laistigh de 30 lá tar éis Duit an sárú sin a thabhairt faoi deara nó fógra a fháil maidir leis;
- (b) mura gcomhlíonann Tusa nó aon cheann de Do chuid Forbróirí Údaraithe téarmaí **Alt 9 (Rúndacht)**;
- (c) i gcás na n-imthosca a thuairiscítear san fho-alt dar teideal “Inscoiteacht” thíos;
- (d) má thionscnaíonn Tú, tráth ar bith i rith na Tréimhse, caingean maidir le sárú paitinne i gcoinne Apple;
- (e) má tá Tú dócmhainneach, mura n-íocann Tú Do chuid Fiachas nuair a bhíonn siad dlite, má dhíscáoileann Tú nó má chuireann Tú stop le gnó a dhéanamh, má chomhdaíonn Tú iarratas le haghaidh féimheachta nó má chomhdaigh Tú i gcoinne achainí a bhain le féimheacht;
- (f) má tá Tusa nó aon eintiteas nó duine a rialaíonn Thú go díreach nó go hindíreach, faoi rialú comhchoiteann Leat (sa chás ina bhfuil le “rialú” an brí a shainmhínítear in Alt 14.8), nó má fhorbraíonn Tú feidhmchláir chun déileálacha a bhaineann le smachtbhannaí nó srianta eile sna tíortha nó sna réigiúin atá le fáil in App Store Connect a éascú, nó má Tú faoina réir nó má bheidh Tú faoina réir; nó
- (g) má ghlacann Tú páirt, nó má spreagann Tú daoine eile páirt a ghlacadh, in aon ghníomh míthreorach, calaoiseach, míchuí, neamhdhleathach nó mímhacánta a bhaineann leis an gComhaontú seo, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do mhífhaisnéis a dhéanamh ar chineál D’Fheidhmchláir (m.sh., feidhmiúlacht a cheilt nó iarracht a dhéanamh ar fheidhmiúlacht a cheilt ar athbhreithniú de chuid Apple, léirmheasanna tomhaltóirí ar D’Fheidhmchlár a bhréagnú, páirt a ghlacadh i gcalaois íocaíochta, srl.).

Ina theannta sin, féadfaidh Apple an Comhaontú seo a fhoirceannadh nó do chearta chun Bogearraí nó seirbhísí Apple a úsáid a chur ar fionraí, mura nglacfaidh le haon Cheanglas nua maidir leis an gClár ná le téarmaí an Chomhaontaithe a thuairiscítear in **Alt 4**. Féadfaidh ceachtar páirtí an Comhaontú seo a chur ar fionraí ar mhaithe lena háisiúlacht féin, ar aon chúis nó ar chúis ar bith, a bheidh i bhfeidhm 30 lá i ndiaidh fógra i scríbhinn a chur faoi bhráid an pháirtí eile maidir lena rún é a fhoirceannadh.

11.3 Éifeacht Foirceanta

Nuair a fhoirceannfar an Comhaontú seo ar aon chúis, aontaíonn Tú deireadh láithreach a chur le húsáid a bhaint as Bogearraí agus seirbhísí Apple agus gach cóip, iomlán nó páirteach de Bhogearraí Apple agus d’aon fhaisnéis a bhaineann leis na seirbhísí (lena n-áirítear D’Aitheantas Brúfheidhmchláir) agus gach cóip d’Fhaisnéis Faoi Rún de chuid Apple atá i Do sheilbh nó faoi rialú Agat nó i seilbh Do Chuid Forbróirí Údaraithe nó faoi rialú acu a léirsciosadh agus a scríosadh. Ar iarratas Apple, aontaíonn Tú deimhniú i scríbhinn maidir leis an scríosadh sin a sholáthar do Apple. Ar éag na Tréimhse Seachadta atá sainmhínithe agus leagtha amach i Sceideal 1, léirsciosfar nó scríosfar gach Feidhmchlár Ceadúnaithe agus Faisnéis maidir le Feidhmchlár Ceadúnaithe atá i seilbh Apple nó á rialú ag Apple laistigh de thréimhse réasúnta ina dhiaidh sin, seachas aon chóip cartlainne a choimeádtar i gcomhréir le gnáthchleachtas gnó de chuid Apple nó a cheanglaítear a choimeád de réir an dlí, na rialacha nó an rialacháin is infheidhme. Beidh na forálacha seo fós ar marthain i ndiaidh aon fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo: Ailt 1, 2.3, 2.5, 2.6, 3.1(d), 3.1(e), 3.1(f), 3.2, agus 3.3, an dara mír den Alt 5.1 (gan an dá abairt dheireanacha a áireamh seachas na srianta a bheidh ar marthain), an tríú mír den Alt 5.1, an abairt dheireanach den chéad mhír den Alt 5.3 agus teorainneacha agus srianta Alt 5.3, Alt 5.4, an chéad abairt d’Alt 6.6 agus na srianta de, srianta Alt 6.7, an dara mír d’Alt 6.9, agus d’Alt 7.1 (Sceideal 1 maidir leis an Tréimhse Seachadta), srianta Alt 7.3, 7.4, agus 7.5, Alt 7.6, Alt 9 go 14 go huile; faoi Cheangaltán 1, an abairt dheireanach den Alt 1.1, Alt 2, Alt 3.2 (ach amháin le haghaidh cur chun cinn atá ann cheana féin), an dara agus an tríú habairt den Alt 4, Alt 5 agus Alt 6; faoi Cheangaltán 2, Ailt 1.3, 2, 3, 4, 5, 6, agus 7; faoi Cheangaltán 3, Ailt 1,

2 (seachas an dara habairt den Alt 2.1), 3 agus 4; faoi Cheangaltán 4, Ailt 1.2, 1.5, 1.6, 2, 3, agus 4; laistigh de Cheangaltán 5, Ailt 2.2, 2.3, 2.4 (ach amháin le haghaidh cur chun cinn atá ann cheana féin), 3.3, agus 5; faoi Cheangaltán 6, Ailt 1.2, 1.3, 2, 3, agus 4; faoi Cheangaltán 7, Alt 1.1 agus Alt 1.2; agus Ceangaltán 8. Ní bheidh Apple faoi dhliteanas i leith cúiteamh, slánú nó damáistí de chineál ar bith mar thoradh ar an gComhaontú seo a fhoirceannadh i gcomhréir lena théarmaí agus beidh foirceannadh an Chomhaontaithe seo gan dochar d'aon cheart nó réiteach eile a d'fhéadfadh a bheith ag Apple faoi láthair nó amach anseo.

12. GAN BHARÁNTA

D'fhéadfadh sé go mbeadh míchruinnis nó earráidí i mBogearraí nó Seirbhísí Apple a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le teipeanna nó caillteanas sonraí agus d'fhéadfaidís a bheith neamhiomlán. Forchoimeádann Apple agus a cheadúnaithe an ceart chun athrú a dhéanamh ar rochtain ar aon Seirbhís (nó ar aon cuid díobh), í a chur ar fionraí, í a bhaint nó í a dhíchumasú tráth ar bith gan fógra a thabhairt. I gcás ar bith, ní bheidh Apple ná a cheadúnaithe faoi dhliteanas i leith rochtain a bhaint nó a dhíchumasú ar na Sheirbhísí sin. Ina theannta sin, féadfaidh Apple nó a cheadúnaithe teorainneacha a fhorchur ar úsáid nó rochtain ar Sheirbhísí áirithe, nó na Seirbhísí a bhaint ar feadh tréimhsí éiginnte, nó na Seirbhísí a chealú tráth ar bith, agus i gcás ar bith agus gan aon fhógra ná dliteanas. A MHÉID IS CEADMHACH DE RÉIR AN DLÍ IS INFHEIDHME, ADMHAÍONN TÚ AGUS AONTAÍONN TÚ GO SAINRÁITE GUR AR DO PHRIACAL FÉIN A BHAINNEANN TÚ ÚSÁID AS BOGEARRAÍ, RÉITEACH SLÁNDÁLA AGUS AON SEIRBHÍS APPLE AGUS GO mBAINEANN AN PRIACAL IOMLÁN LEATSA MAIDIR LE CÁILÍOCHT, FEIDHMÍOCHT, CRUINNEAS AGUS IARRAUGHT SHÁSÚIL. SOLÁTHRAÍTEAR BOGEARRAÍ, RÉITEACH SLÁNDÁLA AGUS AON SEIRBHÍS APPLE “MAR ATÁ” AGUS “MAR ATÁ AR FÁIL”, LE GACH FABHT AGUS GAN BHARÁNTA D'AON CHINEÁL, AGUS SÉANANN APPLE, GNÍOMHAIRÍ DE CHUID APPLE AGUS CEADÚNÓIRÍ DE CHUID APPLE (**DÁ nGAIRTEAR “APPLE” ORTHU I dTEANNTA A CHÉILE CHUN CRÍOCHA ALT 12 AGUS 13**) LEIS SEO GACH BARÁNTA AGUS COINNÍOLL A BHAINNEANN LE BOGEARRAÍ, RÉITEACH SLÁNDÁLA AGUS SEIRBHÍSÍ APPLE, GO SAINRÁITE, GO hINTUIGTHE NÓ GO REACHTÚIL, LENA n-ÁIRÍTEAR ACH GAN BHEITH TEORANTA DO NA BARÁNTAÍ AGUS COINNÍOLLACHA INTUIGTHE A BHAINNEANN LE hINDÍOLTACHT, CÁILÍOCHT SHÁSÚIL, OIRIÚNACHT DO CHUSPÓIR ÁIRITHE, CRUINNEAS, TRÁTHÚLACHT AGUS NEAMHSHÁRÚ AR CHEARTA TRÍÚ PÁIRTÍ. NÍ BHARÁNTAÍONN APPLE I gCOINNE CUR ISTEACH AR DO CHEART CHUN BOGEARRAÍ, RÉITEACH SLÁNDÁLA, NÓ SEIRBHÍSÍ APPLE, GO gCOMHLÍONFAIDH BOGEARRAÍ, RÉITEACH SLÁNDÁLA, NÓ SEIRBHÍSÍ APPLE DO CHEANGLAIS, GO mBEIDH OIBRIÚ BHOGEARRAÍ, RÉITEACH SLÁNDÁLA, NÓ SOLÁTHAR SHEIRBHÍSÍ APPLE GAN BHAC, GO TRÁTHÚIL, SLÁN NÓ SAOR Ó EARRÁIDÍ, GO gCEARTÓFAR FABHTANNA NÓ EARRÁIDÍ I mBOGEARRAÍ, RÉITEACH SLÁNDÁLA, NÓ SEIRBHÍSÍ APPLE, NÓ GO mBEIDH BOGEARRAÍ, RÉITEACH SLÁNDÁLA, NÓ SEIRBHÍSÍ APPLE COMHOIRIÚNACH DO THÁIRGÍ, SEIRBHÍSÍ NÓ BOGEARRAÍ APPLE AMACH ANSEO NÓ D'AON BHOGEARRA, FEIDHMCHLÁR NÓ SEIRBHÍS TRÍÚ PÁIRTÍ, NÓ NACH gCAILLFEAR AON FHAISNÉIS A PHRÓISEÁILTEAR, A STÓRÁILTEAR, NÓ A THARCHUIRTEAR TRÍ AON BHOGEARRA NÓ SEIRBHÍS APPLE NÁ GO dTRUAILLEOFAR Í NÁ GO nDÉANTAR DOCHAR DI. ADMHAÍONN TÚ NACH bhFUIL BOGEARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ APPLE BEARTAITHE NÁ OIRIÚNACH LENA n-ÚSÁID I gCÁSANNA NÁ I dTIMPEALLACHTAÍ INA BHFÉADFADH EARRÁIDÍ, MOILLEANNA, TEIPEANNA NÓ MÍCHRUINNEAS I bPRÓISEÁIL, TARCHUR, NÓ STÓRÁIL SONRAÍ NÓ FAISNÉISE AG NÓ TRÍ BHOGEARRAÍ NÓ SEIRBHÍSÍ APPLE A BHEITH MAR BHONN LE BÁS, DÍOBHÁIL PHEARSANTA, NÓ DAMÁISTE AIRGEADAIS, DAMÁISTE FISICIÚIL, DAMÁISTE DO MHAOIN NÓ DAMÁISTE DON CHOMHSHAOL A BHEITH MAR THORADH AIR, LENA n-ÁIRÍTEAR ACH GAN BHEITH TEORANTA D'OIBRIÚ SAORÁIDE NÚICLÉICHE, CÓRAIS LOINGSEOIREACHTA AERÁRTHAIGH NÓ CHUMARSÁIDE, RIALÚ AERTHRÁCHTA, CÓRAIS TACAÍOCHTA BEATHA NÓ AIRM. NÍ CHRUTHÓIDH AON FHAISNÉIS Ó BHÉAL NÁ I SCRÍBHINN ARNA TABHAIRT AG APPLE NÓ AG IONADAÍ ÚDARAITHE DE CHUID APPLE BARÁNTA NACH SONRAÍTEAR GO SOILÉIR SA CHOMHAONTÚ SEO. SA CHÁS GUR LÉIR GO bhFUIL BOGEARRAÍ, RÉITEACH SLÁNDÁLA NÓ SEIRBHÍSÍ APPLE FABHTACH, GLACANN TÚ LE FREAGRACHT AS COSTAS IOMLÁN AN tSEIRBHÍSITHE, AN DEISIÚCHÁIN

NÓ AN CHEARTÚCHÁIN RIACHTANAIGH AR FAD. Is chun críoch loingseoireachta bunúsach amháin aon sonraí suímh agus sonraí léarscáileanna a chuireann aon Seirbhís nó bogearra ar fáil agus níl sé beartaithe go mbeifear ag brath ar a leithéid i gcásanna ina dteastaíonn faisnéis suímh bheacht nó sa chás ina bhféadfadh sonraí suímh earráideacha, míchruinne nó neamhiomlána a bheith mar bhonn le bás, díobháil phearsanta, damáiste do mhaoín nó damáiste don chomhshaol. Ní gheallann Apple ná aon cheann dá cheadúnaithe infhaighteacht, cruinneas, iomláine, iontaofacht nó tráthúlacht sonraí suímh nó aon sonraí nó faisnéis eile a thaispeánann aon Seirbhís nó bogearra.

13. TEORANNÚ DLITEANAIS

A MHÉID A THOIRMISCTEAR LEIS AN DLÍ INFHEIDHME NÍ BHEIDH APPLE, I GCÁS AR BITH, FAOI DHLITEANAS I LEITH DÍOBHÁIL PHEARSANTA NÁ AON DAMÁISTE THEAGMHASACH, SPEISIALTA, INDÍREACH, IARMHARTACH NÁ PIONÓSACH, LENA n-ÁIRÍTEAR ACH GAN BHEITH TEORANTA DO DHAMÁISTÍ I LEITH CAILLTEANAS BRABÚS, CAILLTEANAS SONRAÍ, CUR ISTeach AR GHNÓ NÓ AON DAMÁISTE NÓ CAILLTEANAS TRÁCHTÁLA EILE, A EASCRAÍONN AS AN gCOMHAONTÚ SEO, AS AN ÚSÁID A BHAINNEANN TÚ AS BOGEARRAÍ, RÉITEACH SLÁNDÁLA, SEIRBHÍSÍ APPLE, AS TEASTAIS APPLE NÓ D'ÉAGUMAS IAD A ÚSÁID NÓ DO CHUID IARRACHTAÍ FORBARTHA NÓ RANNPHEÁIRTÍOCHT SA CHLÁR NÓ DAMÁISTÍ ATÁ GAOLMHAR LEO, BEAG BEANN AR AN gCÚIS NÁ AN mBAINEANN A LEITHÉID LE TEOIRIC CONARTHA, BARÁNTA, TORTA (LENA n-ÁIRÍTEAR FAILLÍ), DLITEANAS TÁIRGÍ NÓ A MHALAIRT, FIÚ AMHÁIN MÁ CUIREADH IN IÚL DO APPLE MAIDIR LEIS AN bhFÉIDEARTHACHT A BHAINNEANN LEIS NA DAMÁISTÍ SIN AGUS D'AINNEOIN EASPA CUSPÓRA RIACHTANAIGH D'AON RÉITEACH. I gcás ar bith, ní sháróidh an dliteanas iomlán faoina mbeidh Apple Duit faoin gComhaontú seo i leith gach damáiste (seachas mar a d'fhéadfadh dlí is infheidhme a cheangal i gcásanna a bhaineann le díobháil phearsanta) caoga dollar (\$50.00).

14. Téarmaí Dlí Ginearálta

14.1 Fógraí Tríú Páirtí

D'fhéadfadh codanna de Bhogearraí nó Seirbhísí Apple úsáid a bhaint as bogearraí tríú páirtí agus ábhar eile faoi chóipcheart nó iad a áireamh. Tá admhálacha, téarmaí ceadúnaithe agus séantaí an ábhair sin le fáil sa doiciméadacht leictreonacha a bhaineann le Bhogearraí agus Seirbhísí Apple, agus tá an úsáid a bhaineann Tú as an ábhar sin á rialú ag a dtéarmaí faoi seach.

14.2 Toiliú chun Sonraí a Bhailiú agus a Úsáid

A. Leaganacha réamheisiúna de iOS, watchOS, tvOS, visionOS, iPadOS, agus macOS

Chun Apple a sholáthar, a thástáil agus cabhrú leis, cuireann a chomhpháirtithe agus a fhorbróirí tríú páirtí feabhas ar a dtáirgí agus seirbhísí, agus mura ndiúltaíonn Tusa nó Do chuid Forbróirí Údaraithe i leaganacha réamheisiúna de iOS, watchOS, tvOS, iPadOS, visionOS nó macOS, de réir mar is infheidhme, admhaíonn Tú go mbeidh Apple agus a fhochuideachtaí ag bailiú, ag úsáid, ag stóráil, ag tarchur, ag próiseáil agus ag anailísiú (“**ag bailiú**”, i dteannta a chéile) logaí agus faisnéis dhiagnóiseach, theicniúil agus úsáide ó Do chuid Aonad Tástála Údaraithe (a bhfuil leaganacha réamheisiúna de Bhogearraí agus seirbhísí Apple á rith acu) mar chuid den phróiseas síolaithe forbróra. Baileofar an fhaisnéis sin i bhfoirm nach sainithníonn Thú nó Do chuid Forbróirí Údaraithe go pearsanta agus a fhéadfar a Bhailiú ó Do chuid Aonad Tástála Údaraithe tráth ar bith. Áirítear san fhaisnéis a bheadh á Bailiú, ach gan bheith teoranta do shonraí diagnóiseacha agus úsáide ginearálta, sainaitheantóirí uathúla gléis éagsúla, sainaitheantóirí córais nó crua-earraí uathúla éagsúla, sonraí maidir le sonraíochtaí crua-earraí agus córais oibriúcháin, staitisticí feidhmíochta agus sonraí maidir leis an úsáid a bhaineann Tú as d'Aonad Tástála Údaraithe, bogearraí córais agus feidhmchláir agus forimeallaigh agus má tá Seirbhísí Suímh cumasaithe, faisnéis áirithe maidir le suíomh. Aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple logaí agus faisnéis dhiagnóiseach, theicniúil agus úsáide den chineál sin a chomhroinnt le comhpháirtithe agus le forbróirí tríú páirtí chun deis a thabhairt dóibh feabhas a chur a gcuid táirgí agus seirbhísí atá ag feidhmiú ar tháirgí ar de bhranda Apple iad nó atá ag feidhmiú i dtaca leo.

Má shuiteálann Tú nó má úsáideann Tú leaganacha réamheisiúna de iOS, watchOS, tvOS, iPadOS, visionOS nó macOS ar Do chuid Aonad Tástála Údaraithe, admhaíonn Tú agus comhaontaíonn Tú go dtugann Tú cead do Apple agus dá fhochuideachtaí an fhaisnéis sin a Bhailiú agus a úsáid mar atá leagtha amach thuas san Alt seo.

B. Bogearraí agus Seirbhísí Apple Réamheisiúna Eile

Chun táirgí agus seirbhísí Apple a thástáil, a sholáthar agus feabhas a chur orthu, agus díreach má roghnaíonn Tú Bogearraí nó Seirbhísí réamheisiúna eile a shuiteáil nó a úsáid, a chuirtear ar fáil mar chuid den phróiseas síolaithe forbróra nó den Chlár, admhaíonn Tú go bhféadfadh Apple agus a fhochuideachtaí agus gníomhairí a bheith ag Bailiú faisnéis dhiagnóiseach, theicniúil, úsáide agus ghaolmhar eile ó Bhogearraí agus Seirbhísí Apple réamheisiúna eile. Tabharfaidh Apple fógra Duit maidir le Bailiú na Faisnéise sin ar thairseach ghréasáin an Chláir agus ba cheart Duit féachaint go cúramach ar na nótaí eisiúna agus aon fhaisnéis eile arna nochtadh ag Apple sa suíomh sin sula ndéanfaí rogha an suiteálfá nó an úsáidfeá Bogearraí nó Seirbhísí Apple réamheisiúna sin. **Má shuiteálann Tú nó má úsáideann Tú Bogearraí agus Seirbhísí Apple réamheisiúna sin, admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú go dtugann Tú cead do Apple agus dá fhochuideachtaí aon fhaisnéis agus gach faisnéis dá leithéid a Bhailiú agus a úsáid mar atá leagtha amach thuas.**

C. Seirbhísí Imlonnaithe Gléis

Chun soláthar an ghléis, fíordheimhniú cuntais agus gnéithe imlonnaithe Bhogearraí agus Seirbhísí Apple a chur ar bun agus a úsáid, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le sainaitheantóirí uathúla áirithe le haghaidh Do tháirgí ar de bhranda Apple iad agus faisnéis chuntais. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí i measc na sainaitheantóirí uathúla sin Do sheoladh ríomhphoist, Cuntas Apple de Do chuid sainaitheantóir crua-earraí le haghaidh Do ríomhaire agus sainaitheantóirí gléis a chuireann Tú isteach i mBogearraí nó Seirbhísí Apple le haghaidh na dtáirgí sin ar de bhranda Apple iad. D'fhéadfaí na sainaitheantóirí sin a logáil i ndáil le D'idirghníomhaíocht leis an tSeirbhís agus an úsáid a bhaineann Tú as na gnéithe sin agus as Bogearraí agus Seirbhísí Apple. **Má úsáideann Tú na gnéithe seo, aontaíonn Tú go bhféadfadh Apple agus a fhochuideachtaí an fhaisnéis sin a Bhailiú chun Bogearraí agus Seirbhísí Apple a sholáthar, lena n-áirítear na sainaitheantóirí sin a úsáid chun cuntas a fhíorú agus le haghaidh bearta frithchialaoise.** Mura bhfuil Tú ag iarraidh an fhaisnéis sin a chur ar fáil, ná bain úsáid as gnéithe soláthair, imlonnaithe nó fíordheimhnithe Bhogearraí nó Seirbhísí Apple.

D. Seirbhísí Apple

Chun táirgí agus seirbhísí Apple a thástáil, a sholáthar agus feabhas a chur orthu, agus díreach má roghnaíonn Tú na Seirbhísí dá bhforáiltear thíos a úsáid (agus seachas mar a fhoráiltear ar shlí eile anseo istigh), admhaíonn Tú go bhféadfadh Apple agus a fhochuideachtaí a bheith ag Bailiú faisnéis dhiagnóiseach, theicniúil, úsáide agus ghaolmhar ó Sheirbhísí Apple. Baileofar cuid den fhaisnéis sin i bhfoirm nach sainaithníonn Thú go pearsanta. I gcásanna áirithe, áfach, d'fhéadfadh sé go dteastódh ó Apple faisnéis a Bhailiú a bheadh mar bhonn le Tusa a shainaithint go pearsanta, ach díreach má tá údar ag Apple a cheapadh go bhfuil gá leis an mBailiú sin chun: (a) Seirbhísí Apple a sholáthar; (b) próiseas nó iarratas dlí a chomhlíonadh; (c) a fhíorú go bhfuil téarmaí an Chomhaontaithe seo á gcomhlíonadh; (d) calaois a chosc, lena n-áirítear imscrúdú a dhéanamh ar aon shaincheist theicniúil nó sárú a d'fhéadfadh a bheith i gceist; nó (e) cearta, maoin, slándáil nó sábháilteacht Apple, a fhorbróirí, a chustaiméirí nó an phobail a chosaint de réir mar a cheanglaítear nó a cheadaítear le dlí. **Má shuiteálann Tú nó má úsáideann Tú Seirbhísí Apple sin, admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú go dtugann Tú cead do Apple agus dá fhochuideachtaí aon fhaisnéis agus gach faisnéis dá leithéid a Bhailiú agus a úsáid mar atá leagtha amach san Alt seo.** Thairis sin, aontaíonn Tú go bhféadfadh Apple na logaí agus an fhaisnéis dhiagnóiseach, theicniúil agus úsáide a chomhroinnt (seachas faisnéis a bheadh mar bhonn le Tusa a shainaithint go pearsanta) le comhpháirtithe agus le forbróirí tríú páirtí chun cead a thabhairt dóibh feabhas a chur a gcuid táirgí agus seirbhísí atá ag feidhmiú ar tháirgí ar de bhranda Apple iad nó atá ag feidhmiú i dtaca leo.

E. Beartas Príobháideachais

Caithefar le sonraí a bhaileofar de bhua **Alt 14.2** de réir Bheartas Príobháideachais Apple atá le fáil ag <https://www.apple.com/legal/privacy>.

14.3 Sannadh; Caidreamh idir na Páirtithe

Ní fhéadfaidh Tú an Comhaontú seo a shannadh, ná aon chuid de Do chuid oibleagáidí faoin gComhaontú seo a tharmligean, go hiomlán nó go páirteach, trí fheidhmiú dlí, cumasc nó aon mhodh eile gan toiliú sainráite i scríbhinn a fháil ó Apple roimh ré agus glacfar leis go mbeidh aon iarracht a dhéanfar ar shannadh gan toiliú ar neamhní go hiomlán. Chun iarratas a dhéanamh ar thoiliú Apple le haghaidh sannadh, logáil isteach ar do chuntas ag <https://developer.apple.com> agus lean na céimeanna faoi Bhallraíocht. Seachas maidir le ceapadh na gníomhaireachta mar atá leagtha amach go sainráite i Sceideal 1 (más infheidhme), ní fhorléireofar an Comhaontú seo mar chomhaontú a chruthóidh aon chaidreamh gníomhaireachta eile nó comhpháirtíocht, comhfhiontar, dualgas muiníne nó aon chineál eile de chomhlachas dlí idir Tusa agus Apple, agus ní léireoidh Tú maidir lena mhalairt, go sainráite, go hintuigthe, trí chuma nó ar shlí eile. Ní ar mhaithe le tairbhe aon tríú páirtí an Comhaontú seo.

14.4 Forbairt Neamhspleách

Ní dhéanfaidh aon ní sa Chomhaontú seo dochar do cheart Apple chun táirgí nó teicneolaíochtaí a forbairt, a fháil, a cheadúnú, a chur ar mhargadh, a chur chun cinn nó a dháileadh a dhéanann na feidhmeanna céanna nó cosúla nó a théann in iomaíocht ar shlí eile le Feidhmchláir Cheadúnaithe, Táirgí Cumhdaithe, Táirgí Comhfhreagracha nó aon táirgí nó teicneolaíochtaí a D'fhéadfá a forbairt, a tháirgeadh, a chur ar an margadh nó a dháileadh.

14.5 Fógraí

Beidh aon fhógra a bhaineann leis an gComhaontú seo i scríbhinn, seachas mar a leagtar amach ar shlí eile in **Alt 14.3**. Meastar go mbeidh fógraí tugtha ag Apple nuair a bhíonn siad seolta Chugat ag an seoladh ríomhphost nó seoladh poist a chuir Tú ar fáil i rith an phróisis chláráithe. Seachas mar a leagtar amach in **Alt 14.3**, measfar go mbeidh gach fógra do Apple maidir leis an gComhaontú seo tugtha (a) nuair a bhíonn siad seachadta go pearsanta, (b) trí lá gnó i ndiaidh iad sheoladh ag iompróir tráchtála thar oíche le fianaise seachadta i scríbhinn, agus (c) cúig lá gnó i ndiaidh iad a sheoladh trí phost den chéad ghrád nó deimhnithe, postas réamhíochta, chuig an seoladh Apple seo: Developer Relations Legal, Apple Inc., One Apple Park Way, 37-2ISM, Cupertino, California, 95014 SAM Toilíonn Tú fógraí a fháil trí ríomhphost agus aontaíonn Tú go gcomhlíonfaidh aon fhógra den chineál sin a sheolann Apple Chugat go leictreonach aon cheanglas dlí maidir le cumarsáid. Féadfaidh páirtí athrú a dhéanamh ar a sheoladh ríomhphoist nó ar a sheoladh poist trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don pháirtí eile mar atá tuairiscithe thuas.

14.6 Inscóiteacht

Má chinneann cúirt dlínse inniúla go bhfuil aon chlásal sa Chomhaontú seo neamh-infheidhmithe ar chúis ar bith, forfheidhmeofar an clásal sin den Chomhaontú seo a mhéid is ceadmhach ionas go ndéanfar rún na bpáirtithe, agus leanfar de lánfheidhm agus lánéifeacht a bheith ag a bhfuil fágtha den Chomhaontú seo. Mar sin féin, má chuireann dlí is infheidhme toirmeasc Ort nó má chuireann sé srian Leat Apple agus fochuideachtaí Apple a chomhlíonadh go hiomlán agus go sonrach nó iad a cheapadh mar Do ghníomhaire faoi Sceideal 1 nó Alt an Chomhaontaithe seo dar teideal “Ceadúnas Úsáide Inmheánaí agus Srianta”, “Do chuid Oibleagáidí” nó “Deimhnithe Apple; Cúlghairm”, nó má choisctear infheidhmeacht aon cheann de na hAilt sin nó Sceideal 1 leis, foirceannfar an Comhaontú seo láithreach agus ní mór Duit scor d’aon úsáid Bhogearraí Apple mar a thuairiscítear san Alt dar teideal “Tréimhse agus Foirceannadh.”

14.7 Tarscaoileadh agus Cruthú

Mura forfheidhmíonn Apple aon fhoráil den Chomhaontú seo, ní mheasfar go mbeidh sé ina tharscaoileadh forfheidhmithe na forála sin nó aon fhoráil eile. Maidir leis an gComhaontú seo, ní bheidh feidhm ag aon dlí nó rialachán ar maidir leo a dhéanfar foráil go bhforléireofar teanga conartha i gcoinne an dréachtóra. Is chun críche áisiúlachta amháin iad ceannteidil na nAlt agus ní bhreithnítear iad nuair a bhíonn an Comhaontú sé á fhorléiriú ná léiriú á dhéanamh air.

14.8 Rialú Easpórtála

A. Ní fhéadfaidh Tú Bogearraí, Seirbhísí ná Doiciméadacht Apple a úsáid, a easpórtáil, a atheaspórtáil, a iompórtáil, a dhíol, a scaoileadh ná a aistriú ach amháin mar a údaraítear i ndlí na Stát Aontaithe, i ndlíthe na dlínse ina bhfuair Tú Bogearraí Apple, agus in aon dlí agus rialachán eile is infheidhme. Go sonrach, ach gan bheith teoranta do Bhogearraí, Seirbhísí, cód foinseach, teicneolaíocht agus Doiciméadacht Apple (dá ngairtear “Teicneolaíocht Apple” orthu i dteannta a chéile chun críoch Alt 14.8) a easpórtáil nó a atheaspórtáil, a aistriú nó a scaoileadh (a) in aon tír nó réigiún faoi lánchosc SAM nó (b) chuig aon duine ar liosta Roinn Stáchtiste SAM de Náisiúnaigh Ainmnithe go Speisialta nó Liosta Daoine Diúltaithe Roinn Tráchtála SAM nó aon liosta páirtí srianta eile nó chun déileálacha leo a éascú. Má úsáideann Tú Teicneolaíocht Apple, maíonn Tú agus barántaíonn Tú nach bhfuil Tú lonnaithe in aon tír nó réigiún dá leithéid ná ainmnithe ar aon liosta dá leithéid. Ina theannta sin, aontaíonn Tú nach n-úsáidfídh Tú Teicneolaíocht Apple, lena n-áirítear aon leagan réamheisiúna di, chun aon chríche toirmiscthe i ndlí na Stát Aontaithe, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d’fhorbairt, do dhearadh, déantúsaíocht nó táirgeadh arm núicléach, diuracáin, arm ceimiceach nó bitheolaíoch nó aon úsáid deiridh míleata atá sainmhínithe in 15 C.F.R. § 744. Deimhníonn Tú nach n-úsáidfear leaganacha réamheisiúna de Theicneolaíocht Apple ach chun críoch forbartha agus tástála, agus nach mbeidh an teicneolaíocht á ligean ar cíós, á díol, á léasú, á focheadúnú, á sannadh nó á haistriú ar shlí eile. Thairis sin, deimhníonn Tú nach ndíolfaidh, nach n-aistreoidh Tú nó nach n-easpórtálfadh Tú aon táirge, próiseas nó seirbhís arb ionann a leithéid agus táirge díreach a bhaineann le Teicneolaíocht Apple réamheisiúna de chineál sin.

B. Maíonn Tú agus barántaíonn Tú nach bhfuil Tusa agus aon pháirtí nó duine a rialaíonn Thú go díreach nó go hindíreach, nó atá faoi rialú comhchoiteann Leat: (a) ar aon liostaí smachtbhannaí sna tíortha nó réigiúin atá le fáil in App Store Connect, (b) ag déanamh gnó in aon cheann de na tíortha nó réigiúin faoi lánchosc SAM, agus (c) in bhuir n-úsáideoir deiridh mhíleata mar arna shainiú agus arna chuimsiú in 15 C.F.R. § 744. Mar a úsáidtear é in Alt 14.8 anseo, ciallaíonn “rialú” go bhfuil an chumhacht, dhíreach nó indíreach, ag eintiteas nó páirtí treo beartas bainistíochta an eintitis eile sin a threorú nó a bheith mar bhonn lena dtreorú, beag beann an bhfuil sé trí úinéireacht cinnteachta vótála, leas i gcaipiteal cláraithe, trí chonradh nó a mhalairt. Nuair is gá chun do chomhlíonadh le **Alt 14.8** a dhearbhuí, aontaíonn tú go n-áirítear do chuid oibleagáidí faoi **Alt 3.1** maidir le faisnéis a sholáthar faoi d’aitheantas, mar shampla, faisnéis a sholáthar ar iarratas faoi úinéireacht chorparáideach lena n-áirítear úinéireacht tairbhiúil dheiridh, ar nós daoine le smacht suntasach nó le 25% nó níos mó d’úinéireacht ionat.

14.9 Úsáideoirí Deiridh Rialtais

Glactar le Bogearraí agus Doiciméadacht Apple mar “Tháirgí Tráchtála”, mar a shainmhínítear an téarma sin ag 48 C.F.R. §2.101, ina gcuimsítear “Bogearraí Ríomhaireachta Tráchtála” agus “Doiciméadacht Bogearraí Ríomhaireachta Tráchtála”, mar a úsáidtear téarmaí den chineál sin in 48 C.F.R. §12.212 nó 48 C.F.R. §227.7202, de réir mar is infheidhme. I gcomhréir le 48 C.F.R. §12.212 nó 48 C.F.R. §227.7202-1 go 227.7202-4, de réir mar is infheidhme, tá Bogearraí Ríomhaireachta Tráchtála agus an Doiciméadacht Bogearraí Ríomhaireachta Tráchtála á gceadúnú d’úsáideoirí deiridh Rialtas SAM (a) mar Tháirgí Tráchtála amháin agus (b) díreach leis na cearta sin atá á ndeonú do gach úsáideoir deiridh eile de bhua na dtéarmaí agus na gcoinníollacha anseo istigh. Cearta neamhfhoilsithe arna bhforchoimeád faoi dhlíthe cóipchirt na Stát Aontaithe.

14.10 Réiteach Díospóidí; Dlí Rialaithe

Is i gCeantar Thuaisceart California a dhéanfar aon dlíthíocht nó aon réiteach díospóide eile idir Tusa agus Apple (seachas agóid i gcoinne ceart paitinne faoi bhráid oifig paitinne) a eascróidh as an gComhaontú seo, as Bogearraí Apple, nó as Do chaidreamh le Apple, nó a bhainfidh leo, agus toillíonn Tusa agus Apple leis seo le dlínse phearsanta an Cheantair sin, agus an t-ionad eisiach sa stát agus sna cúirteanna stáit laistigh de, maidir le haon dlíthíocht nó réiteach díospóide den chineál sin. Beidh an Comhaontú seo á rialú agus á fhorléiriú i gcomhréir le dlíthe

na Stát Aontaithe agus Stát California, seachas corpas dhlí California a bhaineann le coinbhleachtaí dlí. D'ainneoin an mhéid sin roimhe seo:

(a) Má gníomhaireacht, ionstraimeacht nó roinn de chuid rialtas cónaidhme na Stát Aontaithe Thú, beidh an Comhaontú seo á rialú i gcomhréir le dlíthe Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus in éagmais dlí feidearálach is infheidhme, beidh feidhm ag dlíthe Stát California. Ina theannta sin, agus d'ainneoin aon ní dá mhalairt sa Chomhaontú seo (lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'**Alt 10 (Slánú)**, beidh gach éileamh, gearán agus díospóid faoi réir an Achta um Dhíospóidí Conartha (41 U.S.C §§ 601-613), an tAcht Tucker (28 U.S.C. § 1346(a) agus § 1491) nó an tAcht Cónaidhme um Éilimh Torta (28 U.S.C. §§ 1346(b), 2401-2402, 2671-2672, 2674-2680), de réir mar is infheidhme, nó údarás rialaithe eile is infheidhme. Ar mhaithe le hamhras a sheachaint, más gníomhaireacht, ionstraimíocht nó roinn de rialtas cónaidhme, stáit nó áitiúil de chuid SAM nó institiúid oideachais phoiblí agus chreidiúnaithe de chuid SAM Thú, níl feidhm ag Do chuid oibleagáidí slánaithe ach a mhéid nach mbeidís mar bhonn le haon dlí is infheidhme a bheith á shárú Agatsa (m.sh., an tAcht um Fhrithéasnamh), agus tá aon údarú atá riachtanach de réir dlí nó reacht údaraithe Agat;

(b) Más institiúid oideachais phoiblí agus chreidiúnaithe de chuid na Stát Aontaithe (mar eintiteas a dhéanann an Comhaontú seo) nó gníomhaireacht, ionstraimeacht nó roinn de rialtas stáit nó áitiúil laistigh de na Stáit Aontaithe Thú, (a) déanfar an Comhaontú seo a rialú agus a fhorléiriú i gcomhréir le dlíthe an stáit (laistigh de SAM) ina bhfuil sainchónaí ar D'eintiteas, ach amháin corpas dhlí an stáit maidir le coinbhleachtaí dlí; agus (b) is i gcúirt chónaidhme laistigh de Cheantar Thuaisceart California a dhéanfar aon dlíthíocht nó réiteach díospóide eile idir Tusa agus Apple a eascróidh as an gComhaontú seo, as Bogearraí Apple, nó as Do Chaidreamh le Apple, nó a bhainfidh leo, agus toilíonn Tusa agus Apple leis seo leis an dlínse an Cheantair sin agus an t-ionad eisiach ann mura bhfuil an toiliú sin toirmiscthe go sainráite ag dlíthe an stáit ina bhfuil sainchónaí ar D'eintiteas; (c) Más eagraíocht idirnáisiúnta, idir-rialtasach Thú a tugadh díolúine ó dhlínse na gcúirteanna náisiúnta trí do chairt nó comhaontú idir-rialtasach, déanfar cinneadh ar aon chonspóid nó éileamh a eascróidh as an gComhaontú seo nó as sárú air, nó a bhainfidh leo, trí eadráin faoi Rialacha Eadrána an Chomhlachais Idirnáisiúnta Tráchtála (na "Rialacha ICC") a bheidh in éifeacht an tráth a dhéanfaidh triúr eadránaithe arna gceapadh i gcomhréir leis na rialacha sin iarratas ar an eadráin, agus déanfar é de réir Rialacha International Bar Association (IBA) maidir le Fianaise a Thógáil in Eadráin Idirnáisiúnta. Is i Londain, Sasana, a dhéanfar an eadráin. Is trí mheán an Bhéarla a dhéanfar an eadráin. Ar iarratas Apple, aontaíonn Tú fianaise a sholáthar ar Do stádas mar eagraíocht idir-rialtasach a bhfuil na pribhléidí agus na díolúintí sin aici; agus

(d) Má tá Caidreamh Eorpach Agat le Apple agus/nó Apple Distribution International Ltd., beidh aon Éileamh ar Chaidreamh Eorpach idir Tusa agus Apple agus/nó Apple Distribution International Ltd. faoi réir dhlínse eisiach chúirteanna na hÉireann. Beidh **Alt 14.10(d)**, agus aon oibleagáid neamhchonarthach a eascróidh as an gCaidreamh Eorpach nó a bhainfidh leis, á rialú agus á bhforléiriú i gcomhréir le dlí na hÉireann. I gcás aon choinbhleachta, beidh tosaíocht ag **Alt 14.10(d)** ar aon dlínse agus/nó comhaontú dlí rialaithe eile idir Tusa agus Apple agus/nó Apple Distribution International Ltd. Ní dhéanfaidh aon ní **Alt 14.10(d)** difear do chearta Apple nó Apple Distribution International Ltd. chun aon éileamh nó imeacht a thionscnamh in aon dlínse faoin dlí is infheidhme sa dlínse sin maidir le sárú, míleithreasú nó sárú ar aon Cheart Maoine Intleachtúla.

Ní bheidh an Comhaontú seo á rialú ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Díol Idirnáisiúnta Earraí, a bhfuil a chur i bhfeidhm eisiata go sainráite.

14.11 Comhaontú Iomlán; Teanga Rialaithe

Is ionann an Comhaontú seo agus an comhaontú iomlán idir na páirtithe maidir le húsáid a bhaint as Bogearraí Apple, Seirbhísí Apple agus Deimhnithe Apple a ceadúnaítear thíos agus, seachas mar a leagtar amach anseo istigh, glacann sé ionad gach tuisceana agus comhaontaithe roimh ré maidir lena ábhar. D'ainneoin an mhéid sin roimhe seo, a mhéid a chuirtear ábhair réamheisiúna ar fáil Duit faoin gClár agus atá na hábhair réamheisiúna sin faoi réir comhaontú ceadúnaithe ar leithligh, aontaíonn Tú go rialóidh an comhaontú ceadúnaithe a ghabhann leis na hábhair sin mar

aon le **hAlt 9 (Rúndacht)** den Chomhaontú seo an úsáid a bhaineann Tú as na hábhair sin freisin. Má rinne Tú Comhaontú Xcode agus Apple SDKanna nó má dhéanfaidh Tú níos déanaí é, rialóidh an Comhaontú Ceadúnaithe seo maidir le Clár Fhorbróir Apple, i gcás aon neamhréir idir an dá cheann maidir leis an ábhar céanna; ar choinníoll, áfach, nach bhfuil sé beartaithe go gcuirfidh an Comhaontú Ceadúnaithe seo maidir le Clár Fhorbróir Apple cosc Ort aon cheart a thugtar a Duit i gComhaontú Xcode agus Apple SDKanna i gcomhréir leis na téarmaí agus leis na gcoinníollacha atá leagtha amach ann. Má rinne Tú Comhaontú Swift Playground nó má dhéanfaidh Tú níos déanaí é, rialóidh an Comhaontú Ceadúnaithe seo maidir le Clár Fhorbróir Apple, i gcás aon neamhréir idir an dá cheann maidir leis an ábhar céanna; ar choinníoll, áfach, nach bhfuil sé beartaithe go gcuirfidh an Comhaontú Ceadúnaithe seo maidir le Clár Fhorbróir Apple cosc Ort aon cheart a thugtar Duit i gComhaontú Swift Playground i gcomhréir leis an téarmaí agus leis na gcoinníollacha atá leagtha amach ann. Ní fhéadfar an Comhaontú seo a mhodhnú ach mar seo a leanas: (a) trí leasú i scríbhinn atá sínithe ag an dá pháirtí, nó (b) a mhéid a cheadaíonn an Comhaontú seo go sainráite (mar shampla, trí fhógra i scríbhinn nó fógra ríomhphoist a thugann Apple Duit). Soláthraítear aon aistriúchán Duit mar chúirtéis, sa chás go mbíonn aon díospóid idir an leagan Béarla agus aon leagan neamh-Bhéarla, rialóidh an leagan Béarla den Chomhaontú seo, a mhéid nach dtoirmisceann an dlí áitiúil i Do dhlínse. Má tá Tú lonnaithe i gcúige Quebec, Ceanada nó más eagraíocht rialtais laistigh den Fhrainc Thú, baineann an clásal seo a leanas Leat: Deimhníonn na páirtithe leis seo go bhfuil iarratas déanta acu go ndréachtófar an Comhaontú seo agus gach doiciméad gaolmhar i mBéarla. *Les parties ont exigé que le présent contrat et tous les documents connexes soient rédigés en anglais.*

Ceangaltán 1

(a ghabhann leis an gComhaontú)

Téarmaí Breise maidir le Seirbhís Brúfhógraí Apple agus leis na Fógraí Áitiúla

Tá na téarmaí seo a leanas le cur san áireamh sa bhreis ar théarmaí an Chomhaontaithe agus baineann siad le haon úsáid a bhaintear as APN (Seirbhís Brúfhógraí Apple):

1. APN agus Fógraí Áitiúla a Úsáid

1.1 Ní fhéadfaidh Tú APN a úsáid ach i Do chuid Feidhmchlár, Do chuid Pasanna agus/nó chun Brúfhógraí Safari a sheoladh chun deasc macOS úsáideoirí Do Shuímh a roghnaigh Fógraí a fháil trí Safari ar macOS. Ní fhéadfaidh Tú, D'Fheidhmchlár agus/nó Do Phas rochtain a fháil ar APN ach trí API APN agus má shann Apple Aitheantas Brúfheidhmchláir Duit. Seachas maidir le Soláthraí Seirbhíse atá ag cuidiú Leat APN a úsáid, aontaíonn Tú gan D'Aitheantas Brúfheidhmchláir a chomhroinnt le haon tríú páirtí. Tuigeannt Tú nach dtabharfar cead Duit rochtain a fháil ar APN ná é a úsáid i ndiaidh éag nó foirceannadh Do Chomhaontaithe.

1.2 Níl cead Agat APN agus APIanna APN a úsáid ach chun Brúfhógraí a sheoladh chuig D'Fheidhmchlár, Do Phas, agus/nó chuig deasc macOS úsáideoirí Do Shuímh a roghnaigh Fógraí a fháil trí Safari ar macOS mar a cheadaíonn an Comhaontú, Doiciméadacht APN agus gach dlí agus rialachán is infheidhme go sainráite (lena n-áirítear gach dlí a bhaineann le maoin intleachtúil). Ina theannta sin, aontaíonn Tú nach mór Duit aon úsáid a bhaintear as APN a nochtadh do Apple mar chuid den phróiseas chun D'Fheidhmchlár a chur isteach.

1.3 Tuigeannt Tú, sula seolfaidh Tú aon Bhrúfhógra chuig úsáideoir deiridh trí APN, nach mór don úsáideoir deiridh toiliú a thabhairt Duit chun Fógraí den chineál sin a fháil. Aontaíonn Tú gan aon phainéal toilithe arna chur chun feidhme ag Apple ná aon sainrogha córais Apple chun feidhmiúlacht Fógra a chumasú nó a dhíchumasú a dhíchumasú, a shárú nó a chur isteach orthu ar shlí eile. Má dhiúltaítear do thoiliú an úsáideora dheiridh Brúfhógraí a fháil nó má tharraingítear siar é ina dhiaidh sin, ní fhéadfaidh Tú Brúfhógraí a sheoladh chuig an úsáideoir deiridh.

2. Ceanglais Bhreise

2.1 Ní fhéadfaidh Tú APN nó Fógraí Áitiúla a úsáid chun teachtaireachtaí nár iarradh a sheoladh chuig úsáideoirí deiridh nó chun críche fioscaireachta nó spamála, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta do pháirt a ghlacadh in aon chineál gníomhaíochtaí a sháraíonn dlíthe agus rialacháin friturscair, nó atá mícheart, míchuí nó mídhleathach ar shlí eile. Ba cheart APN agus Fógraí Áitiúla a úsáid chun teachtaireachtaí ábhartha a bhfuil buntáiste ag baint leo a sheoladh chuig úsáideoir (m.sh., freagra ar iarratas úsáideora dheiridh ar fhaisnéis, soláthar faisnéise ábhartha a bhaineann leis an bhFeidhmchlár).

2.2 Ní fhéadfaidh Tú APN nó Fógraí Áitiúla a úsáid chun críoch fógraíochta, cur chun cinn táirgí, nó margaíocht dhíreach de chineál ar bith (m.sh., uasdíol, crosdíol, srl.), lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'aon teachtaireacht a sheoladh chun úsáid D'Fheidhmchláir a chur chun cinn nó chun infhaighteacht gnéithe nó leaganacha nua a fhógairt, murar roghnaigh an t-úsáideoir deiridh go sonrach chun iad a fháil trí theanga toilithe a thaispeántar i gcomhéadan úsáideora D'Fheidhmchláir, go gcuireann Tú modh ar fáil i D'Fheidhmchlár don úsáideoir deiridh chun diúltú do na teachtaireachtaí sin a fháil. D'ainneoin an mhéid sin roimhe seo, féadfaidh Tú APN nó Fógraí Áitiúla a úsáid chun críoch promóisin a bhaineann le Do Phas fad is go mbaineann an úsáid sin go díreach leis an bPas, m.sh., féadfar cúpón siopa a sheoladh chuig Do Phas in Wallet.

2.3 Ní fhéadfaidh Tú úsáid iomarcach a bhaint as acmhainn foriomlán líonra nó bandaleithead foriomlán de chuid APN nó ualach míchuí a chur ar tháirge ar de bhranda Apple é nó ar úsáideoir deiridh tríd an iomarca Brúfhógraí nó Fógraí Áitiúla, de réir mar a chinneadh Apple de réir a lánrogha réasúnach. Ina theannta sin, aontaíonn Tú gan dochar a dhéanamh do líonraí

ná freastalaithe de chuid Apple ná d'aon fhreastalaí nó líonra de chuid tríú páirtí atá nasctha le APN ná cur isteach orthu ná gan cur isteach ar shlí eile ar an úsáid a bhaineann forbróirí eile as APN.

2.4 Ní fhéadfaidh Tú APN nó Fógraí Áitiúla a úsáid chun ábhar ina bhfuil inneachar gáirsiúil, pornagrafach, gránna nó clúmhillteach nó ábhair de chineál ar bith (téacs, grafaic, íomhánna, grianghraif, fuaimeanna, srl.) nó aon inneachar nó ábhar eile, de réir bhreithiúnas réasúnach Apple, a bhféadfadh úsáideoir deiridh D'Fheidhmchláir, Do Phas nó Do Shuímh agóid a dhéanamh ina choinne a sheoladh.

2.5 Ní fhéadfaidh Tú aon ábhar ina bhfuil víris nó aon chód, comhad nó cláir ríomhaireachta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do ghnáthoibríú APN nó táirge ar de bhranda Apple é, cur isteach air nó teorainn a chur leis a tharchur, a stóráil nó a chur ar fáil ar shlí eile, agus aontaíonn Tú gan aon sásra slándála, sínithe dhigitigh, fíoraíthe ná fíordheimhnithe atá ionchorpraithe nó in úsáid ag APN a dhíchumasú, a spúfáil, a haiceáil ná cur isteach orthu ar shlí eile ná gan cur ar chumas daoine eile déanamh amhlaidh.

3. Téarmaí Breise maidir le Brú-Aitheantas Suímh Gréasáin

3.1 Faoi réir théarmaí an Chomhaontaithe seo, tuigeann Tú agus aontaíonn Tú nach mór Brúfhógraí Safari a sheolann Tú trí do Bhrú-aitheantas Suímh Gréasáin a úsáid a sheoladh faoi D'ainm, Do thrádmharc nó branda féin (m.sh., ba cheart go mbeadh a fhios ag úsáideoir go bhfuil an chumarsáid ag teacht ó Do Shuíomh) agus nach mór deilbhín, trádmharc, lógó nó marc aitheantais eile le haghaidh Do Shuímh a áireamh iontu. Aontaíonn Tú gan mífhaisnéis nó pearsanú a dhéanamh ar Shuíomh nó páirtí eile nó úsáideoirí a chur amú ar shlí eile maidir le tionscnóir Bhrúfhógra Safari. A mhéid dhéanann Tú tagairt Do thrádmharc nó branda tríú páirtí i Do Bhrúfhógra Safari, maíonn Tú agus barántaíonn Tú go bhfuil aon cheart riachtanach Agat.

3.2 Má chumasaíonn Tú APN agus má sheolann Tú Brúfhógraí Safari le haghaidh Do Shuímh mar a cheadaítear sa Chomhaontú seo, tugann Tú leis seo cead do Apple (i) gabhálacha scáileáin de Do Bhrúfhógraí Safari a úsáid ar macOS; agus (ii) trádmharcanna agus lógónna a bhaineann leis na Fógraí sin, chun críoch promóisin in ábhair mhargaíochta Apple, seachas sna codanna sin nach bhfuil an ceart Agat a úsáid chun críoch promóisin agus go gcuireann Tú in iúl do Apple i scríbhinn. Ina theannta sin, tugann Tú cead do Apple íomhánna agus ábhair eile a úsáid a D'fhéadfá a sholáthar do Apple, ar iarratas réasúnta ó Apple, chun críoch promóisin in ábhair mhargaíochta.

4. Soláthar ag APN nó trí Fhógraí Áitiúla. Tuigeann Tú agus aontaíonn Tú, chun go bhféadfar APN a sholáthar agus Do Bhrúfhógraí a chur ar fáil ar tháirgí ar de bhranda Apple iad, go bhféadfadh Apple Do Bhrúfhógraí a tharchur i líonraí poiblí éagsúla, i meáin éagsúla agus mionathrú nó athrú a dhéanamh ar Do Bhrúfhógraí ionas chun na ceanglais theicniúla agus na ceanglais eile a bhaineann le nascadh le líonraí nó gléasanna a chomhlíonadh. Admhaíonn agus aontaíonn Tú nach seirbhís soláthair chinnte nó shlán é APN, agus nach bhfuil sé beartaithe a bheith ina sheirbhís den chineál sin, agus ní úsáidfídh Tú é agus ní bheidh Tú ag brath air sa chomhthéacs sin. Thairis sin, mar choinníoll a bhaineann le APN a úsáid nó Fógraí Áitiúla a sholáthar, aontaíonn Tú gan faisnéis phearsanta íogair ná faisnéis faoi rún a bhaineann le duine aonair (m.sh., uimhir slándála sóisialta, cuntas airgeadais nó faisnéis maidir le hidirbhearta nó aon fhaisnéis ina bhféadfadh ionchas réasúnta a bheith ag an duine aonair maidir le tarchur slán) a tharchur mar chuid d'aon Fhógra den chineál sin, agus aontaíonn Tú aon cheanglas is infheidhme maidir le fógraí nó toiliú a bhaineann le haon bhailiú, tarchur, cothabháil, próiseáil nó úsáid faisnéise pearsanta úsáideora dheiridh a chomhlíonadh.

5. Do chuid Admhálacha. Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas:

5.1 Féadfaidh Apple tráth ar bith, agus ó am go ham, le réamhfhógra nó gan réamhfhógra a thabhairt Duit, (a) APN a mhionathrú, lena n-áirítear athrú a dhéanamh ar aon ghné nó

feidhmiúlacht nó iad a bhaint, nó (b) APIInna APN a mhionathrú, a dhímholadh, a atheisiúint nó a athfhoilsiú. Tuigeann Tú go bhféadfadh aon mhionathrú den chineál sin a cheangal Ort athrú a dhéanamh ar Do chuid Feidhmchlár, ar Do chuid Pasanna nó ar Do chuid Suíomhanna nó iad a nuashonrú ar Do chostas féin. Níl aon oibleagáid shainráite nó intuigthe ar Apple APN a sholáthar, nó leanúint ar aghaidh á sholáthar, agus féadfaidh sé APN iomlán nó cuid de sin a chur ar fionraí nó scor de tráth ar bith. Ní bheidh Apple faoi dhliteanas i leith aon caillteanas, damáiste ná costas de chineál ar bith arna dtabhú Agatsa nó ag aon pháirtí a eascróidh as aon fhionraí na seirbhíse sin nó as scor di nó as aon mhionathrú den chineál sin ar APN nó APIInna APN, nó a bhainfidh leo.

5.2 Níl APN ar fáil i ngach teanga nó i ngach tír nó réigiún agus ní gheallann Apple go bhfuil APN oiriúnach nó ar fáil le húsáid in aon suíomh ar leith. A mhéid a roghnaíonn Tú rochtain a fháil ar APN agus a úsáid, déanann Tú amhlaidh ar Do thionscnamh féin agus is Tusa atá freagrach as aon dlí is infheidhme a chomhlíonadh, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'aon dlí áitiúil.

5.3 Soláthraíonn Apple APN Duit atá le húsáid Agat le D'Fheidhmchlár, Do Phas nó Do Shuíomh, agus ní sholáthraíonn sé APN go díreach d'aon úsáideoir deiridh. Admhaíonn agus aontaíonn Tú go bhfuil aon Bhrúfhógra á sheoladh Agatsa, ní ag Apple, chuig úsáideoir deiridh D'Fheidhmchláir, Do Phas nó Do Shuíomh, agus gur Tusa amháin atá faoi dhliteanas i leith aon sonraí nó inneachar a tharchuirtear iontu agus i leith aon úsáid den chineál sin a bhaintear as APN agus gur Tusa atá freagrach astu freisin. Thairis sin, admhaíonn agus aontaíonn Tú go bhfuil aon Fhógra Áitiúil á sheoladh Agatsa, ní ag Apple, chuig úsáideoir deiridh D'Fheidhmchláir, agus gur Tusa amháin atá faoi dhliteanas i leith aon sonraí nó inneachar a tharchuirtear iontu agus gur Tusa atá freagrach astu freisin.

5.4 Ní gheallann Apple Duit maidir le hinfhaighteacht nó aga fónaimh APN agus níl sé faoi oibleagáid aon tacaíocht chothabhála ná theicniúil ná aon tacaíocht eile a sholáthar maidir le APN.

5.5 Forchoimeádann Apple an ceart chun Do rochtain a bhaint ar APN, teorainn a chur leis an úsáid a bhaineann Tú as APN nó D'Aitheantas Brúfheidhmchláir a chúlghairm tráth ar bith de réir a lánrogha féin.

5.6 Féadfaidh Apple monatóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis, agus í a bhailiú, (lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'fhaisnéis theicniúil agus dhiagnóiseach) maidir leis an úsáid a bhaineann Tú as APN chun cabhrú le Apple APN agus feabhas a chur ar tháirgí nó seirbhísí Apple agus chun a fhíorú go bhfuil an Comhaontú seo á chomhlíonadh Agat; ar choinníoll, áfach, nach bhfaighidh Apple rochtain ar inneachar aon Bhrúfhógra nó é a nochtadh mura bhfuil údar ag Apple a cheapadh go bhfuil gá réasúnach le rochtain nó nochtadh den chineál sin chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (a) próiseas nó iarratas dlí a chomhlíonadh; (b) téarmaí an Chomhaontaithe seo a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear imscrúdú a dhéanamh ar aon sárú féideartha air; (c) saincheisteanna slándála, calaoise nó teicniúla a bhrath, a chosc nó déileáil leo ar shlí eile; nó (d) cearta, maoín nó sábháilteacht Apple, a fhorbróirí, a chustaiméirí nó an phobail a chosaint de réir mar is gá agus mar a cheadaíonn an dlí. D'ainneoin an mhéid sin roimhe seo, admhaíonn agus aontaíonn Tú go bhféadfadh iOS, iPadOS, macOS agus watchOS rochtain a fháil go háitiúil ar Bhrúfhógraí ar ghléas úsáideora chun freagra a thabhairt d'iarratas úsáideora agus eispéireas agus moltaí úsáideora a oiriúnú ar ghléas.

6. Séanadh Dliteanais Bhreise. NÍ BHEIDH APPLE FAOI DHLITEANAS I LEITH AON DAMÁISTE NÁ CAILLTEANAS A EASCRAÍONN AS AON ÚSÁID A BHAINTEAR AS APN, LENA N-ÁIRÍTEAR AON CHUR ISTEACH AR APN NÓ AON ÚSÁID A BHAINTEAR AS FÓGRAÍ, LENA N-ÁIRÍTEAR ACH GAN BHEITH TEORANTA D'AON GHEARRADH CUMHACHTA, TEIP CHÓRAIS, IONSAITHE LÍONRA, COTHABHÁIL SCEIDEALAITHE NÓ NEAMHSCEIDEALAITHE NÓ AON CHUR ISTEACH EILE.

Ceangaltán 2

(a ghabhann leis an gComhaontú)

Téarmaí Breise maidir le Ceannacháin lonaípe API a Úsáid

1. Ceannacháin lonaípe API a Úsáid

1.1 Ní fhéadfaidh Tú Ceannacháin lonaípe API a úsáid ach chun a chur ar chumas úsáideoirí deiridh rochtain a fháil ar inneachar, feidhmiúlacht nó seirbhísí a chuireann Tú ar fáil lena n-úsáid i D'Fheidhmchlár (m.sh., leabhair dhigiteacha, leibhéil bhreise chluiche, rochtain ar sheirbhís léarscáile casadh ar chasadh), nó iad a fháil. Ní cheadaítear duit an Ceannacháin lonaípe API a úsáid chun earraí nó seirbhísí a thairiscint le húsáid go heisiach lasmuigh d'fheidhmchlár, cibé acu atá sé agat féin nó ag duine eile.

1.2 Ní mór Duit gach inneachar, feidhmiúlacht nó seirbhís atá beartaithe Agat a sholáthar trí úsáid a bhaint as Ceannacháin lonaípe API lena n-athbhreithniú agus lena bhformheas i gcomhréir leis na téarmaí agus na próisis atá leagtha amach in **Alt 6 (Aighneacht agus Roghnú Feidhmchláir)** den Chomhaontú. Maidir le gach aighneacht, ní mór Duit ainm, tuairisc téacs, praghas, uimhir sainaitheantóra uathúil agus faisnéis eile a iarrann Apple go réasúnta a sholáthar ("**Tuairisc ar an Aighneacht**", i dteannta a chéile). Forchoimeádann Apple an ceart chun athbhreithniú a dhéanamh ar an inneachar, feidhmiúlacht nó na seirbhísí iarbhir a dtuairiscítear orthu sa Tuairisc ar an Aighneacht tráth ar bith, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta don tréimhse le linn an phróisis aighneachta agus i ndiaidh do Apple an Tuairisc ar an Aighneacht a fhorghnó. Dá mba mhaith Leat inneachar, feidhmiúlacht nó seirbhísí breise a sholáthar trí Ceannacháin lonaípe API nach dtuairiscítear orthu i Do Thuairisc ar an Aighneacht, ní mór Duit Tuairisc nua nó nuashonraithe ar an Aighneacht a chur isteach lena hathbhreithniú agus lena faomhadh ag Apple sula mbeidh na hearraí sin ar fáil trí úsáid a bhaint as Ceannacháin lonaípe API. Forchoimeádann Apple an ceart chun a fhorghnó ar inneachar, feidhmiúlacht nó seirbhísí a fhorghnó roimhe seo a tharraingt siar, agus aontaíonn Tú deireadh a chuir le hinneachar, feidhmiúlacht nó seirbhísí den chineál sin a chur ar fáil lena n-úsáid laistigh de D'Fheidhmchlár.

1.3 Tá gach inneachar, feidhmiúlacht agus seirbhís a thairgtear trí Cheannacháin lonaípe API faoi réir na gCeanglas maidir leis an gClár i dtaca le Feidhmchláir, agus i ndiaidh inneachar, seirbhísí nó feidhmiúlacht den chineál sin a chur le Feidhmchlár Ceadúnaithe, measfar go mbeidh siad mar chuid den Fheidhmchlár Ceadúnaithe agus beidh siad faoi réir na n-oibleagáidí agus na gceanglas céanna ar fad. Ar mhaithe le soiléireacht, ní fhéadfaidh Feidhmchláir a sholáthraíonn feidhmiúlacht breiseáin méarchláir Ceannacháin lonaípe API a úsáid laistigh den bhreiseáin méarchláir; ach féadfaidh siad leanúint ar aghaidh le húsáid a bhaint as Ceannacháin lonaípe API i réimsí ar leith den Fheidhmchlár.

2. Srianata Breise

2.1 Ní fhéadfaidh Tú Ceannacháin lonaípe API a úsáid chun a chur ar chumas úsáideora dheidh cuntas réamhíoctha a bhunú atá le húsáid chun inneachar, feidhmiúlacht nó seirbhísí a cheannach ina dhiaidh sin lena n-úsáid go heisiach lasmuigh de D'Fheidhmchlár, nó chun iarmhéideanna nó creidmheasanna a chruthú ar shlí eile ar féidir le húsáideoirí deiridh iad a fhuascailt nó a úsáid chun ceannachán den chineál sin a dhéanamh ina dhiaidh sin.

2.2 Ní fhéadfaidh Tú a chur ar chumas úsáideoirí deiridh Airgeadra de chineál ar bith a cheannach trí Ceannacháin lonaípe API, lena náirítear ach gan bheith teoranta d'aon Airgeadra atá le húsáid le haghaidh malartú, tabhairt mar bhronntanas, fuascailt, trádála nó úsáide chun aon rud a cheannach nó a fháil laistigh de D'Fheidhmchlár nó lasmuigh de. Ciallaíonn "airgeadra" aon chineál airgeadra, pointí, creidmheasanna, acmhainní, inneachar nó míreanna nó aonaid eile atá aitheanta ag grúpa daoine nó eintitis mar aonaid atá ina luach áirithe agus ar féidir iad a aistriú nó a dháileadh mar mheán malartaithe d'earraí nó seirbhísí fisiciúla, nó do sheirbhísí airgeadais nó sealúchais airgeadais.

2.3 Féadfar inneachar agus seirbhísí a thairiscint trí Ceannacháin lonaípe API ar bhonn síntiúis (m.sh., síntiúis le haghaidh nuachtán agus irisleabhar). Seachas inneachar sonrach formheasta ar cíós amháil scannáin, cláir theilifíse, ceol, leabhair, ní cheadaítear ábhar, seirbhísí nó feidhmiúlacht a ligean ar cíós trí Ceannacháin lonaípe API (m.sh., ní gá go mbeadh úsáid a bhaint as ábhar ar leith teoranta do thréimhse réamhchinnte theoranta).

2.4 Ní fhéadfaidh Tú Ceannacháin lonaípe API a úsáid chun aon nuashonrú ar bhogearraí a sheoladh chuig D'Fheidhmchlár nó aon chód inrite breise a chur le D'Fheidhmchlár ar shlí eile. Ní mór go mbeadh mír Ceannacháin lonaípe ar fáil i D'Fheidhmchlár cheana féin atá le díghlasáil, le sruthú chuig D'Fheidhmchlár i ndiaidh idirbheart Ceannacháin lonaípe API a chur i gcrích nó le híoslódáil chuig D'Fheidhmchlár mar shonraí amháin i ndiaidh idirbheart den chineál sin a chur i gcrích.

2.5 Maidir le mír ina bhfuil inneachar nó ábhair de chineál ar bith (téacs, grafaic, íomhánna, grianghraif, fuaimeanna, srl.) a d'fhéadfaí a mheas Apple, ina bhreithiúnas réasúnta, a bheith neamhoiriúnach nó míchuí, mar shampla, ábhair a d'fhéadfaí a mheas a bheith gáirsiúil, pornagrafach nó clúmhilleach, ní fhéadfaidh Tú Ceannacháin lonaípe API a úsáid chun aon mhír den chineál sin a sholáthar.

2.6 Seachas míreanna inneachair a chaitheann nó a úsáideann úsáideoir deiridh laistigh de D'Fheidhmchlár (m.sh., soláthairtí fíorúla amháil ábhair thógála) (“Tomhaltán”), ní mór aon inneachar, feidhmiúlacht, seirbhís nó síntiús eile a sholáthraítear trí úsáid a bhaint as Ceannacháin lonaípe API (m.sh., cláíomh le haghaidh cluiche) (“Neamhthomhaltán”) a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh i gcomhréir leis na rialacha úsáide céanna a bhaineann le Feidhmchláir Cheadúnaithe (m.sh., ní mór go mbeidh aon inneachar, seirbhís nó feidhmiúlacht den chineál sin ar fáil do gach gléas a bhaineann le cuntas úsáideora dheiridh). Is Tusa a bheidh freagrach as míreanna Tomhaltáin a shainaithint do Apple agus a nochtadh d'úsáideoirí deiridh nach mbeidh Tomhaltáin ar fáil lena n-úsáid ar ghléasanna eile.

3. Do chuid Freagrachtaí

3.1 I gcás gach idirbhirt a chuirtear i gcrích go rathúil trí úsáid a bhaint as Ceannacháin lonaípe API, soláthróidh Apple admháil idirbhirt Duit. Is Tusa atá freagrach as bailíocht admhála den chineál sin a fhíorú roimh aon inneachar, feidhmiúlacht nó seirbhís a sholáthar d'úsáideoir deiridh agus ní bheidh Apple faoi dhliteanas mura bhfíoróidh Tú gur tháinig aon admháil idirbhirt den chineál sin ó Apple.

3.2 Seachas i gcás ina dtaispeánann Apple eilimintí comhéadain úsáideora córais, is Tusa atá freagrach as an gcomhéadan úsáideora a fhorbairt a thaispeánfaidh D'Fheidhmchlár d'úsáideoirí deiridh le haghaidh orduithe a dhéantar trí Cheannacháin lonaípe API agus as gach nochtadh a sholáthar a cheanglaítear go dlíthiúil a thabhairt don úsáideoir deiridh sula ndíolfaidh Tú mír i D'Fheidhmchlár trí Cheannacháin lonaípe API. I gcomhéadan ordaithe Stát Aontaithe de App Store, ní mór Feidhmchláir a thairgeann idirbhearta aonuaire d'inneachar digiteach (m.sh., irisí, nuachtáin, leabhair, fuaim, ceol agus físeáin) trí Cheannacháin lonaípe API a shonrú go soiléir agus go follasach, i dteanga shimplí agus sula ndéanfaidh an t-úsáideoir deiridh an t-idirbheart, go bhfuil siad ag ceannach ceadúnais don inneachar digiteach sin agus go n-áirítear leis hipearnasc nó modh comhchosúil chun rochtain a fháil ar shonraí iomlána faoi cheadúnas/ceadúnais den chineál sin, lena n-áirítear Téarmaí agus Coinníollacha maidir le Seirbhísí Apple Media agus más ábhartha, Do chomhaontú ceadúnaithe saincheaptha úsáideora dheiridh. Aontaíonn Tú gan mífhaisnéis a dhéanamh, bréagáilimh a dhéanamh, faisnéis mhíthreorach a thabhairt ná páirt a ghlacadh in aon ghníomh nó cleachtas éagórach nó mealltach a bhaineann le cur chun cinn nó díol míreanna tríd an úsáid a bhaineann Tú as Ceannacháin lonaípe API, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta don Fhaisnéis maidir le Feidhmchlár Ceadúnaithe agus aon mheiteashonra a chuireann Tú isteach trí App Store Connect. Aontaíonn Tú gach dlí agus rialachán is infheidhme a chomhlíonadh, lena n-áirítear iadsan in aon dlínse ina soláthraíonn Tú inneachar, feidhmiúlacht, seirbhísí nó síntiús trí úsáid a bhaint as Ceannacháin

lonaípe API, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do dhlíthe na dtomhaltóirí agus rialacháin maidir le heaspórtáil.

3.3 Féadfaidh Apple seirbhísí óstála a sholáthar le haghaidh Neamhthomhaltáin ba mhaith Leat a sholáthar do Do chuid úsáideoirí deiridh trí úsáid a bhaint as Ceannacháin lonaípe API. Fiú má óstálann Apple Neamhthomhaltáin den chineál sin thar Do cheann, is Tusa atá freagrach as míreanna a ordáítear trí Cheannacháin lonaípe API a sholáthar go tráthúil (.i., go pras i ndiaidh do Apple admháil an idirbhirt a eisiúint, seachas i gcásanna inar nocht Tú do D'úsáideoir deiridh go gcuirfear an mhír ar fáil ag tráth níos déanaí) agus as gach dlí is infheidhme a bhaineann leis sin, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do dhlíthe, rialacha agus rialacháin a bhaineann le cealú nó seachadadh míreanna ordaithe a chomhlíonadh. Is Tusa atá freagrach as Do thaifid féin le haghaidh gach idirbheart den chineál sin a choinneáil.

3.4 Ní eiseoidh Tú aisíocaíochtaí d'úsáideoirí deiridh D'Fheidhmchláir agus aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple aisíocaíochtaí a eisiúint d'úsáideoirí deiridh i gcomhréir le téarmaí Sceideal 2.

3.5 Féadfaidh Tú faisnéis maidir le tomhaltas úsáideoirí deiridh ó D'fheidhmchlár a sholáthar do Apple, dá chleamhnaithe agus dá ghníomhairí chun eolas a chur ar fáil don phróiseas aisíocaíochta agus don phróiseas díospóide ceannaigh agus chun feabhas a chur orthu. Tabharfaidh Tú fógra don úsáideoir agus/nó gheobhaidh Tú toiliú ón úsáideoir i gcomhréir leis an Doiciméadacht agus leis na dlíthe is infheidhme.

4. Seirbhísí Apple

4.1 Ó am go ham, d'fhéadfadh Apple rogha a dhéanamh seirbhísí agus feidhmiúlacht bhreise a thairiscint a bhaineann le hidirbhearta Ceannacháin lonaípe API. Ní gheallann Apple go leanfar le Ceannacháin lonaípe API nó aon Seirbhís a chur ar fáil Duit nó go mbeidh Do cheanglais á gcomhlíonadh acu, nach gcuirfear isteach orthu, go mbeidh siad tráthúil, slán nó gan earráid, go mbeidh aon fhaisnéis a gheobhaidh Tú ó Ceannacháin lonaípe API nó aon Seirbhís beacht nó iontaofa nó go gceartófar aon fhabht.

4.2 Tuigeannt Tú nach gceadófar Duit rochtain a fháil ar Ceannacháin lonaípe API ná é a úsáid i ndiaidh éag Do Chomhaontaithe nó a fhoirceantna.

5. Do chuid Admhálacha. Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas: Féadfaidh Apple tráth ar bith, agus ó am go ham, le réamhfhógra nó gan réamhfhógra a thabhairt Duit (a) Ceannacháin lonaípe API a mhionathrú, lena n-áirítear athrú a dhéanamh ar aon ghnó nó feidhmiúlacht nó iad a bhaint, nó (b) Ceannacháin lonaípe API a mhionathrú, a dhímholadh, a atheisiúint nó a athfhoilsiú. Tuigeannt Tú go bhféadfaidh aon mhionathrú den chineál sin a cheangal Ort athrú a dhéanamh ar Do chuid Feidhmchlár nó iad a nuashonrú ar Do chostas féin ionas go bhféadfaidh Tú leanúint ar aghaidh le Ceannacháin lonaípe API a úsáid. Níl aon oibleagáid shainráite nó intuigthe ar Apple Ceannacháin lonaípe API nó aon seirbhís a bhaineann leis a sholáthar, nó leanúint aghaidh leis an soláthar, agus féadfaidh sé Ceannacháin lonaípe API iomlán nó cuid de sin a chur ar fionraí nó scor de tráth ar bith. Ní bheidh Apple faoi dhliteanas i leith aon chaillteanas, damáiste nó costas de chineál ar bith arna dtabhú Agatsa nó ag aon pháirtí eile a eascróidh as aon fhionraí, scor de Ceannacháin lonaípe API nó mionathrú air nó aon seirbhís a bhaineann leis, nó a bheidh gaolmhar leo. Ní gheallann Apple Duit maidir le hinfhaighteacht nó aga fónaimh Ceannacháin lonaípe API nó aon seirbhís eile a d'fhéadfadh Apple a sholáthar Duit maidir leis sin, agus níl oibleagáid ar Apple aon tacaíocht chothabhála ná theicniúil ná aon tacaíocht eile a sholáthar maidir leo. Soláthraíonn Apple Ceannacháin lonaípe API Duit lena úsáid le D'Fheidhmchlár, agus d'fhéadfadh sé seirbhísí a sholáthar Duit maidir leis sin (m.sh., seirbhísí óstála do mhíreanna Neamhthomhaltáin). Ní Apple atá freagrach as aon inneachar, feidhmiúlacht, seirbhís nó síntiús a sholáthar, nó iad a dhíghlasáil, a ordáíonn úsáideoir deiridh tríd an úsáid a bhaineann Tú as Ceannacháin lonaípe API. Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú go bhfuil aon mhír den chineál sin á gcur ar fáil Agatsa, ní ag Apple, d'úsáideoir deiridh D'Fheidhmchláir, agus gur Tusa amháin atá faoi dhliteanas i leith míreanna a ordáítear

tríd an úsáid a bhaintear as Ceannacháin Ionaípe API agus i leith aon úsáid den chineál sin a bhaintear as Ceannacháin Ionaípe API i D'Fheidhmchlár nó i leith aon úsáid a bhaintear as seirbhísí a bhaineann leis, agus gur Tusa atá freagrach astu freisin.

6. Deimhnithe Digiteacha le haghaidh Ceannachán Ionaípe a Úsáid. Nuair a chuireann úsáideoir deiridh idirbheart i gcrích trí úsáid a bhaint as Ceannacháin Ionaípe API i D'Fheidhmchlár, soláthróidh Apple admháil idirbhirt Duit a shíneofar le Deimhniú Apple. Is Ortsa atá an fhreagracht a fhíorú gur eisigh Apple deimhniú agus admháil den chineál sin, mar atá leagtha amach sa Doiciméadacht. Is Tusa amháin atá freagrach as Do chinneadh a bheith ag brath ar aon deimhniú agus admháil den chineál sin. IS AR DO PHRIACAL FÉIN A BHAINNEANN TÚ ÚSÁID AS DEIMHNITHE AGUS ADMHÁLACHA DEN CHINEÁL SIN MAIDIR LE CEANNACHÁIN IONAÍPE API, NÓ ATÁ TÚ AG BRATH ORTHU. NÍ THUGANN APPLE AON BHARÁNTAS NÁ GEALLTANAS, GO SAINRÁITE NÓ GO HINTUIGTHE, MAIDIR LE HINDÍOLTACHT NÓ OIRIÚNACHT CHUN AON CHRÍCHE ÁIRITHE, CRUINNEAS, IONTAOFACHT, SLÁNDÁIL, NEAMHSHARÚ AR CHEARTA TRIÚ PÁIRTÍ MAIDIR LE DEIMHNITHE AGUS ADMHÁLACHA APPLE DEN CHINEÁL SIN. Aontaíonn Tú nach n-úsáidfídh Tú admhálacha agus deimhnithe den chineál sin ach i gcomhréir leis an Doiciméadacht, agus nach gcuirfidh Tú isteach ar ghnáthoibriú deimhnithe nó admhálacha digiteacha den chineál sin ná nach mbainfidh Tú dó, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'aon fhalsú nó mí-úsáid eile.

7. Séanadh Dlíteanais Bhreise. NÍ BHEIDH APPLE FAOI DHLITEANAS I LEITH AON DAMÁISTE NÓ CAILLTEANAS A EASCRÓIDH AS CEANNACHÁIN IONAÍPE API AGUS AON SEIRBHÍS A ÚSÁID, LENA n-ÁIRÍTEAR, ACH GAN BHEITH TEORANTA (I) D'AON CHAILLTEANAS BRABÚIS (BEAG BEANN AN dTABHÓFAR GO DÍREACH NÓ GO HINDÍREACH), AON CHAILLTEANAS CÁILMHEASA NÓ CLÚ GNÓ, AON CHAILLTEANAS SONRAÍ NÓ AON CHAILLTEANAS DOLÁIMHSITHE EILE, (II) D'AON ATHRÚ A D'FHÉADFADH APPLE A DHÉANAMH DO CEANNACHÁIN IONAÍPE API NÓ D'AON SEIRBHÍS, NÓ I LEITH AON SCOR BUAN NÓ SEALADACH DE SHOLÁTHAR CEANNACHÁIN IONAÍPE API NÓ D'AON SEIRBHÍS (NÓ AON GHNÉ LAISTIGH DE NA SEIRBHÍSÍ) A CHUIRFEAR AR FÁIL LEIS, NÓ (III) DO SCRÍOSADH, TRUAILLIÚ NÓ TEIP AON SONRAÍ ARNA dTARCHUR AG AN ÚSÁID A BHAINNEANN TÚ AS CEANNACHÁIN IONAÍPE API NÓ SEIRBHÍSÍ NÓ TRÍTHI. Is Ortsa atá an fhreagracht cúltaca malartach oiriúnach de D'fhaisnéis agus sonraí ar fad a choimeád, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'aon Neamhthomhaltán a D'fhéadfá a sholáthar do Apple le haghaidh seirbhísí óstála.

8. Slánú. Gan teorainn a chur le ceartha eile de chuid Apple faoin gComhaontú seo, aontaíonn Tú gach Páirtí Slánaithe de chuid Apple a shlánú agus a shéanadh maidir le haon Chaillteanas agus gach Caillteanas a thabhaíonn an Páirtí Slánaithe sin de chuid Apple a eascraíonn as aon éileamh nó a bhaineann le haon éileamh nach gcomhlíonann inneachar, feidhmiúlacht nó seirbhísí a sholáthraíonn Tú trí úsáid a bhaint as Ceannacháin Ionaípe API na dlíthe is infheidhme, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'iadsan a bhaineann le fógraíocht nó tairiscint díola earraí nó seirbhísí digiteacha, lena n-áirítear inneachar.

Ceangaltán 3

(a ghabhann leis an gComhaontú)

Téarmaí Breise maidir le Seirbhís Game Center

Tá na téarmaí seo le cur san áireamh sa bhreis ar théarmaí an Chomhaontaithe agus baineann siad leis an úsáid a bhaineann Tú nó D'Fheidhmchlár as seirbhís Game Center.

1. Seirbhís Game Center a úsáid

1.1 Ní fhéadfaidh Tusa agus D'Fheidhmchlár nascadh le seirbhís Game Center ná úsáid a bhaint as ar aon slí nach bhfuil údaraithe go sainráite ag Apple. Aontaíonn Tú gan seirbhís Game Center a úsáid ach i gcomhréir leis an gComhaontú seo (lena n-áirítear Ceangaltán 3), le Doiciméadacht Game Center agus i gcomhréir le gach dlí is infheidhme. Tuigeannt Tú nach gceadófar Duit nó do D'Fheidhmchlár rochtain a fháil ar sheirbhís Game Center nó í a úsáid i ndiaidh éag Do Chomhaontaithe nó a fhoirceannata.

1.2 Féadfaidh Apple sainaitheantóir uathúil a bhaineann le hailias úsáideora dheiridh a sholáthar Duit mar chuid de sheirbhís Game Center (“Aitheantas an Imreora”). Aontaíonn Tú gan Aitheantas an Imreora a thaispeáint don úsáideoir deiridh ná d'aon tríú páirtí, agus ní aontaíonn Tú Aitheantas an Imreora a úsáid ach chun idirdhealú a dhéanamh idir úsáideoirí deiridh maidir leis an úsáid a bhaineann Tú as Game Center. Aontaíonn Tú gan aischuardach a dhéanamh ar aitheantas, ailiasanna ná sonraí ná faisnéis eile an Imreora arna soláthar ag seirbhís Game Center ná iad a rianú, a nascadh, a cheangal, a thochailt, a chnuaschoipeáil nó a dhúshaothrú ar shlí, seachas a mhéid a cheadaítear go sainráite anseo istigh. Mar shampla, ní dhéanfaidh Tú iarracht ar aitheantas dáiríre úsáideora dheiridh a fháil amach.

1.3 Ní bhainfidh Tú úsáid ach as faisnéis arna soláthar ag seirbhís Game Center de réir mar is gá chun seirbhísí agus feidhmiúlacht a sholáthar i gcomhair D'Fheidhmchlár. Mar shampla, ní óstálfadha Tú ná ní easpórtálfadha Tú an fhaisnéis sin chuig seirbhís tríú páirtí. Thairis sin, aontaíonn Tú gan aon fhaisnéis nó sonraí úsáideora a aistriú nó a chóipeáil (beag beann an bhfuil siad ina n-aonar nó mar chuid de chomhiomlán) a fhaightear trí sheirbhís Game Center chuig tríú páirtí seachas de réir mar is gá chun seirbhísí agus feidhmiúlacht a sholáthar i gcomhair D'Fheidhmchlár, agus sa chás sin féin le toiliú úsáideora sainráite agus mura bhfuil a leithéid toirmiscthe ar shlí eile sa Chomhaontú seo.

1.4 Ní dhéanfaidh Tú iarracht (ná ní chuirfidh Tú ar chumas daoine eile) úsáid nó rochtain neamhúdaraithe a fháil ar sheirbhís Game Center (nó aon chuid di) ar aon slí, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'fhaisnéis a fháil ó seirbhís Game Center agus úsáid á baint as aon mhodh nach gceadaíonn Apple go sainráite. Mar shampla, ní fhéadfaidh Tú lorgairí paicéid a úsáid chun aon phrótacal cumarsáide ó chórais nó líonraí atá nasctha le Game Center a idircheapadh, aon sonraí nó faisnéis úsáideora a chamchoipeáil ó Game Center nó aon bhogearra tríú páirtí a úsáid chun faisnéis a bhailiú trí Game Center maidir le himreoirí, sonraí cluiche, cuntais nó patrúin úsáide seirbhíse.

2. Srianata Breise

2.1 Aontaíonn Tú gan dochar a dhéanamh do líonraí nó freastalaithe de chuid Apple nó freastalaithe nó líonraí de chuid tríú páirtí atá nasctha le seirbhís Game Center ná gan cur isteach orthu, ná cur isteach ar shlí eile ar an úsáid a bhaineann forbróirí nó úsáideoirí deiridh eile as Game Center. Aontaíonn Tú, seachas chun críoch tástála agus forbartha, nach gcruthóidh Tú bréagchuntais trí úsáid a bhaint as seirbhísí Game Center nó seirbhís Game Center a úsáid ar shlí eile chun mífhaisnéis a dhéanamh ar fhaisnéis maidir Leat nó le D'Fheidhmchlár ar shlí a gcuirfeadh isteach ar an úsáid a bhaineann úsáideoir deiridh as seirbhís Game Center, m.sh., scóir arda boillscthe a chruthú trí úsáid a bhaint as cóid aicearra nó an líon cuntas úsáideora atá cruthaithe ar D'Fheidhmchlár a fhalsú.

2.2 Ní thionscnóidh Tú, ní chabhróidh Tú ná ní chumasóidh Tú aon chur isteach ar Game Center, amhail trí ionsaí diúltaithe seirbhíse, trí úsáid a bhaint as próiseas nó seirbhís uathoibríche amhail ransaitheoir, script nó bota, nó trí aon fhabht a dhúshaothrú i seirbhís Game Center nó Bogearraí Apple. Aontaíonn Tú gan scrúdú, tástáil nó scanadh a dhéanamh le haghaidh laigí i seirbhís Game Center. Ina theannta sin, aontaíonn Tú gan aon sásra cosanta sonraí, slándála, fíoraithe nó fíordheimhnithe atá ionchorpraithe nó in úsáid ag seirbhís Game Center a dhíchumasú, a spúfáil, a haiceáil ná cur isteach orthu ar shlí eile, ná gan cur ar chumas daoine eile déanamh amhlaidh.

2.3 Ní tharchuirfidh Tú, ní stórálfaidh Tú ná ní chuirfidh Tú aon ábhar ina bhfuil víris nó aon chód ríomhaireachta, comhad ríomhaireachta nó ríomhchlár ar fáil a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do ghnáthoibriú Game Center nó táirge ar de bhranda Apple é nó cur isteach air nó teorainn a chur leis.

2.4 Aontaíonn Tú gan aon chuid de sheirbhís Game Center a úsáid chun aon teachtaireacht nár iarradh, mhíchuí nó mhí-oiriúnach a sheoladh chuig úsáideoirí deiridh chun úsáideoirí Game Center a phóitseáil, fioscaireacht a dhéanamh orthu nó a spamáil. Ní atreoróidh Tú úsáideoirí Game Center (ná ní dhéanfaidh Tú iarracht ar na húsáideoirí sin a atreorú) chuig seirbhís eile agus úsáid á baint as aon fhaisnéis a fhaigheann Tú trí úsáid a bhaint as seirbhís Game Center.

2.5 Ní ghearrfaidh Tú aon táille ar úsáideoirí deiridh chun rochtain a fháil ar sheirbhís Game Center nó i leith aon sonraí nó aon fhaisnéis sholáthraítear inti.

2.6 A mhéid a cheadaíonn Apple Duit gnéithe agus feidhmiúlacht áirithe Game Center a bhainistiú le haghaidh D'Fheidhmchláir trí App Store Connect (m.sh., an cumas chun bac a chur ar úsáideoirí calaoiseacha nó scóir amhrasacha chlár na gcinnirí D'Fheidhmchláir a scríosadh), aontaíonn Tú gan a leithéid de mhodhanna a úsáid ach amháin go bhfuil údar Agat a cheapadh go bhfuil úsáideoirí nó scóir den chineál sin mar thoradh ar ghníomhartha míthreoracha, calaoiseacha, míchuí, neamhdhleathacha nó mímhacánta.

3. Do chuid Admhálacha. Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas:

3.1 Féadfaidh Apple tráth ar bith, agus ó am go ham, le réamhfhógra nó gan réamhfhógra a thabhairt Duit (a) seirbhís Game Center a mhionathrú, lena n-áirítear athrú a dhéanamh ar aon ghnó nó feidhmiúlacht nó iad a bhaint, nó (b) APIanna Game Center nó APIanna gaolmhara a mhionathrú, a dhímholadh, a atheisiúint nó a athfhoilsiú. Tuigeann Tú go bhféadfadh aon mhionathrú den chineál sin a cheangal Ort athrú a dhéanamh ar Do chuid Feidhmchlár nó iad a nuashonrú ar Do chostas féin. Níl aon oibleagáid sainráite nó intuigthe ar Apple seirbhís Game Center a sholáthar nó leanúint ar aghaidh á soláthar, agus féadfaidh sé seirbhís Game Center iomlán nó cuid di sin a chur ar fionraí nó scor di tráth ar bith. Ní bheidh Apple faoi dhliteanas i leith aon chaillteanas, damáiste nó costas de chineál ar bith arna dtabhú Agat nó ag aon pháirtí eile a eascróidh as aon fhionraí na seirbhíse sin nó as scor di nó as aon mhionathrú den chineál sin ar sheirbhís Game Center nó APIanna Game Center, nó a bhainfidh leo.

3.2 Ní gheallann Apple Duit maidir le hinfhaighteacht nó aga fónaimh sheirbhís Game Center agus níl sé faoi oibleagáid aon tacaíocht chothabhála ná theicniúil ná aon tacaíocht eile a sholáthar maidir leis an tseirbhís sin. Forchoimeádann Apple an ceart chun Do rochtain a bhaint ar sheirbhís Game Center tráth ar bith de réir a lánrogha féin. Féadfaidh Apple monatóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis agus í a bhailiú (lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'fhaisnéis theicniúil agus dhiagnóiseach) maidir leis an úsáid a baineann Tú as seirbhís Game Center chun cabhrú le Apple feabhas a chur ar Game Center agus ar tháirgí agus seirbhísí Apple eile agus chun a fhíorú go bhfuil an Comhaontú seo á chomhlíonadh Agat.

4. Séanadh Dhliteanais Bhreise. NÍ BHEIDH APPLE FAOI DHLITEANAS I LEITH AON DAMÁISTE NÓ CAILLTEANAS A EASCRÓIDH AS AON CHUR ISTEACH AR GAME CENTER

NÓ AON TEIP CHÓRAIS, IONSAÍ LÍONRA, COTHABHÁIL SCEIDEALAITHE NÓ
NEAMHSCEIDEALAITHE EILE NÓ AON CHUR ISTEACH EILE.

Ceangaltán 4

(a ghabhann leis an gComhaontú)

Téarmaí Breise maidir le iCloud a úsáid

Tá na téarmaí seo a leanas le cur san áireamh sa bhreis ar théarmaí an Chomhaontaithe agus baineann siad leis an úsáid a bhaineann Tú as seirbhís iCloud chun bogearraí a fhorbairt agus chun tástáil a dhéanamh maidir le D'Fheidhmchlár nó Do Bhogearraí Gréasáin.

1. iCloud a Úsáid

1.1 Féadfaidh Do chuid Feidhmchlár agus/nó Do Bhogearraí Gréasáin rochtain a fháil ar sheirbhís iCloud má thugann Apple cead Duit. Aontaíonn Tú gan rochtain a fháil ar sheirbhís iCloud ná aon inneachar, sonraí ná faisnéis atá le fáil inti, seachas trí APIInna Stórála iCloud, APIInna CloudKit nó consól CloudKit a chuirtear ar fáil mar chuid den Chlár. Aontaíonn Tú gan Do chead a chomhroinnt le haon tríú páirtí nó é a úsáid chun aon chríche nach gceadaíonn Apple go sainráite. Ní aontaíonn Tú seirbhís iCloud, APIInna Stórála iCloud agus APIInna CloudKit a úsáid mar a cheadaíonn an Comhaontú seo agus Doiciméadacht iCloud go sainráite, agus i gcomhréir leis na dlíthe agus rialacháin is infheidhme. Thairis sin, ceadaítear Do Bhogearraí Gréasáin rochtain a fháil ar sheirbhís iCloud agus í a úsáid (m.sh., an cineál céanna sonraí a aisghabhtar nó a nuashonraítear i bhFeidhmchlár Ceadúnaithe) fad is go bhfuil an úsáid a bhaineann Tú as seirbhís iCloud sna Bogearraí Gréasáin sin inchomparáide leis an úsáid a bhaineann Tú as Feidhmchlár Ceadúnaithe comhfhreagrach, arna chinneadh de réir lánrogha Apple féin. Sa chás go gceadaíonn Seirbhísí Apple Duit níos mó ná Do chionroinnt d'árthaí stórála in iCloud a úsáid chun sonraí a aistriú chuig ártach eile ar chúis ar bith, aontaíonn Tú gan ártach/árthaí breise den chineál sin a úsáid ach ar feadh tréimhse theoranta réasúnach chun feidhmeanna den chineál sin a dhéanamh agus ní chun cionrannta stórála agus idirbhirt a mhéadú.

1.2 Tuigeann Tú nach gceadófar Duit rochtain a fháil ar sheirbhís iCloud nó í a úsáid chun bogearraí a fhorbairt nó a thástáil i ndiaidh éag Do Chomhaontaithe nó a fhoirceannnta; ach féadfaidh úsáideoirí deiridh a bhfuil Do chuid Feidhmchláir nó Do Bhogearraí Gréasáin suiteáilte acu agus a bhfuil cuntas bailí úsáideora dheiridh le Apple acu chun iCloud a úsáid leanúint ar aghaidh le rochtain a fháil ar dhoiciméid arna nginiúint ag úsáideoirí, mar aon le hárthaí agus comhaid phríobháideacha atá roghnaithe Agat a stóráil i gcuntas úsáideora dheiridh den chineál sin trí APIInna Stórála iCloud nó APIInna CloudKit i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha iCloud is infheidhme agus leis na téarmaí seo. Aontaíonn Tú gan cur isteach ar chumas úsáideora dheiridh rochtain a fháil ar iCloud (ná ar dhoiciméid arna nginiúint ag an úsáideoir deiridh, mar aon le hárthaí príobháideacha agus comhaid phríobháideacha) ná gan cur isteach ar shlí eile ar an úsáid a bhaineann siad as iCloud ar aon slí agus tráth ar bith. Maidir leis na sonraí a stórálaíonn Tú in árthaí poiblí trí APIInna CloudKit (beag beann an ngineann Tú nó úsáideoir deiridh iad), forchoimeádann Apple an ceart chun rochtain a chur ar fionraí ar shonraí den chineál sin nó iad a scríosadh, go hiomlán nó go páirteach, ar éag Do Chomhaontaithe nó ar a fhoirceannadh nó mar a shonraíonn Apple ar shlí eile i gconsól CloudKit.

1.3 Ceadaítear D'Fheidhmchlár APIInna Stórála iCloud a úsáid chun sonraí eochair-luach a stóráil agus a aisghabháil (m.sh., liosta stoc i bhFeidhmchlár airgeadais, socruithe le haghaidh Feidhmchláir) le haghaidh Do chuid Feidhmchlár agus Do Bhogearraí Gréasáin agus chun a chur ar chumas D'úsáideoirí deiridh rochtain a fháil ar dhoiciméid agus comhaid arna nginiúint ag úsáideoirí trí sheirbhís iCloud. Ceadaítear D'Fheidhmchlár nó D'fheidhmchlár Bogearraí Gréasáin APIInna CloudKit a úsáid chun sonraí struchtúrtha atá roghnaithe Agat a stóráil in árthaí poiblí nó príobháideacha a stóráil, a aisghabháil agus a iarraidh i gcomhréir le Doiciméadacht iCloud. Aontaíonn Tú gan aon inneachar ná ábhar a stóráil trí APIInna Stórála iCloud ná APIInna CloudKit a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le haon téarma nó coinníoll iCloud nó aon Cheanglas maidir leis an gClár i dtaca le Do chuid Feidhmchlár a sháru (m.sh., ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár aon ábhar mídhleathach nó sáraithe a stóráil).

1.4 Féadfaidh Tú cead a thabhairt d'úsáideoir rochtain a fháil ar na doiciméid agus comhaid arna nginiúint aige ó iCloud trí úsáid a bhaint as Do chuid Feidhmchlár agus as Do Bhogearraí Gréasáin. Ní fhéadfaidh Tú, áfach, sonraí eochair-luach ó D'Fheidhmchlár ná Do Bhogearraí Gréasáin a chomhroinnt, mura bhfuil na sonraí sin á gcomhroinnt Agat i measc leaganacha difriúla den teideal céanna nó má tá toiliú úsáideora Agat.

1.5 Is Tusa atá freagrach as aon inneachar agus ábhar a stóráilann Tú in iCloud trí úsáid a bhaint as APIInna CloudKit agus APIInna Stórála iCloud agus ní mór Duit bearta réasúnacha agus oiriúnacha a dhéanamh chun faisnéis a stóráilann Tú trí sheirbhís iCloud a chosaint. Maidir le héilimh tríú páirtí a bhaineann le hinneachar agus le hábhar a stóráilann úsáideoirí deiridh i Do chuid Feidhmchlár trí úsáid a bhaint as APIInna Stórála iCloud nó APIInna CloudKit (m.sh., doiciméid arna nginiúint ag úsáideoirí, postálacha úsáideora dheiridh in áirtheaí poiblí), aontaíonn Tú gur Tusa a bheidh freagrach as láimhseáil chuí agus próiseáil phras aon éilimh den chineál sin, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta Do chomhlíonadh fógraí a sheoltar de bhua Digital Millennium Copyright Act (DMCA).

1.6 Má tá Tú cláraithe i gClár Forbróra Apple mar eagraíocht atá bunaithe san Aontas Eorpach, tá téarmaí breise do CloudKit a bhaineann le Rialachán (AE) 2023/2854 sonraithe ag <https://developer.apple.com/download/files/EU-Data-Act-Terms-CloudKit.pdf>

2. Ceanglais Bhreise

2.1 Tuigeannt Tú gur ann do theorainneacha a bhaineann le toilleadh stórála, tarchurtha agus idirbheart do sheirbhís iCloud, Duit féin mar fhorbróir agus Do chuid úsáideoirí deiridh. Má shroicheann Tusa nó D'úsáideoir deiridh teorainneacha den chineál sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh Tusa nó D'úsáideoir deiridh in ann seirbhís iCloud a úsáid go dtí go mbeadh dóthain sonraí bainte Agat nó ag D'úsáideoir deiridh den tseirbhís chun teorainneacha toillte a chomhlíonadh, go mbeadh toilleadh stórála méadaithe agaibh nó go mbeadh, ar shlí eile, úsáid iCloud mionathraithe agaibh, d'fhéadfadh sé nach mbeadh Tusa nó D'úsáideoir deiridh in ann rochtain a fháil ar shonraí ná iad a aisghabháil ó iCloud le linn na tréimhse sin.

2.2 Ní fhéadfaidh Tú aon táille a ghearradh ar aon úsáideoir chun rochtain a fháil ar sheirbhís iCloud nó í a úsáid trí Do chuid Feidhmchlár nó Do Bhogearraí Gréasáin agus aontaíonn Tú gan aon rochtain a dhíol ar sheirbhís iCloud ar shlí eile, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'aon chuid den tseirbhís a athdhíol. Ní úsáidfídh Tú seirbhís iCloud i D'Fheidhmchlár nó Do Bhogearraí Gréasáin ach chun stóráil a sholáthar d'úsáideoir deiridh a bhfuil cuntas bailí úsáideora dheiridh iCloud aige le Apple agus ach lena húsáid i gcomhréir le téarmaí cuntais úsáideora den chineál sin, seachas go bhféadfaidh Tú úsáid a bhaint as APIInna CloudKit chun sonraí a stóráil i in áirtheaí phoiblí ar féidir le húsáideoirí deiridh rochtain a fháil orthu beag beann an bhfuil cuntais iCloud ag úsáideoirí den chineál sin. Ní spreagfaidh Tú aon úsáideoir deiridh chun téarmaí seirbhíse comhaontaithe is infheidhme maidir le iCloud a rinne sé le Apple a shárú ná chun aon bheartas úsáide de chuid Apple maidir le sonraí nó faisnéis a stóráiltear i seirbhís iCloud a shárú.

2.3 Ní fhéadfaidh Tú úsáid iomarcach a bhaint as acmhainn líonra fhoriomlán nó bandaleithead foriomlán sheirbhís iCloud nó ualach a chur ar shlí eile ar an tseirbhís sin le lódálacha sonraí míréasúnacha nó iarratais mhíréasúnacha ar shonraí. Aontaíonn Tú gan dochar a dhéanamh do líonraí ná freastalaithe de chuid Apple ná d'aon fhreastalaí ná líonra de chuid tríú páirtí atá nasctha le iCloud ná cur isteach orthu, ná gan cur isteach ar shlí eile ar an úsáid a bhaineann forbróirí nó úsáideoirí eile as seirbhís iCloud.

2.4 Ní dhíchumasóidh Tú ná ní chuirfidh Tú isteach ar aon rabhadh, socrú córais, fógra nó fógaírt a chuireann Apple faoi bhráid úsáideoir deiridh sheirbhís iCloud.

3. Do chuid Admhálacha

Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas:

3.1 Féadfaidh Apple tráth ar bith, le réamhfhógra nó gan réamhfhógra a thabhairt Duit (a) APIInna Stórála iCloud nó APIInna CloudKit a mhionathrú, lena n-áirítear athrú a dhéanamh ar aon ghné nó feidhmiúlacht nó iad a bhaint nó (b) a leithéid de APIInna a mhionathrú, a dhímholadh, a atheisiúint nó a athfhoilsiú. Tuigeann Tú go bhféadfadh aon mhionathrú den chineál sin a cheangal Ort athrú a dhéanamh ar Do chuid Feidhmchlár nó Do Bhogearraí Gréasáin nó iad a nuashonrú ar Do chostas féin. Níl aon oibleagáid sainráite nó intuigthe ar Apple seirbhís iCloud a sholáthar, nó leanúint ar aghaidh á soláthar, agus féadfaidh sé seirbhís iCloud iomlán nó cuid di sin a chur ar fionraí nó scor di tráth ar bith. Ní bheidh Apple faoi dhliteanas i leith aon chaillteanas, damáiste nó costas de chineál ar bith arna dtabhuí Agatsa nó ag aon tríú páirtí a eascróidh as aon fhionraí na seirbhíse sin nó as scor di nó as aon mhionathrú den chineál sin ar sheirbhís iCloud, APIInna Stórála iCloud nó APIInna CloudKit.

3.2 Níl seirbhís iCloud ar fáil i ngach teanga ná i ngach tír ná réigiún agus ní gheallann Apple go bhfuil seirbhís iCloud oiriúnach nó ar fáil lena húsáid in aon suíomh ar leith. A mhéid a roghnaíonn Tú rochtain a sholáthar ar sheirbhís iCloud i Do chuid Feidhmchlár nó Do Bhogearraí Gréasáin trí APIInna Stórála iCloud nó APIInna CloudKit (m.sh., chun sonraí a stóráil in áirtheaí poiblí nó príobháideacha), déanann Tú a leithéid ar Do thionscnamh féin agus is Tusa atá freagrach as aon dlí nó rialachán is infheidhme a chomhlíonadh.

3.3 Ní gheallann Apple Duit maidir le hinfhaighteacht nó aga fónaimh sheirbhís iCloud agus níl sé faoi oibleagáidí aon tacaíocht chothabhála, theicniúil ná aon tacaíocht eile a sholáthar do sheirbhís iCloud. Ní Apple atá freagrach as aon chaiteachas, infheistíocht nó gealltanais a dhéanann Tú maidir le seirbhís iCloud nó as aon úsáid nó rochtain ar sheirbhís iCloud.

3.4 Forchoimeádann Apple an ceart chun Do rochtain a chur ar fionraí nó a chúlghairm ar sheirbhís iCloud nó srianta a fhorchur ar an úsáid a bhaineann Tú as seirbhís iCloud tráth ar bith de réir lánrogha Apple féin. Ina theannta sin, féadfaidh Apple an teorainn idirbheart a fhéadfaidh Do chuid Feidhmchlár nó Do Bhogearraí Gréasáin a sheoladh nó a fháil trí sheirbhís iCloud nó na hacmhainní nó an toilleadh ar féidir leo a úsáid a fhorchur nó a choigeartú tráth ar bith de réir lánrogha Apple féin.

3.5 Féadfaidh Apple monatóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis agus faisnéis a bhailiú (lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'fhaisnéis theicniúil agus dhiagnóiseach) maidir leis an úsáid a bhaintear as seirbhís iCloud trí APIInna Stórála iCloud, APIInna CloudKit nó consól CloudKit, chun cabhrú le Apple feabhas a chur ar sheirbhís iCloud agus táirgí nó seirbhísí Apple eile; ar choinníoll, áfach, nach mbeidh rochtain ag Apple ar aon sonraí úsáideora dheiridh atá stóráilte in áirtheaí poiblí trí CloudKit, ar aon sonraí Feidhmchláir atá stóráilte in áirtheaí poiblí trí CloudKit ná ar aon doiciméad, comhad nó sonraí eochair-luach atá stóráilte trí úsáid a bhaint as APIInna Stórála iCloud agus seirbhís iCloud, ná nach nochtfaidh Apple iad, mura bhfuil údar ag Apple a cheapadh go bhfuil gá réasúnach le rochtain, úsáid, caomhnú nó nochtadh den chineál sin chun próiseas nó iarratas dlí nó rialála a chomhlíonadh, ná mura n-iarrann úsáideoir deiridh ar shlí eile maidir le sonraí atá stóráilte trí APIInna Stórála iCloud i gcuntas iCloud an úsáideora dheiridh sin nó in áirtheaí príobháideach an úsáideora dheiridh sin trí APIInna CloudKit.

3.6 Ina theannta sin, a mhéid a stóráilann Tú aon fhaisnéis phearsanta a bhaineann le duine aonair nó aon fhaisnéis ónar féidir duine aonair a shainaithint ("Sonraí Pearsanta" i dteannta a chéile) i seirbhís iCloud trí úsáid a bhaint as APIInna Stórála iCloud nó APIInna CloudKit, aontaíonn Tú go bhfeidhmeoidh Apple (agus aon Fhochuideachta de chuid Apple chun críocha Alt 3.6) mar Do ghníomhaire chun aon Sonraí Pearsanta den chineál sin a phróiseáil, a stóráil agus a láimhseáil. Aontaíonn Apple a chinntiú go n-aontaíonn aon duine atá údaraithe chun na Sonraí Pearsanta sin a phróiseáil rúndacht a chaomhnú (beag beann trí théarmaí nó faoi oibleagáid reachtúil oiriúnach). Ní bheidh aon cheart, teideal nó leas ag Apple in aon Sonraí Pearsanta den chineál sin mar thoradh ar an úsáid a bhaineann Tú as seirbhís iCloud. Aontaíonn

Tú gur Tusa amháin atá faoi dliteanas agus freagrach as a chinntiú go bhfuil gach dlí is infheidhme á chomhlíonadh Agat, lena n-áirítear dlíthe cosanta príobháideachais agus sonraí, maidir le húsáid nó bailiú sonraí agus faisnéise trí sheirbhís iCloud. Ina theannta sin, is Tusa atá freagrach as gach gníomhaíocht a bhaineann le Sonraí Pearsanta den chineál sin, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do mhonatóireacht a dhéanamh ar shonraí agus gníomhaíocht den chineál sin, sonraí míchuí agus gníomhaíocht mhíchuí a chosc agus déileáil leo agus rochtain a bhaint agus a fhoirceannadh ar shonraí. Thairis sin, is Tusa atá freagrach as rochtain ar Shonraí Pearsanta den chineál sin a chosaint agus a theorannú do Do phearsanra agus as gníomhartha Do phearsanra a bhfuil cead acu rochtain a fháil ar sheirbhís iCloud a úsáid thar Do cheann. Ní fhéadfaidh ach Apple Sonraí Pearsanta a sholáthraíonn Tusa agus Do chuid Úsáideoirí do Apple trí sheirbhís iCloud a úsáid de réir mar is gá chun seirbhís iCloud a sholáthar agus feabhas a chur uirthi agus chun na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh thar Do cheann. Déanfaidh Apple an méid seo a leanas:

- (a) ní úsáidfídh sé agus ní láimhseálfadh sé do Shonraí Pearsanta ach i gcomhréir leis na teoracha agus ceadanna atá faighte Uait a leagtar amach anseo istigh, mar aon le dlíthe, rialacháin, comhaontuithe nó conarthaí infheidhme. In LEE agus san Eilvéis, ní láimhseálfadh Apple Sonraí Pearsanta ach i gcomhréir leis na teoracha agus ceadanna atá faighte Uait a leagtar amach anseo istigh mura gceanglaítear a mhalairt de réir Dlí an Aontais Eorpaigh nó Ballstáit, agus sa chás sin tabharfaidh Apple fógra Duit maidir lena leithéid de cheanglas dlí eile (seachas i gcásanna teoranta ina bhfuil toirmeasc ar Apple déanamh amhlaidh de réir an dlí);
- (b) soláthróidh sé modhanna réasúnacha Duit chun aon iarratas maidir le rochtain, scriosadh nó srianadh úsáideora a bhainistiú mar a shainmhínítear sa dlí is infheidhme. Sa chás go ndéanann rialaitheoir cosanta sonraí nó údarás cosúil maidir le Sonraí Pearsanta den chineál sin imscrúdú Ortsa eascraíonn as an úsáid de mheon macánta a bhaineann Tú as seirbhís iCloud, soláthróidh Apple cúnamh agus tacaíocht réasúnach Duit;
- (c) tabharfaidh sé fógra Duit trí aon mhodh réasúnta a roghnaíonn Apple, gan moill mhíchuí agus trí cheanglais dhlíthiúla is infheidhme a chur san áireamh a bhaineann Leat ina sainordaítear fógra a thabhairt laistigh de thréimhse shonrach, má thugann Apple faoi deara go bhfuil Do Shonraí Pearsanta athraithe, scriosta nó caillte mar thoradh ar aon rochtain neamhúdaraíthe ar an tSeirbhís. Is Tusa atá freagrach as D'Fhaisnéis teagmhála nuashonraithe a sholáthar do Apple chun críoch fógartha den chineál sin i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe seo;
- (d) cuirfidh sé ar fáil Duit an fhaisnéis atá riachtanach chun a léiriú go bhfuil na hoibleagáidí atá leagtha amach in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint agus ó Chomhairle na hEorpa, an 27 Aibreán 2016 (GDPR) á gcomhlíonadh agus chun iniúchtaí a cheadú agus a chur leo de réir mar a cheanglaítear faoi na forálacha seo; ar choinníoll, áfach, go n-aontóidh Tú gur leor deimhniúchán ISO 27001 agus 27018 de chuid Apple chun críoch iniúchta riachtanaigh den chineál sin;
- (e) cabhróidh sé Leat, trí aon mhodh réasúnach a roghnaíonn Apple, a chinntiú go mbeidh a oibleagáidí de bhua Airteagal 33 - 36 de GDPR á gcomhlíonadh. Má fhaigheann Apple iarratas ó thríú páirtí ar fhaisnéis atá stóráilte Agat i seirbhís iCloud, mura gceanglaítear a mhalairt de réir an dlí nó de réir théarmaí an iarratais sin, tabharfaidh Apple fógra Duit ina gcuirfidh sé in iúl Duit go bhfuarthas an t-iarratas agus tabharfaidh sé fógra don iarrthóir maidir leis an gceanglas a bhaineann le hiarratas den chineál sin a chur faoi Do bhráid. Mura gceanglaítear a mhalairt de réir an dlí nó de réir an iarratais, is Tusa a bheidh freagrach as freagra thabhairt ar an iarratas;
- (f) úsáidfídh sé bearta tionscalchaighdeánacha chun Sonraí Pearsanta a chosaint le linn aistriú, próiseáil agus stóráil Sonraí Pearsanta. D'fhéadfaí Sonraí Pearsanta Criptithe a stóráil faoi lánrogha gheografach Apple; agus
- (g) cinnteoidh sé sa chás ina bhfuil Sonraí Pearsanta, atá ábhartha i gcomhthéacs an Chomhaontaithe seo, á n-aistriú ó LEE nó ón Eilvéis, nach n-aistrefar iad ach chuig tríú tír a chinntíonn leibhéal oiriúnach cosanta nó a úsáideann Clásail Conartha Chaighdeánaigh/Comhaontú Sreafa Sonraí Trasteorann na hEilvéise, a sholáthrófar Duit i ndiaidh iarratas a dhéanamh má chreideann Tú go bhfuil Sonraí Pearsanta á n-aistriú.

3.7 Maidir le D'Fheidhmchlár, chun APIInna Rochtana Comhroinnte Breise iCloud a úsáid, ní mór (a) comhghné comhroinnte ilúsáideoirí atá le feiceáil d'úsáideoirí deiridh a bheith aige, agus

(b) APIInna CloudKit a bheith in úsáid aige chun comhéadan saincheaptha úsáideora a chumasú laistigh D'Fheidhmchlár maidir leis an ngné comhroinnte, ina bhfuil faisnéis maidir leis an úsáideoir deiridh a fhaightear ón gcomhroinnt agus úsáid á baint as APIInna Rochtana Comhroinnte Breise iCloud le feiceáil do na rannpháirtithe comhroinnte. Ní fhéadfaidh Tusa agus D'Fheidhmchlár faisnéis maidir le húsáideoir deiridh a úsáid ar shlí neamhbhuan ach chun í a thaispeáint do na rannpháirtithe comhroinnte. Ní fhéadfaidh Tusa agus D'Fheidhmchlár faisnéis maidir le húsáideoir deiridh a stóráil.

4. Séanadh Dliteanais Bhreise. NÍ BHEIDH APPLE NÁ A SHOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE FAOI DHLITEANAS I LEITH AON DAMÁISTE NÁ AON CHAILLTEANAS A EASCROÍDH AS AON ÚSÁID NÓ MÍ-ÚSÁID iCloud, APIInna STÓRÁLA iCloud APIInna CLOUDKIT NÓ AS BRATH ORTHU ÉAGUMAS CHUN IAD A ÚSÁID, CUR ISTEACH ORTHU, NÓ AS A bhFIONRAÍ, NÓ A bhFOIRCEANNADH NÁ I LEITH AON ROCHTAIN NEAMHÚDARAITHE, ATHRÚ NÁ SCRÍOSADH, LÉIRSCRÍOS, DAMÁISTE, CAILLTEANAS NÁ MAINNEACHTAIN AON CHUID DE DO SHONRAÍ NÓ SONRAÍ ÚSÁIDEORA DHEIRIDH A STÓRÁIL NÁ I LEITH AON ÉILEAMH A EASCROÍDH AS AON ÚSÁID A BHEIDH Á BAINTE AG DO CHUID ÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH AS AN MÉID SIN ROIMHE SEO, LENA n-ÁIRÍTEAR AON ÉILEAMH A BHAINFIDH LE SONRAÍ A BHEIDH Á bPRÓISEÁIL NÓ Á STÓRÁIL NÓ Á LÁIMHSEÁIL GO MÍCHUÍ NÓ GO NEAMHÚDARAITHE AGAT DE SHÁRÚ AR AN gCOMHAONTÚ SEO.

Ceangaltán 5

(a ghabhann leis an gComhaontú)

Téarmaí Breise maidir le Pasanna

Tá na téarmaí seo a leanas le cur san áireamh sa bhreis ar théarmaí an Chomhaontaithe agus baineann siad le forbairt agus dáileachán Pasanna ar Tusa atá freagrach as:

1. Aitheantas Cineáil Pas a Úsáid agus Srianata

Féadfaidh Tú an tAitheantas Cineáil Pas a úsáid chun Do Phas a shíniú go digiteach lena úsáid le Wallet agus/nó chun seirbhís APN a úsáid le Do Phas. Féadfaidh Tú D'Aitheantas Cineáil Pas a dháileadh mar atá ionchorpraithe i Do Phas i gcomhréir le **hAlt 2** fad is go mbeidh an dáileachán sin faoi Do thrádmharc nó branda féin, nó má thagraíonn Tú Do thrádmharc nó branda tríú páirtí laistigh de Do Phas (m.sh., cúpón siopa le haghaidh earra ar leith), maíonn Tú agus barántaíonn Tú go bhfuil aon cheart riachtanach agat. Aontaíonn Tú gan D'Aitheantas Cineáil Pas a chomhroinnt, a sholáthar nó a aistriú chuig aon tríú páirtí (seachas do Sholáthraí Seirbhíse agus díreach a mhéid a cheadaítear anseo istigh), nó D'Aitheantas Cineáil Pas a úsáid chun pas tríú páirtí a shíniú.

2. Dáileachán Pasanna; Ceadanna Margaíochta

2.1 Faoi réir théarmaí an Chomhaontaithe seo, féadfaidh Tú Do Phasanna a dháileadh ar úsáideoirí deiridh tríd an nGréasán, trí ríomhphost nó trí Fheidhmchlár. Tuigeann Tú nach mór na húsáideoirí sin glacadh le Pasanna sula lódálfar iad in Wallet agus gur féidir leis na húsáideoirí sin Pasanna a bhaint nó a aistriú tráth ar bith.

2.2 Má dháileann Do Phasanna ar an tslí sin, maíonn Tú agus barántaíonn Tú go gcomhlíonann Do Phasanna an Doiciméadacht agus na Ceanglais maidir leis an gClár atá i bhfeidhm ag an tráth sin agus téamaí Cheangaltán 5. Ní Apple a bheidh freagrach as aon chostas, speansas, damáiste, caillteanas (lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do dheiseanna gnó caillte nó brabúis chaillte) a D'fhéadfá a thabhtú nó dliteanas eile a d'fhéadfadh a bheith Ort mar thoradh ar Do Phasanna a dháileadh ar an tslí sin.

2.3 Aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas a shonrú ar an bPas: ainm agus seoladh, agus sonraí teagmhála (uimhir theileafóin; seoladh ríomhphoist) ar ar cheart aon cheist, gearán nó éileamh atá á dhéanamh ag úsáideoir deiridh a dhíriú maidir le Do Phas. Is Tusa a bheidh freagrach as an téarmaí úsáide ábhartha úsáideora dheiridh a cheangal nó a áireamh ar shlí eile, de réir Do lánrogha, le Do Phas. Ní Apple a bheidh freagrach as aon sárú ar Do théarmaí úsáide úsáideora dheiridh. Is Tusa amháin a bheidh freagrach as gach cuidiú, baránta agus tacaíocht úsáideora a bhaineann le Do Phas. Ní fhéadfaidh Tú aon táille a ghearradh ar úsáideoirí deiridh chun Wallet a úsáid chun rochtain a fháil ar Do Phas.

2.4 Má dháileann Tú Do Phasanna mar a cheadaítear sa Chomhaontú seo, tugann Tú leis seo cead do Apple úsáid a bhaint as (i) gabhálacha scáileáin de Do Phas; (ii) trádmharcanna agus lógónna a bhaineann le Do Phas agus (iii) Faisnéis maidir le Pas, chun críoch cur chun cinn in ábhair mhargaíochta agus cártaí brionntanais, seachas na codanna sin nach bhfuil an ceart Agat a úsáid chun críoch cur chun cinn agus a shainaithníonn Tú i scríbhinn do Apple. Ina theannta sin, tugann Tú cead do Apple íomhánna agus ábhair eile a D'fhéadfá a sholáthar do Apple a úsáid, ar iarratas réasúnach ó Apple. chun críoch cur chun cinn in ábhair mhargaíochta agus cártaí brionntanais.

3. Ceanglais Bhreise maidir le Pas

3.1 D'fhéadfadh Apple teimpléid a sholáthar Duit chun Do Phasanna a chruthú, agus aontaíonn Tú an teimpléad ábhartha a roghnú le haghaidh a úsáide is infheidhme (m.sh., ní bhainfidh Tú úsáid as teimpléad an phas bordála le haghaidh ticéad scannáin). Má roghnaíonn

Tú teimpléad a chumasú do Do Phasanna ar a dtaispeántar moltaí cliste, aontaíonn Tú go bhféadfadh Apple Faisnéis maidir le Pas a úsáid chun moltaí a bhaineann leis na Pasanna a thabhairt d'úsáideoirí deiridh in Wallet, lena n-áirítear moltaí a bhaineann le eolas an bhealaigh a dhéanamh, aimsir agus ceol.

3.2 Ní fhéadfar Pasanna a oibriú agus a thaispeáint ach in Wallet, an limistéar áthaigh atá ainmnithe ag Apple don Phas, trí Wallet ar scáileán glasála táirge chomhoiriúnaigh ar de bhranda Apple é i gcomhréir leis an Doiciméadacht.

3.3. D'ainneoin na chéad abairte d'Alt **3.3.3(B)** den Chomhaontú, le toiliú an úsáideora roimh ré, féadfaidh tú agus do Phas sonraí úsáideora agus/nó gléas a roinnt le d'Iarratas chomh fada agus a bhíonn an comhroinnt sin chun críche seirbhís nó feidhm a sholáthar atá ábhartha go díreach maidir le húsáid an Phas agus/nó an Fheidhmchláir. Ní cheadaítear sonraí ó Phas úsáideora a nascadh le sonraí úsáideora nó gléas eile chun críocha fógraíochta spriocdhírthe nó tomhais fógraíochta, ná sonraí úsáideora nó gléas ó Phas úsáideora a roinnt le bróicéirí sonraí.

3.4 Dá mba mhaith Leat teicneolaíocht leabaithe Cumarsáid Neasréimse (NFC) a úsáid le Do Phas, féadfaidh Tú Deimhniú Apple a iarraidh ó thairseach ghréasáin an Fhorbróra chun NFC a úsáid le Pas. Déanfaidh Apple athbhreithniú ar D'Iarratas agus d'fhéadfadh sé comhaontú ar leith a sholáthar Duit chun Deimhniú Apple den chineál sin a úsáid. Forchoimeádann Apple an ceart gan Deimhniú Apple den chineál sin a sholáthar Duit.

4. Ceart Apple chun Athbhreithniú a Dhéanamh ar Do Phas; Cúlghairm. Tuigeann agus aontaíonn Tú go bhforchoimeádann Apple an ceart chun athbhreithniú a dhéanamh ar aon Phas ar mhaith Leat a dháileadh lena úsáid ag Do chuid úsáideoirí deiridh, nó atá in úsáid acu cheana féin, agus é a fhorghéas nó diúltú dó, tráth ar bith le linn Thréimhse an Chomhaontaithe seo. Má iarrann Apple amhlaidh, aontaíonn Tú an Pas sin a sholáthar go pras do Apple. Aontaíonn Tú gan iarracht a dhéanamh ar aon ghné, inneachar, seirbhís nó feidhmiúlacht i Do Phas a chur i bhfolach, mífhaisnéis a dhéanamh orthu, faisnéis mhíthreorach a thabhairt fúthu nó iad a cheilt ar athbhreithniú Apple nó bac a chur ar Apple ar shlí eile athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an bPas sin, agus, aontaíonn Tú comhoibriú le Apple agus ceisteanna a fhreagairt agus faisnéis agus ábhair a iarrann Apple go réasúnach maidir leis an bPas sin a sholáthar. Má dhéanann Tú aon athrú ar Do Phas i ndiaidh é a chur faoi bhráid Apple, aontaíonn Tú fógra a thabhairt do Apple agus, má iarrann Apple, do Phas a chur isteach arís sula ndáilfear an Pas mionathraithe ar Do chuid úsáideoirí deiridh. Forchoimeádann Apple an ceart chun D'Aitheantas Cineáil Pas a chúlghairm agus diúltú do Do Phas lena dháileadh ar Do chuid úsáideoirí deiridh ar aon chúis agus tráth ar bith de réir a lánrogha féin, fiú amháin má chomhlíonann Do Phas an Doiciméadacht agus na Ceanglais maidir leis an gClár agus téarmaí Cheangaltán 5; agus sa chás sin, aontaíonn Tú nach bhféadfaidh Pas den chineál sin a dháileadh ar Do chuid úsáideoirí deiridh.

5. Séanadh Díteanais Bhreise. NÍ BHEIDH APPLE FAOI DHLITEANAS I LEITH AON DAMÁISTE NÁ AON CAILLTEANAS A EASCRÓIDH AS AON ÚSÁID, DÁILEACHÁN NÓ MÍ-ÚSÁID WALLET, D'AITHEANTAIS CINEÁIL PAS, DO PHASANNA NÓ AON SEIRBHÍSE A CHUIRTEAR AR FÁIL MAIDIR LEIS SEO, NÓ AS BRATH ORTHU, ÉAGUMAS CHUN IAD A ÚSÁID, CUR ISTEACH ORTHU NÓ AS A bhFIONRAÍ NÓ A bhFOIRCEANNADH, LENA n-ÁIRÍTEAR ACH GAN BHEITH TEORANTA D'AON CHAILLTEANAS NÓ MAINNEACHTAIN DO PHAS A THAISPEÁINT IN WALLET NÓ AON ÉILEAMH ÚSÁIDEORA DHEIRIDH A EASCRÓIDH AS AON ÚSÁID A BHEIDH Á BAINTE AG DO CHUID ÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH AS AN MÉID SIN ROIMHE SEO.

Ceangaltán 6

(a ghabhann leis an gComhaontú)

Téarmaí Breise maidir le Seirbhís Apple Maps a úsáid

Tá na téarmaí seo a leanas le cur san áireamh sa bhreis ar théarmaí an Chomhaontaithe agus baineann siad le haon úsáid a bhaintear as Seirbhís Apple Maps i D'Fheidhmchlár, ar Do shuíomh gréasáin nó i D'fheidhmchlár gréasáin. Chun críocha Ceangaltán 6, áirítear le "Seirbhís Apple Maps" seirbhísí léarscáilithe a dháileann Amap Software Co., Ltd ar úsáideoirí deiridh sa tSín trí sheirbhís nó táirge Apple.

1. Seirbhís Maps a Úsáid

1.1 Ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár rochtain a fháil ar Sheirbhís Apple Maps ach trí API MapKit, API Freastalaí Apple Maps nó trí MapKit JS, agus ní fhéadfaidh Do shuíomh gréasáin ná D'fheidhmchlár gréasáin rochtain a fháil ar Sheirbhís Apple Maps ach trí MapKit JS nó API Freastalaí Apple Maps. Aontaíonn Tú gan rochtain a fháil ar Sheirbhís Apple Maps nó ar na Sonraí Léarscáile seachas trí API MapKit, API Freastalaí Apple Maps nó MapKit JS, de réir mar is infheidhme, agus aontaíonn Tú nach mór go mbeidh na Ceanglais maidir leis an gClár á gcomhlíonadh ag an úsáid a bhaineann Tú as Seirbhís Apple Maps i Do chuid Feidhmchlár, ar Do chuid suíomhanna gréasáin nó i Do chuid feidhmchlár gréasáin.

1.2 Ní úsáidfídh Tú Seirbhís Apple Maps agus Sonraí Léarscáile ach de réir mar is gá chun seirbhísí agus feidhmiúlacht a sholáthar do D'Fheidhmchlár, Do shuíomh gréasáin nó D'fheidhmchlár gréasáin. Ní aontaíonn Tú Seirbhís Apple Maps, API MapKit, API Freastalaí Apple Maps, agus MapKit JS a úsáid ach mar a cheadaíonn an Comhaontú seo go sainráite (lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do Cheangaltán 6) agus Doiciméadacht MapKit, Apple API Freastalaí Maps agus MapKit JS agus i gcomhréir le gach dlí agus rialachán is infheidhme. Ní fhéadfar MapKit JS a úsáid i Do shuíomh gréasáin agus/nó feidhmchlár atá ag rith ar bhogearraí nach mbaineann le Apple chun na gcríoch tráchtála seo a leanas: bainistíocht flít (lena n-áirítear seoladh), rianú sócmhainní, barrfheabhsú bealaí fiontraíochta nó sa chás gurb é is príomhchuspóir do shuíomh gréasáin agus/nó feidhmchlár den chineál sin measúnú a dhéanamh ar riosca árachais feithicle.

1.3 Admhaíonn Tú agus comhaontaíonn Tú go bhféadfadh na torthaí a gheobhaidh Tú ó Sheirbhís Apple Maps a bheith difriúil i gcomparáid leis na dálaí iarbhir mar gheall ar thosca athraitheacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chruinneas Sonraí Léarscáile, amhail an aimsir, dálaí bóthair agus tráchta, agus imeachtaí geopholaitiúla.

2. Srianata Breise

2.1 Ní fhéadfaidh Tusa ná D'Fheidhmchlár, Do shuíomh gréasáin nó D'fheidhmchlár gréasáin fógraí cóipchirt, trádhmharcanna, lógónna nó aon cheart dílseánaigh nó fógra, doiciméad nó hipearnasc dlíthiúil eile de chuid Apple nó a chomhpháirtithe nó a cheadúnóirí a d'fhéadfadh a bheith le feiceáil i Seirbhís Apple Maps nó a bheith á chur ar fáil tríthi a bhaint, a cheilt nó athrú a dhéanamh orthu.

2.2 Ní úsáidfídh Tú Seirbhís Apple Maps ar aon slí a chumasaíonn nó a cheadaíonn bulc-íosdlódálacha nó fothaí de na Sonraí Léarscáile, nó aon chuid díobh, nó a dhéanann iarracht ar aon slí aon chuid de na Sonraí Léarscáile a asbhaint, a chamchóipeáil nó a athúsáid. Mar shampla, ní fhéadfaidh Tusa nó D'Fheidhmchlár na Sonraí Léarscáile a úsáid nó a chur ar fáil, nó aon chuid díobh, mar aon chuid de bhunachar sonraí tánaisteach nó díorthaithe.

2.3 Seachas a mhéid a cheadaítear go sainráite anseo istigh, aontaíonn Tú gan aon saothar díorthach de na Sonraí Léarscáile a chóipeáil, a mhionathrú, a aistriú, a chruthú, a fhoilsiú na a thaispeáint go poiblí sna Sonraí Léarscáile ar aon slí. Thairis sin, ní fhéadfaidh Tú na sonraí a sholáthróidh Seirbhís Apple Maps a úsáid ná a chur i gcomparáid chun feabhas a chur ar

sheirbhís léarscáilithe eile ná í a chruthú. Aontaíonn Tú gan seirbhís ionadach nó chosúil a chruthú nó iarracht a dhéanamh seirbhís den chineál sin a chruthú trí úsáid a bhaint as Seirbhís Apple Maps nó rochtain a fháil uirthi.

2.4 Ní fhéadfaidh do D'Fheidhmchlár, Do shuíomh gréasáin nó D'fheidhmchlár gréasáin na Sonraí Léarscáile a thaispeáint ach mar a cheadaítear anseo istigh, agus nuair a bhíonn siad á dtaispeáint ar léarscáil, aontaíonn Tú nach dtaispeánfar é ach ar léarscáil Apple arna soláthar trí Sheirbhís Apple Maps. Thairis sin, ní fhéadfaidh Tú Sonraí Léarscáile a nochtadh laistigh de D'Fheidhmchlár, Do shuíomh gréasáin nó D'fheidhmchlár gréasáin gan léarscáil chomhfhreagrach Apple arna soláthar trí Sheirbhís Apple Maps a thaispeáint (m.sh., má nochtann Tú toradh seolta trí Sheirbhís Apple Maps, ní mór Duit an léarscáil chomhfhreagrach a thaispeáint leis an toradh seolta).

2.5 Mura gceadaíonn Apple a mhalairt go sainráite i scríbhinn, ní fhéadfaidh Tusa nó D'Fheidhmchlár, Do shuíomh gréasáin ná D'fheidhmchlár gréasáin Sonraí Léarscáile a thaisceadh, a réamhfháil nó a stóráil seachas ar bhonn sealadach agus teoranta amháin de réir mar is gá (a) le haghaidh na húsáide a bhaineann Tú as Seirbhís Apple Maps mar a cheadaítear anseo istigh nó i nDoiciméadacht MapKit nó MapKit JS, agus/nó (b) chun feabhas a chur ar fheidhmíocht Sheirbhís Apple Maps le D'Fheidhmchlár, Do shuíomh gréasáin nó D'fheidhmchlár gréasáin, agus ina dhiaidh sin, i ngach cás, ní mór Duit aon Sonraí Léarscáile den chineál sin a scriosadh.

2.6 Ní fhéadfaidh Tú aon táille a ghearradh ar úsáideoirí deiridh chun rochtain a fháil ar Sheirbhís Apple Maps nó í a úsáid trí D'Fheidhmchlár, Do shuíomh gréasáin nó D'fheidhmchlár gréasáin, agus aontaíonn Tú gan rochtain a dhíol ar Sheirbhís Apple Maps ar aon slí eile.

2.7 Admhaíonn Tú agus comhaontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple srianta a fhorchur ar an úsáid a bhaineann Tú as Seirbhís Apple Maps (m.sh., rud a chuireann srian leis an líon idirbheart is féidir le D'Fheidhmchlár a dhéanamh trí API MapKit nó API Freastalaí Apple Maps) nó féadfaidh sé Do rochtain a chúlghairm nó a bhaint ar Sheirbhís Apple Maps (nó aon chuid di) tráth ar bith de réir a lánrogha féin. Ina theannta sin, admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú go bhféadfadh sé go mbeadh torthaí a D'fhéadfá a fháil ó Sheirbhís Apple Maps éagsúil leis na dálaí iarbhir de bharr fachtóirí athraitheacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chruinneas Sonraí Léarscáile amhail dálaí bóthair nó aimsire.

3. Do chuid Admhálacha. Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas:

3.1 Féadfaidh Apple tráth ar bith, le réamhfhógra nó gan réamhfhógra a thabhairt Duit (a) Seirbhís Apple Maps agus/nó API MapKit, API Freastalaí Apple Maps nó MapKit JS a mhionathrú, lena n-áirítear athrú a dhéanamh ar aon ghné nó feidhmiúlacht nó iad a bhaint nó (b) API MapKit, API Freastalaí Apple Maps nó MapKit JS a mhionathrú, a dhímholadh, a atheisiúint nó a athfhoilsiú. Tuigeann Tú go bhféadfadh aon mhionathrú den chineál sin a cheangal Ort athrú a dhéanamh ar Do chuid Feidhmchlár, Do shuíomh gréasáin nó D'fheidhmchlár ghréasáin nó iad a nuashonrú ar Do chostas féin. Níl aon oibleagáid sainráite nó intuigthe ar Apple Seirbhís Apple Maps a sholáthar, nó leanúint ar aghaidh á soláthar, agus féadfaidh sé Seirbhís Apple Maps iomlán nó cuid di sin a chur ar fionraí nó scor di tráth ar bith. Ní bheidh Apple faoi dhliteanas i leith aon chaillteanas, damáiste nó costas de chineál ar bith arna dtabhú Agatsa nó ag aon pháirtí a eascroidh as aon fhionraí na seirbhíse sin nó as scor di nó as aon mhionathrú den chineál sin ar Sheirbhís Apple Maps, API MapKit, API Freastalaí Apple Maps nó MapKit JS nó a bhainfidh leo.

3.2 D'fhéadfadh sé nach mbeadh Seirbhís Apple Maps ar fáil i ngach tír, réigiún nó teanga, agus ní gheallann Apple go bhfuil Seirbhís Apple Maps oiriúnach nó ar fáil lena húsáid in aon suíomh ar leith. A mhéid a roghnaíonn Tú rochtain a sholáthar ar Sheirbhís Apple Maps i Do chuid Fheidhmchlár, ar Do shuíomh gréasáin nó i Do chuid feidhmchlár gréasáin nó trí API MapKit, API Freastalaí Apple Maps nó MapKit JS, déanann Tú amhlaidh ar Do thionscnamh féin

agus is Tusa atá freagrach as aon dlí is infheidhme a chomhlíonadh.

4. Ceart Apple chun Athbhreithniú a Dhéanamh ar Do Chur chun Feidhme maidir le MapKit agus/nó MapKit JS. Tuigeann Tú agus aontaíonn Tú go bhforchoimeádann Apple an ceart chun athbhreithniú a dhéanamh ar Do chur chun feidhme maidir le MapKit agus/nó MapKit JS i D'Fheidhmchlár, ar Do shuíomh gréasáin nó i Do chuid feidhmchlár ghréasáin agus é a cheadú nó diúltú dó tráth ar bith le linn Thréimhse an Chomhaontaithe seo. Má iarrann Apple amhlaidh, aontaíonn Tú faisnéis a sholáthar go pras a bhaineann le Do chur chun feidhme maidir le MapKit agus/nó MapKit JS do Apple. Aontaíonn Tú comhoibriú le Apple agus ceisteanna a fhreagairt agus faisnéis agus ábhair a sholáthar a iarrann Apple go réasúnta maidir leis an gcur chun feidhme sin. Forchoimeádann Apple an ceart chun Do rochtain a chúlghairm ar D'eochracha agus faisnéis aitheantais chosúil maidir le MapKit agus/nó Do MapKit JS tráth ar bith de réir a lánrogha féin, fiú amháin má chomhlíonann an úsáid a bhaineann Tú as MapKit agus/nó MapKit JS an Doiciméadacht agus na Ceanglais maidir leis an gClár agus téarmaí an Cheangaltáin seo. Mar shampla amháin, féadfaidh Apple déanamh amhlaidh má chuireann Do chur chun feidhme maidir le MapKit agus/nó MapKit JS ualach iomarcach agus míchuí ar Sheirbhís Apple Maps, má cheileann sé lógó nó naisc leabaithe Apple Maps nó má bhaineann sé iad nuair a bhíonn léarscáil á taispeáint, nó má úsáideann sé Seirbhís Apple Maps le hinneachar léarscáile comhfhreagrach gránna nó mídhleathach.

5. Séanadh Dlíteanais Bhreise. NÍ BHEIDH APPLE NÁ A CHEADÚNÓIRÍ NÁ SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE FAOI DHLITEANAS I LEITH AON DAMÁISTE NÓ CAILL TEANAS A EASCRÓIDH AS AON ÚSÁID, MÍ-ÚSÁID SHEIRBHÍS APPLE MAPS NÓ AS BRATH UIRTHI, ÉAGUMAS CHUN Í ÚSÁID, CUR ISTEACH UIRTHI, NÓ AS A FIONRAÍ NÓ A FOIRCEANNADH, LENA n-ÁIRÍTEAR AON CHUR ISTEACH MAR GHEALL AR THEIPEANNA CÓRAIS, IONSAITHE LÍONRA NÓ COTHABHÁIL SCEIDEALAITHE NÓ NEAMHSCEIDEALAITHE.

Ceangaltán 7 (a ghabhann leis an gComhaontú) **Téarmaí Breise maidir le Breiseáin Safari**

Tá na téarmaí seo a leanas le cur san áireamh sa bhreis ar théarmaí an Chomhaontaithe agus baineann siad le Breiseáin Safari atá sínithe le Deimhniú Apple:

1.1 Ceanglais maidir le Breiseán Safari

Dá mba mhaith Leat Breiseán Safari de Do chuid atá sínithe le Deimhniú Apple a dháileadh, aontaíonn Tú cloí leis na ceanglais seo a leanas a bhaineann Breiseáin Safari den chineál sin, mar a d'fhéadfadh Apple iad a mhionathrú ó am go ham:

- Ní mór nach mbeidh aon bhogearra mailíseach, cód mailíseach nó dochrach nó comhpháirt inmheánach eile (m.sh. víris ríomhaireachta, traígh, “cúldoirse”) i mBreiseán Safari de Do chuid, a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do chrua-earraí, bogearraí nó seirbhísí Apple, nó aon bhogearra, dochtearraí, cruu-earraí, sonraí, córais, seirbhísí nó líonraí tríú páirtí, nó éifeacht dhíobhálach a bheith acu orthu nó iad a scriosadh;

- Ní mór nach mbeidh Breiseán Safari deartha nó curtha ar an magadh chun na gcríoch seo a leanas: ciapadh, mí-úsáid, stalcaireacht, spamáil, míthreorú, calaois a dhéanamh, bagairt a dhéanamh nó cearta dlíthiúla daoine eile (amhail cearta chun príobháideachais agus pearsantachta) a sháru ar shlí eile. Thairis sin, ní fhéadfaidh Tú Breiseán Safari a chruthú a rianaíonn iompar úsáideora (m.sh., a suíomhanna brabhsála) gan a thoiliú sainráite;

- Ní mór nach n-oibreoidh Breiseán Safari de Do chuid ach sa limistéar áirthaigh atá ainmnithe do Bhreiseán Safari, agus ní mór nach mbeidh sé mar bhonn le díchumasú, sáru nó cur isteach ar shlí ar bith eile ar fholáirimh córais, rabhaidh, painéil taispeána, painéil toilithe agus a leithéid atá curtha chun feidhme ag Apple;

- Ní mór go mbeidh cuspóir aonair ag Breiseán Safari de Do chuid agus ní mór nach ndéanfaidh nuashonruithe athrú ar chuspóir aonair Bhreiseán Safari de Do chuid. Aontaíonn Tú na gnéithe agus feidhmiúlacht Bhreiseáin Safari de Do chuidse a léiriú go beacht don úsáideoir agus gníomhú i gcomhréir leis na léirithe sin. Mar shampla, ní mór nach n-atreoróidh Tú cuardaigh úsáideora chuig soláthraí cuardaigh difriúil, seachas an soláthraí a roghnaigh an t-úsáideoir roimhe sin in Safari, gan thoiliú sainráite. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh Breiseán Safari de Do chuid nasc a atreorú (nó nasc cleamhnaí) ar shuíomh gréasáin mura nochtfar an iompraíocht sin don úsáideoir. Aontaíonn Tú gan gnéithe nó feidhmiúlacht Bhreiseán Safari de Do chuid a cheilt (m.sh., ina bhfuil cód doiléir);

- Ní mór nach Breiseán Safari de Do chuid a chuachadh le feidhmchlár a bhfuil cuspóir aige atá difriúil leis an gceann atá ag Breiseán Safari. Ní mór nach gcuirfidh Breiseán Safari de Do chuid fógraí isteach i suíomh gréasáin agus ní fhéadfaidh sé preabfhógraí a thaispeáint. Ní mór nach ndéanfaidh Tú scriptiú ná nach n-uathoibreoidh Tú cur ar siúl Bhreiseán Safari de Do chuid ná nach gcuirfidh Tú ar chumas daoine eile déanamh amhlaidh; agus

- Ní mór nach gcuirfidh Breiseáin Safari de Do chuidse isteach ar shlándáil, comhéadan úsáideora, eispéireas úsáideora, gnéithe nó feidhmiúlacht Safari, macOS, iOS, iPadOS, visionOS nó táirgí eile ar de bhranda Apple iad.

1.2 Comhlíonadh; Deimhnithe. Ní mór go gcomhlíonfaidh Breiseáin Safari de Do Chuidse gach dlí agus rialachán is infheidhme, lena n-áirítear iadsan in aon dlínse ina bhféadfaí Breiseáin Safari a thairiscint nó a chur ar fáil. Tuigeann Tú go bhféadfaidh Apple Deimhnithe Apple a úsáid chun Breiseáin Safari de Do chuidse a shíniú a chúlghairm tráth ar bith, de réir a lánrogha féin. Ina theannta sin, admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple bac a chur ar Bhreiseán Safari de Do chuid (ar shlí a gciallaíonn go bhféadfaidh sé nach mbeadh sé ar fáil nó inrochtana

d'úsáideoirí Safari) mura gcomhlíonfadh sé na ceanglais atá leagtha amach in **Alt 1.1** nó má tá tionchar díobhálach aige ar shlí ar bith eile ar úsáideoirí Safari nó táirgí ar de bhranda Apple iad.

Ceangaltán 8

(a ghabhann leis an gComhaontú)

Téarmaí Breise maidir le APIInna WeatherKit a Úsáid

Tá na téarmaí seo a leanas le cur san áireamh sa bhreis ar théarmaí an Chomhaontaithe agus baineann siad le haon úsáid a bhaintear as Sonraí Apple Weather agus APIInna WeatherKit i D'Fheidhmchlár nó Do Tháirge Comhfhreagrach.

1. Sonraí Apple Weather agus APIInna WeatherKit a Úsáid

1.1 Aontaíonn Tú nach mór go gcomhlíonfaidh an úsáid a bhainfidh Tú as Sonraí Apple Weather agus APIInna WeatherKit Ceanglais maidir leis an gClár.

1.2 Ní fhéadfaidh Tú aon táille a ghearradh ar úsáideoirí deiridh as rochtain a fháil ar Shonraí Apple Weather atá curtha ar fáil ina bhfoirm bhunaidh nó as iad a úsáid trí D'Fheidhmchlár nó Do Tháirge Comhfhreagrach; ar choinníoll, áfach, go bhféadfaidh Tú táillí a ghearradh ar úsáideoirí deiridh as Seirbhísí nó Táirgí Breisluacha – .i., sonraí, táirgí agus/nó seirbhísí, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do Do chuid Feidhmchlár nó Táirgí Comhfhreagracha, a fhorbraíonn Tú atá díorthaithe ó Shonraí Apple Weather, agus atá athraithe ionas nach féidir le haon úsáideoir deiridh nó tríú páirtí eile Sonraí Apple Weather a aimsiú, rochtain a fháil orthu, ais-innealtóireacht a dhéanamh orthu nó iad a fháil amach nó a úsáid ar shlí eile san fhoirm a chuir Apple ar fáil ar dtús iad (go hiomlán nó go páirteach). Ní fhéadfaidh Tú cearta fotheadúnaithe a thabhairt do APIInna WeatherKit nó Sonraí Apple Weather ina bhfoirm bhunaidh. Féadfaidh Tú Sonraí Apple Weather a úsáid chun críoch inmheánach nó chun Seirbhísí nó Táirgí Breisluacha a chruthú, a dhéanamh nó a thaispeáint do Do chuid úsáideoirí deiridh. Ní mór téarmaí ceadúnaithe úsáideora dheiridh a cheadú d'úsáideoirí deiridh nó do thríú páirtithe eile ais-innealtóireacht a dhéanamh ar APIInna WeatherKit nó ar Shonraí Apple Weather chun aon chríche.

1.3 Ní fhéadfar Feidhmchláir nó Táirgí Comhfhreagracha a úsáideann APIInna WeatherKit a dhearadh nó a chur ar an margadh chun críoch éigeandála nó tarrthála.

1.4 Ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár nó Do Tháirge Comhfhreagrach rochtain a fháil ar Shonraí Apple Weather ach trí APIInna WeatherKit. Aontaíonn Tú nach mór go gcomhlíonfaidh an tslí a dtaispeánann Tú Sonraí Apple Weather gach ceanglas is infheidhme maidir le hadmháil agus aon sonraíocht eile dá bhforáiltear i gCeanglais maidir leis an gClár. Ní fhéadfaidh Tú Foláirimh Aimsire a mhionathrú, athrú a dhéanamh orthu, iad a leasú nó iad a cheilt ar aon slí.

1.5 Ní fhéadfaidh Tú APIInna WeatherKit a úsáid ar aon slí a gcumasaíonn nó a gceadaíonn bulc-íoslódálacha nó bulcfhothaí Shonraí Apple Weather, nó aon chuid díobh, nó a ndéanann iarracht ar aon slí aon chuid de Shonraí Apple Weather a asbhaint nó a chamchóipeáil. Mar shampla, ní fhéadfaidh Tú, Do chuid Feidhmchlár nó Táirgí Comhfhreagracha aon úsáid a bhaint as Sonraí Apple Weather nó iad a chur ar fáil, nó aon chuid díobh, mar chuid d'aon bhunachar sonraí tánaisteach nó díorthaithe.

1.6 Mura gceadaítear a mhalairt go sainráite sa Doiciméadacht, ní fhéadfaidh Tusa, D'Fheidhmchlár nó Do Tháirge Comhfhreagrach Sonraí Apple Weather a thaisceadh, a réamhfháil nó a stóráil seachas ar bhonn sealadach agus teoranta chun feabhas a chur ar fheidhmíocht APIInna WeatherKit i dteannta le D'Fheidhmchlár nó Do Tháirge Comhfhreagrach.

2. Do chuid Admhálacha

Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas:

2.1 D'fhéadfaidh sé nach mbeadh APIInna WeatherKit ar fáil i ngach tír ná teanga, agus ní gheallann Apple go bhfuil na APIInna WeatherKit oiriúnach nó ar fáil lena n-úsáid in aon suíomh

ar leith. A mhéid a roghnaíonn Tú rochtain a sholáthar ar Shonraí Apple Weather i D'Fheidhmchlár nó i Do Tháirge Comhfhreagrach trí APIInna WeatherKit, déanann Tú amhlaidh ar Do thionscnamh féin agus is Tusa atá freagrach as aon dlí is infheidhme a chomhlíonadh. Is ar Do phriacal féin a bhaineann Tú úsáid as APIInna WeatherKit agus glacann Tú le gach dliteanas a eascraíonn as an úsáid sin in aon chuid den domhan, lena n-áirítear Sonraí Apple Weather a thaispeáint i ndlínsí díospóidte.

2.2 Maidir le Feidhmchláir nó le Táirgí Comhfhreagracha a bhaineann úsáid as APIInna WeatherKit le haghaidh treoir aimsire fíor-ama, ní mór go mbeidh comhaontú ceadúnaithe úsáideora dheiridh Agat ina n-áirítear an fógra seo a leanas: IS AR DO PHRIACAL FÉIN A BHAINNEANN TÚ ÚSÁID AS FEIDHMCHLÁR NÓ SUÍOMH GRÉASÁIN TREORACH AIMSIRE FÍOR-AMA. D'FHÉADFADH SÉ NACH mBEADH NA SONRAÍ AIMSIRE BEACHT. D'fhéadfadh Sonraí Apple Weather a bheith difriúil i gcomparáid leis an aimsir iarbhir mar gheall ar thosca athraitheacha, amhail fadhbanna le comhartha agus imeachtaí gheopholaitiúla, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chruinneas Sonraí Apple Weather.

3. Comhlíonadh

3.1 Má iarrann Apple amhlaidh, aontaíonn Tú faisnéis a sholáthar go pras maidir le Do chur chun feidhme APIInna WeatherKit do Apple, de réir mar is gá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na ceanglais seo a bheith á gcomhlíonadh Agat.

3.2 D'ainneoin nach gcuirfear srian ar chearta eile de chuid Apple faoin gComhaontú seo, forchoimeádann Apple an ceart chun beart a dhéanamh, de réir a lánrogha féin, má chinneann Apple nó má tá údar aige a cheapadh gur sháraigh Tú téarma an Chomhaontaithe seo. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí i measc na ngníomhartha sin Do rochtain a theorannú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm ar Shonraí Apple Weather agus APIInna WeatherKit.

4. Séanadh Dlíteanais Bhreise. NÍ BHEIDH APPLE NÁ A CHEADÚNAITHE FAOI DHLITEANAS I LEITH AON DAMÁISTE NÓ CAILLTEANAS A EASCRÓIDH AS AON ÚSÁID, MHÍ-ÚSÁID APIInna WEATHERKIT, NÓ AS BRATH ORTHU, ÉAGUMAS CHUN IAD A ÚSÁID, CUR ISTEACH ORTHU, NÓ AS A bhFIONRAÍ NÓ A bhFOIRCEANNADH, LENA n-ÁIRÍTEAR AON CHUR ISTEACH MAR GHEALL AR THEIPEANNA CÓRAIS, IONSAITHE LÍONRA NÓ COTHABHÁIL SCEIDEALAITHE NÓ NEAMHSCEIDEALAITHE.

5. Slánú. Gan teorainn a chur le cearta eile de chuid Apple faoin gComhaontú seo, aontaíonn Tú gach Páirtí Slánaithe de chuid Apple a shlánú agus a shéanadh maidir le haon Chaillteanas agus gach Cailteanas a thabhaíonn an Páirtí Slánaithe sin de chuid Apple a eascraíonn as aon éileamh nó a bhaineann le haon éileamh nach gcomhlíonann an úsáid a bhaineann Tú as APIInna WeatherKit dlíthe áitiúla maidir le léarscáiliú nó dlíthe eile is infheidhme.

Ceangaltán 9

(a ghabhann leis an gComhaontú)

Téarmaí Breise maidir le Síntiúis a Cheannaítear trí Fheidhmchlár Fhorbróir Apple

Trí fheidhmchlár Fhorbróir Apple, féadfaidh Tú a bheith in ann íoc as táillí Cláir agus, mar bhall den Chlár, síntiúis eile a cheannach agus a úsáid. I gcás Ceangaltán 9 amháin, ciallaíonn “Apple”:

- Apple Inc., atá lonnaithe ag One Apple Park Way, Cupertino, California, má tá Tú lonnaithe sna Stáit Aontaithe, lena n-áirítear Pórtó Ríce;
- Apple Canada Inc., atá lonnaithe ag 120 Bremner Blvd., Suite 1600, Toronto ON M5J 0A8, Ceanada má tá Tú lonnaithe i gCeanada;
- Apple Services LATAM LLC, atá suite ag 2811 Ponce de Leon Boulevard, Urlár 12, Coral Gables, Florida 33134, má tá tú lonnaithe i Meicsiceo, i Meiriceá Láir nó Theas, nó in aon tír nó críoch sa Mhuir Chairib (gan Pórtó Ríce san áireamh);
- iTunes K.K., atá lonnaithe ag Roppongi Hills, 6-10-1 Roppongi, Minato-ku, Tóiceo 106-6140, Tóiceo má tá Tú lonnaithe sa tSeapáin;
- Apple Pty Limited, atá lonnaithe ag Leibhéal 3, 20 Martin Place, Sydney NSW 2000, an Astráil, má tá Tú lonnaithe san Astráil nó sa Nua-Shéalainn, lena n-áirítear in aon cheann dá gcríocha nó dlínsí cleamhnaithe; agus
- Apple Distribution International Ltd., atá lonnaithe ag Eastát Tionsclaíochta, Cnoc an Chuilinn, Corcaigh, Poblacht na hÉireann, má tá Tú lonnaithe in aon áit eile.

Athnuann síntiúis go huathoibríoch go dtí go gcealaítear iad i socruithe cuntais Do shealbhóra cuntais. Cuirtear muirir i bhfeidhm níos mó ná ceithre uair an chloig is fiche (24) roimh an dáta athnuachana. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le síntiúis a chealú, tabhair cuairt ar <https://support.apple.com/HT202039>.

Gearrfaidh Apple modh íocaíochta roghnaithe Do shealbhóra cuntais as aon síntiúis, lena n-áirítear aon cháin. Má tá sé curtha ag Do shealbhóir cuntais le Apple Wallet dá chuid, d'fhéadfadh Apple a mhodh íocaíochta roghnaithe a ghearradh in Apple Wallet trí Apple Pay a úsáid. Is féidir le Do shealbhóir cuntais modhanna íocaíochta éagsúla a cheangal le Cuntas Apple dá chuid, agus aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple iad a stóráil agus a mhuirearú. Bíonn an príomh-mhodh íocaíochta le feiceáil ag barr leathanach íocaíochtaí na socruithe cuntais.

Mura féidir an príomh-mhodh íocaíochta a mhuirearú ar aon chúis, tugann Tú údarás do Apple iarracht a dhéanamh modhanna íocaíochta incháilithe eile Do shealbhóra cuntais a mhuirearú ó cheann ceann mar a bhíonn siad le feiceáil ar leathanach íocaíochtaí na socruithe cuntais. Mura féidir le Apple Do shealbhóir cuntais a mhuirearú, is Tusa a bheidh freagrach as aon mhéid neamhbhailithe, agus féadfaidh Apple iarracht a dhéanamh an cuntas a mhuirearú arís nó modh íocaíochta eile a iarraidh. D'fhéadfadh sé go n-athródh sé sin an dáta ar a dtarlaíonn an bhilleáil. De réir mar a cheadaítear de réir an dlí, féadfaidh Apple faisnéis íocaíochta a nuashonrú go huathoibríoch má sholáthraíonn líonraí íocaíochta nó institiúidí airgeadais í.

Áirítear le ballraíocht an chlár suas le 500,000 glaoch ar API WeatherKit sa mhí. Má cheannaíonn Tú síntiúis le haghaidh glaonna ar API WeatherKit, tiocfaidh sé in ionad an ghlaigh ar API WeatherKit atá san áireamh i mballraíocht an Chláir i rith thréimhse an tsíntiúis.

Ina theannta sin, tá baill an chlár incháilithe suas le cúig uair an chloig is fiche (25) ríomha Xcode Cloud a úsáid sa mhí. Má cheannaíonn Tú síntiúis le haghaidh uaireanta ríomha Xcode Cloud, ar feadh ré an tsíntiúis tiocfaidh sé in ionad chúig uair an chloig is fiche (25) ríomha Xcode Cloud sa mhí a bhfuil Tú incháilithe lena n-úsáid mar bhall den Chlár. Forchoimeádann Apple an ceart chun Tú a ionduchtú in Xcode Cloud nó deis a thabhairt Duit síntiúis le haghaidh uaireanta ríomha Xcode Cloud a cheannach, mar a cheadaítear le toilleadh. Má chealaíonn Tú agus má

dhiúltaíonn Tú do Xcode Cloud a úsáid láithreach, is féidir le Do shealbhóir cuntais teagmháil a dhéanamh le Foireann Tacaíochta Apple chun aisíocaíocht a iarraidh.

Tagann uasghrádú síntiúis i bhfeidhm láithreach agus tabharfar aisíocaíocht bunaithe ar an tréimhse atá fágtha sa mhí don síntiús bunaidh. Tagann íosghrádú nó cealuithe i bhfeidhm ar an gcéad dáta billeála eile. Forchoimeádann Apple an ceart chun aon iarratas ar aisíocaíochtaí a ríomh nó diúltú dóibh bunaithe ar úsáid a bhaintear as glaoch ar API WeatherKit nó as uaireanta ríomha Xcode Cloud.

Ceangaltán 10 (a ghabhann leis an gComhaontú) **Téarmaí Breise maidir le MDM a Úsáid**

1. MDM a Úsáid agus Próifílí Cumraíochta

1.1 Ní fhéadfaidh Tú rochtain a fháil ar MDM nó é a úsáid ach le haghaidh bainistíocht inti gléasanna ar de bhranda Apple iad atá ag Do chuid Fostaithe ach atá faoi D'úinéireacht nó faoi rialú Agat, nó Aonad Tástála Údaraithe Do chuid Forbróirí Údaraithe; nó, má roghnaíonn Apple Thú mar fhorbróir MDM tríú páirtí, díreach chun rochtain a sholáthar do MDM ar Chustaiméirí MDM de Do chuidse mar chuid de Tháirge atá Comhoiriúnach do MDM. Ní mór Próifíl Chumraíochta a shuiteáil ar gach gléas sula n-úsáidfear MDM nó cumraíochtaí gléis leis an Táirge sin. Ní fhéadfaidh Tusa nó Custaiméirí MDM de Do chuidse ach MDM a úsáid lena mbaineann Deimhniú agus Próifíl Chumraíochta atá cumraithe chun freagairt don Deimhniú atá sannta Duit nó do Chustaiméir MDM den chineál sin le haghaidh Do chuid Tháirgí atá Comhoiriúnach do MDM. Ní fhéadfar MDM a úsáid ach mar a údaraítear go sainráite sa Chomhaontú, i bPrótacal agus Doiciméadacht MDM, agus i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme.

1.2 Chun MDM a úsáid, ní mór Duit freastalaí slán a chothabháil chun idirghníomhú le APN Apple agus/nó seirbhísí gréasáin Apple eile. Ní fhéadfaidh Tú úsáid iomarcach a bhaint as acmhainn foriomlán líonra nó bandaleithead foriomlán de chuid freastalaithe nó seirbhísí den chineál sin, nó dochar a dhéanamh do líonraí nó freastalaithe de chuid Apple, d'aon líonra nó freastalaí de chuid tríú páirtí atá nasctha le APN, seirbhísí gréasáin Apple eile nó MDM, nó cur isteach orthu nó cur as dóibh.

1.3 Seachas mar atá leagtha amach go sainráite anseo istigh, ní chomhroinnfidh Tú ábhair nó doiciméadacht a sholáthraíonn Apple mar chuid de MDM le haon tríú páirtí. Seachas mar a údaraítear go sainráite anseo istigh, aontaíonn Tú gan MDM a dhíol, a athdhíol, a léasú ná rochtain a sholáthar air ná úsáid MDM a sholáthar ar shlí eile, go hiomlán nó go páirteach, do thríú páirtí ná gan iarracht a dhéanamh ar sheirbhís ionadach nó chosúil a sholáthar trí úsáid a bhaint as MDM ná rochtain a fháil air ná gan MDM a úsáid le táirgí seachas táirgí comhoiriúnacha ar de bhranda Apple iad.

2. Ceanglais Bhreise maidir le hImlonnú Intí

2.1 Má tá MDM in úsáid Agat le haghaidh D'imlonnaithe inti féin, aontaíonn Tú Do chuid Fostaithe agus/nó Forbróirí Údaraithe a chur ar an eolas roimh shuiteáil na bPróifílí Cumraíochta, go mbeidh Tú in ann idirghníomhú lena ngléasanna go cianda, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'iniúchadh a dhéanamh ar phróifílí, iad a shuiteáil nó a bhaint, amharc ar na feidhmchláir atá suiteáilte, feidhmeanna léirscriosta slána a úsáid, agus paschoíd ghléis a fhorfheidhmiú. Maíonn Tú agus barántaíonn Tú do Apple go bhfuil na cearta agus toilithe riachtanacha ar fad Agat chun aon faisnéis a fhaigheann Tú trí úsáid a bhaint as Prótacal MDM ar an tsli sin a bhailiú, a úsáid agus a bhainistiú.

2.2 Ní fhéadfaidh Tú MDM a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar Do chuid Fostaithe, Do chuid Forbróirí Údaraithe nó aon ghléas ar shlí neamhluaite nó le haghaidh fioscaireacht, camchoipeáil nó bailiú faisnéise neamhúdaraite ar shlí eile, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do pháirt a ghlacadh in aon ghníomhaíocht a sháraíonn príobháideachtas úsáideoirí nó atá míchuí nó mídhleathach.

2.3 Ní fhéadfar gach faisnéis a fhaigheann Tú trí úsáid a bhaint as MDM le haghaidh imlonnú inti a úsáid ach chun críocha Do theicneolaíochta faisnéise inmheánaí agus bainistíochta gléasanna, agus i gcomhréir le dlíthe is infheidhme.

3. Ceanglais Bhreise maidir le Táirgí atá Comhoiriúnach do MDM

3.1 Seachas mar atá leagtha amach in **Alt 2**, ní fhéadfaidh MDM a úsáid chun Táirgí atá Comhoiriúnach do MDM a fhorbairt agus a dháileadh ar Chustaiméirí MDM de Do chuidse má tá Tú roghnaithe ag Apple mar fhorbróir tríú páirtí le haghaidh Táirgí den chineál sin atá Comhoiriúnach do MDM. Ní fhéadfaidh Tú MDM a úsáid, go hiomlán nó go páirteach, chun Táirgí atá Comhoiriúnach do MDM a sholáthar le haghaidh úsáid neamhthráchtála phearsanta, mura gceadaíonn Apple a mhalairt go sainráite i scríbhinn. Thairis sin, ní fhéadfaidh Tú MDM a cheadúnú, a dhíol nó a sholáthar ar shlí eile, go hiomlán nó go páirteach, seachas a úsáid laistigh de Tháirge Comhoiriúnach.

3.2 Ní fhéadfar do Tháirgí atá Comhoiriúnach do MDM a úsáideann MDM a dhearadh nó a chur ar an margadh chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáideoirí deiridh nó ar tháirgí comhoiriúnacha ar de bhranda Apple iad m.sh. fioscaireacht, camchóipeáil nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a sháraíonn príobháideachtas úsáideoirí nó atá míchuí nó mídhleathach ar shlí eile.

3.3 Seachas mar atá leagtha amach anseo istigh, ní fhéadfar gach faisnéis a fhaigheann Tú trí úsáid a bhaint as MDM a úsáid ach chun Táirgí atá Comhoiriúnach do MDM a fhorbairt nó a imlonnú le haghaidh Custaiméirí MDM de Do chuidse, agus i gcomhréir le dlíthe is infheidhme.

4. Deimhniú a Úsáid le haghaidh Táirgí atá Comhoiriúnach do MDM

4.1 Ní mór do Chustaiméirí MDM de Do chuidse Deimhniú le haghaidh MDM a fháil ó Apple chun MDM a úsáid le Do chuid Táirgí atá Comhoiriúnach do MDM, agus is féidir leo iarratas a dhéanamh ar na Deimhnithe sin má tá a n-iarratas sínithe deimhnithe (CSR) sínithe Agat. Ní fhéadfaidh Tú CSRanna a shíniú ach le haghaidh Custaiméirí MDM a bhfuil a n-ainm agus faisnéis teagmhála aonair fíoraithe Agat. Ar iarratas, aontaíonn Tú faisnéis den chineál sin a sholáthar do Apple agus comhoibriú le Apple maidir leis an úsáid atá á baint acu as MDM – m.sh., teagmháil a dhéanamh an t-eintiteas sin má bhaineann fadhb leis an úsáid atá á baint aige as MDM nó lena iarratas ar Dheimhniú.

4.2 Ní fhéadfaidh Tú Do Dheimhniú a sholáthar, a chomhroinnt ná a aistriú chun Custaiméirí MDM a fhíordheimhniú d'aon eintiteas eile, lena n-áirítear Custaiméirí MDM de Do chuidse nó aon cheann de Do chuid athdhíoltóirí. Aontaíonn Tú bearta cuí a dhéanamh chun slándáil agus príobháideachtas an Dheimhnithe sin a chosaint, agus ní fhéadfaidh Tú é a áireamh i Do Tháirge atá Comhoiriúnach. Ar mhaithe le soiléireacht, féadfaidh Tú úsáid a bhaint as Prótacal MDM chun Do Tháirge atá Comhoiriúnach a fhorbairt chun cabhrú le Custaiméirí MDM de Do chuidse eochracha a ghiniúint agus CSR a sheoladh Duit. Ní fhéadfaidh Tú eochair phríobháideach Chustaiméir MDM de Do chuid a ghiniúint ná rochtain a fháil ar shlí eile air, ná ní fhéadfaidh Tú cur isteach ar phróisis Apple chun Deimhnithe a sholáthar. Thairis sin, ní spreagfaidh Tú daoine eile chun téarmaí chomhaontú seirbhíse Dheimhniú MDM le Apple a sháru nó aon bheartas Apple a bhaineann le húsáid MDM, Próifílí Cumraíochta nó Deimhnithe.

4.3 Is Ortsa amháin atá an fhreagracht as tacaíocht agus cuidiú a sholáthar do Chustaiméirí MDM de Do chuidse, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'aon doiciméadacht agus tacaíocht agus barántaí úsáideora deiridh.

5. Do chuid admhálacha: Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú leis an méid seo a leanas:

5.1 Is Tusa, ní Apple, a sheolann aon Phróifílí Cumraíochta trí MDM nó sásraí ceadaithe, agus is Tusa amháin atá faoi dliteanas i leith Próifílí MDM agus Cumraíochta a bheith in úsáid Agatsa, ag Do chuid Fostaithe, Do chuid Forbróirí Údaraithe nó Chustaiméirí MDM de Do

chuidse, agus is Tusa amháin atá freagrach astu.

5.2 Féadfaidh Apple, tráth ar bith, le réamhfhógra nó gan réamhfhógra a thabhairt Duit, (a) MDM iomlán nó aon chuid de sin a mhionathrú, a chur ar fionraí nó scor de, lena n-áirítear athrú a dhéanamh ar aon ghné nó feidhmiúlacht nó iad a bhaint, nó (b) Prótacal MDM a mhionathrú, a atheisiúint nó a athfhoilsiú. Ní gheallann Apple maidir le hinfhaighteacht, iontaofacht nó feidhmíocht MDM. Níl aon oibleagáid ar Apple aon tacaíocht chothabhála ná theicniúil ná aon tacaíocht eile a sholáthar maidir le MDM.

5.3 Forchoimeádann Apple an ceart chun Do rochtain a bhaint ar MDM tráth ar bith de réir a lánrogha féin. Ina theannta sin, forchoimeádann Apple an ceart chun Deimhniú MDM de Do chuid nó Deimhnithe MDM Chustaiméirí MDM de Do chuidse a bhaint nó a dhíchumasú, de réir a lánrogha féin.

6. Séanadh Dlíteanais Bhreise. NÍ BHEIDH FAOI DHLITEANAS I LEITH AON CHOSTAS, SPEANSAS, DAMÁISTE NÓ CAILL TEANAS A EASCRÓIDH AS AN ÚSÁID A BHAINNEANN TÚ AS MDM NÓ PRÓIFÍLÍ CUMRAÍOCHTA NÓ A BHAINFIDH LEO, LENA n-ÁIRÍTEAR ACH GAN BHEITH TEORANTA DO CHOTHABHÁIL SCEIDEALAITHE NÓ NEAMHSCEIDEALAITHE, CUR ISTeach AR SHEIRBHÍS, SONRAÍ CAILLTE NÓ GOIDTE, AON DLITEANAS I LEITH DO ROCHTANA AR GHLÉASANNA TRÍ ÚSÁID A BHAINTE AS MDM NÓ PRÓIFÍLÍ CUMRAÍOCHTA (LENA n-ÁIRÍTEAR AON SÁRÚ PRÍOBHÁIDEACHAIS) NÓ I LEITH FEIDHMÍOCHT NÓ MAINNEACHTAIN APPLE FEIDHMIÚ FAOIN gCOMHAONTÚ SEO.

Ceangaltán 11

(a ghabhann leis an gComhaontú)

Téarmaí Breise maidir le EnergyKit a úsáid

1. Chun EnergyKit a úsáid, ní mór Duit (a) a bheith i Do mhonaróir gluaisteán a mhonaraíonn feithiclí leictreacha paisinéirí mórmhargaidh atá saothair éadroim agus ceathair-rothach agus a dhíoltar i mhórhíir na Stáit Aontaithe, agus ní mór D'Fheidhmchlár a dhearadh go príomha chun luchtú feithicle leictirí (EV) a éascú, nó (b) a bheith i Do mhonaróir buntrealaimh teirmeastait, agus ní mór D'Fheidhmchlár a dhearadh chun teirmeastait chliste a oibriú. Ní mór feidhmiúlacht D'Fheidhmchláir chun luchtú EV a éascú nó teirmeastait chliste a oibriú a bheith le feiceáil go soiléir i gcomhéadan úsáideora agus ábhair mhargaíochta D'Fheidhmchláir. Ní fhéadfaidh Tusa agus D'Fheidhmchlár APIInna EnergyKit nó aon sonraí EnergyKit chun aon chríche seachas athrú a dhéanamh ar an gcaoi nó ar an uair a ídíonn gléasanna atá faoi rialú an Fheidhmchláir fuinneamh agus chun sonraí den chineál sin a sholáthair don úsáideoir deiridh.
2. Ní fhéadfaidh Tusa nó D'Fheidhmchlár APIInna EnergyKit chun aon chríche neamhdhleathaí agus/nó díobhálaí, lena n-áirítear aon ghníomhaíocht ábharthach dhíobhálach i leith na leasanna cuideachta fónais (lena n-áirítear a cleamhnaithe nó a conraitheoirí), iontaofacht eangaí fuinnimh, nó slándáil eangaí fuinnimh. Ní fhéadfaidh Tú APIInna EnergyKit a úsáid ar shlí a gcumasaíonn nó a gceadaíonn bulc-íosldálacha nó bulcfhothaí Shonraí EnergyKit, nó aon chuid díobh, nó iarracht a dhéanamh ar aon chuid de Shonraí EnergyKit a asbhaint nó a chamchoipeáil. Mar shampla, ní fhéadfaidh Tusa nó Do chuid Feidhmchlár sonraí EnergyKit a úsáid nó a chur ar fáil, nó aon chuid díobh, mar aon chuid de bhunachar sonraí tánaisteach nó díorthaithe, nó chun oiliúint a chur ar shamhlacha intleachta saorga. Ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár rochtain a fháil ar shonraí EnergyKit ach trí APIInna EnergyKit.
3. Chun EnergyKit a úsáid, ní mór Duit Aiseolas a sholáthar do D'Fheidhmchlár maidir le hÚsáid Fuinnimh EnergyKit arna thuairisciú ag gléasanna úsáideora dheiridh. Mar a úsáidtear i gCeangaltán 11, ciallaíonn "Aiseolas maidir le hÚsáid Fuinnimh" sonraí fuinnimh arna dtuairisciú ag gléasanna agus arna gcur isteach chuig EnergyKit trí D'Fheidhmchlár.
4. Caithfidh forbróirí Treoirínte Aitheantais um Threoir maidir le Fuinneamh Glan (Clean Energy Guidance Identity Guidelines) a leanúint nuair a luaitear gnéithe faoi thiomáint ag EnergyKit. Má úsáidfear aon sonraí a bhailíonn Tú ó úsáideoirí deiridh le haghaidh margú, lena n-áirítear moltaí oiriúnaithe, gheobhaidh Tú toiliú bailí ó úsáideoirí deiridh ar dtús.
5. I dTEANNTA LE TEORANNÚ DLITEANAIS I gCEANGALTÁN 13, NÍ BHEIDH APPLE NÁ A CHEADÚNAITHE FAOI DHLITEANAS I LEITH AON DAMÁISTE NÓ AON CHAILLTEANAIS A EASCROÍDH AS AON ÚSÁID, MÍ-ÚSÁID APIInna ENERGYKIT, NÓ AS BRATH ORTHU, ÉAGUMAS CHUN IAD A ÚSÁID, CUR ISTEACH ORTHU, NÓ AS A bhFIONRAÍ NÓ A bhFOIRCEANNADH LENA n-ÁIRÍTEAR AON CHUR ISTEACH MAR GHEALL AR MHAINNEACHTAIN CÓRAIS, IONSAITHE LÍONRA NÓ COTHABHÁIL SCEIDEALAITHE NÓ NEAMHSCEIDEALAITHE.

Ceangaltán 12 (a ghabhann leis an gComhaontú) **Téarmaí Breise le haghaidh Aipeanna iOS sa tSeapáin, sa Bhrasaíl**

1. Sainmhíniú

Ciallaíonn **“Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl)”** d'Aip a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige Feidhmchláir eile a aimsiú agus a dháileadh, agus a bhfuil an phróifíl teidlíochta ábhartha faighte aige chuige sin. Chun críocha an Cheanglais seo, folaíonn **“Feidhmchláir”** D'Fheidhmchláir chomh maith le Feidhmchláir ó fhorbróirí eile mura sonraítear a mhalairt.

Ciallaíonn **“Próiseáil Íocaíochta Malartach”** córas íocaíochta (**“Córas Íocaíochta Malartach”**) a sholáthar nach córas ceannaigh in-aip Apple é chun earraí agus seirbhísí digiteacha a dhíol laistigh de D'Fheidhmchlár atá dailte ar an App Store i gcomhréir le ceanglais **Alt 3** den Cheangal seo.

Ciallaíonn **“Eintiteas Apple”** ciallaíonn sé aon cheann díobh seo a leanas: Apple Inc., suite ag One Apple Park Way, Cupertino, California; Apple Canada Inc., suite ag 120 Bremner Blvd., Suite 1600, Toronto ON M5J0A8, Ceanada; Apple Services LATAM LLC, suite ag 2811 Ponce de Leon Boulevard, Urlár 12, Coral Gables, Florida 33134; nó iTunes K.K., suite ag Roppongi Hills, 6-10-1 Roppongi, Minato-ku, Tóiceo 106-6140, Tóiceo.

Ciallaíonn **“Ábhair Apple”** an Doiciméadú, na próifílí teidlíochta, agus ábhair eile a sholáthraíonn Apple duit, agus atá corpraithe trí thagairt i gceanglais **Alt 3** den larscríbhinn seo.

Ciallaíonn **“an tSeapáin, an Bhrasaíl”** an tSeapáin agus/nó an Bhrasaíl, de réir mar is infheidhme.

Ciallaíonn **“Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl)”** d'Fheidhmchlár a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige cláir fheidhmeanna eile a aimsiú agus a dháileadh, agus a bhfuil an teidlíocht creidmheasa ábhartha faighte aige chuige sin.

Ciallaíonn **“Faisnéis faoi Fheidhmchláir Cheadúnaithe”** cáileáin, íomhánna, saothar ealaíne, réamhamhairc, deilbhíní, agus/nó aon téacs, tuairiscí, ionadaíochtaí, nó faisnéis eile a bhaineann le Feidhmchlár Cheadúnaithe a sholáthraíonn tú d'Apple lena úsáid i gcomhréir leis an gCeangaltán seo, Sceideal 2 agus 3 a ghabhann leis an gComhaontú (**“Comhaontú maidir le Feidhmchláir Íoctha”**), agus/nó Sceideal 1 a ghabhann leis an gComhaontú.

Ciallaíonn **“Suíomh Gréasáin an Mhargaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl)”** suíomh Gréasáin atá faoi úinéireacht agat, á oibriú agat agus atá cláraithe agat le Apple, óna ndáileann tú do Mhargadh Feidhmchláir Mhalartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl). Ní bhaineann na ceanglais maidir le do Shuíomh Gréasáin Margaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl) ach leis na gnéithe de do Shuíomh Gréasáin Margaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl) a úsáidtear i ndáil le margáíocht, díol nó dáileadh do Mhargaidh Feidhmchláir Mhalartaigh (an tSeapáin, an Bhrasaíl).

Ciallaíonn **“Tairiscintí Lasmuigh den Aip”** úsáideoirí deiridh a threorú ó D'Fheidhmchlár atá dailte ar an App Store chuig suíomh Gréasáin chun earraí agus seirbhísí digiteacha a cheannach i gcomhréir le ceanglais **Alt 3** den Cheangaltán seo. Féadfaidh tú rogha a dhéanamh é sin a dhéanamh trí nasc inghníomhaithe (.i., nasc is féidir a thapáil nó a scanadh) a osclaítear san aip bhrabhsálaí gréasáin réamhshocraithe.

2. Dáileadh Malartach ar iOS sa tSeapáin, sa Bhrasaíl

2.1 Aipmhargaí Malartacha (sa tSeapáin, sa Bhrasaíl)

A. Ní mór duit próifíl teidlíochta a fháil do d'fheidhmchlár chun go mbeidh sé ina aipmhargadh malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl). Níl an phróifíl teidlíochta don tSeapáin comhoiriúnach ach le gléasanna sa tSeapáin ar iOS 26.2 nó níos déanaí. Tá an phróifíl teidlíochta i gcomhair na Brasaíle comhoiriúnach ach le gléasanna sa Bhrasaíl ar iOS 26.5 nó níos déanaí. Ní mór duit rochtain a iarraidh ar thairseach gréasáin Chlár Forbróirí Apple chun do Aipmhargadh Malartach (An tSeapáin, an Bhrasaíl) a dháileadh trí do shuíomh gréasáin do mhargaidh (An tSeapáin, an Bhrasaíl); tá dáileadh trí do shuíomh gréasáin do mhargaidh (An tSeapáin, an Bhrasaíl) comhoiriúnach amháin le gléasanna sa tSeapáin ar iOS 26.2 nó níos déanaí, agus le gléasanna sa Bhrasaíl ar iOS 26.5 nó níos déanaí.

Chomh maith leis na ceanglais sa Chomhaontú agus sna hÁbhair Apple, ní mór na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh le haghaidh Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl):

- Ní mór duit a bheith cláraithe i gClár Forbróirí Apple mar eagraíocht.

- Ní mór duit ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas a chomhlíonadh, mar a léirítear tríd an bhfaisnéis ábhartha a sholáthar duit do Apple mar atá sonraithe sna hÁbhair Apple:

- Bheith i do bhall dea-cháile i gClár Forbróirí Apple ar feadh dhá (2) bhliain leanúnacha nó níos mó, agus Feidhmchlár a bheith aige a raibh níos mó ná aon (1) mhilliún Suiteáil Bhliantúil den Chéad Uair aige ar iOS agus/nó iPadOS ar fud an domhain sa bhliain féilire roimhe sin. Is é **“Céad Suiteáil Bhliantúil”** an chéad uair i dtréimhse dhá mhí dhéag a shuiteálann cuntas Apple (Cuntas Apple nó Cuntas Apple Bainistithe) D'Fheidhmchlár ar iOS agus/nó iPadOS. Féadfaidh an suiteáil seo tarlú tar éis íoslódáil, ath-íoslódáil nó nuashonrú Feidhmchláir a dháiltear tríd an App Store, TestFlight, mar Fheidhmchlár Saincheaptha, nó trí dháileadh malartach.

- Litir chreidmheasa fuireachais a sholáthar d'Apple ó institiúid airgeadais a bhfuil rátáil BBB nó níos fearr aici (nó a chomhionann ó S&P, Fitch, nó Moody's) arb ionann í agus USD 1 milliún ar a laghad (nó a chomhionann in airgeadra áitiúil) de réir na dtreoracha a shonraítear sna hÁbhair Apple, agus an litir chreidmheasa fuireachais sin a choinneáil ar feadh 6 mhí ar a laghad tar éis d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl) tosú ag dáileadh aipeanna ar chustaiméirí.

- Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i D'Iarratas:

- A bheith ina chomhad déanártha nua atá dailte go heisiach ar iOS sa tSeapáin agus/nó sa Bhrasaíl (seachas aon dlínse nó ardán Apple eile a cheadaíonn Apple go sainráite faoin gComhaontú (lena n-áirítear aon fhorlíonadh) a bhfuil próifíl teidlíochta comhfhreagrach faighte agat ina leith freisin); agus

- A bheith mar phríomhchuspóir aige Feidhmchláir a aimsiú agus a dháileadh; agus

- Ní dháilfear é ach ó do shuíomh Gréasáin Margaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl).

- Ní mór duit:

- Téarmaí a sholáthar agus a fhoilsiú, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hábhar agus le samhail ghnó, le haghaidh Feidhmchlár a bhfuil sé beartaithe agat a dháileadh, agus Feidhmchláir a chomhlíonann na téarmaí sin a ghlacadh, lena n-áirítear Feidhmchláir ó fhorbróirí eile; nó

- Dáil ach do fheidhmchláir féin, ar iOS sa tSeapáin nó sa Bhrasaíl.

- Ní mór duit beartais thrédhearcacha maidir le bailiú sonraí a fhoilsiú agus smacht a thabhairt

d'úsáideoirí ar an gcaoi a mbailítear agus a n-úsáidtear a gcuid sonraí;

- Ní mór duit a admháil go gcomhlíonfaidh tú dlíthe infheidhme na ndlínse ina bhfeidhmíonn tú, lena n-áirítear, m.sh., dlíthe maidir le soláthar earraí nó seirbhísí digiteacha, nó margai, cosaint sonraí agus cosaint tomhaltóirí;

- Ní mór duit sásra a sholáthar d'úsáideoirí deiridh, d'Apple, d'fhorbróirí Feidhmchlár ar d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl), agus do pháirtithe eile chun fógra a thabhairt duit faoi dhíospóidí maoin intleachtúla a bhaineann le d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl), do Shuíomh Gréasáin Margaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl), agus/nó Feidhmchlár a dháiltear ar do Mhargadh Feidhmchlár Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl), agus déileáil leo dá réir. Má thugann tú faoi deara go sáraíonn ábhar i do Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl), ar do Shuíomh Gréasáin Margaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl), nó ar Fheidhmchlár atá dailte ar d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl) maoin intleachtúil Apple nó daoine eile, nó má cheadaíonn sé do dhaoine eile déanamh amhlaidh, ní mór duit gníomhú go pras chun an t-ábhar sin a bhaint nó rochtain air a dhíchumasú. Bainfidh tú, tar éis rabhadh a thabhairt roimh ré, forbróirí Feidhmchlár ar d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl) a sholáthraíonn ábhar sáraitheach go minic;

- Ní mór duit a bheith freagrach as láimhseáil iarratais rialtais agus iarratais eile chun liostaí a bhaint anuas d'Fheidhmchlár a dháiltear ar d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl) ar an mbonn go bhfuil sé mídhleathach, go sáraíonn sé cearta maoin intleachtúla Apple nó daoine eile, agus/nó go sáraíonn sé do théarmaí le haghaidh Feidhmchlár;

- Ní mór duit monatóireacht agus brath leanúnach a dhéanamh ar ghníomhaíocht chalaoiseach, mailíseach nó neamhdhleathach i do Shuíomh Gréasáin Margaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl) nó i d'Fheidhmchlár (lena n-áirítear d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl)), nó ar fhorbróirí nó Feidhmchlár chalaoiseacha, mailíseacha nó neamhdhleathacha i d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl), agus gníomh cuí a dhéanamh nuair a bhraithfidh tú gníomhaíocht, Feidhmchlár nó forbróirí den sórt sin;

- Ní mór duit a bheith freagrúil do chumarsáid ó Apple maidir le d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl), do Shuíomh Gréasáin Margaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl), nó Feidhmchlár a dháiltear ar d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl) nó do Shuíomh Gréasáin Margaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl), go háirithe maidir le haon iompar calaoiseach, mailíseach nó mídhleathach, nó aon rud eile a chreideann Apple a mbíonn tionchar aige ar shábháilteacht, slándáil nó príobháideacht úsáideoirí deiridh;

- Ní mór duit maoin intleachtúil Apple ná daoine eile a shárú, agus ní mór duit aon Fheidhmchlár a sháraíonn maoin intleachtúil Apple ná daoine eile a dháileadh trí d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl). Ní mór duit sásra a chur i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais forbróirí eile le haghaidh sárú maoin intleachtúla sula ndáiltear iad trí Your Alternative App Marketplace (an tSeapáin, an Bhrasaíl);

- Ní fhéadfaidh tú meiteashonraí, lena n-áirítear meiteashonraí forbróra nó aipeanna, a scríobadh, a mhianadóireacht, a aisghabháil, a chur i dtaisce, a anailísiú ná a innéacsú ón App Store lena n-úsáid ag d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl) nó ag Do Shuíomh Gréasáin Margaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl). Ar mhaithe le soiléireacht, ní thoirmisctear leis seo D'úsáid aon mheiteashonraí a chuireann forbróir isteach go díreach Chugat, do mheiteashonraí féin, nó meiteashonraí a fuair Tú go díreach faoin dlí is infheidhme. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh Tú aon rátálacha nó léirmheasanna úsáideoirí deiridh a cruthaíodh don App Store a úsáid ná a athchuspóiriú ar bhealach a thugann le fios gur scríobhadh nó gur cruthaíodh an léirmheas d'aon duine seachas an App Store; agus;

- Ní mór athchóiriú (i.e., trí chúltaicí iOS chuig iCloud nó ríomhaire) agus ath-íoslódáil Feidhmchlár arna ndáileadh ag d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl) nó de chuid

d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl) a bheith saor in aisce.

B. Ina theannta sin, chun cabhrú le fíorú go bhfuil suiteálacha Feidhmchlár ó do Mhargadh Feidhmchlár Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl) nó de d'Aipmhargaidh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl) bailí, ní mór do d'Aipmhargaidh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl):

- An comhartha fíoraithe suiteála a sholáthar mar chuid de na URLanna ag tosú leis an scéim mar a shainmhínítear i ag MarketplaceKit do gach suiteáil (lena n-áirítear suiteáil tosaigh, athíoslódálacha, nuashonruithe, agus aon chineál eile suiteála) de d'Aipmhargaidh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl); agus

- Cuir an comhartha fíoraithe suiteála ar fáil mar chuid de na URLanna ag tosú leis an scéim mar a shainmhínítear ag MarketplaceKit do gach suiteáil (lena n-áirítear suiteáil tosaigh, athíoslódálacha, nuashonruithe, agus aon chineál eile suiteála) d'Fheidhmchlár ó d'Aipmhargaidh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl).

2.2 Feidhmchláir a dháiltear ar Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl)

A. Féadfar próifílí teidlíochta a iarrann Tú atá ar fáil d'Fheidhmchláir nuair a dháiltear iad ar an App Store ar iOS sa tSeapáin agus/nó sa Bhrasaíl a úsáid d'Fheidhmchláir nuair a dháiltear iad ar Aipmhargaí Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl) ar iOS sa tSeapáin agus/nó sa Bhrasaíl, mura luaitear a mhalairt ag Apple. Ní fhéadfaidh Feidhmchláir próifílí teidlíochta a bhaineann le trádáil dhigiteach in aipeanna an App Store a úsáid ach amháin nuair a dháiltear iad ar an App Store. Áirítear leis seo an phróifíl teidlíochta le haghaidh Tairiscintí Lasmuigh den Aip nó Próiseáil Íocaíochta Malartach a thairiscint faoin gCeangaltán seo.

B. Forchoimeádann Apple an ceart cumarsáid a dhéanamh le haon Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl) trína ndáiltear d'Fheidhmchlár faoi stádas d'Fheidhmchláir, aon iompar calaoiseach, mailíseach nó mídhleathach a bhaineann le d'Fheidhmchlár, agus aon rud eile a chreideann Apple a mbíonn tionchar aige ar shábháilteacht, slándáil nó príobháideacht úsáideoirí deiridh.

C. Ní mór Do d'Fheidhmchlár gan maoin intleachtúil Apple ná daoine eile a shárú. Má thagann Tú ar an eolas go sáraíonn ábhar i D'Fheidhmchlár maoin intleachtúil Apple nó daoine eile, ní mór Duit gníomhú go pras chun an t-ábhar sin a bhaint nó rochtain air a dhíchumasú.

2.3 Téarmaí Ginearálta maidir le Dáileadh Malartach

A. Baineann téarmaí an **Alt 2.3** seo le Aipmhargaí Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl), do Shuíomh Gréasáin Margaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl), agus Feidhmchláir a dháiltear ar Aipmhargaí Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl).

B. Chun go mbeidh siad ar fáil lena suiteáil ar iOS, ní mór d'Aipmhargaí Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl) agus d'Fheidhmchláir a dháiltear ar Aipmhargaí Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl) téarmaí an Chomhaontaithe a leanúint, lena n-áirítear na Treoirínte um Athbhreithniú Nótaireachta.

C. Baineann téarmaí an Chomhaontaithe (**Ailt 1-14**, agus na **Ceangaltáin, Sceidil, agus Taispeántais** uile) a bhaineann le Feidhmchláir nó Feidhmchláir Cheadúnaithe (lena n-áirítear nuair a dháiltear iad ar an App Store), le Feidhmchláir agus Feidhmchláir Cheadúnaithe freisin nuair a dháiltear iad ar Aipmhargaí Mhalartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl), chomh maith le hAipmhargaí Mhalartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl), ach amháin mar a leanas:

- **Alt 3.3.4(A)(iii)**;

- D'ainneoin **Alt 3.3.9(C)** den Chomhaontú, ceadáitear úsáid APIanna Apple Pay le haghaidh

ceannacháin (lena n-áirítear ceannacháin dhigiteacha nó fhisiciúla) ag Feidhmchláir nuair a dháiltear iad ar Aipmhargaí Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasail), chomh maith le Aipmhargaí Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasail), ar choinníoll go leanann tú na Treoirínte Úsáide Inghlactha d'Apple Pay ar an nGréasán agus go nglacann tú leis na Téarmaí agus Coinníollacha Gréasáin is infheidhme maidir le hArdán Apple Pay agus na comhaontuithe gaolmhara. Chun críoche an Cheanglais seo, nuair a úsáideann Tú APlanna Apple Pay ar an mbealach seo, folaíonn brí "suíomh Gréasáin" sna Treoirínte Úsáide Inghlactha le haghaidh Apple Pay ar an nGréasán, agus "Suíomh Gréasáin" i dTéarmaí agus Coinníollacha Gréasáin Ardán Apple Pay agus i gcomhaontuithe gaolmhara, D'Fheidhmchláir a úsáideann Ardán Apple Pay chun idirbhearta a éascú;

- **Alt 6.3**

- **Alt 7.1** agus **Alt 7.2**

- **Ceangaltán 2;** agus

- **Ní bhaineann Sceidil 1, 2, agus 3** leis an gComhaontú.

Níl aon bhaint ag an **Alt 2.3(C)** seo le téarmaí an Chomhaontaithe a bhaineann le Feidhmchláir agus Feidhmchláir Cheadúnaithe nuair a dháiltear iad ar an App Store, fiú má tá an ID pacáiste mar an gcéanna.

D. Meiteashonraí a sholáthraíonn tú do Apple trí App Store Connect nó Marketplace Search API do d'Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasail), nó ní mór do d'Fheidhmchláir nó d'Fheidhmchláir forbróirí eile atá dailte ar Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasail) a bheith oiriúnach do gach lucht féachana (aois 4+).

E. D'ainneoin théarmaí an Chomhaontaithe, tugann tú cead d'Apple úsáid a bhaint as d'Fhaisnéis Aipe Cheadúnaithe a chuirtear isteach trí App Store Connect, agus aon mheiteashonraí den sórt sin arna soláthar ag Margadh Feidhmeanna Malartach (an tSeapáin, an Bhrasail) a dháileann d'Fheidhmchlár Cheadúnaithe agus a chomhtháthaíonn le API Cuardaigh an Mhargaidh, chun ábhar a chuardach agus a fhionnadh trí iOS ar ghléasanna iOS. Ina theannta sin, aontaíonn Tú, mura gcuireann Tú Apple ar an eolas a mhalairt i scríbhinn, go bhféadfaidh Apple na meiteashonraí a chuir Tú isteach a úsáid ag imeachtaí Forbróirí Apple (m.sh., Comhdháil Fhorbróirí Domhanda, físeáin ar líne) agus i ndoiciméadacht forbróirí.

F. Deimhníonn tú go bhfuil údarú ann gach ceann de na Feidhmchláir a sheachadann tú chuig Apple a léiríonn tú go bhfuil sé ar intinn agat iad a dháileadh mar Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasail), nó go bhfuil sé ar intinn agat iad a dháileadh trí Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasail), lena n-onnmhairiú ó na Stáit Aontaithe go dtí áit ar bith sa tSeapáin ina ndáileann tú iad, i gcomhréir le ceanglais na ndlíthe uile is infheidhme, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, Rialacháin Riaracháin Onnmhairithe na Stát Aontaithe, 15 C.F.R. Páirteanna 730-774 agus na dlíthe áitiúla is infheidhme. Thairis sin, maíonn Tú agus barántaíonn Tú nach bhfuil gach leagan de na Feidhmchláir Cheadúnaithe a sholáthraíonn Tú do Apple faoi réir Rialacháin maidir le Gáinneáil Idirnáisiúnta ar Airm 22 C.F.R. Cuid 120-130 agus níl siad deartha, déanta, mionathruithe nó cumraithe le haghaidh úsáideoirí deiridh nó úsáidí deiridh míleata arna sainmhíniú agus scóipeáil in 15 C.F.R. § 744. Gan ginearáltacht an Ailt 2.3(F) seo a theorannú, **Alt 2.3(F)** Deimhníonn tú an méid seo a leanas: (i) nach bhfuil, nach n-úsáideann ná nach dtacaíonn aon cheann de na Feidhmchláir le haon chriptiú sonraí ná le feidhmeanna cripteagrafaíochta; nó (ii) i gcás go bhfuil, nach n-úsáideann ná nach dtacaíonn aon cheann de na Feidhmchláir le haon chriptiú sonraí nó feidhmiúlacht chripteagrafaíochta den sórt sin, deimhníonn Tú gur chomhlíon Tú Rialacháin Riaracháin Onnmhairithe na Stát Aontaithe chomh maith leis na dlíthe áitiúla is infheidhme, agus go bhfuil cóipeanna PDF de rialuithe aicmithe onnmhairithe ("CCATS") arna n-eisiúint ag Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe, Biúró Tionscail agus Slándála ("BIS"), nó aon tuarascálacha féin-aicmithe a cuireadh faoi bhráid an

BIS, agus údaruithe iomchuí ó réigiúin eile a fhorordaíonn údaruithe allmhairithe don Fheidhmchlár sin, de réir mar is gá, i seilbh Apple, agus go soláthróidh tú iad d'Apple ar iarratas. Ar mhaithe le soiléireacht, má fhostaíonn tú Soláthraí Seirbhíse chun cabhrú leat Bogearraí agus Seirbhísí Apple a úsáid de bhun an Cheanglais seo, i dteannta na gceanglas eile a leagtar amach sa Chomhaontú, ní mór don Soláthraí Seirbhíse sin cloí leis na ceanglais a leagtar amach in **Ait 14.8** den Chomhaontú.

G. Ní fhéadfaidh d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl), do Shuíomh Gréasáin Margaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl), ná d'Fheidhmchlár a dháiltear ar Aipmhargadh Aipeanna (an tSeapáin, an Bhrasaíl), maoin inleachtúil Apple a shárú ná cuma mhearbhallmhar a bheith orthu leis an App Store nó le táirge, seirbhís, comhéadan, feidhmchlár bogearraí ríomhaireachta, nó téama fógraíochta Apple (lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, úsáid App Store, TestFlight, App Store Connect, deilbhín an App Store, deilbhín TestFlight, agus deilbhín an App Store Connect). Ní dhéanfaidh tú iarratas ar thrádmharc, marc seirbhíse, ná cóipcheart a chlárú le haghaidh trádmharc, marc seirbhíse, siombail ghrafach, lógó, deilbhín, gúna trádála, mana, ná athrú comhchosúil Apple a ionchorprú mar ainm cuideachta, táirge, nó seirbhíse (lena n-áirítear ainm D'Aipmhargaidh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl) nó Do Shuíomh Gréasáin Margaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl)). Ní thabharfaidh tú le fios, go hindíreach ná go díreach, go molann, go dtacaíonn ná go n-urraíonn Apple Tú féin, Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl), Do Shuíomh Gréasáin Margaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl), ná aon Fheidhmchlár. Ní thabharfaidh tú le fios, go hindíreach ná go díreach, go molann, go dtacaíonn ná go n-urraíonn Apple Tú féin, Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl), Do Shuíomh Gréasáin Margaidh (an tSeapáin, an Bhrasaíl), ná aon Fheidhmchlár. In éagmais ceadúnas sainráite i scríbhinn, sáraíonn úsáid trádmhairc, marc seirbhíse, gléas trádála, mana, siombail ghrafach, lógó, deilbhín, nó athrú comhchosúil Apple ar bhealach a thugann le fios nó a thugann le fios go bhfuil cleamhnas, formhuiniú nó urraíocht ag Apple i gceist.

H. Ní fhéadfaidh d'Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl), ná d'Fheidhmchlár atá dailte ar Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl), naisc a chomhiomlánú agus a thaispeáint a threoraíonn úsáideoirí deiridh chuig an App Store (mar shampla, mar shiopa nó margadh).

I. Ní mór do Aipmhargadh Aipeanna Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl), nó d'Fheidhmchlár atá dailte ar Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl):

- Glacadh le MarketplaceKit i gcomhréir le hÁbhair Apple; agus

- Dearbhaigh san Info.plist an dtugann d'Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl), nó d'Fheidhmchlár atá dailte ar Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasaíl), earraí agus seirbhísí digiteacha le ceannach, i gcomhréir le hÁbhair Apple.

3. Téarmaí Gnó App Store iOS don tSeapáin agus don Bhrasaíl

3.1 Incháilitheacht agus Riachtanais Chláir le haghaidh Próiseáil Íocaíochta Malartacha agus Tairiscintí Lasmuigh den Aip

A. Chun Próiseáil Íocaíochta Malartach nó Tairiscintí Lasmuigh den Aip a úsáid, tá na gnéithe seo a leanas ag D'Fheidhmchlár:

1. A dháileadh ar iOS i siopaí na Seapáine agus/nó na Brasaíle den App Store; agus
2. A bheith curtha isteach leis an teidlíocht a thuairiscítear in Ábhair Apple.

B. Ní mór duit a chinntiú:

I siopa App Store na Seapáine, ní thairgeann do fheidhmchlár:

- Tairiscintí Lasmuigh den Aip d'aon úsáideoir deiridh, má tá D'Fheidhmchlár i gcatagóir na bPáistí san App Store;
- Tairiscintí Lasmuigh den Aip d'úsáideoirí deiridh atá faoi bhun 13 bliana d'aois;
- Tairiscintí lasmuigh den App d'úsáideoirí deiridh idir faoi bhun 13 agus faoi bhun 18 mbliana d'aois, mura bhfuil na roghanna sin curtha ar fáil agat taobh thiar de gheata tuismitheora; nó
- Próiseáil Malartach Íocaíochta do úsáideoirí deiridh faoi bhun 18 mbliana d'aois, mura bhfuil na roghanna sin curtha ar fáil agat taobh thiar de gheata tuismitheora;

I stór na Brasaíle, ní thairgeann d'fheidhmchlár:

- Tairiscintí Lasmuigh den Aip d'aon úsáideoir deiridh, má tá D'Fheidhmchlár i gcatagóir na bPáistí san App Store;
- Tairiscintí Lasmuigh den Aip d'úsáideoirí deiridh atá faoi bhun 18 mbliana d'aois; nó
- Próiseáil Íocaíochta Malartacha do d'úsáideoirí deiridh faoi 18 mbliana d'aois, mura bhfuil na roghanna sin curtha ar fáil agat taobh thiar de gheata tuismitheora.

C. Ní fhéadfaidh D'Fheidhmchlár teanga dhíspeagúil ná cóireálacha amhairc a úsáid a dhíspreagann nó a chuireann isteach ar úsáid chóras ceannaigh in-aip Apple.

D. Ina theannta sin, i gcás ina n-úsáideann D'Fheidhmchlár Próiseáil Íocaíochta Malartach agus/nó Tairiscintí Lasmuigh den Aip trí naisc inghníomhaithe, **dá ngairtear “roghanna íocaíochta” le chéile**), i gcás gach ceannachán digiteach a dhíoltar ar aon chomhéadan úsáideora de D'Fheidhmchlár, ní mór Duit:

- Córas ceannaigh in-aip Apple a thairiscint mar aon le haon rogha íocaíochta eile a roghnaíonn tú a chur san áireamh ar an gcomhéadan úsáideora sin;
- Córas ceannaigh in-aip Apple a thaispeáint chomh feiceálach ar a laghad agus a thaispeántar aon rogha íocaíochta eile ar an gcomhéadan úsáideora sin tráth ar bith; agus
- Nuair a chuirtear i láthair san chomhéadan úsáideora céanna le rogha íocaíochta eile é, lean na teoracha sna hÁbhair Apple maidir le córas ceannaigh in-aip Apple a chur i láthair.

E. Ní fhéadfaidh tú faisnéis faoi cheannach ar shuíomh gréasáin ná nasc chuig suíomh gréasáin le haghaidh ceannaigh, ná faisnéis faoi cheannach le Próiseáil Íocaíochta Malartach, a áireamh ar leathanach táirge App Store D'Fheidhmchláir.

F. D'ainneoin **Alt 3.3.9(C)** den Chomhaontú, féadfar APlanna Apple Pay a úsáid i D'Fheidhmchlár le haghaidh ceannacháin dhigiteacha a thairgtear trí Thairiscintí Lasmuigh den Aip nó Próiseáil Íocaíochta Malartach.

G. I gcás ina n-úsáideann D'Fheidhmchlár Próiseáil Íocaíochta Malartach agus/nó Tairiscintí Lasmuigh den Aip, ní fhéadfaidh Tú próifíl teidlíochta Chuntas Nasc Seachtrach StoreKit a úsáid le haghaidh aipeanna léitheoirí i D'Fheidhmchlár. Ní hionann úsáid phróifíl teidlíochta Chuntas Nasc Seachtrach StoreKit le haghaidh aipeanna léitheoirí agus úsáid Próiseáil Íocaíochta Malartacha ná Tairiscintí Lasmuigh den Aip.

H. Féadfar TestFlight a úsáid chun críocha tástála béite ar Phróiseáil Íocaíochta Malartacha agus/nó Tairiscintí Lasmuigh den Aip, ar choinníoll go gcuirtear aon idirbhearta a thabhaítear sa tástáil sin ar fáil do thástálaithe gan aon chostas.

I. Tá an phróifíl teidlíochta do Próiseáil Íocaíochta Malartach agus/nó Tairiscintí Lasmuigh den Fheidhmchlár comhoiriúnach ach le gléasanna sa tSeapáin ar iOS 26.2 nó níos déanaí, agus comhoiriúnach ach le gléasanna sa Bhrasaíl ar iOS 26.5 nó níos déanaí.

3.2 Próiseáil Íocaíochta Malartach: Riachtanais Dearaidh agus Theicniúla

A. Roimh gach sreabhadh íocaíochta ina ndéanfaidh an t-úsáideoir deiridh ceannach ag baint úsáide as do Chóras Íocaíochta Malartach, agus gach sreabhadh chun faisnéis íocaíochta a iontráil do do Chóras Íocaíochta Malartach, fiú mura le haghaidh ceannachán sonracha atá sé, ní mór Duit glaoch ar na APlanna StoreKit ábhartha chun (1) a chinneadh an bhféadfaidh Tú Próiseáil Íocaíochta Malartach a úsáid agus incháilitheacht agus cumas chun íocaíochtaí a dhéanamh a dhearbhu; agus (2) nuair is infheidhme, bileog nochta an chórais a thaispeáint. Ar feadh tamaill, b'fhéidir go mbeadh Ort an bhileog nochta córais a thaispeáint de réir na dtreoracha sna hÁbhair Apple; féach sna hÁbhair Apple le haghaidh tuilleadh sonraí.

B. Ní mór an sreabhadh íocaíochta san aip a sholáthraíonn Tú d'úsáideoirí deiridh a úsáideann Do Chóras Íocaíochta Malartach a chomhlánú laistigh de D'Fheidhmchlár céanna.

C. Ní fhéadfaidh aon fheidhmiúlacht nó iompar íocaíochta atá i bhfolach, díomhaoin nó neamhdhoiciméadaithe a bheith sa sreabhadh íocaíochta san aip.

3.3 Tairiscintí Lasmuigh den Aip: Riachtanais Dearaidh agus Theicniúla

A. Roimh gach cás de Thairiscintí Lasmuigh den Aip a úsáideann nasc inghníomhaithe ó d'Fheidhmchlár chun an t-úsáideoir deiridh a thabhairt chuig suíomh Gréasáin chun earraí nó seirbhísí digiteacha a cheannach, ní mór duit glaoch ar na APlanna StoreKit ábhartha chun (1) a chinneadh an bhféadfaidh tú Tairiscintí Lasmuigh den Aip a úsáid, agus incháilitheacht agus cumas chun íocaíochtaí a dhéanamh a dheimhniú; agus (2) nuair is infheidhme, bileog nochta an chórais a thaispeáint. Ar feadh tamaill, b'fhéidir go mbeadh Ort an bhileog nochta córais a thaispeáint de réir na dtreoracha sna hÁbhair Apple; féach sna hÁbhair Apple le haghaidh tuilleadh sonraí.

B. Chomh maith leis na ceanglais a sholáthraítear in Ábhair Apple, ní mór d'aon nasc inghníomhaithe a sholáthraíonn Tú i D'iaratas ar Thairiscintí Lasmuigh den Aip faoin gceangaltán seo:

- Oscail fuinneog nó cluaisín san aip bhrabhsálaí gréasáin réamhshocráithe ar an ngléas ionas gur féidir leis an úsáideoir deiridh an t-idirbheart a chríochnú, agus ní fhéadfaidh sé radharc gréasáin a oscailt; agus

- Faisnéis chruinn a bheith ag gabháil leis maidir leis na hearraí nó na seirbhísí digiteacha atá ar fáil lena gceannach ar an suíomh gréasáin.

3.4 Riachtanais Tráchtála

A. Ní mór ceannacháin dhigiteacha a dhíoltar ar shuíomh Gréasáin le húsáideoirí deiridh tar éis Tairiscintí Lasmuigh den Aip ó D'Fheidhmchlár, agus a mhargaítear mar cheannacháin lena n-úsáid in Feidhmchlár, a bheith ar fáil lena n-úsáid san Feidhmchlár sin.

B. Má úsáideann D'Fheidhmchlár Próiseáil Íocaíochta Malartach nó Tairiscintí Lasmuigh den Aip chun páirt a ghlacadh i ngníomhartha nó i gcleachtais mhíthreoracha, calaoiseacha, míchuí, neamhdhleathacha nó mímhacánta amhail mealladh agus aistriú, camscéimeanna nó calaois íocaíochta, bainfear den App Store é agus féadfar Tú a bhaint den Chlár Forbróirí Apple.

C. Deimhníonn Tú go gcomhlíonann aon soláthraí seirbhíse íocaíochta a úsáideann tú

lasmuigh de D'Fheidhmchlár nó laistigh de, comhlíonadh Leibhéal 1 de chuid Thionscal na gCártaí Iocaíochta (PCI) maidir le sonraí cárta creidmheasa agus dochair a láimhseáil (más infheidhme), agus go gcomhlíonann sé aon dlíthe is infheidhme maidir le soláthar seirbhísí iocaíochta nuair nach bhfuil sonraí cárta creidmheasa agus dochair á láimhseáil aige.

D. Aontaíonn Tú próiseas seirbhíse do chustaiméirí a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh D'Fheidhmchláir, lena n-áirítear próiseas chun idirbhearta neamhúdaraitha a dhíospóid, síntiúis a bhainistiú (más infheidhme), agus aisíocaíochtaí a iarraidh.

3.5 Coimisiúin agus Iocaíochtaí i leagain na Seapáine agus/nó na Brasaíle den App Store

A. Baineann na téarmaí sa **Alt 3.5** seo le Feidhmchláir iOS a dháiltear ar láithreáin na Seapáine agus/nó na Brasaíle den App Store.

B. I gcás Próiseáil Iocaíochta Malartach, tá Apple i dteideal coimisiún App Store de fiche a haon faoin gcéad (21%) de dhíolacháin earraí nó seirbhísí digiteacha a eascraíonn as sin, lena n-áirítear ceannacháin aonuaire agus síntiúis athnuachana uathoibríocha. Is é deich faoin gcéad (10%) an ráta coimisiúin do na hidirbhearta sin (1) agus tú i do rannpháirtí i gClár Gnó Beag an App Store; (2) i gcás ina nglacann D'Fheidhmchlár páirt i gClár Comhpháirtíochta Físeáin Apple nó i gClár Comhpháirtíochta Mini Apps agus go mbeadh an t-idirbheart cáilithe do ráta cláir dá mba rud é go ndéanfaí é le córas ceannaigh in-aip Apple; nó (3) i gcás ina bhfuil an t-idirbheart ina athnuachan uathoibríoch sa dara bliain nó níos déanaí de shíntiúis athnuachana uathoibríoch. I gcás Chlár Gnó Beag an App Store, cuirtear aon fháltais idirbhirt (glan ó choimisiún Apple agus cánacha agus coigeartuithe áirithe) a thuilleann Tú san áireamh i dtreo incháilitheachta don chlár. Baineann an coimisiún sin le gach méid is iníochta ag gach úsáideoir deiridh, faoi réir aon aisíocaíochtaí, aisiompuithe nó aisíocaíochtaí, glan ó chánacha idirbhirt a ghearrann Tú.

C. I gcás chóras ceannaigh in-aip Apple, déantar an Comhaontú maidir le Feidhmchláir Ioctha a leasú agus a athlua le haghaidh díolacháin mar thoradh air sin ionas go mbeidh ráta coimisiúin Apple le haghaidh díol Feidhmchláir Cheadúnaithe ag fiche a haon faoin gcéad (21%). Agus (1) fad is atá Tú i do rannpháirtí i gClár Gnó Beag an App Store; (2) i gcás ina gcáilíonn an díol do ráta cláir faoin gClár Comhpháirtíochta Físeáin Apple nó faoin gClár Comhpháirtíochta Mini Apps; nó (3) i gcás ina bhfuil ceannach síntiúis cháilitheach athnuachana uathoibríoch ann thar bhliain amháin mar a thuairiscítear sa Chomhaontú um Fheidhmchláir Ioctha, is é an ráta coimisiúin deich faoin gcéad (10%). I gcás gach díola a chumhdaítear san **Alt 3.5(C)** seo, tá táille cúig faoin gcéad (5%) ann freisin le haghaidh próiseála iocaíochta an App Store agus seirbhísí tráchtála gaolmhara.

D. I gcás Tairiscintí Lasmuigh den Aip, tá Apple i dteideal coimisiún seirbhísí siopa de chúig faoin gcéad déag (15%) a fháil ar dhíolacháin earraí nó seirbhísí digiteacha (lena n-áirítear ceannacháin aonuaire agus síntiúis athnuachana uathoibríocha) ar shuíomh Gréasáin, a thionscnaítear laistigh de sheacht (7) lá féilire tar éis don úsáideoir deiridh nasc inghníomhaithe a thapáil nó a scanadh chun dul ó D'Fheidhmchlár chuig an suíomh Gréasáin. Is é deich faoin gcéad (10%) an ráta coimisiúin do na hidirbhearta sin (1) fad is atá tú i do rannpháirtí i gClár Gnó Beag an App Store; (2) i gcás ina nglacann D'Fheidhmchlár páirt i gClár Comhpháirtíochta Físeáin Apple nó i gClár Comhpháirtíochta Mini Apps agus go mbeadh an t-idirbheart cáilithe do ráta cláir dá mba rud é go ndéanfaí é le córas ceannaigh in-aip Apple; nó (3) i gcás ina bhfuil an t-idirbheart ina athnuachan uathoibríoch sa dara bliain nó níos déanaí de shíntiúis athnuachana uathoibríoch. I gcás Chlár Gnó Beag an App Store, cuirtear aon fháltais idirbhirt (glan ó choimisiún Apple agus cánacha agus coigeartuithe áirithe) a thuilleann Tú san áireamh i dtreo incháilitheachta don chlár. I gcás ina bhfuil an t-idirbheart ina shíntiúis (lena n-áirítear trialacha saor in aisce nó tairiscintí), tá coimisiún le híoc as aon athnuachan uathoibríoch ina dhiaidh sin. Baineann an coimisiún sin le gach méid is iníochta ag gach úsáideoir deiridh, faoi réir aon aisíocaíochtaí, aisiompuithe nó aisíocaíochtaí, glan ó chánacha idirbhirt a ghearrann Tú.

4. Coimisiún Teicneolaíochta Lárnach

A. Baineann téarmaí an Ailt 4 seo le Aipmhargaí Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasáil) nó le Feidhmchlár a dháiltear ar Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasáil).

B. Baineann an Coimisiún um Theicneolaíocht Lárnach le haon díolacháin earraí nó seirbhísí digiteacha (lena n-áirítear ceannacháin aonuaire agus síntiúis athnuachana uathoibríocha) a chuirtear i gcrích i d'Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasáil) nó i d'Fheidhmchlár a dháiltear ar Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasáil), agus is féidir a úsáid in Fheidhmchlár a dháiltear ar ardán Apple.

C. Baineann an Coimisiún um Theicneolaíocht Lárnach le haon díolacháin earraí nó seirbhísí digiteacha ar ardán Apple (lena n-áirítear ceannacháin aonuaire agus síntiúis athnuachana uathoibríocha) a bhfuil gá leo chun Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasáil) nó Feidhmchlár a dháiltear ar Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasáil) a íoslódáil nó rochtain a fháil air.

D. Ar deireadh, baineann an Coimisiún um Theicneolaíocht Lárnach le haon díolacháin ar shuíomh Gréasáin earraí nó seirbhísí digiteacha (lena n-áirítear ceannacháin aonuaire agus síntiúis athnuachana uathoibríocha) is féidir a úsáid in Feidhmchlár a dháiltear ar ardán Apple, má cuireadh tús leis na díolacháin laistigh de sheacht (7) lá féilire tar éis don úsáideoir deiridh nasc inghníomhaithe a thapáil nó a scanadh chun dul ó d'Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasáil) nó d'Fheidhmchlár a dháiltear ar Aipmhargadh Malartacha (an tSeapáin, an Bhrasáil) chuig an suíomh Gréasáin. I gcásanna den sórt sin, i gcás ina bhfuil an díol ina shíntiúis (lena n-áirítear trialacha saor in aisce nó tairiscintí), is díolacháin iad athnuachan uathoibríoch ina dhiaidh sin atá clúdaithe faoin **Alt 4(C)** seo freisin.

E. Is ionann an Coimisiún um Theicneolaíocht Lárnach agus cúig faoin gcéad (5%) de na díolacháin uile a chumhdaítear san **Alt 4** seo. Baineann an coimisiún sin le gach méid is iníoctha ag gach úsáideoir deiridh, faoi réir aon aisíocaíochtaí, aisiompuithe nó aisíocaíochtaí, glan ó chánacha idirbhirt a ghearrann Tú.

5. Téarmaí Tráchtála Breise

5.1 Ginearálta

A. Chun críocha **Ailt 3.4** agus **3.5**, agus an **t-Alt 5** seo, “féadfaidh “Apple” a bheith ina Eintiteas Apple, ag brath ar do shuíomh, nó ar shiopa an úsáideora deiridh. Féach ar Ábhair Apple le haghaidh tuilleadh sonraí. Baineann an **t-Alt 5** seo le haon díolacháin atá faoi réir coimisiúin agus/nó táillí atá dlite d’Apple faoi **Ailt 3** agus/nó **4**.

B. Chun críche díolacháin atá cumhdaithe faoin **Alt 5** seo amháin, gníomhaíonn Tú mar an díoltóir i d’ainm féin agus ar Do chuntas féin.

5.2 Tuairisciú, Sonraisciú, Íocaíochtaí

A. Ní mór Duit tuarascálacha díolacháin a sholáthar d’Apple, de réir na n-amlínte agus na gceanglas a sholáthraítear in Ábhair Apple.

B. Eiseoidh Apple sonrasc Chugat le haghaidh na gcoimisiún go léir agus aon chánacha nó muirir eile is infheidhme atá dlite agus déanfaidh sé iarracht réasúnta tráchtála chun é sin a dhéanamh laistigh de chúig lá déag (15) ó fháil na tuarascála/na tuarascálacha a chlúdaíonn mí féilire. Féadfaidh cleamhnaí de chuid Apple an sonrasc a eisiúint. Laistigh de thríocha (30) lá féilire ón sonrasc a eisiúint, íocfaidh Tú na coimisiúin uile agus aon chánacha is infheidhme mar a ordaíonn Apple sna hÁbhair Apple agus san airgeadra a luaitear sa sonrasc, ag baint úsáide as modh íocaíochta atá ceadaithe ag Apple Duit (de réir mar a fhéadfaidh Apple é a mhodhnú ó am

go ham).

C. Ní mór aon díospóid íocaíochta a chur isteach sula mbeidh an íocaíocht dlite. Má chinneann na páirtithe gur féidir míchruinneas billeála áirithe a chur i leith Apple, eiseoidh Apple sonrasc ceartaithe ina dhiaidh sin. Má léiríonn na tuarascálacha a chuireann tú isteach gur eisigh Tú aisíocaíocht, aisíocfaidh Apple an coimisiún a íocadh le Apple ar an díol lena mbaineann an aisíocaíocht, agus déanfaidh sé amhlaidh i bhfoirm creidmheasa i sonrasc amach anseo.

D. I gcás ina ndéanann duine seachas Tusa díol atá faoi réir coimisiúin agus/nó táillí le Apple faoi **Alt 3** agus/nó **4** ní mór comhaontú a bheith agat leo a chuireann ceanglais an Cheanglais seo i bhfeidhm maidir leis na díolacháin sin, agus tá Tusa freagrach (lena n-áirítear trí do chomhaontú leo a fhorfheidhmiú más gá) as a chinntiú go seolann siad tuarascálacha díolacháin chuig Apple agus go n-íocann siad coimisiúin agus/nó táillí is infheidhme le Apple, i gcomhréir leis na hamlínte agus na ceanglais sna hÁbhair Apple agus sa Cheanglais seo.

E. Tá feidhm ag an **Alt 5.2(E)** seo sa bhreis ar chearta eile Apple faoin gComhaontú, agus aon leigheasanna eile de réir dlí nó cothromais. Gearrfar ús ar ráta aon faoin gcéad (1%) in aghaidh na míosa nó an ráta is airde a cheadaítear faoin dlí, cibé acu is lú, ar íocaíochtaí déanacha. Agus mura n-íocann Tú aon mhéid nó na méideanna uile atá dlite agus ag dul duit féin nó d'aon cheann de do chleamhnaithe le Apple faoin gComhaontú nó aon chomhaontú eile nó i ndáil leis, forchoimeádann Apple an ceart, tráth ar bith agus ó am go ham, na méideanna sin (go hiomlán nó go páirteach) a fhritháireamh i gcoinne aon mhéideanna (lena n-áirítear aon mhéideanna a bhailíonn Apple thar do cheann ó úsáideoirí deiridh) atá dlite ag Apple Duit féin nó do Do chleamhnaithe. Má chuirtear aon mhéideanna atá le fritháireamh in iúl in airgeadraí difriúla, féadfaidh Apple na méideanna sin a thiontú go dtí an t-airgeadra íocaíochta a comhaontaíodh idir Apple agus Tusa i gcomhréir le ráta malairte atá socraithe don Tréimhse Seachadta, mar a léirítear in App Store Connect, a fhéadfar a nuashonrú ó am go ham. Ní chuirfidh aon fheidhmiú a chearta faoin Alt seo ag Apple teorainn ná difear d'aon chearta ná leigheasanna eile atá ar fáil dó faoin gComhaontú ná ar shlí eile.

5.3 Cánacha

A. Tá tú freagrach as cánacha, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta dóibh): (i) a chinneadh an bhfuil díol inchánach; (ii) na cánacha a ghearradh agus a bhailiú de réir an ráta is infheidhme; (iii) na cánacha a sheoladh chuig an údarás cánach cuí; agus (iv) aon doiciméadacht riachtanach a sholáthar don úsáideoir deiridh nó don údarás cánach cuí. Má chinneann Apple go bhfuil sé faoi oibleagáid aon chánacha a bhailiú nó a íoc i leith díola, baileoidh Apple na cánacha sin (agus aon fhaisnéis a theastaíonn ó Apple chun na cánacha sin a chinneadh) Uait ar leithligh, agus íocfaidh Tú na cánacha sin le Apple i gcomhréir le téarmaí an Cheanglais seo.

B. Féadfaidh Apple sonrasc a sheoladh Chugat le haghaidh aon chánacha, tobhaigh, dleachtanna, costais, muirir, asbhaintí, nó aon mhuirir choibhéiseacha is infheidhme, de réir mar a fhorchuireann aon údarás cánach ar aon choimisiún nó i leith aon choimisiúin. Déanfaidh Apple cibé cánacha is infheidhme a chinneadh, a bhailiú agus a chur ar aghaidh chuig na húdaráis chánach inniúla, agus comhontaíonn Tú na cánacha sin a íoc mar a shonraiscfidh Apple. Sa chás go bhforchuireann aon údarás cánach aon fhreagracht maidir le comhlíonadh cánach Ort lena n-áirítear, gan bheith teoranta, cuntasáíocht fhrithmhuirir, féinchuntasáíocht agus tuairisciú, beidh Tusa freagrach go hiomlán as na hoibleagáidí comhlíontachta sin.

C. Má tá Apple faoi oibleagáid aon chánacha nach bhfuil clúdaithe san Aguisín seo a bhailiú nó a íoc i leith D'íocaíochta le Apple, cuirfear na cánacha sin Chugat i sonrasc, agus íocfaidh Tú na cánacha sin le Apple.

D. A mhéid is gá faoin dlí is infheidhme cánacha a asbhaint ó aon mhéid is iníoctha le Apple faoi téarmaí an Cheanglais seo nó i leith aon mhéide sin, déanfaidh Tú an méid seo a leanas: (i) cibé méideanna breise is gá a íoc chun a chinntiú go bhfaigheann Apple méid glan atá cothrom

leis an méid iomlán a bheadh faighte aige faoi théarmaí an Cheanglais seo mura mbeadh aon asbhaint ná coinneáil siar déanta; (ii) na hasbhaintí sin a dhéanamh; (iii) na cánacha sin a thaisceadh leis an údarás cánach rialtais ábhartha laistigh den tréimhse ama atá forordaithe faoin dlí is infheidhme; agus (iv) doiciméid a sholáthar d'Apple, atá réasúnta sásúil d'Apple, maidir leis an íocaíocht seo.

E. Dearbhaíonn Tú go bhfuil Tú cláraithe go cuí sa dlínse is infheidhme, go bhfuil aitheantóir bailí agat i gcomhréir leis an dlínse is infheidhme, agus go gcuirfidh tú Apple ar an eolas má scoireann Tú de bheith cláraithe nó má scoireann Tú de bheith i do shealbhú an aitheantóir bhailí. Ina theannta sin, cuirfidh Tú aon aitheantóirí infheidhme, cruthúnas clárúcháin, doiciméid chánach, deimhniúchán, nó faisnéis a iarrann Apple ar fáil d'Apple go tráthúil, agus mura ndéanfaidh Tú amhlaidh, d'fhéadfadh sé go gcúlghairmfeá do chumas féin nó cumas d'Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl) a oibriú, a dháileadh ar Aipmhargadh Malartach (an tSeapáin, an Bhrasaíl), nó Próiseáil Íocaíochta Malartach, nó Tairiscintí Lasmuigh den Aip a úsáid i measc aon chearta eile atá ag Apple faoin gComhaontú. Aontaíonn tú na Páirtithe Slánaithe Apple a shlánú agus a choinneáil neamhdhíobhálach as aon Chaillteanas a eascraíonn as an gceanglas seo.

5.4 Ceart Applechun Iniúchadh a Dhéanamh

D'ainneoin aon téarma dá mhalairt, coinneoidh Tú leabhair agus taifid iomlána agus cruinne maidir leis na méideanna is infíoitha le Apple a eascraíonn as díolacháin, agus aisíocaíochtaí a éilítear, lena n-áirítear cánacha, ar feadh trí (3) bliana tar éis dháta tarchuir na dtuarascálacha chuig Apple. Féadfaidh Apple scrúdú agus iniúchadh a dhéanamh ar do leabhair agus ar do thaifid a bhaineann le haon díolacháin atá cumhdaithe faoin **Alt 5** seo agus aisíocaíochtaí a éilítear ar dhíolacháin den sórt sin le linn na tréimhse trí bliana sin chun cruinneas na n-íocaíochtaí le Apple a fhíorú. Ar mhaithe le soiléireacht, ní fhéadfaidh Apple iarracht a dhéanamh scrúdú agus iniúchadh a dhéanamh ar Do chuid sonraí airgeadais go léir, ach amháin na sonraí sin atá ábhartha chun cruinneas choimisiún Apple, íocaíochtaí le Apple agus aisíocaíochtaí éilithe a chinneadh. Chun iarratas iniúchta a shásamh, ní mór Duit, laistigh de thríocha (30) lá ón iarratas, cead a thabhairt d'iniúchadh a dhéanamh. Féadfaidh Apple cuntasóir poiblí deimhnithe neamhspleách nach bhfuil ag gabháil d'aon iniúchadh ar Apple ná Ort féin an tráth sin a cheapadh chun leabhair agus taifid is infheidhme a iniúchadh ag am agus in áit a chomhaontófar go frithpháirteach le linn Do ghnáthuaireanta gnó.

6. Téarmaí Ginearálta

6.1 Próifílí Teidlíochta

A. Éilíonn roinnt cumais san latán seo próifíl teidlíochta. I gcásanna den sórt sin, ní fhéadfaidh Tú an phróifíl teidlíochta a úsáid ach amháin leis an bhFeidhmchlár ar iarr Tú an phróifíl teidlíochta ina leith agus a bhfuil a húsáid ceadaithe ag Apple ina leith. Aontaíonn tú faisnéis fhíor, chruinn agus iomlán a chur faoi bhráid Apple maidir leis an úsáid a iarrann Tú ar na próifílí teidlíochta sin agus na APlanna gaolmhara, agus Apple a nuashonrú de réir na dtreoracha a chuirtear ar fáil sna hÁbhair Apple má athraíonn aon cheann de Do chuid faisnéise. Aithníonn tú go bhféadfadh athruithe difear a dhéanamh do D'incháilitheacht leanúnach do phróifíl teidlíochta. Déanfaidh Apple athbhreithniú ar D'iarratas agus forchoimeádann sé an ceart gan próifíl teidlíochta a sholáthar Duit de réir a lánrogha féin, agus sa chás sin ní bheidh Tú in ann an phróifíl teidlíochta ná na APlanna gaolmhara a úsáid, agus an phróifíl teidlíochta sin a chúlghairm, de réir a lánrogha féin. Ní bheidh Apple faoi dhliteanas Duit as diúltú do D'iarratas ar phróifíl teidlíochta nó chun rochtain a fháil ar APlanna gaolmhara fiú má aontaigh Tú leis an gCeangaltán seo.

B. Aithníonn Tú agus aontaíonn Tú nach n-úsáidfí Tú, ná nach ndéanfaidh Tú iarracht iad a úsáid, ná nach nglacfaidh Tú páirt i gcumas ceadaithe (m.sh., Feidhmchláir, Próiseáil Íocaíochta Malartach agus/nó Tairiscintí Lasmuigh den Aip a dháileadh) mura mbeidh an phróifíl

teidlíochta ábhartha faighte agat ó Apple. Má fhaigheann Tú próifíl teidlíochta, ansin faoi réir théarmaí agus choinníollacha an Cheanglais seo agus an Chomhaontaithe, deonaíonn Apple ceadúnas teoranta, neamh-eisiach, pearsanta, inchúlghairthe, neamh-fhocheadúnaithe agus neamh-inaistrithe Duit le linn na Téarma chun:

(i) An phróifíl teidlíochta a dháileadh ar D'Fhorbróirí Údaraithe le haghaidh tástála agus forbartha D'Fheidhmchláir; agus

(ii) Ná úsáid an phróifíl teidlíochta le D'Fheidhmchlár ach amháin ar Aonaid Tástála Údaraithe nó ar Ghléasanna Cláraithe, lena cur isteach lena dháileadh de bhun an Chomhaontaithe (lena n-áirítear mar a cheadaítear faoin gCeangaltán seo).

C. Ní cheadaítear an phróifíl teidlíochta le haghaidh Tairiscintí Lasmuigh den Aip agus Próiseáil Íocaíochta Malartach a úsáid ach amháin nuair a dháiltear D'Fheidhmchlár ar an App Store.

D. Aontaíonn Tú na APlanna gaolmhara agus na cumais cheadaithe a úsáid, trí úsáid a bhaint as an bpróifíl teidlíochta ábhartha amháin, mar a cheadaítear go sainráite san larscríbhinn seo agus sna hÁbhair Apple amháin. Aontaíonn Tú gan próifílí teidlíochta den sórt sin a úsáid ná iarracht a dhéanamh iad a úsáid in aon cheann de D'Fheidhmchláir nach ndéonaítear an phróifíl teidlíochta dóibh ná le haon Fheidhmchlár eile de chuid forbróra. Ní fhéadfaidh Tú próifílí teidlíochta a sholáthraítear faoin gCeangaltán seo a úsáid le feidhmchláir a forbraíodh nó a dáileadh faoin gComhaontú Ceadúnais um Chlár Fiontraíochta Forbróirí Apple).

6.2 Forchoimeád Cearta

Cé nach gcuireann sé seo teorainn ar bith le cearta eile Apple faoin gComhaontú, ná le haon leigheasanna eile de réir dlí ná cothromais, má tá cúis ag Apple a chreidiúint nár chomhlíon Tú féin nó D'Fheidhmchlár aon cheann de cheanglais an Cheangaltáin seo nó an Chomhaontaithe, forchoimeádann Apple an ceart chun Do rochtain ar aon cheann nó ar gach ceann de na APlanna a bhaineann leis an gCeangaltán seo a chúlghairm láithreach tar éis fógra a thabhairt Duit; a cheangal Ort próifíl teidlíochta a bhaineann leis an gCeangaltán seo a bhaint de D'Fheidhmchlár; nuashonruithe ar D'Fheidhmchlár a bhac, iad a cheilt nó a bhaint den App Store; bac a chur ar dháileadh nó ar nuashonruithe ar ardáin Apple d'Fheidhmchláir; agus/nó Tú a chur ar fionraí nó a bhaint de Chlár Forbróirí Apple.

Ceangaltán 13

(a ghabhann leis an gComhaontú)

Téarmaí Breise do Aipeanna iOS agus iPadOS i bPríomhthalamh na Síne

1. Amhail ón 15 Márta 2026, beidh feidhm ag na téarmaí san **larscríbhinn 13** seo maidir le coimisiúin agus íocaíochtaí le haghaidh Aipeanna a dháileadh ar aghaidh bhratach mhórháir na Síne den App Store ar iOS agus iPadOS.
2. Leasaítear agus athluaítear an Comhaontú um Fheidhmchláir Íoctha ionas gurb é an ráta coimisiúin caighdeánach de chuid Apple i leith díolachán Feidhmchlár Ceadúnaithe ná cúig faoin gcéad is fiche (25%). Agus déantar an Comhaontú um larratais Íoctha agus an Fáistín leis an gClár Comhpháirtíochta d'Aipeanna Beaga a leasú agus a athlua ionas go (1) fad is atá Tú i do rannpháirtí i gClár Gnólachtaí Beaga an App Store; (2) i gcás ina gcáilíonn an díolachán do ráta cláir faoin gClár Comhpháirtíochta d'Aipeanna Beaga; nó (3) i gcás ina bhfuil ceannach síntiúis in-athnuachana go huathoibríoch a cháilíonn níos faide ná bliain amháin mar a thuairiscítear sa Chomhaontú maidir le Feidhmchláir Íoctha, is é an ráta coimisiúin ná dhá chéad is dó (12%).

Sceideal 1

1. Gníomhaire a Cheapadh

1.1 Ceapann Tú Apple agus Fochuideachtaí Apple ("Apple" i dteannta a chéile) mar: (i) Do ghníomhaire le haghaidh mhargú agus sholáthar na bhFeidhmchlár Ceadúnaithe d'úsáideoirí deiridh atá lonnaithe sna réigiúin sin atá liostaithe ar Fhoilseán A, Alt 1 de Sceideal 1, faoi réir athrú; agus (ii) Do ghníomhaire ar coimisiún le haghaidh mhargú agus sholáthar na bhFeidhmchlár Ceadúnaithe d'úsáideoirí deiridh atá lonnaithe sna réigiúin sin atá liostaithe ar Fhoilseán A, Alt 2 de Sceideal 1, faoi réir athrú, i rith na Tréimhse Seachadta. Beidh an liosta is cothrom le dáta de réigiúin App Store as a bhféadfaidh Tú rogha a dhéanamh leagtha amach in uirlis App Store Connect agus ar Shuíomh Dáileacháin Feidhmchláir Shaincheaptha agus féadfaidh Apple é a nuashonrú ó am go ham. Admhaíonn Tú leis seo go gcuirfidh Apple na Feidhmchláir Cheadúnaithe ar an margadh agus ar fáil d'úsáideoirí deiridh lena n-íoslódáil, trí cheann amháin nó níos mó de App Store nó an Suíomh Dáileacháin Feidhmchláir Shaincheaptha, Duitse agus thar Do cheann. Chun críocha Sceideal 1, tá feidhm ag na téarmaí seo a leanas:

Ciallaíonn "Aip Shaincheaptha" nó "Feidhmchlár Saincheaptha" Feidhmchlár Ceadúnaithe atá forbartha ar shlí shaincheaptha Agatsa lena úsáid ag eagraíochtaí sonracha nó custaiméirí gnó tríú páirtí, lena n-áirítear Feidhmchláir Cheadúnaithe dílsithe atá forbartha le haghaidh úsáid inmheánach D'eagraíochta.

(a) Áireofar le "Tusa" úsáideoirí de chuid App Store Connect atá údaraithe Agatsa chun Feidhmchláir Cheadúnaithe agus meiteashonraí gaolmhara a chur isteach thar Do cheann; agus

(b) áirítear le "húsáideoir deiridh" ceannaitheoirí aonair mar aon le húsáideoirí incháilithe a bhaineann lena gcuntas trí Family Sharing nó Legacy Contacts. I gcás custaiméirí institiúideacha, ciallóidh "úsáideoir deiridh" an duine aonair atá údaraithe chun an Feidhmchlár Ceadúnaithe a úsáid, an riarthóir institiúideach arb é atá freagrach as suiteálacha ar ghléasanna comhroinnte a bhainistiú, mar aon le ceannaitheoirí institiúideacha údaraithe iad féin, lena n-áirítear institiúidí oideachais atá ceadaithe ag Apple, a d'fhéadfadh na Feidhmchláir Cheadúnaithe a fháil lena n-úsáid ag a gcuid fostaithe, gníomhairí agus cleamhnaithe.

(c) Chun críocha Sceideal 1 seo, áireofar leis an téarma "Feidhmchlár Ceadúnaithe" aon inneachar, feidhmiúlacht, breiseán, greamán nó seirbhís arna dtairiscint san fheidhmchlár bogearraí.

Ciallaíonn "Seirbhís Ardinneachair" seirbhís Apple a thairgeann an cumas chun Feidhmchláir Shaincheaptha a fháil agus Feidhmchláir Cheadúnaithe a bhulc-cheannach faoi réir théarmaí, choinníollacha agus cheanglais maidir le hArdinneachar.

1.2 Ar mhaithe le ceapadh Apple faoi Alt 1.1 de Sceideal 1, aontaíonn Tú agus ordaíonn Tú do Apple an méid seo a leanas dhéanamh:

(a) margaíocht a dhéanamh ar orduithe, iad a iarraidh agus a fháil thar Do cheann le haghaidh Feidhmchláir Cheadúnaithe ó úsáideoirí deiridh atá lonnaithe sna réigiúin atá aitheanta Agat in uirlis App Store Connect;

(b) seirbhísí óstála a sholáthar Duit faoi réir théamaí an Chomhaontaithe seo, chun deis a thabhairt Duit na Feidhmchláir Cheadúnaithe a stóráil agus rochtain úsáideoir deiridh a cheadú orthu agus óstáil tríú páirtí de na Fheidhmchláir Cheadúnaithe sin a chumasú mar atá ceadúnaithe nó údaraithe ar shlí eile ag Apple;

(c) cóipeanna a dhéanamh d'Fheidhmchláir Cheadúnaithe, formáidiú a dhéanamh orthu nó iad a

ullmhú lena bhfáil agus lena n-íoslódáil ag úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear an Réiteach Slándála agus barrfheabhsú eile atá aitheanta sa Chomhaontú a chur leo;

(d) deis a thabhairt nó, i gcás sannacháin trasteorann ceannachán áirithe, socrú a dhéanamh d'úsáideoirí deiridh rochtain a fháil ar chóipeanna de na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus rochtain a fháil orthu arís, ionas go bhfeadfaidh úsáideoirí deiridh na Feidhmchláir Cheadúnaithe sin a fháil Uait agus iad a íoslódáil go leictreonach, mar aon le Faisnéis maidir le Feidhmchlár Cheadúnaithe agus meiteashonraí gaolmhara trí cheann amháin nó níos mó de App Store nó Suíomh Dáileacháin Feidhmchláir Shaincheaptha. Ina theannta sin, údaraíonn Tú leis seo Do chuid Feidhmchlár Cheadúnaithe a dhaileadh faoi Sceideal 1 lena n-úsáid ag: (i) úsáideoirí deiridh a bhfuil cuntais acu a bhaineann le cuntas úsáideora deiridh eile trí Family Sharing; (ii) Legacy Contacts incháilithe úsáideora deiridh chun rochtain a fháil ar D'Fheidhmchlár Cheadúnaithe mar aon le faisnéis agus meiteashonraí gaolmhara atá stóráilte in iCloud mar a shainmhínítear in <https://support.apple.com/kb/HT212360>; (iii) úsáideoirí deiridh éagsúla atá faoi Chuntas Apple amháin nuair a sholáthraítear an Feidhmchlár Cheadúnaithe d'úsáideoirí deiridh den chineál sin trí Apple Configurator i gcomhréir le comhaontú cheadúnaithe bogearraí Apple Configurator; agus (iv) custaiméir institiúideach aonair trí Dháileachán Feidhmchláir Shaincheaptha lena n-úsáid ag a chuid úsáideoirí deiridh agus/nó lena suiteáil ar ghléasanna nach bhfuil aon Chuntas Apple ag baint leo atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag an gcustaiméir institiúideach sin i gcomhréir le Téarmaí agus coinníollacha maidir le hArdinneachar agus ceanglais maidir leis an gclár;

(e) úsáid a bhaint as (i) gabhálacha scáileáin, réamhamharcanna agus/nó sleachta suas le 30 soicind na bhFeidhmchlár Cheadúnaithe; (ii) trádmharcanna agus lógónna a bhaineann le Feidhmchlár Cheadúnaithe agus (iii) Faisnéis maidir le Feidhmchlár Cheadúnaithe, chun críoch cur chun cinn in ábhair mhargaíochta agus cártaí bronnánais agus maidir le taispeántaí feithicle, seachas na codanna sin de na Feidhmchláir Cheadúnaithe, trádmharcanna nó lógónna, nó Faisnéis maidir le Feidhmchlár Cheadúnaithe nach bhfuil an ceart Agat iad a úsáid chun críoch cur chun cinn, agus a shainaithníonn Tú i scríbhinn an tráth a sholáthraíonn Tú na Feidhmchláir Cheadúnaithe do Apple faoi Alt 2.1 de Sceideal 1, agus íomhánna agus ábhair eile a úsáid a D'fhéadfá a sholáthar do Apple, ar iarratas réasúnach ó Apple, chun críoch cur chun cinn in ábhair mhargaíochta agus cártaí bronnánais agus maidir le taispeántaí feithicle. Ina theannta sin, agus faoi réir na teorann a leagtar amach thuas, aontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple gabhálacha scáileáin, deilbhíní agus sleachta suas le 30 soicind Do chuid Feidhmchlár Cheadúnaithe a úsáid ag imeachtaí Fhorbróir Apple (m.sh., WWDC, Tech Talks) agus i ndoiciméadacht forbróra;

(f) úsáid a bhaint ar shlí eile as Feidhmchláir Cheadúnaithe, Faisnéis maidir le Feidhmchlár Cheadúnaithe agus meiteashonraí gaolmhara de réir mar is gá le réasún maidir le margú agus soláthar na bhFeidhmchlár Cheadúnaithe i gcomhréir le Sceideal 1. Aontaíonn Tú nach mbeidh aon dleacht nó cúiteamh eile iníoctha as na cearta a thuairiscítear thuas in Alt 1.2 de Sceideal 1; agus

(g) dáileachán leaganacha réamheisiúna de Do chuid Feidhmchláir Cheadúnaithe ("Béite-Thástáil") ar úsáideoirí deiridh atá ainmnithe Agatsa a éascú i gcomhréir leis an gComhaontú, infhaighteacht agus ceanglais eile maidir leis an gclár arna nuashonrú ó am go ham in uirlis App Store Connect. Chun críoch Béite-Thástála den chineál sin, tarscaoileann Tú leis seo aon cheart chun praghas ceannaigh, fáiltas nó luach saothair eile a bhailiú le haghaidh dáileachán nó íoslódáil den chineál sin de leaganacha réamheisiúna de D'Fheidhmchlár Cheadúnaithe. Ina theannta sin, aontaíonn Tú gur Tusa a bheidh freagrach as íocaíocht aon dleachta nó íocaíochtaí eile le tríú páirtithe a bhaineann le dáileachán agus úsáideoir Do chuid Feidhmchlár Cheadúnaithe réamheisiúna, mar aon le haon agus gach dlí le haghaidh críocha ina dtarlaíonn an Bhéite-Thástáil sin a chomhlíonadh. Ar mhaithe le soiléireacht, ní bheidh aon choimisiún dlíte do Apple maidir leis an dáileachán sin.

1.3 Admhaíonn agus aontaíonn na páirtithe gurb ionann a gcaidreamh faoi Sceideal 1, agus gurb amhlaidh a bheidh, agus caidreamh idir príomhaí agus gníomhaire nó príomhaí agus gníomhaire ar coimisiún, de réir mar a bheidh, mar a thuairiscítear i bhFoilseán A, Alt 1 agus

Foilseán A, Alt 2 faoi seach, agus gur Tusa amháin atá, mar phríomhaí, agus a bheidh, freagrach as gach agus aon éileamh agus dliteanas a bhaineann nó atá gaolmhar leis na Feidhmchláir Cheadúnaithe, mar a fhoráiltear i Sceideal 1. Admhaíonn agus aontaíonn na páirtithe go bhfuil an cinneadh atá déanta Agat Apple a cheapadh mar Do ghníomhaire nó gníomhaire ar coimisiún, de réir mar a bheidh, faoi Sceideal 1, neamh-eisiach. Leis seo, maíonn Tú agus barántaíonn Tú go bhfuil na cearta riachtanacha faoi D'úinéireacht nó faoi rialú Agat chun Apple agus Fochuideachtaí Apple a cheapadh mar Do ghníomhaire domhanda agus/nó do ghníomhaire ar coimisiún atá freagrach as D'Fheidhmchláir Cheadúnaithe a sholáthar, agus nach sáróidh comhlíonadh ceapacháin den chineál sin ag Apple agus Fochuideachtaí Apple na cearta aon tríú páirtí.

1.4 Chun críocha Sceideal 1, ciallóidh an “Tréimhse Sheachadta” an tréimhse a thosóidh ar Dháta Éifeachtach an Chomhaontaithe agus a rachaidh in éag ar lá deiridh an Chomhaontaithe nó aon athnuachan den chineál sin; ar choinníoll, áfach, go mbeidh ceapachán Apple mar Do ghníomhaire fós ar marthain i ndiaidh éag an Chomhaontaithe ar feadh tréimhse réasúnta céimnithe amach nach faide ná tríocha (30) lá agus ar choinníoll, bunaithe go hiomlán ar Do chuid Úsáideoirí deiridh, go mbeidh fo-alt 1.2(b), (c) agus (d) de Sceideal 1 fós ar marthain i ndiaidh fhoirceannadh nó éag an Chomhaontaithe mura gcuirfidh Tú a mhalairt in iúl de bhua Alt 4.1 agus 6.2 de Sceideal 1.

1.5 Cuirfidh Apple na Feidhmchláir Cheadúnaithe ar fad soláthartha Agat do Apple faoi Alt 2.1 de Sceideal 1 ar fáil d'úsáideoirí deiridh lena n-íoslódáil gan chostas. Ní bheidh aon dualgas ar Apple aon táille a bhailiú maidir leis na Feidhmchláir Cheadúnaithe d'aon úsáideoir deiridh agus ní bheidh aon oibleagáid íocaíochta air Duitse i ndáil le haon cheann de na Feidhmchláir Cheadúnaithe sin faoi Sceideal 1. Sa chás go bhfuil sé beartaithe Agat táille a ghearradh ar úsáideoirí deiridh as aon Fheidhmchlár Cheadúnaithe nó Ceannachán Ionaípe, ní mór Duit leathnú breise ar an gcomhaontú seo (Sceideal 2) a dhéanamh (nó a bheith déanta Agat cheana féin) le Apple maidir leis an bhFeidhmchlár Cheadúnaithe sin. Sa chás go bhfuil sé beartaithe Agat táille a ghearradh ar úsáideoirí deiridh as aon Feidhmchlár Saincheaptha, ní mór Duit leathnú breise ar an gcomhaontú seo (Sceideal 3) a dhéanamh (nó a bheith déanta Agat cheana féin) le Apple i ndáil leis an bhFeidhmchlár Saincheaptha sin.

2. Feidhmchláir Cheadúnaithe a Sholáthar do Apple

2.1 Soláthróidh Tú do Apple, ar Do chostas féin amháin, trí úsáid a bhaint as uirlis App Store Connect nó modh eile a sholáthraíonn Apple, na Feidhmchláir Cheadúnaithe, Faisnéis maidir le Feidhmchlár Cheadúnaithe agus meiteashonraí gaolmhara, i bhformáid agus ar shlí atá forordaithe ag Apple, mar a cheanglaítear chun Feidhmchláir Cheadúnaithe a sholáthar d'úsáideoirí deiridh i gcomhréir le Sceideal 1. Áireofar leis na Meiteashonraí a sholáthróidh Tú do Apple faoi Sceideal 1: (i) teideal agus uimhir leagain gach Feidhmchlár Cheadúnaithe; (ii) na réigiúin a ainmníonn Tú, inar mian Leat go dtabharfaidh Apple cead d'úsáideoirí deiridh na Feidhmchláir Cheadúnaithe sin a íoslódáil; (iii) na húsáideoirí deiridh a ainmníonn Tú mar íoslódálaithe ainmnithe an Fheidhmchláir Shaincheaptha; (iv) aon fhógra maidir le cóipcheart nó cearta maoinne intleachtúla eile; (v) Do bheartas próbháideachais; (vi) Do chomhaontú cheadúnaithe úsáideora dheiridh (“EULA”), más ann dó, i gcomhréir le hAlt 3.2 de Sceideal 1; agus (vii) aon mheiteashonra breise atá leagtha amach sa Doiciméadacht agus/nó Uirlis App Store Connect a d'fhéadfaí a nuashonrú ó am go ham, lena n-áirítear meiteashonraí arb é is cuspóir dóibh feabhas a chur ar chuardach agus aimsiú le haghaidh inneachar ar chrua-earraí ar de bhranda Apple iad.

2.2 Soláthróidh Tú gach Feidhmchlár Cheadúnaithe do Apple trí uirlisí bogearraí, seoladh suímh FTP shláin agus/nó modhanna soláthair eile arna bhforordú ag Apple.

2.3 Deimhníonn Tú leis seo go bhfuil na Feidhmchláir Cheadúnaithe ar fad a sholáthraíonn Tú do Apple faoi Sceideal 1 údaraithe lena n-easpórtáil ó na Stáit Aontaithe chuig gach réigiún atá ainmnithe Agat faoi Alt 2.1 de sin, i gcomhréir leis na ceanglais maidir le gach dlí is infheidhme, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do Rialacháin Riarachán Easpórtála na Stát

Aontaithe, 15 C.F.R. Cuid 730-774. Thairis sin, maíonn Tú agus barántaíonn Tú nach bhfuil gach leagan de na Feidhmchláir Cheadúnaithe a sholáthraíonn Tú do Apple faoi réir Rialacháin maidir le Gáinneáil Idirnáisiúnta ar Airm 22 C.F.R. Cuid 120-130 agus níl siad deartha, déanta, mionathruithe nó cumraithe le haghaidh úsáideoirí deiridh nó úsáidí deiridh míleata arna sainmhíniú agus scoipeáil in 15 C.F.R § 744. Gan teorainn a chur le coitiantacht Alt 2.3, deimhníonn Tú (i) nach bhfuil aon chriptiúchán sonraí ná feidhm chripteagrafach le fáil sna Feidhmchláir Cheadúnaithe, atá in úsáid acu nó a dtacaíonn aon cheann díobh leo; nó (ii) sa chás go n-áirítear le haon Fheidhmchláir Cheadúnaithe criptiúchán sonraí nó feidhmiúlacht chripteagrafach den chineál sin, nó go n-úsáideann siad iad nó go dtacaíonn siad leo, deimhníonn Tú go bhfuil Rialacháin Riarachán Easpórtála na Stát Aontaithe comhlíonta agat, agus go bhfuil Tú i seilbh choipeanna PDF de rialachán rangúcháin easpórtála (CCATS) arna eisiúint ag Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe, Biúró Tionscail agus Slándála (“BIS”) nó aon tuarascáil féinrangúcháin arna gcur faoi bhráid BIS, agus údaruithe oiriúnacha ó réigiúin eile lena sainordaítear údaruithe iompórtála don Fheidhmchlár Cheadúnaithe sin, agus go soláthróidh Tú, ar iarratas, iad do Apple, de réir mar a cheanglaítear. Admhaíonn Tú go bhfuil Apple ag brath ar Alt 2.3 a bheith á dheimhniú. Agat chun cead a thabhairt d’úsáideoirí deiridh rochtain a fháil ar na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus iad a íoslódáil faoi Sceideal 1. Seachas mar a fhoráiltear in Alt 2.3, is Apple a bheidh freagrach as ceanglais maidir leis na Rialacháin Riarachán Easpórtála a chomhlíonadh agus cead a thabhairt d’úsáideoirí deiridh rochtain a fháil ar na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus iad a íoslódáil faoi Sceideal 1.

2.4 Is Tusa a bheidh freagrach as rátálacha aoise nó rabhaidh chomhairleacha tuismitheora a chinneadh agus a chur chun feidhme a cheanglaítear le rialacháin rialtais, bo(i)rd rátála, seirbhís(i) nó eagraíocht(aí) eile is infheidhme (agus gach ceann díobh ina “Bhord Rátálacha”) le haghaidh aon inneachar físeáin, teilifíse, cluichíochta nó inneachar eile a thairgtear i D’Fheidhmchlár Cheadúnaithe do gach ceantar sa Chríoch. I gcás inarb infheidhme, is Tusa a bheidh freagrach freisin as aon uirlis srianta inneachair nó feidhmiúlacht fíoraithe aoise a chur ar fáil sula gcumasófar rochtain úsáideoirí deiridh ar inneachar do dhaoine fásta nó inneachar atá rialaithe ar shlí eile laistigh de D’Fheidhmchlár Cheadúnaithe.

3. Úinéireacht agus Ceadúnú Úsáideora Deiridh agus Feidhmchláir Cheadúnaithe a Sholáthar d’Úsáideoirí Deiridh

3.1 Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú go bhfuil Apple, le linn dó feidhmiú mar ghníomhaire agus/nó gníomhaire ar coimisiún Duit, ag óstáil an Fheidhmchláir Cheadúnaithe/na bhFeidhmchlár Cheadúnaithe, nó de bhua Alt 1.2(b) de Sceideal 1 go bhféadfaidh a chur ar chumas tríú páirtithe údaraithe iad a óstáil, agus go bhfuil cead á thabhairt d’úsáideoirí deiridh an Feidhmchlár Cheadúnaithe/na Feidhmchláir Cheadúnaithe sin a íoslódáil thar Do cheann. Mar sin féin, is Tusa atá freagrach as inneachar nó seirbhísí atá díolta nó soláthartha. Agat trí úsáid a bhaint as Ceannacháin lonaípe API, seachas inneachar atá san áireamh san Fheidhmchlár Cheadúnaithe féin (i.e., ní dhíghlasálann an Ceannachán lonaípe ach an t-inneachar) nó inneachar atá óstáilte ag Apple de bhua Alt 3.3 de Cheangaltán 2 a ghabhann leis an gComhaontú. Admhaíonn agus aontaíonn na páirtithe nach sealbhóidh Apple aon leas úinéireachta in aon cheann de na Feidhmchláir Cheadúnaithe nó Faisnéis maidir le Feidhmchlár Cheadúnaithe ná i ndáil leo, agus is Leatsa a bheidh teideal, riosca caillteanais, freagracht as na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus smacht orthu, i gcónaí. Ní fhéadfaidh Apple aon cheann de na Feidhmchláir Cheadúnaithe ná Faisnéis maidir le Feidhmchlár Cheadúnaithe a úsáid le chun aon chríche, nó ar aon slí, seachas mar atá údaraithe go sonrach sa Chomhaontú seo nó i Sceideal 1.

3.2 Féadfaidh Tú EULA de Do chuid a sholáthar do Apple le haghaidh aon Fheidhmchlár Cheadúnaithe ag tráth a sholáthraíonn Tú Feidhmchlár Cheadúnaithe do Apple, i gcomhréir le hAlt 2.1 de Sceideal 1; ar choinníoll, áfach, nach mór go n-áireofar in EULA de Do chuid agus nach bhfuil sé ar neamhréir leis na téarmaí agus coinníollacha íosta atá sonraithe i bhFoilseán B a ghabhann le Sceideal 1 agus ní mór gach dlí is infheidhme a chomhlíonadh i ngach réigiún inar mian Leat go dtabharfaidh Apple cead d’úsáideoirí deiridh an Feidhmchlár Cheadúnaithe sin a íoslódáil. Cuirfidh Apple ar chumas gach úsáideora dheiridh féachaint ar EULA de Do chuid (más

ann) ag tráth a sholáthraíonn Apple an Feidhmchlár Ceadúnaithe sin don úsáideoir deiridh sin, agus tabharfaidh Apple fógra do gach úsáideoir deiridh go bhfuil an úsáid a bhaineann an t-úsáideoir deiridh sin as an bhFeidhmchlár Ceadúnaithe sin faoi réir théarmaí agus choinníollacha EULA de Do chuid (más ann). Sa chás nach soláthraíonn Tú EULA de Do chuid féin le haghaidh aon Fheidhmchlár Ceadúnaithe do Apple, admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú go mbeidh an úsáid a bhaineann an t-úsáideoir deiridh sin as an bhFeidhmchlár Ceadúnaithe sin faoi réir EULA caighdeánach de chuid Apple (atá mar chuid de Théarmaí Seirbhíse App Store).

3.3 Admhaíonn Tú leis seo go bhfuil EULA le haghaidh gach Feidhmchláir Cheadúnaithe idir Tusa agus an t-úsáideoir deiridh agus go bhfuil an dlí is infheidhme á chomhlíonadh aige, agus nach Apple a bheidh freagrach as aon EULA nó aon sárú a dhéanann Tusa nó aon úsáideoir deiridh ar aon cheann de théarmaí agus coinníollacha d'aon EULA, agus nach mbeidh sé faoi aon dlíteanas ina leith.

3.4 Mar atá sonraithe i dTreoirlíne 3.1.3(a) Feidhmchláir “Reader”, féadfaidh Feidhmchlár Ceadúnaithe ábhar a léamh nó a sheinm (go sonrach: irisleabhair, nuachtáin, leabhair, fuaim, ceol agus físeán) a thairgtear lasmuigh den Fheidhmchlár Ceadúnaithe (cosúil le, mar shampla, trí Do shuíomh gréasáin) ar choinníoll, seachas i gcomhéadan na Stát Aontaithe, áit nach bhfuil an toirmeasc seo i bhfeidhm, ní nascann Tú le nó ní dhéanann tú margaíocht ar thairiscintí seachtracha d'ábhar den chineál sin laistigh den Fheidhmchlár Ceadúnaithe. Is Tusa atá freagrach as rochtain fíordheimhnithe ar inneachar a fhaightear lasmuigh den Fheidhmchlár Ceadúnaithe.

3.5 A mhéid a thacaíonn Tú agus a thairgeann Tú síntiúis ionaípe, ní mór Duit déanamh amhlaidh ar shlí a gcomhlíonann Tú gach ceanglas dlí agus rialála.

3.6 Má tá D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe bunaithe ar inneachar tréimseacháin (m.sh., irisleabhair agus nuachtáin), d'fhéadfadh Apple ainm, seoladh ríomhphoist agus cód poist a sholáthar Duit a bhaineann le cuntas úsáideoir deiridh nuair a iarrann sé síntiús uath-athnuachana trí Ceannacháin Ionaípe API, ar choinníoll go dtoilíonn an t-úsáideoir sin sonraí a sholáthar Duit, agus ar choinníoll nach bhféadfaidh Tú sonraí a úsáid ach chun Do chuid táirgí féin a chur chun cinn agus é sin a dhéanamh ar shlí a gcomhlíonann Tú Do Bheartas Príobháideachais atá postáilte go poiblí, cóip de nach mór a bheith le fáil le féachaint air agus toilithe dó i D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe.

4. Srianata Inneachair agus Rátáil Bogearraí

4.1 Maíonn Tú agus barántaíonn Tú an méid seo a leanas: (a) tá an ceart Agat chun an Comhaontú seo a dhéanamh, chun gach Feidhmchlár Ceadúnaithe a atáirgeadh agus a dháileadh, agus chun údarás a thabhairt do Apple cead a thabhairt d'úsáideoirí deiridh gach Feidhmchlár Ceadúnaithe a íoslódáil agus a úsáid trí cheann amháin nó níos mó de App Store nó Suíomh Dáileacháin Feidhmchláir Shaincheaptha; (b) ní sháraíonn aon cheann de na Feidhmchláir Cheadúnaithe ná úsáidí ceadaithe úsáideoirí deiridh ná Apple aon phaitinn, cóipcheart, trádmharc, rún ceirde ná maoin intleachtúil eile ná ceart conarthach aon duine, gnólachta, corparáide ná eintitis eile nach bhfuil na Feidhmchláir Cheadúnaithe á soláthar Agat do Apple thar ceann tríú páirtí amháin nó níos mó; (c) ní sháraíonn aon cheann de na Feidhmchláir Shaincheaptha ná d'úsáidí ceadaithe Apple ná úsáideoirí deiridh na bhFeidhmchlár Saincheaptha sin aon phaitinn, cóipcheart, trádmharc, rún ceirde ná maoin intleachtúil ná ceart conarthach aon duine, gnólachta, corparáide nó eintitis eile nach bhfuil na Feidhmchláir Shaincheaptha á soláthar Agat do Apple thar ceann tríú páirtí amháin nó níos mó seachas faoi cheadúnas atá faighte ó thríú páirtí amháin nó níos mó faoi réir Théarmaí Apple maidir le hArdinneachar agus/nó Dáileachán Feidhmchláir Shaincheaptha; (d) tá gach Feidhmchlár Ceadúnaithe údaráithe lena ndáileadh, lena ndíol agus lena n-úsáid i ngach réigiún atá ainmnithe Agat faoi Alt 2.1 de Sceideal 1 agus lena n-easpórtáil agus lena n-iompórtáil chucu, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na réigiún sin agus gach rialachán easpórtála/iompórtála is infheidhme; (e) níl aon ábhar gáirsiúil, gránna nó ábhar eile atá toirmiscithe nó srianata faoi dhlíthe nó rialacháin

aon réigiún atá ainmnithe Agat faoi Alt 2.1 de Sceideal 1 sna Feidhmchláir Shaincheaptha; (f) tá an fhaisnéis ar fad a sholáthraíonn Tú trí uirlis App Store Connect, lena n-áirítear aon fhaisnéis a bhaineann leis na Feidhmchláir Cheadúnaithe, cruinn agus, mura mbíonn aon fhaisnéis den chineál sin cruinn a thuilleadh, nuashonróidh Tú é go pras trí uirlis App Store Connect a úsáid chun a chinntiú go bhfuil sí cruinn; agus (g) sa chás go mbíonn díospóid ann maidir le hinneachar Do chuid Feidhmchlár Cheadúnaithe nó an úsáid a bhaineann Tú as Do mhaoin intleachtúil ar App Store nó Suíomh Dáileacháin Feidhmchláir Shaincheaptha, aontaíonn Tú cead a thabhairt do Apple D'Fhaisnéis teagmháil a chomhroinnt leis an bpáirtí a bhfuil an díospóid sin á chomhdú aige agus próiseas díospóide feidhmchláir Apple a chomhlíonadh ar bhonn neamheisiach agus gan a chearta dlí a bheith á dtarscaoileadh ag aon pháirtí.

4.2 Úsáidfídh Tú an tacar uirlis rátála bogearraí atá le fáil ar App Store Connect chun faisnéis a sholáthar maidir le gach Feidhmchlár Cheadúnaithe soláthartha Agat chun margú agus comhlíonadh ag Apple trí App Store nó ar Shuíomh Dáileacháin Feidhmchláir Shaincheaptha faoi Sceideal 1 chun rátáil a shannadh do gach Feidhmchlár Cheadúnaithe den chineál sin. Chun rátáil a shannadh do gach ceann de na Feidhmchláir Cheadúnaithe, déanfaidh Do dhícheall chun faisnéis cheart agus iomlán a chur ar fáil maidir le hinneachar an Fheidhmchláir Cheadúnaithe sin leis an uirlis rátála bogearraí. Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú go bhfuil Apple ag brath ar an méid seo a leanas: (i) Do mhacánta agus dícheall i ndáil leis an bhfaisnéis iarrtha do gach Feidhmchlár Cheadúnaithe a sholáthar go cruinn agus go hiomlán; agus (ii) Do ghealltanais agus Do bharántaí in Alt 4.1 de, i ndáil leis an bhFeidhmchlár Cheadúnaithe sin a chur ar fáil lena íoslódáil ag úsáideoirí deiridh i ngach réigiún a ainmníonn Tú thíos. Thairis sin, tugann Tú údarás do Apple chun rátáil aon Fheidhmchlár Cheadúnaithe de Do chuid a bhfuil rátáil mhícheart sannta dó a cheartú; agus aontaíonn Tú le haon rátáil cheartaithe den chineál sin.

4.3 Sa chás go gceanglaíonn aon réigiún a ainmníonn Tú thíos ceadú nó rátáil aon Fheidhmchláir Cheadúnaithe á déanamh ag aon rialtas nó gníomhaireacht rialála tionscail mar choinníoll a bhaineann le dáileachán agus/nó úsáid an Fheidhmchláir Cheadúnaithe sin, admhaíonn agus aontaíonn Tú go bhféadfadh Apple cinneadh a dhéanamh gan an Feidhmchlár Cheadúnaithe sin a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh sa réigiún sin lena íoslódáil ó aon App Store nó ó Shuíomh Dáileacháin Feidhmchláir Shaincheaptha.

5. Freagracht agus Dlíteanas

5.1 Ní ar Apple a bheidh aon fhreagracht as suiteáil an Fheidhmchláir Cheadúnaithe agus/nó úsáid a bheith á baint ag aon úsáideoir deiridh as. Is Ortsa amháin a bheidh an fhreagracht as aon agus gach baránta táirge, cuidiú úsáideora dheiridh agus tacaíocht táirge a bhaineann le gach ceann de na Feidhmchláir Cheadúnaithe.

5.2 Is Ortsa amháin a bheidh an fhreagracht as aon agus gach éileamh, agra, dlíteanas, caillteanas, damáiste, costas agus speansas a eascróidh as na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus/nó úsáid a bheith á baint ag an úsáideoir deiridh as na Feidhmchláir Cheadúnaithe sin, nó a bhainfidh leo, agus ní ar Apple a bheidh aon fhreagracht astu agus ní Apple a bheidh faoi dlíteanas ina leith, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta: (i) d'éilimh maidir le baránta a shárú, beag beann an bhfuil siad sonraithe in EULA nó bunaithe faoi dhlí is infheidhme; (ii) d'éilimh maidir le dlíteanas táirge; agus (iii) d'éilimh go sáraíonn aon cheann de na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus/nó seilbh úsáideoir deiridh nó úsáid úsáideoir deiridh na bhFeidhmchláir Cheadúnaithe sin cóipcheart nó cearta maoin intleachtúil eile aon tríú páirtí.

6. Foirceannadh

6.1 Foirceannfar Sceideal 1, agus oibleagáidí uile de chuid Apple thíos, ar éag nó foirceannadh an Chomhaontaithe.

6.2 Sa chás nach bhfuil an ceart dlí Agat a thuilleadh chun na Feidhmchláir Cheadúnaithe a dháileadh nó chun údarás a thabhairt do Apple rochtain úsáideoirí deiridh a údarú ar na

Feidhmchláir Cheadúnaithe sin, i gcomhréir le Sceideal 1, tabharfaidh Tú fógra do Apple go pras agus tarraingeoidh Tú siar na Feidhmchláir Cheadúnaithe sin ó App Store nó Suíomh Dáileacháin Feidhmchláir Shaincheaptha trí úsáid a bhaint as na huirlisí a sholáthraítear ar shuíomh App Store Connect; ar choinníoll, áfach, nach gciallóidh a leithéid de tharraingt siar á déanamh Agat faoi Alt 6.2 go mbainfear aon cheann de Do chuid oibleagáidí do Apple faoi Sceideal 1 nó aon dlíteanas do Apple agus/nó d'aon úsáideoir deiridh Díot maidir leis na Feidhmchláir Cheadúnaithe sin.

6.3 Forchoimeádann Apple an ceart chun deireadh a chur le margú, tairgeadh na bhFeidhmchlár Cheadúnaithe agus cead a thabhairt d'úsáideoirí deiridh na bhFeidhmchlár Cheadúnaithe é a íoslódáil tráth ar bith, ar aon chúis nó gan aon chúis, trí fhógra foirceanntha a thabhairt Duit. Gan teorainn a chur le coitiantacht Alt 6.3, admhaíonn Tú go bhféadfadh Apple deireadh a chur le cead a thabhairt d'úsáideoirí deiridh roinnt de na Feidhmchláir Cheadúnaithe ó na Feidhmchláir Cheadúnaithe ar fad, nó bearta eatramhacha eile a dhéanamh de réir lánrogha Apple féin, má tá údar réasúnach ag Apple a cheapadh, bunaithe ar athbhreithniú daonna agus/nó córasach agus lena n-áirítear ach gan bheith teoranta d'fhógra a gheofar faoi dhíthe is infheidhme: (i) nach bhfuil na Feidhmchláir Cheadúnaithe sin údaraithe lena n-easpórtáil chuig ceann de na réigiúin nó níos mó atá ainmnithe Agat faoi Alt 2.1 de sin, i gcomhréir leis na Rialachán Riaracháin Easpórtála nó le srianta eile; (ii) go sáraíonn na Feidhmchláir Cheadúnaithe sin agus/nó seilbh úsáideoir deiridh bhFeidhmchlár Cheadúnaithe sin agus/nó úsáid úsáideoir deiridh na bhFeidhmchlár Cheadúnaithe sin, paitinn, cóipcheart, trádmharc, rún ceirde nó cearta maoin intleachtúil eile aon tríú páirtí; (iii) go sáraíonn dáileachán agus/nó úsáid na bhFeidhmchlár Cheadúnaithe sin aon dlí is infheidhme in aon réigiún a ainmníonn Tú faoi Alt 2.1 de Sceideal 1; (iv) go bhfuil téarmaí an Chomhaontaithe, Sceideal 1 nó doiciméadacht eile sáraithe Agat lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do Threoirlínte maidir le hAthbhreithniú ar Fheidhmchláir nó (v) go bhfuil Tusa nó aon duine atá ag déanamh ionadaíochta Duit nó Do chuideachta faoi réir smachtbhannaí aon réigiúin ina bhfeidhmíonn Apple. Ní chiallóidh cinneadh a dhéanfaidh Apple deireadh a chur le haon Fheidhmchlár Cheadúnaithe, de bhua Alt 6.3, go mbainfear Do chuid oibleagáidí faoi Sceideal 1 Díot.

6.4 Féadfaidh Tú gach Feidhmchlár Cheadúnaithe nó aon Fheidhmchlár Cheadúnaithe a tharraingt siar ó App Store nó Suíomh Dáileacháin Feidhmchláir Shaincheaptha, tráth ar bith, agus ar chúis ar bith, trí úsáid a bhaint as na huirlisí a sholáthraítear ar shuíomh App Store Connect, seachas, maidir le Do chuid úsáideoirí deiridh, go dtugann Tú údarás agus go n-ordaíonn Tú leis seo do Apple, Alt 1.2(b), (c) agus (d) de Sceideal 1 a chomhlíonadh, a bheidh fós ar marthain i ndiaidh fhoirceannadh nó éag an Chomhaontaithe mura dtugann Tú a mhalairt le fios de bhua Alt 4.1 agus 6.2 de Sceideal 1.

7. Iarmhairtí Dlíthiúla

D'fhéadfadh sé go mbeadh iarmhairtí dlíthiúla tábhachtacha ag an gcaidreamh a bhunaítear idir Tusa agus Apple sa Sceideal 1 seo i ndáil Leat féin. Admhaíonn Tú agus aontaíonn Tú gur Tusa atá freagrach as dul i gcomhairle le Do chomhairleoirí dlí maidir le Do chuid Oibleagáidí dlí thíos.

FOILSEÁN A

(a ghabhann le Sceideal 1)

1. Apple mar Ghníomhaire

Ceapann Tú Apple Canada, Inc. ("Apple Canada") mar Do ghníomhaire le haghaidh mhargú na bhFeidhmchlár Ceadúnaithe agus íoslódáil na bhFeidhmchlár sin atá á ndéanamh ag úsáideoirí deiridh atá lonnaithe sna réigiúin seo a leanas:

Ceanada

Ceapann Tú Apple Pty Limited ("APL") mar Do ghníomhaire le haghaidh mhargú na bhFeidhmchlár Ceadúnaithe agus íoslódáil na bhFeidhmchlár sin atá á ndéanamh ag úsáideoirí deiridh atá lonnaithe sna réigiúin seo a leanas:

An Astráil
An Nua-Shéalainn

Ceapann Tú Apple Inc. mar Do ghníomhaire de bhua Chód Sibhialta California §§ 2295 *et seq.* le haghaidh mhargú na bhFeidhmchlár Ceadúnaithe agus íoslódáil na bhFeidhmchlár sin atá á ndéanamh ag úsáideoirí deiridh atá lonnaithe sna réigiúin seo a leanas:

Na Stáit Aontaithe

Ceapann Tú Apple Services LATAM LLC mar Do ghníomhaire de bhun Chód Sibhialta California §§ 2295 *et seq.* le haghaidh mhargú na bhFeidhmchlár Ceadúnaithe agus íoslódáil na bhFeidhmchlár sin atá á ndéanamh ag úsáideoirí deiridh atá lonnaithe sna réigiúin seo a leanas:

An Airgintín*	Antigua agus	Meicsiceo*	Panama*
An Bheilís	Barbúda	Montsarat	Paragua*
An Bholaiú*	Barbadós	Na Bahámaí	Peiriú*
An Bhrasaíl*	Beirmiúda	Nicearagua*	Saint Lucia
An Cholóim*	Cósta Ríce*	Oileáin Bhriotanacha	San Críostóir-
An Ghuáin	Doiminice	na Maighdean	Nimheas
An Phoblacht	Eacuadór*	Oileáin Cayman	San Uinseann agus
Dhoiminiceach*	Greanáda	Oileáin na dTurcach	na Greanáidíní
An tSalvadór*	Guatamala*	agus Caicos	Suranam
An tSile*	Hondúras*	Oileán na Tríonóide	Uragua
Angaile	Iamáice	agus Tobága	Veiniséala*

* Níl Feidhmchláir Shaincheaptha ar fáil ach sna réigiúin seo.

Ceapann Tú iTunes KK mar Do ghníomhaire de bhua Airteagal 643 de Chód Sibhialta na Seapáine le haghaidh mhargú na bhFeidhmchlár Ceadúnaithe agus íoslódáil na bhFeidhmchlár sin atá á ndéanamh ag úsáideoirí deiridh atá lonnaithe sna réigiúin seo a leanas:

An tSeapáin

2. Apple mar ghníomhaire ar coimisiún

Ceapann Tú Apple Distribution International Ltd. mar Do ghníomhaire ar coimisiún le haghaidh mhargú na bhFeidhmchlár Ceadúnaithe agus íoslódáil na bhFeidhmchlár sin atá á ndéanamh ag úsáideoirí deiridh atá lonnaithe sna réigiúin seo a leanas, arna nuashonrú ó am go ham trí

shuíomh App Store Connect. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallaíonn “gníomhaire ar coimisiún” gníomhaire a airbheartaíonn go bhfheidhmíonn sé thar a cheann féin agus a chuireann comhaontuithe i gcrích ina ainm féin ach go ngníomhaíonn thar ceann daoine eile, mar a aithnítear go ginearálta in go leor córas dlíthiúil Dlí Shíbhialta

AEA*	An Ghréig*	An Tansáin	Hong Cong*
An Afganastáin	An Iaráic	An Téalainn*	Iosrael*
An Afraic Theas	An India	An Téaváin*	Laitvia*
An Ailgéir	An Indinéis	An tSaimbia	Lucsamburg*
An Airméin	An Iodáil*	An tSeineagáil	Madagascar
An Albáin	An Iordáin	An tSeirbia	Mailí
An Araib Shádach*	An Iorua*	An tSeoirsia	Maracó
An Asarbaiseáin	An Íoslainn*	An tSín*	Montainéagró
An Bhealarúis	An Ísiltír*	An tSiombáib	Mósaimbíc
An Bheilg*	An Libéir	An tSlóivéin*	Na hOileáin
An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	An Libia	An tSlóvaic*	Philipíneacha*
An Bhotsuáin	An Liobáin	An tSualainn*	Na Séiséil
An Bhulgáir*	An Liotuáin*	An tSuasalainn	Oileán Mhuirís
An Chasacstáin	An Mhacadóin	An Túinéis	Óman
An Chéinia	An Mhalaeisia*	An Tuirc*	Poblacht an Chongó
An Chipir*	An Mhaláiv	An Tuircméanastáin	Poblacht
An Chirgeastáin	An Mháratáin	An Úcráin*	Dhaonlathach an Chongó
An Chosaiv	An Mholdóiv	An Úisbéiceastáin	Poblacht Mhálta*
An Chróit	An Namaib	An Ungáir	Poblacht na Seice
An Cósta Eabhair	An Nigéir	Angóla	Rinn Verde
An Danmhairg*	An Nígir	Bairéin*	Ruanda
An Eastóin*	An Ostair	Beinin	São Tomé agus Príncipe
An Éigipt*	An Phacastáin	Buircíne Fasó	Sead
An Eilvéis*	An Pholainn	Camarún	Siarra Leon
An Fhionlainn*	An Phortaingéil	Catar*	Singeapór*
An Fhrainc*	An Ríocht Aontaithe*	Cuáit	Uganda
An Ghabúin	An Rómáin*	Éimin	Vítneam*
An Ghaimbia	An Rúis*	Éire*	
An Ghearmáin*	An Spáinn*	Gána	
	An Táidsíceastáin	Guine Bissau	

Ceapann Tú Apple Services Pte. Ltd. mar Do ghníomhaire ar coimisiún le haghaidh mhargú na hAipeanna Ceadúnaithe agus íoslódáil na hAipe sin atá á ndéanamh ag úsáideoirí deiridh atá lonnaithe sna réigiúin a shainaithnítear thíos, arna nuashonrú ó am go ham trí shuíomh App Store Connect:

An Bhútáin	Fidsí	Neipeal	Srí Lanca
An Chambóid	Laos	Nua-Ghuine Phapua	Stáit Chónaidhme na Micrinéise
An Chóiré*	Macau	Oileáin Mhaildíve	Tonga
An Mhongóil	Maenmar	Oileáin Palau	Vanuatú
Brúiné	Nárú	Oileáin Sholaimh	

*Níl Aipeanna Saincheaptha ar fáil ach sna réigiúin seo.

FOILSEÁN B
(a ghabhann le Sceideal 1)
Treoracha maidir le Téarmaí Íosta Forbróra
Comhaontú Ceadúnaithe Úsáideora Dheiridh

- 1. Admháil:** Ní mór Duitse agus don úsáideoir deiridh a admháil go bhfuil EULA curtha i gcrích idir Tusa agus an t-úsáideoir deiridh amháin, agus ní le Apple, agus gur Ortsa amháin atá an fhreagracht, ní ar Apple, as an bhFeidhmchlár Ceadúnaithe agus as a inneachar. Ní fhéadfar foráil a dhéanamh in EULA i leith rialacha úsáide maidir le Feidhmchláir Cheadúnaithe atá i gcoinbhleacht le Téarmaí agus Coinníollacha Apple Media Services nó Téarmaí maidir le hArdinneachar ón Dáta Éifeachtach (rud a admhaíonn Tú go raibh deis Agat féachaint orthu).
- 2. Raon Feidhme an Cheadúnais:** Ní mór go mbeidh an ceadúnas atá deonaithe don úsáideoir deiridh don Fheidhmchlár Ceadúnaithe teoranta do cheadúnas neamh-inaistrithe chun an Feidhmchlár Ceadúnaithe a úsáid ar aon Táirge ar de bhranda Apple é atá faoi úinéireacht an úsáideora dheiridh nó faoi rialú aige agus de réir mar a cheadaítear sna Rialacha Úsáide atá leagtha amach i dTéarmaí agus Coinníollacha Apple Media Services, seachas go bhféadfaidh cuntais eile atá nasctha leis an gceannaitheoir trí Family Sharing, ardcheannach nó Legacy Contacts rochtain a fháil ar an bhFeidhmchlár Ceadúnaithe sin, é a fháil agus é a úsáid.
- 3. Cothabháil agus Tacaíocht:** Ní mór gur Ortsa amháin a bheidh an fhreagracht as aon seirbhís chothabhála agus tacaíochta a bhaineann leis an bhFeidhmchlár Ceadúnaithe, mar a shonraítear in EULA nó mar a cheanglaítear faoi dhlí is infheidhme. Ní mór go n-admhóidh Tusa agus an t-úsáideoir deiridh nach mbeidh aon oibleagáid ar Apple aon seirbhís chothabhála agus tacaíochta a sholáthar i ndáil leis an bhFeidhmchlár Ceadúnaithe.
- 4. Baránta:** Ní mór gur Tusa amháin a bheidh freagrach as aon bharánta táirgí, sainráite nó intuigthe de réir dlí, a mhéid nach séantar go héifeachtach é. Ní mór foráil a dhéanamh in EULA, sa chás go dteipeann ar aon Fheidhmchlár Ceadúnaithe aon bharánta is infheidhme a chomhlíonadh, go bhféadfaidh an t-úsáideoir deiridh fógra a thabhairt do Apple, agus aisiócfaidh Apple praghas ceannaigh an Fheidhmchláir Cheadúnaithe leis an úsáideoir deiridh sin; agus, a mhéid a cheadaítear le dlí is infheidhme, ní bheidh aon oibleagáid bharánta eile ar Apple maidir leis an bhFeidhmchlár Ceadúnaithe, agus gur Ortsa amháin a bheidh an fhreagracht as aon éileamh, caillteanas, dliteanas, damáiste, costas nó speansas eile a bhaineann le haon mhainneachtain aon bharánta a chomhlíonadh.
- 5. Éilimh Táirge:** Ní mór Duitse agus don úsáideoir deiridh a admháil, gur Tusa, nach Apple, a bheidh freagrach as déileáil le haon éileamh a dhéanfaidh an t-úsáideoir deiridh nó aon tríú páirtí maidir leis an bhFeidhmchlár Ceadúnaithe nó seilbh agus/nó úsáid an Fheidhmchláir Cheadúnaithe sin á déanamh ag an úsáideoir deiridh, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta: (i) d'éilimh maidir le dliteanas i leith táirgí; (ii) d'aon éileamh go dteipeann ar an bhFeidhmchlár Ceadúnaithe aon cheanglas dlí nó rialála is infheidhme a chomhlíonadh; agus (iii) d'éilimh a thagann chun cinn faoi reachtaíocht cosanta tomhaltóirí nó reachtaíocht den chineál céanna, lena n-áirítear maidir leis an úsáid a bhaineann D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe nó Saincheaptha as creatlacha HealthKit agus HomeKit. Ní fhéadfar teorainn a chur le Do dhliteanas don úsáideoir deiridh le EULA seachas mar a cheadaítear le dlí is infheidhme.
- 6. Cearta Maoine Intleachtúla:** Ní mór Duitse agus don úsáideoir deiridh a admháil, sa chás go ndéantar aon éileamh tríú páirtí go sáraíonn an Feidhmchlár Ceadúnaithe nó seilbh agus úsáid an úsáideora deiridh, maidir leis an bhFeidhmchlár Ceadúnaithe, cearta maoine intleachtúil an tríú páirtí sin, is Ortsa amháin, ní ar Apple, a bheidh an fhreagracht as imscrúdú, cosaint, réiteach agus urscaoileadh aon éileamh dá leithéid maidir le maoine intleachtúil a bheith á shárú.
- 7. Comhlíonadh Dlí:** Ní mór don úsáideoir deiridh a mhaíomh agus a bharántú (i) nach mbeidh an t-úsáideoir deiridh lonnaithe i réigiún atá faoi réir lánchosc Rialtas SAM nó atá

ainmnithe ag Rialtas SAM mar réigiún “a thacaíonn le sceimhlitheoirí”; agus (ii) nach mbeidh an t-úsáideoir deiridh liostaithe ar aon liosta de chuid Rialtas SAM ná de pháirtithe toirmiscthe nó srianta.

8. Ainm agus Seoladh an Fhorbróra: In EULA, ní mór Duit D’ainm agus Do sheoladh a shonrú, mar aon leis an bhfaisnéis teagmhála (uimhir ghutháin; seoladh ríomhphoist) ar ar cheart aon cheist, gearán nó éileamh an úsáideora dheiridh a dhíriú maidir leis an bhFeidhmchlár Ceadúnaithe.

9. Téarmaí Tríú Páirtí maidir leis an gComhaontú: Ní mór Duit a shonrú in EULA go gcomhlíonfaidh an t-úsáideoir deiridh téarmaí tríú páirtí is infheidhme maidir leis an gcomhaontú nuair a bhíonn D’Fheidhmchlár in úsáid, m.sh., má bheidh feidhmchlár VoIP Agat, níor cheart don úsáideoir deiridh a chomhaontú seirbhísí sonraí gan sreang a shárú nuair a bhíonn D’Fheidhmchlár in úsáid.

10. Tairbhí Tríú Páirtí: Ní mór Duitse agus don úsáideoirí deiridh a admháil agus a aontú gur tairbhíthe tríú páirtí de EULA iad Apple agus fochuideachtaí Apple, agus, nuair a ghlacfaidh an t-úsáideoir deiridh le téarmaí agus coinníollacha EULA, go mbeidh an ceart ag Apple (agus go measfar go nglacfaidh sé leis an gceart) EULA a fhorfheidhmiú i gcoinne an úsáideora deiridh mar thairbhí tríú páirtí de sin.

FOILSEÁN C
(a ghabhann le Sceideal 1)
Téarmaí maidir le Cóid Phromóisin App Store

D'ainneoin aon fhoráil eile den Chomhaontú seo nó de Sceideal 1, aontaíonn Tú leis seo go mbeidh na téarmaí seo a leanas i bhfeidhm maidir le gach Cóid Promóisin App Store ("Cóid Phromóisin") a iarrfaidh Tú trí uirlis App Store Connect. Chun críocha Fhoilseán C, áireofar leis an téarma "Tú, Tusa" gach ball breise d'Fhoireann App Store Connect de Do chuid (m.sh., daoine aonair a bhfuil ról mhargaithe agus theicniúla acu).

Seachas mar a shonraítear ar shlí eile i scríbhinn anseo istigh, ní fhorléireofar go ndéanfaidh aon rud i bhFoilseán C mionathrú ar an gComhaontú nó ar Sceideal 1 ar aon slí, agus beidh na bríonna céanna atá leagtha amach sa Chomhaontú maidir leis an gClár ag gach téarma a scríobhtar ina gceannlitreacha ach nach sainmhínítear thíos.

1. SAINMHÍNIÚ:

Ciallaíonn "Sealbhóir" duine aonair atá lonnaithe i gCríoch ina bhfuil Cóid Promóisin amháin nó níos mó á sholáthar Agat;

Ciallaíonn "Cód Promóisin" cód alfa-uimhriúil uathúil a ghineann agus a sholáthraíonn Apple Duit de bhua Fhoilseán C a cheadaíonn don Sealbhóir ar custaiméir de chuid App Store é, an Feidhmchlár Ceadúnaithe, ar lena aghaidh atá an cód sin iarrtha Agat trí uirlis App Store Connect, a íoslódáil nó rochtain a fháil air gan chostas ó App Store ("Inneachar an Phromóisin"); agus

Ciallaíonn "Tréimhse Éifeachtach" an tréimhse idir Dáta Gníomhachtaithe an Chóid Promóisin agus Dáta Éaga an Chóid Promóisin.

2. ÚDARÚ AGUS OIBLEAGÁIDÍ: Leis seo, tugann Tú údarás agus ordaíonn Tú do Apple chun Cóid Phromóisin a sholáthar Duit ar iarratas, de bhua théarmaí Fhoilseán C, agus glacann Tú le freagracht iomlán as a chinntiú go gcloifidh aon bhall foirne a iarrann cóid den chineál sin le téarmaí Fhoilseán C. Is Tusa a bheidh freagrach as gach ceadúnas agus cead riachtanach a fháil a bhaineann le húsáid na gCód Promóisin agus an Fheidhmchláir Cheadúnaithe, lena n-áirítear aon úsáid a bhaineann Tú as ainm(neacha) nó táscairí eile an Fheidhmchláir Cheadúnaithe, nó ainm(neacha) nó cosúlachtaí an duine/na ndaoine atá ag déanamh nó atá le feiceáil ar shlí eile san Fheidhmchlár Cheadúnaithe, in aon ábhar fógraíochta, margaíochta nó ábhar promóisin eile, in aon chineál meán agus i ngach cineál meán. Forchoimeádann Apple an ceart chun cóipeanna de cheadúnais agus de cheadanna den chineál sin a iarraidh agus iad a fháil Uait, tráth ar bith, le linn na Tréimhse Éifeachtaí.

3. GAN ÍOCAÍOCHT: Seachas Do chuid oibleagáidí atá leagtha amach in Alt 10 d'Fhoilseán C, níl Tú faoi oibleagáid aon choimisiún a íoc le Apple as na Cóid Phromóisin.

4. SOLÁTHAR: Ar iarratas Uait trí uirlis App Store Connect, soláthróidh Apple na Cóid Phromóisin go leictreonach Duit trí App Store Connect, ríomhphost nó modh eile a chuirfidh Apple in iúl.

5. DÁTA GNÍOMHACHTAITHE AN CHÓID PROMÓISIN: Beidh Cóid Phromóisin gníomhach lena n-úsáid ag Sealbhóirí nuair a sholáthrófar iad Duit.

6. DÁTA ÉAGA AN CHÓID PROMÓISIN: Rachaidh gach Cóid Promóisin neamhúsáidte, beag beann ar cuireadh i bhfeidhm maidir le Cuntas Apple iad, in éag ag meán oíche 11:59 PT ag an dáta: (a) roimh an dáta atá ocht lá is fiche (28) i ndiaidh sholáthar na gCód Promóisin; nó (b) roimh fhoirceannadh an Chomhaontaithe.

7. ÚSÁID CHEADAITHE: Ní fhéadfaidh Tú na Cóid Phromóisin a dháileadh go dtí go mbeidh an dáta sin atá deich (10) lá féilire roimh Dháta Éaga an Chóid Promóisin ach chun samplaí an fheidhmchláir a thairiscint le haghaidh léirmheas meán nó chun críoch promóisin. Ní fhéadfaidh Tú na Cóid Phromóisin a dháileadh ar Shealbhóirí in aon Chríoch nach bhfuil cead Agat D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe a dhíol nó a dháileadh inti.

8. ÁBHAIR BHREISE: Ní Apple a bheidh freagrach as aon ábhar a bhaineann leis na Cóid Phromóisin seachas na Cóid Phromóisin féin a fhorbairt agus a tháirgeadh.

9. MAÍOMH, BARÁNTAÍ AGUS SLÁNÚ: Maíonn Tú agus barántaíonn Tú an méid seo a leanas: (i) Tá na cearta riachtanacha ar fad chun na cearta, ceadúnais agus ceadanna atá liostaithe in Alt 2 faoi D'úinéireacht nó faoi rialú Agat, agus ní sháróidh feidhmiú cearta, ceadúnais agus ceadanna den chineál sin cearta aon tríú páirtí, agus (ii) beidh aon úsáid a bhainfear as na Cóid Phromóisin i gcomhréir le téarmaí Fhoilseán C agus ní sháróidh siad aon cheart tríú páirtí nó aon dlí, treoir, rial agus rialachán is infheidhme d'aon údarás rialtais sa Chríoch nó in aon áit eile ar domhan. Aontaíonn Tú Apple, a fhochuideachtaí agus cleamhnaithe (agus a gcuid stiúrthóirí, oifigeach agus fostaithe faoi seach) a shlánú agus a shéanadh maidir le gach caillteanas, dliteanas, damáiste nó speansas (lena n-áirítear táillí agus costais réasúnacha aturnaetha) a eascraíonn as aon éileamh, áitiú, gníomh nó imeacht eile a eascraíonn as sárú an mhaímh agus na mbarántaí atá leagtha amach san Alt seo, nó as sárú ar aon théarma eile den Chomhaontú agus den Sceideal 1 seo.

10. TARSCAOILEADH ÍOCAÍOCHTA: Tarscaoileann Tú leis seo an ceart chun aon dleacht, fáltas nó luach saothair a bhailiú le haghaidh dáileachán nó íoslódáil an Fheidhmchláir Cheadúnaithe trí na Cóid Phromóisin, beag beann an mbeadh aon luach saothair iniúchtha ar shlí eile faoin gComhaontú, lena n-áirítear Sceideal 1 a ghabhann leis, más infheidhme. Admhaíonn na páirtithe, idir Apple agus Tusa, go leagfar amach sa Chomhaontú freagrachtaí faoi seach na bpáirtithe as íocaíocht dleachtanna nó íocaíochtaí cosúla eile le tríú páirtithe maidir le dáileachán agus íoslódáil an Fheidhmchláir Cheadúnaithe trí na Cóid Phromóisin.

11. TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA: Ina theannta sin, aontaíonn Tú leis na téarmaí seo a leanas:

(a) Ní dhíolfaidh Tú na Cóid Phromóisin ná ní ghlacfaidh Tú le haon chineál íocaíochta, trádáil chomhchineáil nó cúiteamh eile maidir le dáileachán na gCód Promóisin agus toirmiscfidh Tú tríú páirtithe déanamh amhlaidh.

(b) Ní chiallóidh aon ní i bhFoilseán C go mbeidh páirtithe ag feidhmiú mar chomhpháirtithe, comhfhiontraithe nó comhúinéirí, ná ní ghlacfar le ceachtar de na páirtithe mar ghníomhaire, fostaí nó ionadaí don cheann eile, ná ní údaróidh ceachtar de na páirtithe an páirtí eile chun gníomhú thar a cheann, chun aon oibleagáid a cheangal nó a chruthú ar shlí eile thar a cheann nó glacadh lena leithéid, maidir le haon idirbheart faoi Fhoilseán C; ar choinníoll, áfach, nach mbeidh tionchar ag aon ní in Alt 11(b) ar chearta agus oibleagáidí faoi seach ceachtar de na Páirtithe, nach cuirfidh siad as dóibh nó nach ndéanfaidh siad mionathrú orthu, lena n-áirítear an caidreamh gníomhaireachta nó gníomhaire ar coimisiún eatarthu faoi Sceideal 1, 2 agus 3 den Chomhaontú.

(c) Nochtfaidh Tú aon srianadh aoise inneachair nó aon rabhadh go soiléir a cheanglaítear de réir dlí sna Críocha agus cinnteoidh Tú nach mbeidh Cóid Phromóisin á ndáileadh ach ar dhaoine a bhfuil aois oiriúnach acu agus ar shlí atá i gcomhréir le rátáil App Store don Fheidhmchlár Cheadúnaithe gaolmhar.

(d) Iompróidh Tú ar shlí ionraic agus eiticiúil agus ní dhéanfaidh Tú aon ráiteas, ó bhéal nó i scríbhinn, ná ní dhéanfaidh Tú aon gníomh nó ní ghlacfaidh Tú páirt in aon gníomhaíocht atá gránna, neamhdhleathach nó a spreagann iompar neamhdhleathach nó contúirteach, nó a

d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le Apple nó a ghnó a cháineadh, dímheas a léiriú orthu nó dochar a dhéanamh dóibh.

(e) Ní Apple a bheidh freagrach as aon tacaíocht theicniúil nó custaiméara a sholáthar Duit nó do Shealbhóirí sa bhreis ar an méid a sholáthraíonn Apple d'úsáideoirí caighdeánacha nó gnáthúsáideoirí App Store.

(f) Aontaíonn Tú leis na Téarmaí agus Coinníollacha Cód Promóisin breise atá ceangailte leis seo mar Cheangaltán 1.

(g) CUIRFIDH TÚ SAN ÁIREAMH NA TÉARMAÍ & COINNÍOLLACHA SEALBHÓRA SAINRÉIGIÚNACHA MAR AON LE DÁTA ÉAGA AN CHÓID PROMÓISIN AR AON IONSTRAIM A ÚSÁIDTEAR CHUN AN CÓD PROMÓISIN A SHOLÁTHAR DO SHEALBHÓIRÍ (M.SH., DEIMHNIÚ, CÁRTA, RÍOMHPHOST, SRL.). FÉADFAIDH TÚ ROCHTAIN A FHÁIL AR AN bhFAISNÉIS SEO ATÁ LOGÁNAITHE LE hAGHAIDH GACH CRÍCHE I NDIAIDH DUIT NA CÓID PHROMÓISIN A IARRAIDH IN UIRLIS APP STORE CONNECT.

(h) Is Ortsa amháin a bheidh an fhreagracht as an úsáid a bhaineann Tú as na Cóid Phromóisin, lena n-áirítear aon úsáid a bhaineann baill eile d'Fhoireann App Store Connect de Do chuid astu, agus as aon chaillteanas nó dliteanas Duit nó do Apple a bhaineann leis sin.

(i) Sa chás go mbaintear D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe de App Store ar aon chúis, aontaíonn Tú deireadh a chur le dáileachán na gCód Promóisin agus go bhféadfadh Apple na Cóid Phromóisin sin a dhíghníomhachtú.

(j) Aontaíonn Tú go mbeidh an ceart ag Apple chun na Cóid Phromóisin a dhíghníomhachtú, fiú má soláthraíodh do Shealbhóirí cheana féin iad, sa chás go sáróidh Tú aon cheann de théarmaí Fhoilseán C, an Chomhaontaithe nó Sceideal 1, 2 nó 3 de sin.

(k) Féadfaidh Tú na Cóid Phromóisin a dháileadh laistigh de na Críocha, ach aontaíonn Tú nach n-easpórtálfadh Tú aon Chód Promóisin lena n-úsáid lasmuigh de na Críocha ná ní mhaífidh Tú go bhfuil an ceart nó an cumas Agat déanamh amhlaidh. Aistrítear an riosca caillteanais agus aistriú teidil maidir leis na Cóid Phromóisin Chugat nuair a sholáthraítear iad Duit laistigh de App Store Connect, trí ríomhphost nó modh eile a sholáthraíonn Apple.

12. TRÁDMHARCANNA APPLE: Tá an úsáid a bhaineann Tú as trádhmarcanna Apple maidir le Cóid Phromóisin teoranta díreach do "iTunes" agus "App Store" (na "Marcanna") faoi réir na dtreoirilínte seo a leanas agus aon treoirilíne bhreise a d'fhéadfadh Apple a eisiúint ó am go ham:

(a) Ní fhéadfaidh Tú na Marcanna a úsáid ach le linn na Tréimhse Éifeachtaí

(b) Soláthróidh Tú aon ábhar fógraíochta, margaíochta, promóisin nó ábhar eile, in aon agus i ngach meán atá ar eolas anois nó a forbrófar amach anseo, ina gcuimseofar na Marcanna do Apple sula n-úsáidfear iad chun cead i scríbhinn a fháil. Measfar go mbeidh Apple i gcoinne aon ábhar den chineál sin nach gceadaíonn Apple go sainráite i scríbhinn.

(c) Ní fhéadfaidh Tú na Marcanna a úsáid ach ar shlí thagrach agus ní fhéadfaidh Tú na Marcanna a úsáid mar an ghné fhísiúil is feiceálaí in aon ábhar. Ba cheart go mbeadh ainm do chuideachta, trádhmarc(anna) nó marc(anna) seirbhíse i bhfad níos mó ná aon tagairt do na Marcanna.

(d) Ní fhéadfaidh Tú urraíocht, cleamhnú ná formhuiniú Apple a bhaineann Leat, le Do chuid Feidhmchlár Ceadúnaithe nó le haon ghníomhaíocht phromóisin ar lena n-aghaidh atá na Cóid Phromóisin á n-iarraidh Agat.

(e) Admhaíonn Tú gur maoin eisiach de chuid Apple iad na Marcanna agus aontaíonn Tú gan aon cheart, teideal ná leas a éileamh maidir leis na Marcanna ná gan agóid a dhéanamh i gcoinne chearta Apple na Marcanna nó ionsaí a dhéanamh orthu. Rachaidh aon dea-thoil a eascróidh as an úsáid a bhainfidh Tú as na Marcanna chun tairbhe Apple agus ní chruthófar aon cheart, teideal nó leas Duit maidir leis na Marcanna.

13. AN DLÍ RIALAITHE: Beidh aon dlíthíocht nó réiteach díospóidí eile idir Tusa agus Apple a eascróidh as Foilseán C, nó a bhainfidh leis, nó fíricí a bhainfidh leis sin faoi rialú ag Alt 14.10 den Chomhaontú.

Ceangaltán 1
(a ghabhann le Foilseán C de Sceideal 1)
Téarmaí agus Coinníollacha maidir le Cóid Phromóisin App Store

1. Téann gach Cóid Promóisin a sholáthraítear de bhua Fhoilseán C, beag beann an gcuirtear i bhfeidhm iad maidir le cuntas App Store, in éag mar a léirítear i bhFoilseán C.
2. Níl Cóid Phromóisin, agus iarmhéideanna gan úsáid, infhuascailte le haghaidh airgead tirim agus ní féidir iad a thabhairt ar ais chun aisíocaíocht airgid thirim a fháil, iad a mhalartú ná a úsáid chun aon mharsantas eile a cheannach, ná ionas gur féidir Leatsa nó leis an Sealbhóir liúntais nó Síntiúis iTunes nó App Store a sholáthar. Áirítear leis seo Cóid Phromóisin neamhúsáidte atá imithe in éag.
3. Ní fhéadfadh Cóid Phromóisin a fhuascailt ach trí App Store sa Chríoch, agus níl cead ach ag daoine sa Chríoch a bhfuil Cuntas Apple bailí acu déanamh amhlaidh. D'fhéadfadh sé nach mbeadh gach táirge App Store ar fáil i ngach Críoch. Bíonn rochtain idirlín (d'fhéadfadh sé go mbeadh táillí i bhfeidhm), an leagan is déanaí de bhogearraí Apple agus bogearraí agus cruaearraí comhoiriúnacha eile ag teastáil.
4. Tá rochtain ar App Store, fuascailt Cóid Promóisin air nó ceannachán uaidh agus úsáid táirgí a cheannaítear air, faoi réir glacadh leis na Téarmaí Seirbhíse a cuireadh i láthair tráth na fuascailte nó an cheannaigh, agus le fáil ag <https://www.apple.com/legal/internet-services/itunes/ww/>.
5. Cuirfear Cóid Phromóisin i gCuntas Apple infheidhme an tSealbhóra agus ní bheidh siad inaistrithe.
6. Má sháraíonn ordú Sealbhóra an méid atá ar fáil ar na Cóid Phromóisin, ní mór don Sealbhóir Cuntas Apple a bhunú agus íoc as an iarmhéid le cárta creidmheasa.
7. Seachas sa chás go sonraítear a mhalairt, tá bailiú agus úsáid sonraí faoi réir Pholasáí Príobháideachais Apple, atá le fáil ag: <https://www.apple.com/legal/privacy>.
8. Ní Apple atá freagrach as Cóid Phromóisin a chailltear nó a ghoidtear. Má bhíonn aon cheist ag Sealbhóirí, féadfaidh siad cuairt a thabhairt ar Thacaíocht Apple ag <https://support.apple.com/apps>.
9. Forchoimeádann Apple an ceart chun cuntais Sealbhóra a dhúnadh agus modhanna malartacha íocaíochta a iarraidh má fhaightear Cóid Phromóisin go calaoiseach ar App Store má úsáidtear iad ar shlí chéanna air.
10. NÍ THUGANN APPLE AGUS A CHEADÚNAITHE, CLEAMHNAITHE AGUS CEADÚNÓIRÍ AON BHARÁNTAS, SAINRÁITE NÓ INTUIGTHE, MAIDIR LE CÓID PHROMÓISIN NÓ APP STORE, LENA n-ÁIRÍTEAR ACH GAN BHEITH TEORANTA D'AON BHARÁNTA SAINRÁITE NÓ INTUIGTHE MAIDIR LE hINDÍOLTACHT NÓ OIRIÚNACHT DO CHUSPÓIR ÁIRITHE. SA CHÁS GO bhFUIL CÓD PROMÓISIN NEAMHFHEIDHMIÚIL, CUIRFEAR RÉITEACH AONAIR SEALBHÓRA NÓ CUIDEACHTA, AGUS DLITEANAS AONAIR APPLE, IN IONAD AN CÓD PROMÓISIN SIN. D'FHÉADFADH SÉ NACH MBEADH NA TEORAINNEACHA SIN I BHFEIDHM. NÍ CHEADÁITEAR LE DLÍTHE ÁITIÚLA AGUS CRÍCHE ÁIRITHE TEORAINNEACHA AR BHARÁNTAÍ INTUIGTHE NÓ EISIAMH NÓ TEORANNÚ DAMÁISTÍ ÁIRITHE. MÁ TÁ FEIDHM AG NA DLÍTHE SEO, D'FHÉADFADH SÉ NACH MBEADH FEIDHM AG ROINNT DE NA SÉANTAÍ, EISIAMH NÓ TEORAINNEACHA SEO NÓ GACH CEANN ACU, AGUS GO MBEADH CEARTA BREISE AGATSA NÓ AG AN SEALBHÓIR.
11. Forchoimeádann Apple an ceart chun athrú a dhéanamh ar aon cheann de na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach i gCeangaltán 1 ó am go ham agus gan fógra a thabhairt.
12. D'fhéadfadh aon chuid de na téarmaí agus coinníollacha seo a bheith ar neamhní in áit a bhfuil siad toirmiscthe nó srianta de réir an dlí.

FOILSEÁN D

(a ghabhann le Sceideal 1)

Téarmaí Breise maidir le App Store

1. Infhionntacht ar App Store: Braitheann infhionntacht D'Aip Cheadúnaithe in App Store ar roinnt fachtóirí, agus níl Apple faoi aon oibleagáid D'Aip Cheadúnaithe a thaispeáint, a léiriú nó a rangú ar aon slí ar leith nó in aon ord ar leith in App Store.

(a) Is iad na príomhpharaiméadair a úsáidtear do rangú agus infhionntacht feidhmchlár ábharthacht téacs, amhail úsáid a bhaint as teideal beacht, eochairfhocail/meiteashonraí ábhartha a chur leis agus catagóirí tuairisciúla a roghnú san Fheidhmchlár Cheadúnaithe; iompar custaiméirí a bhaineann le líon agus caighdeán na rátálacha agus na léirmheasanna agus le híoslódálacha feidhmchláir; d'fhéadfaí an dáta seolta in App Store a chur san áireamh le haghaidh cuardaigh ábhartha; agus ar sháraigh Tú aon riail a chuir Apple i bhfeidhm. Soláthraíonn na príomhpharaiméadair sin na torthaí is ábhartha ar cheisteanna cuardaigh custaiméara.

(b) Nuair a bhíonn breithniú á dhéanann ar fheidhmchlár atá le cur ar fáil in App Store, lorgaíonn ár n-eagarthóirí feidhmchlár ardchaighdeán in ngach catagóir, agus leagtar béim ar leith ar fheidhmchlár nua agus ar fheidhmchlár a bhfuil nuashonruithe suntasacha orthu. Is iad na príomhpharaiméadair a chuireann ár n-eagarthóirí san áireamh dearadh UI, eispéireas úsáideoirí, nuálaíocht agus uathúlacht, logánú, inrochtaineacht, gabhálacha scáileáin leathanach táirgí App Store, réamhamharcanna feidhmchláir agus tuairiscí; agus ina theannta sin, le haghaidh cluichí, imirt, grafaic agus feidhmíocht, fuaim, scéal agus doimhneacht an scéil, cumas athimeartha agus rialuithe imeartha. Tugann na príomhpharaiméadair sin léargas ar aipeanna ardchaighdeán, dea-dheartha agus nuálacha.

(c) Má úsáideann Tú seirbhís Apple le haghaidh cur chun cinn íochta D'Fheidhmchláir ar App Store, d'fhéadfaí D'Fheidhmchlár a thaispeáint i suíomh promóisin agus é a ainmniú mar inneachar fógraíochta.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le hinfhionntacht feidhmchláir, tabhair cuairt ar: <https://developer.apple.com/app-store/discoverability/>.

2. Rochtain ar Shonraí App Store

Is féidir Leat rochtain a fháil ar shonraí a bhaineann le feidhmíocht airgeadais D'Aip Cheadúnaithe agus eolas maidir le rannpháirtíocht úsáideora freisin in App Store Connect trí úsáid a bhaint as Anailísíocht Aipe, Díolacháin agus Treochtaí, agus Íocaíochtaí agus Tuarascálacha Airgeadais. Go sonrach, is féidir Leat gach toradh airgeadais D'Aip Cheadúnaithe le haghaidh díolacháin aipe aonair agus ceannacháin ionaípe (lena n-áirítear síntiúis) a fháil i nDíolacháin agus Treochtaí nó na sonraí a íoslódáil ó Thuarascálacha Airgeadais; agus is féidir Leat amharc ar Anailísíocht Aipe le haghaidh sonraí inaitheanta neamhphearsanta a cheadaíonn Duit teacht ar thuiscint ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn tomhaltóirí le D'Aip Cheadúnaithe. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ag <https://developer.apple.com/app-store/measuring-app-performance/>. Ní sholáthraítear sonraí Anailísíochta Aipe ach le toiliú ár gcustaiméirí. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach <https://developer.apple.com/app-store-connect/analytics/>. Ní sholáthraíonn Apple rochtain Duit ar shonraí pearsanta nó ar shonraí eile a sholáthraítear nó a ghintear tríd an úsáid a bhaineann forbróirí eile as App Store; ná ní sholáthraíonn Apple rochtain d'fhorbróirí eile ar shonraí pearsanta nó ar shonraí eile a sholáthraítear nó a ghintear tríd an úsáid a bhaineann Tú as App Store. Bheadh comhroinnt sonraí den chineál sin i gcoinbhleacht le Polasaí Priobháideachais Apple, agus le hionchais ár gcustaiméirí maidir leis an gcaoi a gcaitheann Apple lena sonraí. Is féidir Leat iarracht a dhéanamh ar fhaisnéis a bhailiú ó chustaiméirí go díreach, fad is go bhfuil an fhaisnéis á bailiú ar shlí dhleathach, agus go gcloíonn Tú le Treoirínte maidir le hAthbhreithniú a dhéanamh ar an Aip.

Láimhseálann Apple faisnéis phearsanta agus neamhphearsanta ar an tslí a leagtar amach i bPolasaí Priobháideachais Apple. Tá faisnéis maidir le rochtain Apple ar shonraí forbróra agus custaiméara, agus lena chleachtais i ndáil leo, le fáil in “App Store & Priobháideachas,” ar féidir rochtain a fháil air ag <https://www.apple.com/legal/privacy/data/en/app-store/>. Féadfaidh Apple roinnt faisnéise neamhphearsanta a sholáthar do chomhpháirtithe straitéiseacha a oibríonn le Apple chun ár dtáirgí agus seirbhísí a sholáthar, cabhrú le Apple iad a mhargú do chustaiméirí, agus fógraí a dhíol thar ceann Apple a bheidh le taispeáint in App Store agus ar Apple News and Stocks. Tá comhpháirtithe den chineál sin faoi oibleagáid an fhaisnéis sin a chosaint agus d'fhéadfadh siad a bheith lonnaithe áit ar bith ina bhfeidhmíonn Apple.

3. Roghanna Cúitimh de bhun Rialachán P2B agus DSA

Maidir le Forbróirí atá bunaithe san Aontas Eorpach agus a thairgeann earraí nó seirbhísí do chustaiméirí atá suite san Aontas Eorpach agus atá faoi réir Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha nó GSD), tá tuilleadh faisnéise faoi roghanna cúitimh atá ar fáil Duit maidir le gníomh a rinne Apple i Do choinne, mar shampla Do chuntas forbróra a fhoirceannadh nó D'fheidhmchlár a bhaint de App Store, ar fáil anseo: <https://www.apple.com/legal/dsa/redress-options>.

Féadfaidh forbróirí atá bunaithe i réigiún, agus a thairgeann earraí nó seirbhísí do chustaiméirí atá lonnaithe ann, atá faoi réir rialachán ardán go gnó (“Rialachán P2B”), amhail Rialachán Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le tacú le cothroime agus trédhearcacht d'úsáideoirí gnó seirbhísí idirghabhála ar líne, gearáin a chur isteach de bhun Rialachán P2B den chineál sin a bhaineann leis na saincheistanna seo a leanas ag: <https://developer.apple.com/contact/p2b/>: (a) neamhchomhlíonadh líomhnaithe Apple maidir le haon oibleagáid atá leagtha amach i Rialachán P2B a théann i bhfeidhm Ort sa réigiún ina bhfuil tú bunaithe; (b) saincheistanna teicneolaíochta a théann i bhfeidhm Ort agus a bhaineann go díreach le dáileadh D'Fheidhmchlár Ceadúnaithe san App Store sa réigiún ina bhfuil tú bunaithe; nó (c) bearta a dhéanann Apple nó iompar Apple a théann i bhfeidhm Ort agus a bhaineann go díreach le dáileadh D'Fheidhmchláir Cheadúnaithe san App Store sa réigiún ina bhfuil tú bunaithe. Cuirfidh Apple gearáin den chineál sin san áireamh agus próiseálfaidh sé iad agus comhroinnfidh sé an toradh Leat.

Maidir le Forbróirí atá bunaithe san Aontas Eorpach, agus a thairgeann earraí nó seirbhísí do chustaiméirí atá lonnaithe ann, sainaitheann Apple an painéal idirghabhálaithe seo a leanas a bhfuil Apple sásta oibriú leo chun teacht ar chomhaontú le forbróirí atá bunaithe san Aontas Eorpach, agus a thairgeann earraí nó seirbhísí do chustaiméirí atá lonnaithe ann, maidir le réiteach, atá lasmuigh den chúirt, aon díospóide idir Apple agus Tusa a eascraíonn as soláthar sheirbhísí App Store lena mbaineann, lena n-áirítear gearáin nárbh fhéidir a réiteach trínár gcóras láimhseála gearán:

an tIonad um Réiteach Díospóidí Éifeachtach
Painéal Idirghabhálaithe P2B
70 Fleet Street
Londain
EC4Y 1EU
an Ríocht Aontaithe
<https://www.cedr.com/p2bmediation/>

LYL251
18 Meitheamh 2026